**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 12 Márta 2024**
**(OR. en)**

**2021/0367(COD)** | **PE-CONS 84/23**

**ENV 1484**
**MI 1121**
**RELEX 1471**
**CODEC 2476**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 |

**RIALACHÁN (AE) 2024/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le loingsithe dramhaíola,**
**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056**
**agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 275, 18.7.2022, lch. 95.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an … .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gá rialacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar na drochthionchair is féidir a bheith ann mar thoradh ar dhramhaíl a loingsiú. Ba cheart go rannchuideodh na rialacha sin freisin le bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a éascú, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], mar aon le tionchair fhoriomlána úsáidte acmhainní a laghdú agus éifeachtúlacht na húsáide sin a fheabhsú, rud atá ríthábhachtach maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí.

(2) I ngeall ar Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] rinneadh feabhsuithe tábhachtacha le 15 bliana anuas chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar na drochthionchair is féidir a bheith ann mar thoradh ar dhramhaíl a loingsiú. Leis an meastóireacht a rinne an Coimisiún ar an Rialachán sin, áfach, léiríodh roinnt dúshlán agus easnamh nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin forálacha nua rialála.

---

[3] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

(3) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019, leagtar amach treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar inbhuanaithe aeráidneodrach atá tíosach ar acmhainní. Leis an gComhaontú sin, iarrtar ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. Leis an bPlean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020, cuirtear i dtábhacht arís eile gur gá gníomhú chun a áirithiú go n-éascaítear loingsithe dramhaíola atá ceaptha lena n-athúsáid agus lena n-athchúrsáil san Aontas, nach n-onnmhairíonn an tAontas a dhúshláin dramhaíola go tríú tíortha agus go dtugtar aghaidh ar loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola ar bhealach níos fearr. Sa bhreis ar na tairbhí comhshaoil agus sóisialta, d’fhéadfadh laghdú ar spleáchais straitéiseacha an Aontais ar amhábhair a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin freisin. Chun níos mó den dramhaíl a ghintear laistigh den Aontas a choinneáil, áfach, beidh gá le hacmhainneacht fheabhsaithe athchúrsála agus bainistithe dramhaíola. D’iarr an Chomhairle, sna conclúidí uaithi an 17 Nollaig 2020 dar teideal ‘Ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas’, agus Parlaimint na hEorpa, sa Rún uaithi an 10 Feabhra 2021 dar Teideal ‘Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach’, araon, go ndéanfaí athbhreithniú ar rialacha reatha an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola a bhunaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. Le hAirteagal 60(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, tugadh sainordú don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán sin faoin 31 Nollaig 2020.

(4) Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 roinnt uaireanta cheana agus is gá leasuithe móra eile a dhéanamh air chun a áirithiú go gcomhlíonfar cuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad.

(5) Tá sé beartaithe leis an Rialachán seo reachtaíocht ghinearálta an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola a fhorlíonadh, amhail Treoir 2008/98/CE. Tagraíonn sé do shainmhínithe sa Treoir sin, lena n-áirítear na sainmhínithe ar dhramhaíl agus ar théarmaí a bhaineann le bainistiú dramhaíola. Leagtar síos leis freisin roinnt sainmhínithe breise chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a éascú.

(6) Leis an Rialachán seo, déantar Coinbhinsiún Basel an 22 Márta 1989 maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus lena ndiúscairt[5] ('Coinbhinsiún Basel') a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm do Choinbhinsiún Basel sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar na drochthionchair a eascraíonn as giniúint, gluaiseacht trasteorann agus bainistiú dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile. Tá an tAontas ina Pháirtí i gCoinbhinsiún Basel ó bhí 1994 ann[6].

---

[5] IO L 39, 16.2.1993, lch. 3.

[6] Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 thar ceann an Chomhphobail, i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus lena ndiúscairt (Coinbhinsiún Basel) (IO L 39, 16.2.1993, lch. 1).

(7) Leis an Rialachán seo, cuirtear leasú ar Choinbhinsiún Basel[7] (an Leasú Toirmisc) chun feidhme ar leibhéal an Aontais freisin, ar leasú é a glacadh in 1995 agus a tháinig i bhfeidhm ar an leibhéal idirnáisiúnta an 5 Nollaig 2019. Bunaítear leis an Leasú Toirmisc toirmeasc ginearálta ar gach onnmhairiú de dhramhaíolacha guaiseacha atá ceaptha le haghaidh oibríochtaí diúscartha agus aisghabhála ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel chuig tíortha nach liostaítear san Iarscríbhinn sin. Dhaingnigh an tAontas an Leasú Toirmisc agus chuir sé chun feidhme é ó bhí 1997 ann[8].

(8) I mí Dheireadh Fómhair 2020, chuir an tAontas fógra, lena gcumhdaítear loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas, faoi bhráid Ardrúnaíocht Choinbhinsiún Basel faoi Airteagal 11 den Choinbhinsiún sin. I gcomhréir leis an Airteagal sin, is féidir leis an Aontas, dá bhrí sin, rialacha sonracha a leagan amach a mbeadh feidhm acu maidir le loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas nach bhfuil níos lú fóntais leo ó thaobh an chomhshaoil de ná na rialacha dá bhforáiltear le Coinbhinsiún Basel.

---

7 Leasú ar Choinbhinsiún Basel ('An Leasú Toirmisc') arna ghlacadh le Cinneadh III/1 ó na Páirtithe i gCoinbhinsiún Basel.

8 Cinneadh 97/640/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 1997 i ndáil leis an leasú ar an gCoinbhinsiún maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus a ndiúscairt (Coinbhinsiún Basel) a fhormheas, thar cheann an phobail, mar a leagtar síos i gCinneadh III/1 ó Chomhdháil na bPáirtithe (IO L 272, 4.10.1997, lch. 45) agus Rialachán (CE) Uimh. 120/97 ón gComhairle an 20 Eanáir 1997 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 259/93 maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 22, 24.1.1997, lch. 14).

(9) Ós rud é gur fhormheas an tAontas Cinneadh ó Chomhairle Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha atá Beartaithe le haghaidh Oibríochtaí Aisghabhála[9] ('Cinneadh ECFE'), is gá ábhar an Chinnidh sin, lena n-áirítear a leasuithe, a ionchorprú i reachtaíocht an Aontais.

(10) Tá sé tábhachtach an faireachán agus an rialú a dhéantar ar loingsithe dramhaíola a eagrú agus a rialáil ar bhealach lena gcuirtear san áireamh gur gá cáilíocht an chomhshaoil agus shláinte an duine a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus lena n-áirithítear go gcuirtear na rialacha maidir le loingsithe dramhaíola i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais.

(11) Chun a áirithiú go ndéanfar fíoraistriú chuig geilleagar ciorclach le haghaidh loingsithe dramhaíola ó áit tionscnaimh na dramhaíola go dtí an áit ina ndéantar an dramhaíl sin a chóireáil, ba cheart go gcuirfí i gcuntas prionsabal na gaireachta, chomh maith le héifeachtúlacht ábhair agus an gá atá le lorg comhshaoil na dramhaíola a laghdú.

(12) Is gá dúbailt a sheachaint le reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir le hiompar ábhar áirithe a d'fhéadfaí a aicmiú mar dhramhaíl faoin Rialachán seo.

(13) Níor cheart bailiú agus seoladh fuíolluisce trí chórais séarachais de bhun reachtaíocht ábhartha an Aontais a mheas mar iompar dramhaíola faoin Rialachán seo.

---

[9] OECD/LEGAL/0266.

(14) Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i gceart, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach ndéanfar dramhaíl a loingsiú faoi scáth earraí úsáidte, earraí athláimhe, seachtháirgí nó substaintí nó réada a bhfuil stádas maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad bainte amach acu.

(15) Loingsithe dramhaíola a ghineann fórsaí armtha nó eagraíochtaí fóirithinte, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo nuair a allmhairítear isteach san Aontas iad i gcásanna áirithe, lena n-áirítear idirthuras laistigh den Aontas nuair a thagann an dramhaíl isteach san Aontas. Ba cheart ceanglais an dlí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a urramú i ndáil le loingsithe den sórt sin. Sna cásanna sin, ba cheart aon údarás inniúil idirthurais agus an t-údarás inniúil cinn scríbe san Aontas a chur ar an eolas roimh ré maidir leis an loingsiú agus a cheann scríbe.

(16) Is gá dúbailt le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] a sheachaint, rialachán a bhfuil forálacha ann cheana lena gcumhdaítear coinsíneacht, dáileadh agus gluaiseacht fhoriomlán seachtháirgí ainmhithe, lena n-áirítear bailiú, iompar, láimhseáil, próiseáil, úsáid, aisghabháil nó diúscairt, coinneáil taifead, doiciméid tionlacain agus inrianaitheacht, laistigh den Aontas, isteach ann agus lasmuigh de.

---

[10] Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

(17) Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] maidir le longa móra tráchtála faoi bhratach Ballstáit den Aontas, a eisiadh ó raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. Is iondúil go n-aicmítear na longa sin, nuair a dhéantar dramhaíl díobh, mar dhramhaíl ghuaiseach, ach amháin nuair a bhaintear gach substaint ghuaiseach agus ábhar guaiseach astu. Tar éis theacht i bhfeidhm idirnáisiúnta an Leasaithe Toirmisc, is gá a áirithiú go gcuirtear na longa a chumhdaítear le raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 a meastar gur dramhaíl iad agus a onnmhairítear ón Aontas faoi réir na rialacha ábhartha de chuid an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola, lena n-áirítear iad siúd lena gcuirtear chun feidhme an Leasú Toirmisc, chun comhoiriúnacht dhian dhlíthiúil chóras dlí an Aontais le hoibleagáidí idirnáisiúnta a áirithiú. Ag an am céanna, is gá freisin Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 a leasú chun a shoiléiriú nár cheart longa a thagann faoina raon feidhme agus a meastar gur dramhaíl ghuaiseach iad agus a onnmhairítear ón Aontas a athchúrsáil ach amháin ag na saoráidí sin a áirítear sa Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long arna bhunú faoin Rialachán sin, ar saoráidí iad atá suite i dtíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel.

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE (IO L 330, 10.12.2013, lch. 1).

(18) Ionas nach gcuirfear ualach neamhriachtanach ar údaráis inniúla agus ar chórais bhreithiúnacha na mBallstát agus an Rialachán seo á fhorfheidhmiú acu, níor cheart a mheas go bhfuil loingsiú neamhdhleathach i gcás nach dtarlaíonn ach mionearráidí cléireachais sa doiciméad fógartha nó gluaiseachta, nó sa doiciméad a eascraíonn as comhlánú na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ('doiciméad Iarscríbhinn VII'), amhail earráidí cló san fhaisnéis a sholáthraítear agus na doiciméid fógartha nó ghluaiseachta nó doiciméid Iarscríbhinn VII á gcomhlánú nó cuid de na sonraí teagmhála a fhágáil ar lár i gcás duine de na daoine a bhfuil baint acu leis an loingsiú. Mar sin féin, ba cheart eisceachtaí den sórt sin ón sainmhíniú ar cad is loingsiú neamhdhleathach ann a theorannú go docht do bhotúin de mhionchineál cléireachais a tharlaíonn go heisceachtúil, nach n-athraíonn siad substaint na ndoiciméad sin go suntasach agus nach ndéanann difear do bhaint amach chuspóirí an Rialacháin seo.

(19) Is iomchuí, chun maoirseacht agus rialú optamach a áirithiú, toiliú roimh ré i scríbhinn a éileamh maidir le loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil, go háirithe dramhaíolacha guaiseacha, dramhaíolacha nach liostaítear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA nó Iarscríbhinn IIIB agus dramhaíolacha ina bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha nó atá éillithe le truailleáin orgánacha mharthanacha a chomhlíonann nó a sháraíonn teorainn tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Ba cheart réamhfhógra a áireamh le nós imeachta den sórt sin, lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis inniúla a bheith ar an eolas go cuí ionas gur féidir leo na bearta uile is gá a dhéanamh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Ba cheart dó é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla agóidí réasúnaithe a chur in aghaidh na loingsithe sin.

---

[12] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

(20) Chun nuálaíocht i dteicneolaíochta cóireála dramhaíola a chur i gcuntas maidir le bainistiú neamhdhíobhálach don chomhshaol, chomh maith le hathruithe ar iompraíocht tomhaltóirí maidir le sórtáil dramhaíola, tá sé ríthábhachtach Iarscríbhinn IIIB a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, go háirithe, ar cheart iontrálacha maidir le meascáin de choisbheart dramhaíola, de dhramhéadaí agus de dhramhaíl teicstíle eile a chur le hIarscríbhinn IIIA, chomh maith le hiontrálacha ar olann mhianrach agus tochtanna a ghabhann le hIarscríbhinn IIIB.

(21) I margadh dea-fheidhmiúil de chuid an Aontais le haghaidh loingsithe dramhaíola ba cheart tosaíocht a thabhairt mar threoirphrionsabail do ghaireacht, don neamhthuilleamaíocht agus d'úsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil i mbainistiú dramhaíola. Tá sé ríthábhachtach aistriú cothrom chuig geilleagar ciorclach a ghnóthú má táthar chun geilleagar Aontais atá aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch a bhaint amach, ar geilleagar é a bheidh inbhuanaithe san fhadtéarma. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún idirphlé agus comhpháirtíochtaí earnáilsonracha maidir leis an aeráid a éascú trí phríomh-gheallsealbhóirí in earnáil na dramhaíola a thabhairt le chéile i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

---

[13] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

(22) Chun tacú le spriocanna a bhaint amach maidir le hathchúrsáil a mhéadú agus diúscairt dramhaíola a laghdú, mar a leagtar amach i dTreoir 2008/98/CE agus i dTreoir 1999/31/CE ón gComhairle[14], ba cheart gach loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt i mBallstát eile a thoirmeasc mar riail ghinearálta. Níor cheart loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt a cheadú ach amháin i gcásanna eisceachtúla ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit prionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta a chur san áireamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus Airteagal 16 den Treoir sin go háirithe, mar aon le tosaíocht na haisghabhála. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a áirithiú go ndéanann na saoráidí diúscartha dramhaíola a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear sa Treoir sin i gcomhréir le cead na saoráide, agus a áirithiú go gcóireáiltear an dramhaíl uile i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint i ndáil le córais diúscartha. Thairis sin, chun tacú le cur chun feidhme na bhforálacha atá i dTreoir 2008/98/CE, forálacha chun bailiú ar leithligh dramhaíola a mhéadú agus giniúint dramhaíola cathrach measctha a laghdú, ba cheart loingsithe dramhaíola cathrach measctha a bheith faoi réir grinnscrúdú ar leith. Ba cheart na loingsithe dramhaíola sin lena haisghabháil a bheith faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn agus ba cheart toirmeasc a chur ar na loingsithe dramhaíola sin lena diúscairt. Leis na ceanglais sin maidir le loingsithe atá le cóireáil agus maidir leis an toirmeasc ar loingsithe dramhaíola lena diúscairt, ba cheart go gcumhdófaí freisin dramhaíl chathrach mheasctha a cuireadh faoi oibríocht cóireála dramhaíola nár athraigh a hairíonna go substaintiúil, amhail breosla a dhíorthaítear ó dhramhaíl chathrach mheasctha, a aicmítear faoi chód dramhaíola 19 12 10 sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE. I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le prionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear cosc ar an dramhaíl sin ar an gcéad dul síos, agus go ndéanfar í a bhailiú agus a shórtáil sa dara háit, d’fhonn codáin éagsúla a dheighilt lena n-aisghabháil agus gan breithniú a dhéanamh ach amháin ar dhiúscairt na n-iarmhar sin nach bhfuil aon acmhainneacht eile iontu seachas iad a dhiúscairt.

---

14 Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

15 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

(23) I gcás loingsithe dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA nó Iarscríbhinn IIIB a ghabhann leis an Rialachán seo atá beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála, is iomchuí íosleibhéal faireacháin agus rialaithe a áirithiú trína éileamh go mbíonn faisnéis áirithe faoi na daoine agus na tíortha a bhfuil baint acu leis na loingsithe, tuairisc ar an dramhaíl lena mbaineann agus cainníochtaí na dramhaíola lena mbaineann, an cineál oibríochta aisghabhála a loingsítear an dramhaíl lena haghaidh agus sonraí na saoráidí a dhéanfaidh aisghabháil ar an dramhaíl ag gabháil leis an loingsiú.

(24) Is minic gur uirlis riachtanach iad anailís saotharlainne agus trialacha cóireála turgnamhacha chun measúnú a dhéanamh ar chineál na dramhaíola agus ar a hoiriúnacht d'oibríochtaí aisghabhála agus diúscartha. Tá oibríochtaí bainistithe dramhaíola fónta agus nuálacha ríthábhachtach chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú agus chun samhlacha gnó an gheilleagair chiorclaigh a bhunú san Aontas. Ba cheart loingsiú dramhaíola le haghaidh anailís saotharlainne agus trialacha cóireála turgnamhacha den sórt sin a éascú trí gan í a chur faoi réir na nósanna imeachta is infheidhme go léir. Thairis sin, chun torthaí cruinne a bhaint amach, ba cheart a cheadú cainníocht dramhaíola atá suntasach go leor a loingsiú chun críche anailíse saotharlainne agus trialacha cóireála turgnamhacha le haghaidh loingsithe laistigh den Aontas, toisc, *inter alia*, go bhfuil caighdeáin agus cleachtais bainistithe dramhaíola ann atá níos forbartha san Aontas i gcomparáid le formhór na dtríú tíortha.

(25) Is gá na forais a leagan síos lenar féidir leis na Ballstáit agóid a dhéanamh in aghaidh loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil. I gcás loingsithe den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a áirithiú go ndéanann na saoráidí aisghabhála dramhaíola a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa Treoir sin i gcomhréir le cead na saoráide. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a áirithiú freisin go gcóireáiltear an dramhaíl i gcomhréir le ceanglais maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint i ndáil le hoibríochtaí aisghabhála arna mbunú i reachtaíocht an Aontais agus, i bhfianaise Airteagal 16 de Threoir 2008/98/CE, go gcóireáiltear an dramhaíl i gcomhréir le pleananna bainistithe dramhaíola a bhunaítear de bhun na Treorach sin chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na hoibleagáidí aisghabhála nó athchúrsála atá ceangailteach ó thaobh na reachtaíochta de, oibleagáidí a leagtar síos i ndlí an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstát cinn scríbe a bheith in ann agóid a dhéanamh i gcoinne loingsithe dramhaíola, lena n-áirítear loingsithe dramhaíola cathrach measctha, má mheasann siad nach ndéanfar an dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

(26) Is gá foráil a dhéanamh maidir le céimeanna agus coimircí nós imeachta i gcás inar mian le fógróir dramhaíl a loingsiú faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hiomaíochas fadtéarmach. Is gá a áirithiú freisin, i gcomhréir le hAirteagal 6(11) de Choinbhinsiún Basel, gurb iad na hoibreoirí ábhartha a sheasann na costais a eascraíonn as cásanna nach féidir an loingsiú a thabhairt i gcrích nó nuair atá sé neamhdhleathach. Chuige sin, ba cheart don fhógróir ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a bhunú le haghaidh gach loingsithe.

(27) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú le haghaidh oibreoirí poiblí agus príobháideacha araon a bhfuil baint acu le loingsithe chuig saoráidí a aithnítear mar shaoráidí réamhthoilithe, is gá coinníollacha a leagan amach faoinar féidir an stádas ‘réamhthoilithe’ a dheonú, chun a n-aitheantas frithpháirteach ó na Ballstáit uile a áirithiú agus chun na ceanglais maidir le dramhaíl a loingsiú chuig na saoráidí sin a chomhchuibhiú.

(28) Chun malartú faisnéise faoin Rialachán seo a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe maidir le próiseáil fógraí agus faisnéis faoi Airteagal 18 den Rialachán seo le haghaidh loingsiú dramhaíola agus chun faisnéis a thíolacadh agus a mhalartú idir na húdaráis ábhartha agus oibreoirí eacnamaíocha a éascú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an tíolacadh agus an malartú faisnéise agus sonraí sin a bhaineann le loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas trí mhodhanna leictreonacha. Ba cheart don Choimisiún lárchóras a oibriú ar cheart dó a bheith idir-inoibritheach leis na córais náisiúnta. Is gá cumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin chun na ceanglais nós imeachta agus oibríochtúla a leagan síos le haghaidh chur chun feidhme praiticiúil na gcóras lena n-áiritheofar go ndéanfar faisnéis a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach, amhail ceanglais maidir le hidirnascacht, ailtireacht agus slándáil. Ba cheart do na córais sin láimhseáil na n-iarrataí ar fhógra a éascú, *inter alia* trí chúnamh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil baint acu le hiarraidh ar leith súil a choinneáil ar dhul chun cinn an nós imeachta um fhógra a thabhairt. Leis na córais sin, ba cheart freisin go bhféadfaí sonraí a bhaint, lena n-áirítear sonraí ar leibhéal na mBallstát aonair, don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh i dtaobh an láimhseáiltear iarrataí ar fhógra go tráthúil, *inter alia*, chun críche tuairiscithe ábhartha ag an gCoimisiún dá bhforáiltear faoin Rialachán seo. Is gá am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus do na hoibreoirí eacnamaíocha chun ullmhú don athrú ó chur chuige atá bunaithe ar pháipéar, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, go cur chuige lena ndéantar faisnéis agus doiciméid a mhalartú go leictreonach. Ba cheart don oibleagáid nua sin a bheith infheidhme 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(29) Ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le hiompar dramhaíola a cheadú chun timpeallacht eFTI a úsáid mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] chun an fhaisnéis a éilítear faoin Rialachán seo a mhalartú agus dramhaíl á hiompar agus ba cheart idir-inoibritheacht na gcóras dá bhforáiltear sa Rialachán seo leis an timpeallacht le haghaidh malartú faisnéise leictreonaí faoin iompar lastais a áirithiú.

(30) Chun an obair a éascú a dhéanann na húdaráis chustaim chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, is gá don lárchóras a oibríonn an Coimisiún lenar féidir faisnéis agus doiciméid a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach a bheith idir-inoibritheach le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custaim de chuid an Aontais, arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], nuair a bheidh an obair theicniúil ar fad is gá chun an idir-inoibritheacht sin a áirithiú críochnaithe.

(31) An fhaisnéis agus na doiciméid is gá chun na ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh, ba cheart d'údaráis inniúla i dtríú tíortha a bheith in ann iad a eisiúint agus a mhalartú, ar mhodh leictreonach tríd an gcóras a oibrítear ar leibhéal an Aontais, más mian leo é agus má chomhlíonann siad na ceanglais chun sonraí a mhalartú tríd an gcóras sin.

(32) Chun inrianaitheacht loingsithe dramhaíola a áirithiú agus ionas nach gcuirfear isteach ar bhainistiú dramhaíola a loingsítear thar theorainneacha, ba cheart toirmeasc a chur ar dhramhaíl a mheascadh le dramhaíl eile ó thús an loingsithe go bhfaightear an dramhaíl sa tsaoráid aisghabhála nó diúscartha.

---

16 Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).

17 Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

(33) Chun cur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a éascú, tá sé tábhachtach go gcoimeádann oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis inniúla na doiciméid agus an fhaisnéis is gá chun dramhaíl a loingsiú ar feadh íostréimhse 5 bliana ón dáta a soláthraíodh deimhniú gur críochnaíodh an aisghabháil nó an diúscairt.

(34) D'fhonn trédhearcacht a sholáthar a mhéid a bhaineann le loingsithe dramhaíola a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an mbealach atá ina ndéantar cóireáil na dramhaíola ag a ceann scríbe, ar bealach é atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart faisnéis maidir le loingsithe dramhaíola a fhoilsiú. I ndáil leis sin, ba cheart a cheangal ar an gCoimisiún sonraí áirithe neamhrúnda a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir le fógraí faoi loingsithe ar thoiligh na húdaráis inniúla leo nó a ndearna na húdaráis inniúla agóid ina gcoinne, agus maidir le loingsithe dramhaíola atá faoi réir cheanglais ghinearálta faisnéise an Rialacháin seo. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, a mhéid is féidir, úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach chun sonraí maidir le loingsithe dramhaíola a mhalartú. Ba cheart foilsiú na faisnéise sin ag an gCoimisiún a bheith gan dochar do Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil an 25 Meitheamh 1998 (Coinbhinsiún Aarhus)[18] agus Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus reachtaíocht náisiúnta na mBallstát sa réimse sin. Ba cheart maidir le haon iarrataí breise chuig na húdaráis inniúla i dtaobh rochtain ar fhaisnéis eile i dtaca le loingsithe dramhaíola go dtabharfaí aghaidh orthu i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin agus le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

---

18 IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.

19 Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

(35) Chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 de Choinbhinsiún Basel a chur chun feidhme, ba cheart oibleagáid a leagan síos go bhfuil dramhaíl ó loingsiú ar thug na húdaráis inniúla lena mbaineann toiliú ina leith, nach féidir a chríochnú mar a bhí beartaithe le tabhairt ar ais chuig an tír seolta agus, i gcás inar gá, a stóráil go sábháilte, nó a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach. Chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(2), (3) agus (4) de Choinbhinsiún Basel a chur chun feidhme, ba cheart gurbh éigean don duine arb é a ghníomhaíocht is cúis leis an loingsiú neamhdhleathach an dramhaíl atá i gceist a ghlacadh ar ais nó socruithe malartacha a dhéanamh lena cóireáil nó lena diúscairt agus na costais a eascraíonn as na hoibríochtaí glacadh ar ais a sheasamh. I gcás nach bhfuil an fhéidearthacht ag an duine sin na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama, ba cheart do na húdaráis inniúla seolta nó cinn scríbe, de réir mar is iomchuí, comhoibriú agus beart a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an dramhaíl lena mbaineann a bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. I gcás nach bhfuil aon soiléireacht ann maidir leis an duine ar féidir freagracht as loingsiú neamhdhleathach a chur ina leith, ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann oibriú i gcomhar lena chéile chun a áirithiú go ndéanfar an dramhaíl atá i gceist a thógáil ar ais, a aisghabháil nó a dhiúscairt. Chun éifeachtaí comhshaoil loingsithe a eascraíonn as an oibleagáid dramhaíl a thógáil ar ais i loingsithe neamhdhleathacha a laghdú agus chun nós imeachta níos éifeachtúla a cheadú, i gcás inarb iomchuí, i gcásanna a bhaineann le loingsithe neamhdhleathacha, ba cheart go bhféadfadh na húdaráis inniúla seolta, idirthurais agus cinn scríbe teacht ar chomhaontú i gcásanna áirithe gur féidir an dramhaíl i loingsiú neamhdhleathach a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach, lasmuigh den tír seolta, seachas í a thógáil ar ais. Ba cheart an bainistiú malartach sin a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an mbainistiú malartach ach amháin maidir le loingsithe laistigh den Aontas.

(36) Chun a áirithiú go bhfuil údaráis inniúla in ann próiseáil chuí a dhéanamh ar na doiciméid a chuirtear faoina mbráid maidir le dramhaíl a loingsiú, is gá oibleagáid a leagan síos go soláthróidh an fógróir aistriúchán údaraithe de na doiciméid sin i dteanga atá inghlactha ag na húdaráis sin má iarrann siad amhlaidh. Ionas nach gcruthófar ualach riaracháin nach bhfuil gá leis, ba cheart go n-áireofaí sa chóras leictreonach chun faisnéis faoi loingsithe dramhaíola a mhalartú, feidhm lena soláthraítear aistriúcháin chúirtéise ar dhoiciméid ábhartha arna gcur isteach sa chóras sin.

(37) Chun nach gcuirfear isteach ar loingsithe réad nó substaintí mar gheall ar easaontais idir údaráis inniúla maidir le stádas na réad nó na substaintí sin a bheith ina dhramhaíl nó ina neamhdhramhaíl, is gá nós imeachta a leagan amach chun na heasaontais sin a réiteach. Tá sé tábhachtach maidir leis sin go mbunaíonn na húdaráis inniúla a gcinntí ar na forálacha a bhaineann le seachtháirgí a chinneadh agus leis an stádas maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE. Tá gá le coinníollacha aonfhoirmeacha do na Ballstáit chun cinneadh a dhéanamh ar cheart réad nó substaint a mheas mar earra úsáidte nó mar dhramhaíl. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh a bhfuil d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann réada nó substaintí a bheartaítear a sheoladh chuig tír eile mar earraí úsáidte na coinníollacha sin i gcomhréir le dlí an Aontais. Is gá freisin nós imeachta a leagan amach chun critéir a bhunú d'aicmiú dramhaíola sonraí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo agus chun easaontais a réiteach idir na húdaráis inniúla maidir le cé acu ba cheart do dhramhaíl a bheith faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt nó nár cheart. Chun comhchuibhiú níos fearr a áirithiú ar fud an Aontais maidir leis na coinníollacha faoinar cheart dramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl ó ábhair chomhchodacha a d'fhéadfadh a bheith deacair a athchúrsáil, a bheith faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear critéir chun dramhaíl shonrach atá sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo a aicmiú, rud lena chinnfear cé acu atá sí faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt nó nach bhfuil. Ina theannta sin, chun nach mbeidh dramhaíl á dearbhú go bréagach mar earraí úsáidte agus chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl, i gcás tráchtearraí sonracha a bhfuil idirdhealú den sórt sin tábhachtach lena n-aghaidh, go háirithe lena n-onnmhairiú ón Aontas.

(38) Chun é a chur ar a gcumas do rialtais teorainn a chur le caiteachas poiblí a bhaineann le nósanna imeachta chun loingsiú dramhaíola a láimhseáil agus a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, is gá foráil a dhéanamh don fhéidearthacht go bhféadfaí costais riaracháin iomchuí comhréireacha a bhaineann leis na nósanna imeachta sin agus le faireachán, le hanailísí agus le cigireachtaí a ghearradh ar an bhfógróir agus, i gcás inarb ábhartha, an duine a shocraíonn an loingsiú.

(39) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus in imthosca eisceachtúla, a bhaineann le cásanna sonracha tíreolaíocha nó déimeagrafacha, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích lena laghdaítear déine an nós imeachta um fhógra a thabhairt le haghaidh loingsithe sreafaí sonracha dramhaíola i leith loingsithe trasteorann chuig an tsaoráid oiriúnach is cóngaraí atá suite sa limistéar teorann idir an dá Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart freisin go bhféadfadh Ballstát na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích le comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), lena n-áirítear i gcás ina seoltar agus ina gcóireáiltear dramhaíl sa tír seolta ach ina dtéann sí trí Bhallstát eile.

(40) I bhfianaise staid gheografach shonrach Oileáin Fharó, agus a stádas mar chuid de Ríocht na Danmhairge, is í an Danmhairg an phríomhthír allmhairíochta le haghaidh dramhaíl ó Oileáin Fharó lena cóireáil nó lena diúscairt laistigh dá críoch. Gan dochar d’infheidhmeacht na rialacha maidir le hidirthuras dramhaíola tríd an Aontas, ba cheart go gceadófaí don Danmhairg freagracht iomlán a ghlacadh as allmhairiú dramhaíola ó Oileáin Fharó isteach ina críoch a chóireáil mar iompar dramhaíola laistigh dá críoch nuair is í tír cinn scríbe an allmhairithe sin í.

(41) Cé gur faoin mBallstát é faireachán agus rialú a dhéanamh ar iompar dramhaíola laistigh den Bhallstát féin, ba cheart do chórais náisiúnta a bhaineann le hiompar dramhaíola an gá atá le comhleanúnachas le córas an Aontais le haghaidh loingsithe dramhaíola a chur i gcuntas chun leibhéal ard cosanta le haghaidh an chomhshaoil agus shláinte an duine a áirithiú.

(42) Chun comhshaol na dtíortha lena mbaineann a chosaint, is gá soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme an toirmisc onnmhairiúcháin, a leagtar síos i gcomhréir le Coinbhinsiún Basel, ón Aontas d'aon dramhaíl atá beartaithe lena diúscairt i dtríú tír nach tír CSTE í.

(43) Ba cheart do thíortha ar Páirtithe iad sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith in ann na nósanna imeachta rialaithe dá bhforáiltear maidir le loingsithe laistigh den Aontas a ghlacadh. Sna cásanna sin, ba cheart do loingsithe idir an tAontas agus na tíortha sin a bheith faoi réir na rialacha céanna agus atá loingsithe laistigh den Aontas.

(44) Chun comhshaol na dtíortha lena mbaineann a chosaint, is gá soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme an toirmisc onnmhairiúcháin ar dhramhaíl ghuaiseach atá beartaithe lena haisghabháil i dtríú tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith, i gcomhréir le Coinbhinsiún Basel. Go sonrach, is gá soiléiriú a dhéanamh ar an liosta dramhaíola a bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin ina leith agus a áirithiú go n-áirítear leis an dramhaíl a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, eadhon dramhaíl a bhailítear ó thithe, iarmhair ó loisceadh dramhaíola tí agus dramhaíl phlaisteach áirithe is deacair a athchúrsáil.

(45) Chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl ina bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha nó atá éillithe le POPanna a bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, níor cheart an dramhaíl sin a cheadú lena honnmhairiú ón Aontas chuig tíortha nach comhaltaí de ECFE iad, nuair atá POPanna inti nó nuair atá sí éillithe le truailleáin orgánacha mharthanacha a chomhlíonann nó a sháraíonn teorainn tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021.

(46) Is gá rialacha diana a bhunú maidir le dramhaíl neamhghuaiseach a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tríú tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith, chun a áirithiú nach ndéanann an dramhaíl sin damáiste don chomhshaol ná don tsláinte dhaonna sna tíortha sin. Faoi na rialacha sin, níor cheart onnmhairiú ón Aontas a cheadú ach amháin i gcás dramhaíl nach gcumhdaítear cheana féin leis an toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach agus dramhaíolacha áirithe eile atá beartaithe lena haisghabháil i dtríú tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, agus ach amháin chuig tíortha a áirítear i liosta arna tharraingt suas agus atá le tabhairt cothrom le dáta ag an gCoimisiún, i gcás inar chuir na tíortha sin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ina luaitear go bhfuil siad toilteanach dramhaíolacha neamhghuaiseacha áirithe nó meascáin dramhaíolacha neamhghuaiseacha a fháil ón Aontas agus a léiríonn go bhfuil siad in ann an dramhaíl sin a bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart comhlíonadh coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le saothar agus cearta oibrithe a áireamh sna critéir sin. Ós rud é go bhféadfadh na Ballstáit níos mó coinbhinsiún den sórt sin a dhaigniú amach anseo, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún coinbhinsiúin ábhartha a chur leis na critéir sa Rialachán seo. Ba cheart onnmhairithe go tíortha eile seachas na tíortha atá ar an liosta atá le tarraingt suas ag an gCoimisiún a thoirmeasc. Chun tréimhse leordhóthanach a áirithiú le haghaidh an aistrithe chuig an gcóras nua seo, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse 3 bliana a bheith ann tar éis dháta theacht i bhfeidhm ginearálta an Rialacháin seo. Ba cheart prionsabal an chomhionannais i ndlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm, go háirithe agus liosta na dtíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus a n-údaraítear onnmhairiú dramhaíola neamhghuaisí ón Aontas lena aisghabháil ina leith á bhunú agus á thabhairt cothrom le dáta.

(47) Is gá a áirithiú go n-éascófar loingsiú dramhaíola atá riachtanach chun slabhraí luacha láidre a thógáil laistigh den mhargadh inmheánach, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil rialuithe leormhaithe i bhfeidhm. Trí phríomhshlabhraí luacha a neartú, cuirfear dlús le forbairt athléimneacht an Aontais agus feabhsófar a uathriail straitéiseach.

(48) Tá na tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo faoi réir na rialacha agus na moltaí a leagann ECFE síos maidir le loingsiú agus bainistiú dramhaíola, agus bíonn caighdeáin níos airde iontu de ghnáth maidir le bainistiú dramhaíola ná mar a bhíonn sna tíortha nach bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo. Tá sé tábhachtach, áfach, nach ndéanfaidh onnmhairiú dramhaíola neamhghuaisí ón Aontas lena haisghabháil damáiste don chomhshaol agus do shláinte an duine i dtíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo. Is gá, dá bhrí sin, sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar loingsithe dramhaíola neamhghuaisí chuig na tíortha sin. I gcásanna nach bhfuil dóthain fianaise ann lena léirítear go bhfuil an tír lena mbaineann in ann dramhaíl den sórt sin a aisghabháil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart don Choimisiún dul i mbun idirphlé leis an tír lena mbaineann agus, mura leor an fhaisnéis a fhaigheann sé chun a chruthú go ndéantar an dramhaíl a aisghabháil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ba cheart an chumhacht a thabhairt dó an t-onnmhairiú sin a chur ar fionraí. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú le linn phróiseas an loingsithe dramhaíola go gcuirfear prionsabal an chomhionannais i bhfeidhm maidir le tríú tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo.

(49) Tá beartas uaillmhianach forbartha agus curtha chun feidhme ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar an damáiste tromchúiseach don chomhshaol agus do shláinte an duine a eascraíonn as truailliú plaisteach, go háirithe nuair a bhaineann sé le míbhainistiú dramhaíola plaistí. An Straitéis Eorpach maidir le Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach, a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2018, an Comhaontú Glas don Eoraip, an Plean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach agus Plean Gníomhaíochta an Aontais: Léiríonn 'i dtreo Truailliú Nialasach don Aer, Uisce agus Ithir', a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021, an uaillmhian sin agus mar thoradh air sin glacadh raon leathan beart chun dramhaíl phlaisteach a laghdú agus a bainistiú a fheabhsú. Áirítear ar na bearta sin go háirithe reachtaíocht maidir le bainistiú dramhaíola (Treoir 2008/98/CE), pacáistíochta agus dramhaíola ó phacáistíocht (Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]), táirgí plaisteacha aon úsáide (Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21])chomh maith leis na srianta ar mhicreaphlaistigh a chuirtear isteach d'aon ghnó (Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún[22]). De bhreis ar na bearta sin, seoladh tionscnaimh nua chun dramhaíl phlaisteach a laghdú tuilleadh san Aontas, amhail an t-athbhreithniú ar Threoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht agus ar Threoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, chomh maith le togra le haghaidh rialacha nua lena gcoisctear caillteanais millíní chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú[24].

---

20 Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

21 Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol (IO L 155, 12.6.2019, lch. 1).

22 Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le micrea-cháithníní polaiméire sintéiseacha (IO L 238, 27.9.2023, lch. 67).

23 Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí bhfuil a ré caite (IO L 269, 21.10.2000, lch. 34)

24 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú (COM(2023)0645).

Chun na bearta sin a chomhlánú atá ceaptha chun dramhaíl phlaisteach a laghdú agus a bainistiú a fheabhsú laistigh den Aontas, agus chun nach mbeidh an tAontas ag onnmhairiú a chuid dúshlán dramhaíola chuig tríú tíortha, is iomchuí forálacha sonracha a leagan síos chun bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar dhramhaíl phlaisteach a onnmhairítear ón Aontas a áirithiú freisin. Is é is aidhm do na forálacha sin a áirithiú go ndéanfar dramhaíl phlaisteach a onnmhairítear ón Aontas a chóireáil faoi dhálaí atá coibhéiseach leis na coinníollacha atá i bhfeidhm san Aontas. Tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, is mó seans go mbeidh dúshláin thromchúiseacha chomhshaoil agus shláinte an duine rompu a bhaineann le bainistiú dramhaíola plaistí a onnmhairítear ón Aontas. Ina theannta sin, níl na caighdeáin agus an bonneagar maidir le bainistiú dramhaíola plaistí sna tíortha sin, i bhformhór na gcásanna, de réir mar a fhorbraítear iad san Aontas. Tá toirmeasc curtha ag an Aontas ar chineálacha áirithe dramhaíola plaistí a onnmhairiú, eadhon na cineálacha sin a aicmítear faoi iontrálacha Y48 agus A3210, chuig na tíortha sin ón 1 Eanáir 2021. I bhfianaise na ndúshlán agus na ndifríochtaí sin i leibhéal na gcaighdeán agus na n-eilimintí bonneagair, agus chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint tuilleadh, is iomchuí raon feidhme an toirmisc sin a leathnú chun onnmhairiú gach dramhaíola plaistí a chumhdach chuig tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo. Chun dóthain ama a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha agus d’údaráis inniúla a n-oibríochtaí a chur in oiriúint do na rialacha nua sin, ba cheart an toirmeasc a bheith infheidhme 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart go bhféadfaí maolú ar an toirmeasc sin a dheonú d’aon tír nach gcuireann Cinneadh ECFE maolú ar an toirmeasc sin i bhfeidhm maidir léi má léiríonn sé go mbainistíonn sí dramhaíl phlaisteach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Ba cheart maolú den sórt sin a dheonú trí bhíthin gníomh tarmligthe, arna iarraidh sin do thír amhail ó 30 mí ó chur i bhfeidhm an toirmisc onnmhairiúcháin.

(50) Ba cheart don Choimisiún grinnscrúdú ar leith a dhéanamh maidir le loingsithe dramhaíola plaistí chuig tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar dramhaíl den sórt sin a bhainistiú sna tíortha sin, agus ba cheart é a bheith de chumhacht aige srian a chur ar onnmhairiú dramhaíola plaistí chuig na tíortha sin chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint.

(51) I gcás ina gceadaítear iad, ba cheart onnmhairiú gach dramhaíola plaistí chuig gach tríú tír a bheith faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn.

(52) Ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú, i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus reachtaíocht eile an Aontais maidir le dramhaíl, go ndéantar dramhaíl a loingsítear laistigh den Aontas agus dramhaíl a allmhairítear isteach san Aontas a bhainistiú i rith thréimhse an loingsithe lena n-áirítear aisghabháil nó diúscairt sa tír ceann scríbe, gan sláinte an duine ná an comhshaol a chur i mbaol. Is gá a áirithiú go mbainistítear an dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i rith thréimhse an loingsithe agus lena n-áirítear cóireáil nó diúscairt sa tríú tír cinn scríbe. Chuige sin, ba cheart oibleagáid a thabhairt isteach d'onnmhaireoirí dramhaíola chun a áirithiú go mbeidh an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl i dtríú tír cinn scríbe faoi réir iniúchadh ag tríú páirtí neamhspleách ag a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí, sula n-onnmhairítear an dramhaíl chuig an tsaoráid i dtrácht. Is é cuspóir an iniúchta sin comhlíontacht na saoráide atá i gceist le critéir shonracha a leagtar síos sa Rialachán seo a fhíorú, ar critéir iad a ceapadh chun a áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. I gcás inarb é conclúid an iniúchta sin nach bhfuil na critéir shonracha sin á gcomhlíonadh ag an tsaoráid i dtrácht, níor cheart go mbeadh an t-onnmhaireoir i dteideal dramhaíl a onnmhairiú chuig an tsaoráid sin. Chun a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí ar bhealach gairmiúil agus neamhchlaonta, tá sé tábhachtach critéir a leagan amach maidir le neamhspleáchas agus cáilíochtaí iniúchóirí tríú páirtí, agus a shoiléiriú gur cheart d'údarás poiblí oifigiúil iad a údarú nó a chreidiúnú chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid a bhaineann le hiniúchtaí maidir le saoráidí atá suite i ngach tríú tír, lena n-áirítear iad siúd ar comhaltaí de ECFE iad. Luaitear i gCinneadh ECFE maidir le dramhaíl a onnmhairítear chuig tír ECFE eile 'go mbeidh sí beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála laistigh de shaoráid aisghabhála ina n-aisghabhfar dramhaíolacha ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta, na rialacháin agus na cleachtais a bhfuil an tsaoráid faoina réir'. Mura bhfuil aon eilimint nó critéar i gCinneadh ECFE lena sonraítear an chaoi chun an ceanglas sin a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dramhaíl 'a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol'. D'uireasa critéir choiteanna lena sainítear na coinníollacha faoina faoin a n-aisghabhfar dramhaíl sna saoráidí ábhartha, is gá aghaidh a thabhairt ar an mbaol go ndéanfaí dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas chuig tíortha ECFE a mhíbhainistiú i saoráidí sonracha agus mar sin, ba cheart do shaoráidí atá suite sna tíortha sin a bheith faoi réir na gceanglas iniúchta a leagtar síos sa Rialachán seo.

(53) Ba cheart don Choimisiún clár a bhunú agus a chothabháil, ina bhfuil faisnéis faoi shaoráidí a bhí faoi réir iniúchadh. Ba cheart faisnéis a sholáthar sa chlár sin lena n-éascaítear ullmhú loingsithe atá slán ó thaobh an chomhshaoil de ag fógróirí nó ag daoine a shocraíonn loingsiú chun dramhaíl a onnmhairiú ón Aontas, ach níl sé beartaithe go bhfeidhmeoidh sé mar mhodh chun comhlíonadh na gcoinníollacha agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a léiriú. Leis an gclár, ba cheart go mbeadh sé níos éasca d'onnmhaireoirí dramhaíola ach níor cheart go mbainfí leis an fhreagracht ón onnmhaireoir dramhaíola as an gcomhlíonadh sin a léiriú.

(54) I bhfianaise an chirt atá ag gach Páirtí i gCoinbhinsiún Basel, de bhun Airteagal 4(1) de, toirmeasc a chur ar allmhairiú dramhaíola guaisí nó allmhairiú dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, ba cheart allmhairí dramhaíola isteach san Aontas atá ceaptha lena ndiúscairt a cheadú i gcás ina bhfuil an tír is onnmhaireoir ina Páirtí sa Choinbhinsiún sin. Ba cheart allmhairí dramhaíola isteach san Aontas atá ceaptha lena n-aisghabháil a cheadú i gcás inar tír í an tír is onnmhaireoir a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi nó i gcás ina bhfuil an tír is onnmhaireoir ina Páirtí i gCoinbhinsiún Basel. I gcásanna eile, níor cheart allmhairí a cheadú ach amháin má tá an tír is onnmhaireoir faoi cheangal ag comhaontú déthaobhach nó iltaobhach nó ag socrú atá comhoiriúnach le reachtaíocht an Aontais agus i gcomhréir le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Basel, seachas nuair nach féidir déanamh amhlaidh i gcásanna éigeandála, oibríochtaí déanta síochána nó coimeádta síochána nó cogaidh.

(55) Ba cheart don Rialachán seo na rialacha a léiriú a leagtar síos le Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle maidir le honnmhairí agus allmhairí dramhaíola chuig tíortha agus críocha thar lear agus ó na tíortha agus na críocha sin[25].

---

[25] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

(56) I gcásanna sonracha loingsithe a dhéantar laistigh den Aontas lena mbaineann idirthuras trí thríú tíortha, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha sonracha a bhaineann le nós imeachta an toilithe ag tríú tíortha. Is gá forálacha sonracha a ghlacadh freisin a bhaineann leis na nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu maidir le hidirthuras dramhaíola tríd an Aontas chuig tríú tíortha agus ó na tíortha sin.

(57) Ar chúiseanna comhshaoil agus i bhfianaise stádas ar leith an Antartaigh, ba cheart go ndéanfaí toirmeasc sainráite leis an Rialachán seo ar dhramhaíl a onnmhairiú chuig an gcríoch sin.

(58) Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú comhchuibhithe an Rialacháin seo a áirithiú, is gá oibleagáidí a leagan síos go ndéanfaidh na Ballstáit cigireachtaí ar na loingsithe dramhaíola. Is gá cigireachtaí ar loingsithe dramhaíola a phleanáil go leormhaith freisin chun an acmhainneacht is gá le haghaidh na gcigireachtaí a chinneadh agus chun cosc éifeachtach a chur ar loingsithe neamhdhleathacha. Le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, ceanglaíodh ar na Ballstáit a áirithiú go mbunófaí pleananna cigireachta le haghaidh loingsithe dramhaíola faoin 1 Eanáir 2017. Chun cur i bhfeidhm na bhforálacha ar bhealach níos comhsheasmhaí a éascú agus chun cur chuige comhchuibhithe i leith na gcigireachtaí ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena bpleananna cigireachta, agus ba cheart é a chur de chúram ar an gCoimisiún na pleananna sin a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí a eisiúint maidir le feabhsuithe. Má thugtar fógra d'údaráis inniúla seolta agus cinn scríbe sna Ballstáit maidir le loingsiú neamhdhleathach dramhaíola, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís a mbearta rialaithe maidir le loingsithe comhchosúla a mhéadú chun loingsiú neamhdhleathach dramhaíola a shainaithint ag céim luath.

(59) Tá rialacha éagsúla sna Ballstáit a mhéid a bhaineann leis an gcumhacht a bheith ag údaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí i mBallstáit, agus leis an bhféidearthacht a bheith ann go bhféadfaidís fianaise a éileamh chun dlíthiúlacht loingsithe a fhionnadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag an bhfianaise sin, *inter alia*, le cibé an dramhaíl í an tsubstaint nó an réad, cibé ar aicmíodh an dramhaíl go cuí, cibé a loingseofar an dramhaíl chuig saoráidí a bhainistíonn dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo gur féidir le húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí i mBallstáit an fhianaise sin a éileamh. Ba cheart go bhféadfaí an fhianaise sin a iarraidh ar bhonn forálacha ginearálta nó ar bhonn cás ar chás. I gcás nach gcuirtear an fhianaise sin ar fáil nó ina meastar nach leor í, ba cheart a mheas gur loingsiú neamhdhleathach é iompar na substainte nó an réada lena mbaineann, nó loingsiú na dramhaíola lena mbaineann, agus ba cheart déileáil leis i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo.

(60) Fuarthas amach leis an meastóireacht a rinneadh ar Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 gur ceann de na heasnaimh atá ann go bhfuil difríocht mhór idir na rialacha náisiúnta maidir le pionóis ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, chun cur i bhfeidhm na bpionós ar bhealach níos comhsheasmhaí a éascú, ba cheart critéir choiteanna neamh-uileghabhálacha a leagan síos chun na cineálacha agus leibhéil na bpionós a bheidh le forchur i gcás sáruithe ar an Rialachán seo a chinneadh. Ba cheart do na critéir sin, *inter alia*, cineál agus tromchúis an tsáraithe agus na tairbhí eacnamaíocha a baineadh as agus an damáiste a rinneadh don chomhshaol mar gheall ar an sárú a chur san áireamh. Thairis sin, sa bhreis ar na pionóis a éilítear faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cion coiriúil é dramhaíl a loingsiú go neamhdhleathach i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008[26]. Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i dtaca leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirtear na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na rialacha a leagan síos maidir le pionóis riaracháin chomh maith le pionóis choiriúla i leith na sáruithe céanna. In aon chás, níor cheart sárú ar an bprionsabal *ne bis in idem* arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith mar thoradh ar phionóis choiriúla agus riaracháin a fhorchur.

---

[26] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

(61) Le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, léiríodh go gcruthaíonn rannpháirtíocht gníomhaithe éagsúla ar an leibhéal náisiúnta dúshláin don chomhordú agus don chomhar maidir le forfheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, a áirithiú go bhfuil sásraí éifeachtacha ag na húdaráis uile atá rannpháirteach i bhforfheidhmiú an Rialacháin seo chun é a chur ar a gcumas dóibh dul i gcomhar agus comhordú a dhéanamh ar bhonn intíre maidir le beartais forfheidhmithe agus gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na pleananna cigireachta a leagan síos agus a chur chun feidhme.

(62) Is gá go gcomhoibreoidh na Ballstáit le chéile, ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach, chun cosc agus brath loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a éascú. Chun comhordú agus comhar ar fud an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart grúpa tiomnaithe forfheidhmithe a bhunú, agus rannpháirtíocht ó ionadaithe ainmnithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, mar aon le hionadaithe ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus gréasáin ábhartha eile. Ba cheart don ghrúpa forfheidhmiúcháin sin teacht le chéile go rialta agus ba cheart dó a bheith ina fhóram, *inter alia*, chun faisnéis ábhartha a roinnt chun loingsithe neamhdhleathacha a chosc agus a bhrath, lena n-áirítear eolas agus faisnéis faoi threochtaí i loingsithe agus taithí neamhdhleathach agus eolas agus dea-chleachtais maidir le forfheidhmiú.

(63) Chun tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na mBallstát agus chun iad a chomhlánú, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún cigireachtaí a dhéanamh agus gníomhaíochtaí comhordaithe a dhéanamh i leith loingsithe neamhdhleathacha, atá casta agus a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha a bheith acu ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol, agus i gcás ina bhfuil gné thrasteorann ag baint leis an imscrúdú a bhfuil gá leis agus lena mbaineann dhá thír ar a laghad. Agus na cigireachtaí sin á ndéanamh aige, ba cheart don Choimisiún gníomhú agus lánurraim á tabhairt do ráthaíochtaí nós imeachta agus i ndlúthchomhar leis na húdaráis ábhartha sna Ballstáit, á áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na cigireachtaí sin ar imeachtaí ionchúisimh, dlí nó riaracháin leanúnacha a bhaineann leis an loingsiú neamhdhleathach céanna sa Bhallstát. D'fhéadfadh an Coimisiún a mhachnamh a dhéanamh, mar ábhar a bhaineann lena eagrúchán inmheánach, ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a chur de chúram ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ag a bhfuil saineolas ábhartha chuige sin. Ba cheart nár dhochar gníomhaíocht chomhordúcháin na cigireachta agus an chúnaimh fhrithpháirtigh do phríomhfhreagracht na mBallstát comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú agus a fhorfheidhmiú agus níor cheart difear a dhéanamh d'fheidhmiú leanúnach na gcumhachtaí a thugtar don Choimisiún nó don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), faoi seach, i ngníomhartha eile dlí, go háirithe i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[28], ná Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[29].

---

27 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

28 Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair custam agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

29 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

(64) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar don Choimisiún, trí bhíthin na dtuarascálacha a chuirtear faoi bhráid Ardrúnaíocht Choinbhinsiún Basel agus ar bhonn ceistneora ar leithligh araon. Ba cheart gurbh é cuspóir an tuairiscithe sin anailís a dhéanamh ar threochtaí i ndáil le loingsithe dramhaíola agus ar shonraí atá ábhartha chun loingsithe neamhdhleathacha a chomhrac, amhail sonraí maidir le loingsithe neamhdhleathacha agus maidir le cigireachtaí. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a sholáthar gach 3 bliana maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a chur na Ballstáit ar fáil chomh maith le faisnéis eile, a bhailítear go háirithe trí thuarascálacha *ad hoc* arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil maidir le loingsithe dramhaíola plaistí agus sruthanna sonracha eile dramhaíola atá ina n-ábhar imní. Ba cheart na córais le haghaidh faisnéis agus doiciméid a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach a dhearadh ar bhealach inar féidir sonraí a asbhaint as an gcóras chun críche na dtuarascálacha sin.

(65) Tá an comhar idirnáisiúnta éifeachtúil maidir le loingsithe dramhaíola a rialú ríthábhachtach chun a áirithiú go rialaítear loingsithe dramhaíola agus go ndéantar faireachán orthu ar leibhéal iomchuí. Ba cheart malartú faisnéise, freagracht chomhroinnte agus iarrachtaí comhair idir an tAontas gona Bhallstáit agus tríú tíortha a chur chun cinn chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú.

(66) Chun malartú faisnéise agus comhar a éascú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme go comhchuibhithe, ba cheart do na Ballstáit na húdaráis inniúla agus na comhfhreagraithe a ainmniú agus fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart do na Ballstáit an t-údarás nó na húdaráis agus comhaltaí a bhfoirne buana atá freagrach as an gcomhar idir na Ballstáit a shainaithint freisin.

(67) Chun rialú loingsithe dramhaíola a áirithiú, ba cheart go mbeadh na Ballstáit i dteideal oifigí sonracha custam iontrála agus imeachta a ainmniú le haghaidh loingsithe dramhaíola a thagann isteach san Aontas agus a imíonn uaidh, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí.

(68) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh ar eilimintí na hiarrata ón tsaoráid aisghabhála ar réamhthoiliú a fháil, lena leagtar síos an fhaisnéis atá le soláthar i ndeimhnithe lena ndeimhnítear cur i gcrích na n-oibríochtaí aisghabhála agus diúscartha, lena mbunaítear treoracha maidir le doiciméad Iarscríbhinn VII a chomhlánú, lena nuashonraítear an liosta faisnéise agus doiciméadachta atá le malartú trí mheán leictreonach, lena leagtar síos critéir ar dá réir a dhéanfar dramhaíolacha áirithe a aicmiú in Iarscríbhinní III, IIIA, IIIB nó IV, lena mbunaítear liosta tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus a n-údaraítear onnmhairiú dramhaíolacha neamhghuaiseacha ina leith, agus meascáin de dhramhaíl neamhghuaiseach, lena n-áirítear dramhaíl phlaisteach a aicmítear faoi iontráil B3011, ón Aontas lena haisghabháil agus an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, toirmeasc a chur ar dhramhaíl a onnmhairiú chuig tíortha áirithe, a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus lena leasaítear Iarscríbhinní. Tá sé tábhachtach, go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[30]. Go sonrach, agus chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus na gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid go léir ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

30 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(69) In ionad chruinnithe rialta na gcomhfhreagraithe agus le haghaidh comhairliúcháin le saineolaithe agus comhfhreagraithe na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, le hionadaithe geallsealbhóirí agus eagraíochtaí eile, agus na gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus chun scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna a ardaítear trí chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún grúpa saineolaithe a bhunú, i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún, lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú.

(70) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modh simplí, rioscabhunaithe agus comhchuibhithe a ghlacadh chun an ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a ríomh, chun critéir mhionsonraithe a bhunú maidir le hindéantacht theicniúil agus inmharthanacht eacnamaíoch, chun soiléiriú a dhéanamh i gcomhair cineálacha áirithe tráchtearraí ar an idirdhealú idir earraí úsáidte agus dramhaíl nuair a loingsítear iad, chun tábla comhghaoil a ghlacadh chun an comhfhreagras a léiriú idir cóid na hainmníochta comhcheangailte dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[31] agus na hiontrálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB, Iarscríbhinn IV, agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus chun mionsonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis is gá le haghaidh loingsithe dramhaíola le linn géarchéimeanna, nó oibríochtaí síochánaíochta nó síochánaíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

---

[31] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

[32] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(71) Bunaítear le Rialachán (AE) 2020/1056 creat dlíthiúil maidir le faisnéis rialála a chur in iúl go leictreonach idir na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus údaráis inniúla i ndáil le hiompar earraí ar chríoch an Aontais agus cumhdaítear codanna den Rialachán seo lena fhorálacha. Chun comhsheasmhacht idir na hionstraimí a áirithiú, is gá Rialachán (AE) 2020/1056 a leasú. Ionas nach mbeidh easpa rialacha cur chun feidhme ann de bhun Rialachán (AE) 2020/1056 maidir le ceanglais faisnéise a shainiú, a rochtain agus a phróiseáil i bhformáid leictreonach de bhun an Rialacháin seo roimh dháta chur i bhfeidhm an idirmhalartaithe leictreonaigh éigeantaigh sonraí faoin Rialachán seo, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an leasú ar Rialachán (AE) 2020/1056 ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(72) Is gá foráil a dhéanamh go mbeidh am leordhóthanach ag oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí nua faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun an bonneagar riaracháin is gá maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin a chur ar bun. Chun aon bhearna rialála a sheachaint, is gá a áirithiú go leanfaidh forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 d'fheidhm a bheith acu go dtí an dáta a bheidh feidhm ag na forálacha den Rialachán seo a mbaineann cur i bhfeidhm moillithe leo.

(73) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr go bhfuil gá le comhchuibhiú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint agus chun rannchuidiú le neodracht aeráide agus le geilleagar ciorclach agus truailliú nialasach a bhaint amach trí na drochthionchair is féidir teacht as loingsithe dramhaíola agus as cóireáil na dramhaíola ag a ceann scríbe a chosc nó a laghdú. Bunaítear leis nósanna imeachta agus córais rialaithe maidir le loingsithe dramhaíola, ag brath ar thionscnamh, ceann scríbe agus bealach an loingsithe, ar chineál na dramhaíola agus ar an gcineál cóireála atá le cur i bhfeidhm ar an dramhaíl ag a ceann scríbe.

*Airteagal 2*
*Raon Feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) loingsithe dramhaíola idir na Ballstáit, bíodh idirthuras trí thríú tíortha i gceist nó ná bíodh;

   (b) loingsithe dramhaíola a allmhairítear isteach san Aontas ó thríú tíortha;

(c) loingsithe dramhaíola a onnmhairítear ón Aontas chuig tríú tíortha;

(d) loingsithe dramhaíola ar idirthuras tríd an Aontas ar an tslí chuig tríú tíortha nó uathu.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dramhaíl, lena n-áirítear fuíolluisce agus iarmhair, a ghintear trí ghnáthoibriú long agus ardán amach ón gcósta go dtí go ndíluchtófar an dramhaíl sin chun críoch aisghabhála nó diúscartha, ar choinníoll go bhfuil an dramhaíl faoi réir cheanglais Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long nó ionstraimí idirnáisiúnta ceangailteacha ábhartha eile;

(b) dramhaíl a ghintear ar bord feithiclí, traenacha, eitleán agus long, go dtí go ndíluchtófar an dramhaíl sin chun críoch aisghabhála nó diúscartha;

(c) loingsithe dramhaíola radaighníomhaí a shainmhínítear in Airteagal 5 de Threoir 2006/117/Euratom ón gComhairle[34];

---

[33] Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

[34] Treoir 2006/117/Euratom ón gComhairle an 20 Samhain 2006 maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhach agus breosla spíonta (IO L 337, 5.12.2006, lch. 21).

(d) loingsithe seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a shainmhínítear in Airteagal 3, pointí (1) agus (2), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, faoi seach, seachas seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe atá measctha nó éillithe le dramhaíl a liostaítear mar dhramhaíl ghuaiseach sa liosta de dhramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(e) loingsithe fuíolluisce a chumhdaítear le Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[35] nó le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais;

(f) loingsithe substaintí atá beartaithe lena n-úsáid mar ábhair bheatha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe(g), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] agus nach fotháirgí ainmhithe iad nó nach bhfuil fotháirgí ainmhithe iontu.

(g) loingsithe dramhaíola ón Antartach isteach san Aontas i gcomhréir le ceanglais an Phrótacail um Chosaint Comhshaoil a ghabhann leis an gConradh Antartach[37];

---

35 Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

36 Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún (IO L 229, 1.9.2009, lch. 1).

37 An Prótacal um Chosaint Comhshaoil a ghabhann le Conradh Antartach 1991.

(h) loingsithe dé-ocsaíde carbóin chun críoch stórála geolaíche i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38];

(i) longa atá faoi bhratach Ballstáit a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013, cé is moite de longa a meastar:

(i) gur dramhaíl ghuaiseach iad, atá suite i limistéar faoi dhlínse náisiúnta Ballstáit agus a onnmhairítear ón Aontas lena haisghabháil, nach bhfuil feidhm ach ag Airteagail 39, 48, 49 agus Teideal VII den Rialachán seo maidir léi; nó

(ii) gur dramhaíl iad, atá suite i limistéar faoi dhlínse náisiúnta Ballstáit agus atá beartaithe lena diúscairt;

3. I gcás allmhairí dramhaíola a ghineann fórsaí armtha nó eagraíochtaí fóirithinte le linn oibríochtaí géarchéime, nó le linn oibríochtaí déanta síochána nó feachtais síochánaíochta, i gcás ina loingsítear dramhaíl den sórt sin, ag na fórsaí armtha nó na heagraíochtaí fóirithinte lena mbaineann nó thar a gceann, go díreach nó go hindíreach, chuig an tír cinn scríbe, ní bheidh feidhm ach ag Airteagal 51(6) agus (7) agus Airteagal 53(5) maidir leo.

4. I gcás loingsithe dramhaíola ón Antartach chuig tríú tíortha atá ar idirthuras tríd an Aontas, beidh feidhm ag Airteagail 39 agus 59 maidir leo.

5. I gcás iompar dramhaíola go heisiach laistigh de Bhallstát, ní bheidh feidhm ach ag Airteagal 36 maidir leis.

---

38 Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'meascán dramhaíolacha' dramhaíl a eascraíonn as dhá chineál dramhaíola éagsúla nó níos mó ná sin a mheascadh d'aon ghnó nó go neamhthoiliúil, ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) liostaítear iad in iontrálacha éagsúla in Iarscríbhinní III, IIIA, IIIB agus IV, nó, i gcás inarb infheidhme, i bhfleascanna éagsúla nó fo-fhleascanna éagsúla d'iontrálacha den sórt sin; nó

(b) ní aicmítear iad faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn III, IIIA, IIIB nó IV;

Ní meascán dramhaíola é dramhaíl a sheoltar in aon loingsiú dramhaíola amháin, ina bhfuil dhá chineál dramhaíola nó níos mó ná sin, i gcás ina ndéantar gach dramhaíl a dheighilt;

(2) ciallaíonn 'diúscairt eatramhach' aon oibríochtaí diúscartha a liostaítear faoi D8, D9, D13, D14 nó D15 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/98/CE;

(3) ciallaíonn 'aisghabháil eatramhach' aon oibríochtaí aisghabhála a liostaítear faoi R12 nó R13 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE;

(4) ciallaíonn 'bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol' gach céim phraiticiúil a ghlacadh chun a áirithiú go ndéantar dramhaíl a bhainistiú ar bhealach ina gcosnófar sláinte an duine, an aeráid agus an comhshaol i gcoinne na n-éifeachtaí diúltacha is féidir a bheith ann mar thoradh ar dhramhaíl den sórt sin;

(5) ciallaíonn ‘coinsíní’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach faoi dhlínse náisiúnta na tíre cinn scríbe lena seoltar an dramhaíl chun an dramhaíl sin a aisghabháil nó a dhiúscairt;

(6) ciallaíonn ‘fógróir’:

(a) i gcás loingsiú de thionscnamh Ballstáit, aon duine de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha seo a leanas faoi dhlínse náisiúnta an Bhallstáit sin, a dhéanann nó a bheartaíonn loingsiú dramhaíola a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3), nó a chuireann faoi deara loingsiú den sórt sin a dhéanamh, nó a bheartaíonn loingsiú den sórt sin a chur faoi deara, dá sanntar an dualgas maidir le fógra a thabhairt:

(i) an táirgeoir dramhaíola bunaidh;

(ii) an táirgeoir dramhaíola nua a dhéanann oibríochtaí roimh loingsiú as a dtagann athrú ar chineál na dramhaíola nó ar chomhdhéanamh na dramhaíola;

(iii) bailitheoir a bhfuil an loingsiú, ó chainníochtaí beaga éagsúla den chineál céanna dramhaíola arna mbailiú ó fhoinsí éagsúla, bailithe le chéile aige nó aici, ar loingsiú é atá le tionscain ó shuíomh aonair ar tugadh fógra ina leith;

(iv) déileálaí nó bróicéir ag gníomhú thar ceann aon cheann de na daoine dá dtagraítear i bpointe (i), (ii) nó (iii); nó

(v) i gcás ina bhfuil gach ceann de na daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) anaithnid nó dócmhainneach, sealbhóir na dramhaíola;

(b) i gcás allmhairiú dramhaíola isteach san Aontas nó dramhaíl atá ar idirthuras tríd an Aontas, ar dramhaíl nach de thionscnamh Ballstáit í, aon cheann de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha seo a leanas faoi dhlínse náisiúnta na tíre seolta a dhéanann loingsiú nó a bheartaíonn é a dhéanamh nó a chuireann faoi deara loingsiú a dhéanamh nó a bheartaíonn loingsiú den sórt sin a chur faoi deara:

(i) an duine a ainmnítear le dlí na tíre seolta;

(ii) in éagmais duine a ainmnítear le dlí na tíre seolta, sealbhóir na dramhaíola an tráth a rinneadh an t-onnmhairiú;

(7) ciallaíonn 'duine a shocraíonn an loingsiú' aon cheann de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha seo a leanas faoi dhlínse náisiúnta na tíre seolta a dhéanann loingsiú dá dtagraítear in Airteagal 4(4) nó (5), nó a bheartaíonn loingsiú den sórt sin a dhéanamh, nó a chuireann faoi deara loingsiú den sórt sin a dhéanamh nó a bheartaíonn loingsiú den sórt sin a chur faoi deara:

(i) an táirgeoir dramhaíola bunaidh;

(ii) an táirgeoir dramhaíola nua a dhéanann oibríochtaí roimh loingsiú as a dtagann athrú ar chineál na dramhaíola nó ar chomhdhéanamh na dramhaíola;

(iii) bailitheoir a bhfuil an loingsiú, ó chainníochtaí beaga éagsúla den chineál céanna dramhaíola arna mbailiú ó fhoinsí éagsúla, bailithe le chéile aige nó aici, ar loingsiú é atá le tosú ó shuíomh aonair;

(iv) déileálaí nó bróicéir ag gníomhú thar ceann aon cheann de na daoine dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) nó (iii); nó

(v) i gcás ina bhfuil gach ceann de na daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) anaithnid nó dócmhainneach, sealbhóir na dramhaíola;

(8) ciallaíonn 'bailitheoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann dramhaíl a bhailiú mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), de Threoir 2008/98/CE;

(9) ciallaíonn 'údarás inniúil':

(a) i gcás Ballstáit, an comhlacht arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann de bhun Airteagal 75;

(b) i gcás tríú tír is páirtí i gCoinbhinsiún Basel an 22 Márta 1989 maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus lena ndiúscairt ('Coinbhinsiún Basel'), an comhlacht arna ainmniú ag an tír sin mar an t-údarás inniúil chun críocha Choinbhinsiún Basel i gcomhréir le hAirteagal 5 de;

(c) i gcás aon tír nach dtagraítear di i bpointe (a) nó pointe (b), an comhlacht arna ainmniú mar an t-údarás inniúil ag an tír nó an réigiún lena mbaineann nó, in éagmais ainmniúchán den sórt sin, an t-údarás rialaitheach le haghaidh na tíre nó an réigiúin, de réir mar is iomchuí, a bhfuil dlínse aici nó aige ar loingsiú;

(10) ciallaíonn 'údarás inniúil seolta' an t-údarás inniúil don limistéar óna dtionscnaítear an loingsiú nó óna bhfuil sé beartaithe go ndéanfar an loingsiú a thionscnamh;

(11) ciallaíonn 'údarás inniúil cinn scríbe' an t-údarás inniúil le haghaidh an limistéir ina ndéantar an loingsiú nó ina mbeartaítear an loingsiú a dhéanamh nó ina luchtaítear dramhaíl sula ndéantar í a aisghabháil nó a dhiúscairt i limistéar nach bhfuil faoi dhlínse náisiúnta tíre ar bith;

(12) ciallaíonn 'údarás inniúil idirthurais' an t-údarás inniúil le haghaidh tír ar bith, seachas tír an údaráis inniúil seolta agus tír an údaráis inniúil cinn scríbe, trína ndéantar an loingsiú a nó trína mbeartaítear é a dhéanamh;

(13) ciallaíonn 'tír seolta' aon tír óna dtionscnaítear loingsiú nó óna mbeartaítear é a thionscnamh;

(14) ciallaíonn 'tír cinn scríbe' aon tír ina ndéantar loingsiú nó ina mbeartaítear é a dhéanamh lena aisghabháil nó lena dhiúscairt inti, nó chun luchtú a dhéanamh sula ndéantar an aisghabháil nó an diúscairt i limistéar nach bhfuil faoi dhlínse náisiúnta tíre ar bith;

(15) ciallaíonn 'tír idirthurais' aon tír, seachas an tír seolta nó an tír cinn scríbe, trína ndéantar loingsiú nó trína mbeartaítear é a dhéanamh;

(16) ciallaíonn 'limistéar faoi dhlínse náisiúnta tíre' aon limistéar talún nó limistéar muirí ina bhfuil freagracht riarthach agus freagracht rialaitheach á feidhmiú ag stát i gcomhréir le dlí idirnáisiúnta maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint;

(17) ciallaíonn 'tíortha agus críocha thar lear' na tíortha agus na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE;

(18) ciallaíonn ‘oifig custam onnmhairithe’ oifig custam onnmhairithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (16), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún[39];

(19) ciallaíonn ‘oifig custam imeachta’ oifig custam imeachta mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 329 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún[40];

(20) ciallaíonn ‘oifig custam iontrála’ oifig custam na céadiontrála mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (15), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446;

(21) ciallaíonn ‘allmhairiú’ aon dramhaíl a theacht isteach san Aontas ach eisiatar ann idirthuras tríd an Aontas;

(22) ciallaíonn ‘onnmhairiú’ fágáil aon dramhaíle ón Aontas ach eisiatar ann idirthuras tríd an Aontas;

(23) ciallaíonn ‘idirthuras’ loingsiú trí thír amháin nó níos mó seachas an tír seolta nó an tír cinn scríbe;

(24) ciallaíonn ‘iompar dramhaíola’ dramhaíl a iompar de bhóthar, d’iarnród, d’aer, d’fharraige nó d’uiscebhealach intíre;

---

[39] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custam an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

[40] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custam an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

(25) ciallaíonn 'loingsiú' iompar dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil nó lena diúscairt ón suíomh óna dtosaíonn an t-iompar go dtí go bhfaigheann an tsaoráid a dhéanann an diúscairt nó an aisghabháil sa tír cinn scríbe an dramhaíl agus a dhéantar nó a bheartaítear a dhéanamh:

(a) idir tír agus tír eile;

(b) idir tír agus tír thar lear nó críoch nó limistéar eile faoi chosaint na tíre sin;

(c) idir tír agus aon limistéar geografach nach bhfuil ina chuid de thír ar bith faoin dlí idirnáisiúnta;

(d) idir tír agus an tAntartach;

(e) ó thír amháin trí aon cheann de na limistéir dá dtagraítear i bpointí (a) go (d);

(f) laistigh de thír trí aon cheann de na limistéir dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus a thionscnaíonn agus a chríochnaíonn sa tír chéanna sin; nó

(g) ó limistéar geografach nach bhfuil faoi dhlínse náisiúnta de chuid tír ar bith, chuig tír;

(26) ciallaíonn 'loingsiú neamhdhleathach' aon loingsiú a dhéantar:

(a) gan fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla lena mbaineann de bhun an Rialacháin seo;

(b) gan toiliú ó na húdaráis inniúla lena mbaineann de bhun an Rialacháin seo;

(c) le toiliú arna fháil ó na húdaráis inniúla lena mbaineann de bhun an Rialacháin seo trí bhíthin brionnaithe, mífhaisnéise nó calaoise;

(d) ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad fógartha nó atá sa doiciméad gluaiseachta nó atá le soláthar sa doiciméad gluaiseachta, ach amháin i gcás mionearráidí cléireachais sa doiciméad fógartha nó sa doiciméad gluaiseachta;

(e) ar bhealach arb é an toradh a bheidh ann aisghabháil nó diúscairt a sháraíonn dlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta;

(f) contrártha d' Airteagal 4(1), Airteagal 4(3), nó Airteagail 37, 39, 40, 45, 46, 48, 49 nó 50;

(g) ar bhealach, i ndáil le loingsithe dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus (5), nach bhfuil i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 18, míreanna 2, 4, 6 agus 10, ná leis an bhfaisnéis atá i ndoiciméad Iarscríbhinn VII nó atá le soláthar ann, ach amháin i gcás mionearráidí cléireachais i ndoiciméad Iarscríbhinn VII;

(27) ciallaíonn 'cigireacht' aon ghníomhaíocht a dhéanann údarás chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a sheiceáil;

(28) Ciallaíonn 'ord na réiteach dramhaíola' ord na réiteach dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE;

(29) ciallaíonn ‘ródú’ an pointe imeachta as gach tír lena mbaineann agus an pointe iontrála isteach i ngach tír lena mbaineann, lena n-áirítear oifigí custam iontrála, imeachta agus onnmhairiúcháin;

(30) ciallaíonn ‘bealach’ an cúrsa taistil idir an suíomh ina dtosaíonn an loingsiú sa tír seolta, tríd an bpointe imeachta as gach tír lena mbaineann agus an pointe iontrála isteach i ngach tír lena mbaineann, chuig an tsaoráid chóireála sa tír cinn scríbe.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘dramhaíl’, ‘dramhaíl ghuaiseach’, ‘táirgeoir dramhaíola’, ‘sealbhóir dramhaíola’, ‘déileálaí’, ‘bróicéir’, ‘bainistiú dramhaíola’, ‘athúsáid’, ‘cóireáil’, ‘aisghabháil’, ‘ullmhú le haghaidh athúsáide’, ‘athchúrsáil’ agus ‘diúscairt’, a leagtar síos in Airteagal 3, pointí (1), (2), (5) go (9), (13) go (15), (16), (17) agus (19) de Threoir 2008/98/CE, faoi seach.

# TEIDEAL II
# LOINGSITHE LAISTIGH DEN AONTAS
# BÍODH IDIRTHURAS TRÍ THRÍÚ TÍORTHA I gCEIST
# NÓ NÁ BÍODH

*Airteagal 4*

*Creat nós imeachta foriomlán*

1. Beidh toirmeasc ar loingsithe dramhaíolacha atá beartaithe lena ndiúscairt, ach amháin má fhaightear toiliú i gcomhréir le hAirteagal 11. Chun toiliú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 11 maidir le loingsiú atá beartaithe lena dhiúscairt, beidh feidhm ag an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn a leagtar síos i gCaibidil 1.

2. Beidh loingsithe na ndramhaíolacha seo a leanas atá beartaithe lena n-aisghabháil faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, a leagtar síos i gCaibidil 1:

(a) dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV;

(b) dramhaíolacha nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIB ná Iarscríbhinn IV;

(c) meascáin dramhaíolacha, mura liostaítear iad in Iarscríbhinn IIIA;

(d) dramhaíl a aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach sa liosta dramhaíola arna bhunú de bhun Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(e) dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IIIB agus meascáin dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA atá éillithe ag ábhair eile sa mhéid seo a leanas:

(i) a dhéanann méadú leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann leis na dramhaíolacha chun go mbeadh sí iomchuí lena cur faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, agus an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE chomh maith leis na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin á gcur i gcuntas; nó

(ii) go gcuirtear cosc ar dhramhaíolacha a aisghabháil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(f) dramhaíolacha nó meascáin dramhaíolacha ina bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha nó atá éillithe le truailleáin orgánacha mharthanacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/1021 i gcainníochtaí a chomhlíonann nó a sháraíonn teorainn tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, nach n-aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach.

3. Beidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo maidir le loingsithe dramhaíola cathrach measctha arna bailiú ó theaghlaigh phríobháideacha, ó tháirgeoirí dramhaíola eile nó ón dá dhream, chomh maith le dramhaíl chathrach mheasctha a cuireadh faoi oibríocht cóireála dramhaíola nár athraigh a hairíonna go substaintiúil, lena n-áirítear breoslaí a dhíorthaítear ó dhramhaíl a phróiseáiltear ó dhramhaíl chathrach mheasctha, i gcás ina bhfuil an dramhaíl sin beartaithe lena haisghabháil. Beidh toirmeasc ar loingsithe dramhaíola den sórt sin atá beartaithe lena diúscairt.

4. Beidh loingsithe na ndramhaíolacha seo a leanas atá beartaithe lena n-aisghabháil faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18, más rud é gur mó ná 20 kg cainníocht na dramhaíola a loingsítear:

(a) dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IIIB;

(b) meascáin dramhaíolacha, ar choinníoll nach ndéanann comhdhéanamh na meascán dochar dá n-aisghabháil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus ar choinníoll go liostaítear meascáin den sórt sin in Iarscríbhinn IIIA.

5. De mhaolú ar Airteagal 4(1) agus (2), maidir le loingsithe dramhaíola atá beartaithe go sainráite le haghaidh anailís saotharlainne nó tástálacha cóireála turgnamhacha chun measúnú a dhéanamh ar shaintréithe fisiceacha nó ceimiceacha na dramhaíola nó chun a n-oiriúnacht le haghaidh aisghabhála nó diúscartha a chinneadh, beidh siad faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18 i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach mó cainníocht na dramhaíola ná an chainníocht is gá go réasúnach chun an anailís nó an triail a dhéanamh i ngach cás ar leith, ach gan níos mó ná 250 kg nó aon chainníocht níos mó arna comhaontú ar bhonn cás ar chás ag na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe agus ag an duine a shocraíonn an loingsiú;

(b) i gcás ina n-iarrann an duine a shocraíonn an loingsiú cainníocht is airde ná 250 kg, soláthróidh an duine sin an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn VII, a mhéid is féidir, do na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe mar aon leis an míniú réasúnaithe ar na cúiseanna a bhfuil gá le cainníocht níos mó den sórt sin chun an anailís nó an triail a dhéanamh.

# Caibidil 1

# Réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn

*Airteagal 5*

*Fógra*

1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag fógróir dramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) a loingsiú, cuirfidh an fógróir réamhfhógra i scríbhinn ('fógra') faoi bhráid na n-údarás inniúil uile lena mbaineann.

Ní fhéadfaidh fógróir dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(ii), (iii) nó (iv), fógra a thíolacadh ach amháin i gcás ina bhfuil cead faighte ag an bhfógróir nó ina bhfuil an fógróir cláraithe i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2008/98/CE.

I gcás ina dtíolacann fógróir fógra ginearálta maidir le roinnt loingsithe dá dtagraítear in Airteagal 13, comhlíonfaidh an fógróir na ceanglais a leagtar síos san Airteagal sin freisin.

I gcás ina bhfuil loingsiú beartaithe le haghaidh saoráid réamhthoilithe de bhun Airteagal 14, beidh feidhm ag na ceanglais nós imeachta i míreanna 12, 14, 15 agus 16 den Airteagal sin.

I gcás ina bhfuil loingsiú beartaithe le haghaidh aisghabháil eatramhach nó diúscairt eatramhach, beidh feidhm ag Airteagal 15 freisin.

2. Áireofar na doiciméid seo a leanas san fhógra:

(a) an doiciméad fógartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IA (‘an doiciméad fógartha’);

(b) an doiciméad gluaiseachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IB (‘an doiciméad gluaiseachta’).

Soláthróidh an fógróir an fhaisnéis a luaitear sa doiciméad fógartha agus, i gcás inarb ábhartha, an fhaisnéis a luaitear sa doiciméad gluaiseachta.

I gcás nach é táirgeoir dramhaíola bunaidh dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), an fógróir, áiritheoidh an fógróir go síneoidh an táirgeoir dramhaíola bunaidh nó ceann de na daoine a luaitear in Airteagal 3, pointe 6(a)(ii), (iii) nó (v), i gcás inarb indéanta, an doiciméad fógartha freisin. Áiritheoidh déileálaí nó bróicéir go mbeidh údarú i scríbhinn acu ó dhuine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), (ii) nó (iii), chun gníomhú thar a gceann, agus go n-áireofar údarú i scríbhinn den sórt sin san fhógra.

3. Áireofar an fhaisnéis agus an doiciméadacht a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn II sa doiciméad fógartha nó san iarscríbhinn a ghabhann leis. Áireofar sa doiciméad gluaiseachta nó san iarscríbhinn a ghabhann leis an fhaisnéis agus an doiciméadacht dá dtagraítear i gCuid 2 d’Iarscríbhinn II, a mhéid is féidir tráth an fhógra.

4. Arna iarraidh sin d’aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann, soláthróidh an fógróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht a cheanglaítear faoi mhír 3 agus an fhaisnéis bhreise agus an doiciméadacht bhreise a leagtar amach i gCuid 3 d’Iarscríbhinn II do na húdaráis inniúla uile lena mbaineann. Cuirfidh an t-údarás inniúil a rinne an iarraidh na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas faoin iarraidh sin.

5. Measfar go ndearnadh fógra mar is ceart a luaithe is deimhin leis an údarás inniúil seolta gur comhlánaíodh an doiciméad fógartha agus na doiciméid ghluaiseachta i gcomhréir le míreanna 3 agus 4.

6. Measfar fógra a bheith comhlánaithe mar is ceart a luaithe is deimhin leis na húdaráis inniúla go léir lena mbaineann gur comhlánaíodh an doiciméad fógartha agus an doiciméad gluaiseachta i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 nó a luaithe a bheidh an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a d’iarr siad i gcomhréir le mír 4 faighte.

7. Soláthróidh an fógróir cóip den chonradh arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 agus dearbhú lena ndeimhnítear gurb ann dó i gcomhréir le hIarscríbhinn IA do na húdaráis inniúla lena mbaineann tráth an fhógra.

8. Soláthróidh an fógróir dearbhú gur bunaíodh ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach i gcomhréir le hAirteagal 7 tríd an gcuid iomchuí den doiciméad fógartha a chomhlánú.

Maidir leis an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach dá dtagraítear in Airteagal 7 nó, i gcás ina gceadaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann amhlaidh, dearbhú lena ndeimhnítear gurb ann dó i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IA, soláthrófar í nó é chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann mar chuid den doiciméad fógartha tráth an fhógra.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfar an doiciméadacht dá dtagraítear san fhomhír sin a sholáthar, i gcás ina gceadaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann amhlaidh, tar éis an fógra a thíolacadh, ar a dhéanaí tráth a chomhlánaítear an doiciméad gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 16(2).

9. Cumhdófar leis an bhfógra an loingsiú ón suíomh óna dtosaíonn an loingsiú agus cumhdófar leis aon aisghabháil eatramhach nó neamheatramhach nó diúscairt eatramhach nó neamheatramhach.

I gcás ina ndéantar aisghabháil eatramhach nó neamheatramhach nó diúscairt eatramhach nó neamheatramhach ina dhiaidh sin i dtír nach í an chéad tír cinn scríbe í, sonrófar an aisghabháil neamheatramhach nó diúscairt neamheatramhach agus suíomh na haisghabhála nó na diúscartha sin san fhógra agus tá feidhm ag Airteagal 15(7).

10. Ní shonrófar ach cód sainaitheanta dramhaíola amháin mar a luaitear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV sa doiciméad fógartha agus sa doiciméad gluaiseachta. I gcásanna nach n-aicmítear dramhaíl faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV, ní dhéanfar ach cód sainaitheanta dramhaíola amháin ón liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE a shonrú sa doiciméad fógartha agus sa doiciméad gluaiseachta, seachas i gcás na nithe seo a leanas:

(a) dramhaíolacha nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV is féidir a shonrú agus úsáid á baint as níos mó ná cód sainaitheanta dramhaíola amháin ón liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE, i gcás ina bhfuil saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha comhchosúla go bunúsach ag gach dramhaíl a chumhdaítear leis an bhfógra, ach nach meascán dramhaíolacha í; nó

(b) meascáin dramhaíolacha nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV, dá sonraítear an cód sainaitheanta dramhaíola ón liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE agus an cód sainaitheanta dramhaíola ó Iarscríbhinn III, IIIB nó IV le haghaidh gach codáin den dramhaíl in ord tábhachta sa doiciméad fógartha agus sa doiciméad gluaiseachta, nó i gcás nach bhfuil na cóid sainaitheanta sin ar fáil do gach codán, déanfar an cód sainaitheanta dramhaíola ón liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE don mheascán agus do gach codán den dramhaíl a shonrú in ord tábhachta sa doiciméad fógartha agus sa doiciméad gluaiseachta.

11. Féadfar dramhaíolacha nó meascáin dramhaíolacha a shonraítear i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo a shonrú tuilleadh trí na cóid sainaitheanta dramhaíola ábhartha a sholáthar ón liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE agus trí chóid sainaitheanta ábhartha eile a sholáthar.

*Airteagal 6*

*Conradh*

1. Beidh loingsithe dramhaíola a bhfuil fógra ag teastáil ina leith faoi réir an cheanglais chun conradh a thabhairt i gcrích idir an fógróir agus an coinsíní maidir le haisghabháil nó diúscairt na dramhaíola. Murab é an coinsíní oibreoir na saoráide chun an dramhaíl faoina dtugtar fógra a aisghabháil nó a dhiúscairt, síneoidh oibreoir na saoráide an conradh freisin.

2. Tabharfar an conradh dá dtagraítear i mír 1 i gcrích agus beidh éifeacht leis tráth an fhógra agus leanfaidh sé d'éifeacht a bheith leis ar feadh fhad an loingsithe go dtí go n-eiseofar deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 15(5), Airteagal 16(6), nó, i gcás inarb iomchuí, Airteagal 15(4).

Beidh an conradh comhsheasmhach leis an doiciméad fógartha comhfhreagrach agus leis an doiciméad gluaiseachta agus is é a bheidh ann ar a laghad faisnéis faoin bhfógróir, faoin gcoinsíní agus faoin tsaoráid, céannacht na ndaoine a dhéanann ionadaíocht ar gach páirtí, uimhir an fhógra, ainmniú agus comhdhéanamh na dramhaíola, na cóid sainaitheanta dramhaíola, cainníocht na dramhaíola a chumhdaítear leis an gconradh, an oibríocht aisghabhála nó diúscartha agus tréimhse bhailíochta an chonartha.

3. Áireofar na hoibleagáidí seo a leanas sa chonradh:

(a) ar an bhfógróir an dramhaíl a ghlacadh ar ais nó, i gcás inarb infheidhme, a áirithiú go ndéanfar í a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach, i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) nó (3), más rud é nár cuireadh an loingsiú nó an aisghabháil nó an diúscairt i gcrích mar a bhí beartaithe nó más loingsiú neamhdhleathach an loingsiú;

(b) ar an gcoinsíní an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagal 25(8), más loingsiú neamhdhleathach an loingsiú;

(c) ar an tsaoráid ina ndéantar dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, deimhniú a sholáthar, i gcomhréir le hAirteagal 16(6), go ndearnadh an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, i gcomhréir leis na toilithe arna dtabhairt don fhógra sin, leis na coinníollacha a ghabhann leis na toilithe sin agus leis an Rialachán seo.

4. I gcás ina bhfuil an dramhaíl beartaithe le haghaidh aisghabháil eatramhach nó diúscairt eatramhach, áireofar na hoibleagáidí breise seo a leanas sa chonradh:

(a) ar an tsaoráid, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) agus, i gcás inarb iomchuí, le hAirteagal 15(5), an deimhniú nó na deimhnithe a sholáthar ón tsaoráid nó ó na saoráidí a dhéanann na hoibríochtaí aisghabhála nó diúscartha neamheatramhaí, go ndearnadh an dramhaíl go léir a fuarthas i gcomhréir leis na toilithe arna dtabhairt don fhógra sin, leis na coinníollacha a ghabhann leis na toilithe sin agus leis an Rialacháin seo a aisghabháil nó a dhiúscairt, agus, i gcás inar féidir, cainníocht agus cineál na dramhaíola a chumhdaítear le gach deimhniú á sonrú aici;

(b) ar an gcoinsíní, i gcás inarb infheidhme, fógra a chur faoi bhráid údarás inniúil bunaidh na tíre seolta bunaidh i gcomhréir le hAirteagal 15(8).

5. I gcás ina ndéantar an dramhaíl a loingsiú idir dhá bhunaíocht faoi rialú an eintitis dhlítheanaigh chéanna, féadfar dearbhú ón eintiteas dlítheanach sin a chur in ionad an chonartha dá dtagraítear i mír 1. Cumhdófar na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 3 leis an dearbhú sin.

*Airteagal 7*

*Ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach*

1. Beidh loingsithe a bhfuil fógra ag teastáil ina leith faoi réir an cheanglais ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a fháil, lena gcumhdaítear gach ceann díobh seo a leanas:

(a) costais iompair dramhaíola;

(b) costais aisghabhála nó costais diúscartha, lena n-áirítear aon chóras eatramhach is gá;

(c) costais stórála ar feadh 90 lá.

2. Cumhdófar na costais a thagann chun cinn i gcomhthéacs na gcásanna seo a leanas leis an ráthaíocht airgeadais nó leis an árachas coibhéiseach:

(a) i gcás nach féidir loingsiú, nó an aisghabháil nó an diúscairt, a chur i gcrích mar a beartaíodh, dá dtagraítear in Airteagal 22;

(b) i gcás ina bhfuil loingsiú, nó an aisghabháil nó an diúscairt, neamhdhleathach, dá dtagraítear in Airteagal 25.

3. Bunóidh an fógróir nó duine nádúrtha nó dlítheanach eile thar ceann an fhógróra an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach agus beidh éifeacht léi nó leis tráth an fhógra nó, má cheadaíonn an t-údarás inniúil a fhormheasann an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach amhlaidh, ar a dhéanaí tráth a chomhlánaítear an doiciméad gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 16(2). Beidh feidhm ag an ráthaíocht airgeadais nó ag an árachas coibhéiseach maidir leis an loingsiú ar a dhéanaí ón tráth a thosófar an loingsiú.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil seolta an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach a fhormheas, lena n-áirítear foirm, foclaíocht agus méid an chumhdaigh.

5. Beidh an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach bailí don loingsiú agus do chur i gcrích na haisghabhála nó na diúscartha agus cumhdófar iad léi nó leis.

Scaoilfear an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach nuair a gheobhaidh an t-údarás inniúil a d'fhormheas í nó é an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 16(6) nó, i gcás inarb iomchuí, an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 15(5) a mhéid a bhaineann le haisghabháil eatramhach nó diúscairt eatramhach.

6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina bhfuil an dramhaíl atá beartaithe le haghaidh aisghabháil eatramhach nó diúscairt eatramhach agus ina ndéantar aisghabháil nó diúscairt ina dhiaidh sin sa tír cinn scríbe, féadfaidh na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe a chomhaontú go scaoilfear an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach tar éis don údarás inniúil lena mbaineann an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 15(4) a fháil. Sa chás sin, déanfaidh an t-údarás inniúil a chinneann an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach a scaoileadh a chinneadh a chur in iúl láithreach do na húdaráis inniúla eile lena mbaineann, agus cumhdófar aon loingsiú ina dhiaidh sin chuig saoráid aisghabhála nó diúscartha le ráthaíocht airgeadais nua nó le hárachas coibhéiseach mura deimhin leis an údarás inniúil cinn scríbe nach bhfuil gá leis an ráthaíocht airgeadais nó leis an árachas coibhéiseach sin. Sna himthosca sin, beidh an t-údarás inniúil cinn scríbe freagrach as oibleagáidí a thagann chun cinn i dtaca le cás glacadh ar ais i gcás nach féidir an loingsiú nó an aisghabháil nó an diúscairt ina dhiaidh sin a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, dá dtagraítear in Airteagal 22, nó i gcás loingsiú neamhdhleathach, dá dtagraítear in Airteagal 25.

7. Beidh rochtain ag an údarás inniúil laistigh den Aontas a d'fhormheas an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach ar an ráthaíocht sin nó ar an árachas sin agus bainfidh sé leas as an gcistiú, lena n-áirítear chun íocaíochtaí a dhéanamh leis na húdaráis eile lena mbaineann, chun na hoibleagáidí a thagann chun cinn faoi Airteagail 24 agus 26 a chomhlíonadh.

8. I gcás fógra ginearálta de bhun Airteagal 13, féadfar ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach lena gcumhdaítear codanna den fhógra ginearálta a bhunú, seachas ceann lena gcumhdaítear an fógra ginearálta iomlán. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag an ráthaíocht airgeadais nó ag an árachas coibhéiseach maidir leis na codanna den loingsiú faoina dtugtar fógra agus a chumhdaítear léi ar a dhéanaí tráth a chomhlánaítear an doiciméad gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 16(2).

9. Scaoilfear an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo nuair a fhaigheann an t-údarás inniúil a d'fhormheas é an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 16(6) nó, i gcás inarb ábhartha, in Airteagal 15(5), a mhéid a bhaineann le haisghabháil eatramhach nó diúscairt eatramhach le haghaidh na dramhaíola. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 6 den Airteagal seo.

10. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta atá sé modh ríofa simplí, rioscabhunaithe agus comhchuibhithe a bhunú chun méid na ráthaíochtaí airgeadais nó na n-árachas coibhéiseach a chinneadh agus, más iomchuí, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun modh ríofa simplí, rioscabhunaithe agus comhchuibhithe den sórt sin a bhunú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 81(2).

Agus an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír á dhéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh, *inter alia*, rialacha ábhartha na mBallstát maidir leis an ráthaíocht airgeadais nó leis an árachas coibhéiseach dá dtagraítear san Airteagal seo a ríomh.

*Airteagal 8*

*Iarrataí ar fhaisnéis agus doiciméadacht arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla lena mbaineann*

1. Má mheastar nach ndearnadh an fógra mar is ceart dá dtagraítear in Airteagal 5(5), iarrfaidh an t-údarás inniúil seolta faisnéis agus doiciméadacht ón bhfógróir i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus, i gcás inarb infheidhme, le hAirteagal 5(4).

2. Cuirfear an iarraidh ar fhaisnéis agus doiciméadacht dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an fhógróra a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an fógra a thíolacadh.

3. Soláthróidh an fógróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 1 a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis don údarás inniúil seolta an iarraidh a dhéanamh. Má iarrann an fógróir é, féadfaidh an t-údarás inniúil seolta síneadh ama réasúnta a chur leis an spriocdháta sin má thugann an fógróir míniú réasúnaithe i dtaobh cén fáth a bhfuil gá le síneadh den sórt sin chun gur féidir an fhaisnéis agus an doiciméadacht a iarradh a sholáthar.

4. I gcás, tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 3 dul in éag, ina measann an t-údarás inniúil seolta nach ndearnadh an fógra mar is ceart dá dtagraítear in Airteagal 5(5), nó ina bhfuil faisnéis agus doiciméadacht bhreise dá dtagraítear in Airteagal 5(4) fós ag teastáil, féadfaidh sé, a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 3 dul in éag, suas le dhá iarraidh eile ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht a dhéanamh ón bhfógróir i gcomhréir le mír 2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 3 maidir le haon iarraidh den sórt sin.

5. Féadfaidh an t-údarás inniúil seolta a chinneadh nach bhfuil an fógra bailí agus nach ndearnadh tuilleadh próiseála air, mura leor an fhaisnéis agus an doiciméadacht a soláthraíodh nó i gcás nár sholáthair an fógróir aon fhaisnéis, laistigh den spriocdháta dá dtagraítear i mír 3, nó i gcás ina ndearnadh an chéad iarraidh de bhun mhír 4, laistigh den spriocdháta dá dtagraítear sa mhír sin.

Cinnfidh an t-údarás inniúil seolta nach bhfuil an fógra bailí agus nach bhfuil tuilleadh próiseála le déanamh air, mura leor an fhaisnéis agus an doiciméadacht a soláthraíodh ar an iarraidh dheiridh a rinneadh i gcomhréir le mír 4 nó i gcás nár sholáthair an fógróir aon fhaisnéis, laistigh den spriocdháta dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh an t-údarás inniúil seolta an fógróir agus na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas faoina chinneadh de bhun na míre seo a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 3, nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 4, dul in éag.

6. I gcás ina measann an t-údarás inniúil seolta go ndearnadh an fógra mar is ceart dá dtagraítear in Airteagal 5(5), a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an fógra arna dhéanamh mar is ceart a thíolacadh, nó laistigh de 7 lá oibre ón dáta tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 3, nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 4, dul in éag, déanfaidh sé an fógróir agus údaráis inniúla eile lena mbaineann a chur ar an eolas faoin méid sin.

7. I gcás ina measann an t-údarás inniúil cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais go bhfuil gá le faisnéis agus doiciméadacht i gcomhréir le hAirteagal 5(3) nó le faisnéis agus doiciméadacht bhreise dá dtagraítear in Airteagal 5(4), déanfaidh sé, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 a fháil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin a iarraidh ar an bhfógróir agus na húdaráis inniúla eile a chur ar an eolas faoin iarraidh sin.

8. Soláthróidh an fógróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 7, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis na hiarrata ón údarás inniúil lena mbaineann.

Má iarrann an fógróir é, féadfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann síneadh ama réasúnta a chur leis an spriocdháta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, má thugann an fógróir míniú réasúnaithe i dtaobh cén fáth a bhfuil gá le síneadh den sórt sin chun gur féidir an fhaisnéis agus an doiciméadacht a iarradh a sholáthar.

9. I gcás ina measann an t-údarás inniúil cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais go bhfuil gá fós le faisnéis agus doiciméadacht de bhun Airteagal 5(3) nó le faisnéis agus doiciméadacht bhreise de bhun Airteagal 5(4), féadfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 8 dul in éag, suas le dhá iarraidh eile a dhéanamh ar fhaisnéis agus doiciméadacht ón bhfógróir i gcomhréir le mír 7. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 8 maidir le hiarraidh den sórt sin.

10. Féadfaidh an t-údarás inniúil cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais a chinneadh nach bhfuil an fógra bailí agus nach ndéanfar tuilleadh próiseála air mura leor an fhaisnéis agus an doiciméadacht a soláthraíodh nó i gcás nár sholáthair an fógróir aon fhaisnéis laistigh den spriocdháta dá dtagraítear i mír 8 nó, i gcás ina ndearnadh an chéad iarraidh de bhun mhír 9, laistigh den spriocdháta dá dtagraítear sa mhír sin.

Cinnfidh an t-údarás cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais nach bhfuil an fógra bailí agus nach ndéanfar tuilleadh próiseála air, mura leor an fhaisnéis agus an doiciméadacht a soláthraíodh ar an iarraidh dheiridh a rinneadh i gcomhréir le mír 8 nó i gcás nár sholáthair an fógróir aon fhaisnéis, laistigh den spriocdháta dá dtagraítear i mír 8.

Cuirfidh an t-údarás inniúil cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais an fógróir agus na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas faoina chinneadh de bhun na míre seo, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 8, nó, i gcás inarb infheidhme, i mír 9 dul in éag.

11. Cuirfidh an t-údarás inniúil cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais in iúl don fhógróir agus do na húdaráis inniúla eile lena mbaineann go bhfuil sé sásta leis an bhfógra arna dhéanamh mar is ceart, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis an fhaisnéis a fháil dá dtagraítear i mír 6 nó go bhfuil sé sásta leis an bhfaisnéis agus leis an doiciméadacht, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis don fhógróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht a iarradh a sholáthar de bhun mhír 8 agus, i gcás inarb ábhartha, mhír 9.

12. I gcás inar comhlánaíodh an fógra mar is ceart, dá dtagraítear in Airteagal 5(6), agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 11 á cur san áireamh, déanfaidh an t-údarás inniúil cinn scríbe an fógróir agus an t-údarás inniúil seolta agus aon údarás inniúil idirthurais lena mbaineann a chur ar an eolas láithreach faoi sin.

13. I gcás, laistigh de 30 lá oibre ón lá tar éis an fógra a thíolacadh nó tar éis an fhaisnéis agus an doiciméadacht a bheith soláthraithe i gcomhréir le mír 3 nó 4, nár ghníomhaigh an t-údarás inniúil seolta i gcomhréir le mír 1, 5 nó 6, tabharfaidh sé míniú réasúnaithe don fhógróir arna iarraidh sin.

I gcás, laistigh de 30 lá oibre tar éis don spriocdháta dá dtagraítear i mír 7 dul in éag, nó tar éis faisnéis agus doiciméadacht a bheith soláthraithe i gcomhréir le mír 8 nó 9, nár ghníomhaigh an t-údarás inniúil cinn scríbe nó aon údarás inniúil idirthurais i gcomhréir le mír 7 nó mír 9, 10, 11 nó 12, soláthróidh sé míniú réasúnaithe don fhógróir arna iarraidh sin.

*Airteagal 9*

*Toiliú ó na húdaráis inniúla agus tréimhsí maidir le loingsiú, aisghabháil nó diúscairt*

1. Deanfaidh na húdaráis inniúla cinn scríbe, na húdaráis inniúla seolta agus na húdaráis inniúla idirthurais, laistigh de 30 lá ón dáta a cuireadh an fógróir ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 8(12) go bhfuil an fógra comhlánaithe mar is ceart, ceann de na cinntí seo a leanas, a bheidh réasúnaithe go cuí, maidir leis an loingsiú:

   (a) toiliú a thabhairt gan choinníollacha;

   (b) toiliú le coinníollacha a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 10;

   (c) agóid a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12;

   (d) gan toiliú a thabhairt, i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 11.

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás inniúil seolta cinneadh a dhéanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointe (c) nó (d), tar éis dó an fógra a fháil agus sula measfaidh sé go ndearnadh mar is ceart é, más léir nár comhlíonadh na coinníollacha in Airteagal 11 nó go bhfuil forais ann le hagóid a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12.

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údarás inniúil lena mbaineann cinneadh a dhéanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointe (c) nó (d), roimh an dáta a cuireadh an fógróir ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 8(12), a luaithe a bheidh an fógra déanta mar is ceart, dá dtagraítear in Airteagal 5(5).

Féadfar glacadh leis go bhfuil toiliú intuigthe faighte ó na húdaráis inniúla idirthurais mura ndéanfar agóid a thaisceadh laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla seolta, na húdaráis inniúla cinn scríbe, agus, i gcás inarb iomchuí, idirthurais, an fógróir a chur ar an eolas faoina gcinneadh agus na cúiseanna atá leis laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, agus cuirfidh siad na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas faoin gcinneadh sin. Déanfaidh an t-údarás inniúil an fógróir agus na húdaráis inniúla eile lena mbaineann a chur ar an eolas láithreach faoi chinntí a dhéantar i gcomhréir le mír 1, an dara fomhír agus an tríú fomhír.

Beidh na toilithe intuigthe dá dtagraítear i mír 1, an ceathrú fomhír, bailí ar feadh na tréimhse a léirítear sa toiliú i scríbhinn arna thabhairt ag an údarás inniúil cinn scríbe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

Más rud é, laistigh de 30 lá ón dáta a cuireadh an t-údarás inniúil seolta nó údarás inniúil idirthurais lena mbaineann ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 8(12), nach bhfuil cinneadh déanta ag aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 1, soláthróidh sé míniú réasúnaithe don fhógróir arna iarraidh sin.

3. Má chuireann fógróir fógra isteach i gcomhréir le hAirteagal 5 agus, i gcás inarb ábhartha, le hAirteagal 13, chuig long, i gcomparáid le fógra toilithe, maidir leis an gcineál céanna dramhaíola ón suíomh céanna sa tír seolta chuig an gcoinsíní céanna agus chuig an tsaoráid chéanna agus trínarb ionann na tíortha idirthurais, más ann dóibh, cuirfidh na húdaráis inniúla aon fhaisnéis san áireamh a cuireadh isteach roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 5(2), (3) agus (4) nó le hAirteagal 13(2) agus (3) agus déanfaidh siad cinneadh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a luaithe is féidir.

4. Rachaidh toiliú i scríbhinn maidir le loingsiú in éag ar an dáta is luaithe ag deireadh na dtréimhsí bailíochta mar a léirigh na húdaráis inniúla lena mbaineann. Ní chumhdófar leis tréimhse níos faide ná 1 bhliain.

5. Ní dhéanfar an loingsiú ach amháin tar éis do na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16(1) agus (2) a bheith comhlíonta, agus le linn thréimhse bhailíochta an toilithe intuigthe nó an toilithe i scríbhinn ó na húdaráis inniúla uile lena mbaineann i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo. Beidh an dramhaíl faighte ag an tsaoráid lena haisghabháil nó lena diúscairt roimh dheireadh thréimhse bhailíochta an toilithe intuigthe nó an toilithe i scríbhinn ó na húdaráis inniúla uile lena mbaineann.

6. Déanfar aisghabháil nó diúscairt na dramhaíola i ndáil leis an loingsiú a thabhairt chun críche tráth nach déanaí ná 1 bhliain tar éis fháil na dramhaíola ag an tsaoráid ina ndéanfar an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, mura léireoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann ina gcinneadh tréimhse níos lú ná sin.

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a dtoiliú intuigthe nó a dtoiliú i scríbhinn a tharraingt siar, arna iarraidh sin don fhógróir nó i gcás ina mbeidh eolas acu ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) nach bhfuil comhdhéanamh na dramhaíola mar a tugadh fógra faoi;

(b) nach ndearnadh na coinníollacha a fhorchuirtear ar an loingsiú a urramú;

(c) nach ndearnadh an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt i gcomhréir le cead na saoráide ina ndéantar an aisghabháil nó an diúscairt;

(d) go bhfuil an dramhaíl le loingsiú, le haisghabháil nó le diúscairt nó gur loingsíodh, gur aisghabhadh nó gur diúscraíodh í ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear sna doiciméid fógartha agus ghluaiseachta nó atá ag gabháil leo mar iarscríbhinn;

(e) an ráthaíocht airgeadais a fhoirceannadh;

(f) an conradh a fhoirceannadh.

8. Cuirfidh an t-údarás inniúil lena mbaineann an fógróir, na húdaráis inniúla eile lena mbaineann agus an coinsíní ar an eolas faoi aon tarraingt siar toilithe, lena n-áirítear an chúis leis an tarraingt siar sin.

9. I gcás ina ndéanfar toiliú ó aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann a tharraingt siar i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, ní cheadófar leanúint den loingsiú dramhaíola ná den aisghabháil dramhaíola, i gcás inarb infheidhme, agus beidh feidhm ag Airteagal 22 nó Airteagal 25, de réir mar is ábhartha.

*Airteagal 10*

*Coinníollacha maidir le toiliú le loingsiú dramhaíola*

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla seolta, na húdaráis inniúla cinn scríbe agus na húdaráis inniúla idirthurais, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1), coinníollacha a leagan síos le haghaidh a dtoilithe maidir le loingsiú faoina dtugtar fógra. Beidh na coinníollacha sin réasúnaithe go cuí agus féadfar iad a bhunú ar cheann amháin nó níos mó de na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 11 nó ar na forais a liostaítear in Airteagal 12.

2. Chomh maith leis sin, féadfaidh na húdaráis inniúla seolta, na húdaráis inniúla cinn scríbe agus na húdaráis inniúla idirthurais, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1), coinníollacha a leagan síos maidir le dramhaíl a iompar laistigh dá ndlínse náisiúnta. Ní bheidh na coinníollacha iompair sin níos déine ná na cinn a leagtar síos maidir le hiompar dramhaíola arna ndéanamh go hiomlán laistigh dá ndlínse náisiúnta agus déanfar comhaontuithe atá ann cheana, go háirithe comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, a chur san áireamh iontu.

3. Chomh maith leis sin, féadfaidh na húdaráis inniúla seolta, na húdaráis inniúla cinn scríbe agus na húdaráis inniúla idirthurais, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1), coinníoll a leagan síos lena measfar go mbeidh a dtoiliú tarraingthe siar mura mbeidh an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach infheidhme ar a dhéanaí tráth a chomhlánófar an doiciméad gluaiseachta de bhun Airteagal 16(2), mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(3).

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil a leagann síos na coinníollacha iad a shonrú sa doiciméad fógartha nó a chur i gceangal leis an doiciméad sin.

5. Ina theannta sin, féadfaidh an t-údarás inniúil cinn scríbe, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1), coinníoll a leagan síos go gcoinneoidh an tsaoráid a gheobhaidh an dramhaíl taifead rialta ar ionchuir, aschuir agus/nó iarmhéideanna le haghaidh na ndramhaíolacha agus na n-oibríochtaí aisghabhála nó diúscartha gaolmhara mar a shonraítear san fhógra, agus ar feadh thréimhse bhailíochta an fhógra. Síneoidh duine a bheidh freagrach go dlíthiúil as an tsaoráid na taifid sin agus cuirfear na taifid faoi bhráid an údaráis inniúil cinn scríbe laistigh de 1 mhí ó chur i gcrích na hoibríochta aisghabhála nó diúscartha faoina dtugtar fógra.

*Airteagal 11*

*Coinníollacha le haghaidh loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil*

1. I gcás ina gcuirtear isteach fógra maidir le loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt i gcomhréir le hAirteagal 5, ní thabharfaidh na húdaráis inniúla seolta ná na húdaráis inniúla cinn scríbe a dtoiliú maidir leis an loingsiú sin, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1), ach amháin sa chás go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go léireoidh an fógróir:

(i) nach bhfuil aisghabháil na dramhaíola indéanta ar mhodh atá teicniúil réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de, nó nach mór an dramhaíl a dhiúscairt mar gheall ar oibleagáidí dlíthiúla faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta;

(ii) nach bhfuil diúscairt na dramhaíola indéanta ar mhodh atá teicniúil réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de sa tír inar táirgeadh í;

(iii) go bhfuil an loingsiú dramhaíola nó an diúscairt atá beartaithe i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le prionsabail na gaireachta agus na neamhthuilleamaíochta mar a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE agus go ndéantar an dramhaíl ghaolmhar a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59;

(b) nach bhfuil faisnéis ag na húdaráis inniúla lena mbaineann gur ciontaíodh an fógróir nó an coinsíní as loingsiú neamhdhleathach a dhéanamh nó as aon ghníomh neamhdhleathach eile a dhéanamh i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó cosaint shláinte an duine sna 5 bliana roimh thíolacadh an fhógra;

(c) nach bhfuil faisnéis ag na húdaráis inniúla lena mbaineann gur mhainnigh an fógróir ná an tsaoráid arís agus arís eile, sna 5 bliana roimh thíolacadh an fhógra, Airteagail 15 agus 16 a chomhlíonadh i ndáil le loingsithe dramhaíola roimhe sin;

(d) nár fheidhmigh an Ballstát cinn scríbe a cheart de bhun Airteagal 4(1) de Choinbhinsiún Basel allmhairiú dramhaíola guaisí nó dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a thoirmeasc;

(e) go bhfuil an loingsiú agus an diúscairt bheartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ord poiblí, sábháilteacht phoiblí nó cosaint sláinte sa Bhallstát ina bhfuil an t-údarás inniúil suite;

(f) nach mbeidh an loingsiú nó an diúscairt atá beartaithe contrártha do na hoibleagáidí a eascraíonn as coinbhinsiúin idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann nó ag an Aontas;

(g) go ndéanfar an dramhaíl a chóireáil i gcomhréir le caighdeáin um chosaint an chomhshaoil atá ceangailteach ó thaobh an dlí i ndáil le diúscairt faoi dhlí an Aontais nó a bhunaítear i bpleananna bainistithe dramhaíola arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 28 de Threoir 2008/98/CE, agus, má chumhdaítear an tsaoráid le Treoir 2010/75/AE, go ndéanfaidh an tsaoráid na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) den Treoir sin i gcomhréir le cead na saoráide;

(h) nach dramhaíl chathrach mheasctha í an dramhaíl arna bailiú ó theaghlaigh phríobháideacha nó ó tháirgeoirí eile dramhaíola nó ón dá dhream, ná dramhaíl chathrach mheasctha a cuireadh faoi oibríocht cóireála dramhaíola nár athraigh a hairíonna go substaintiúil.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), i gcás ina léiríonn an fógróir go dtáirgtear an dramhaíl lena mbaineann i gcainníocht chomh beag sin go foriomlán in aghaidh na bliana i mBallstát seolta nach mbeadh soláthar saoráidí diúscartha speisialaithe nua laistigh den Bhallstát sin inmharthana ar bhonn eacnamaíoch, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a)(ii) agus (iii).

3. I gcás ina dtugann údarás inniúil idirthurais toiliú maidir le loingsiú i gcomhréir le hAirteagal 9(1), ní chuirfear san áireamh ach na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (b),(c), (e) agus (f), den Airteagal seo.

4. Déanfar tagairt sa tuarascáil don fhaisnéis maidir le toilithe arna dtabhairt ag údaráis inniúla, i gcomhréir le mír 1 gcomhréir le hAirteagal 73. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit go léir ar an eolas faoi na toilithe sin a glacadh sa bhliain féilire roimhe sin.

5. Faoin … [36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunófar critéir mhionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1, pointe (a), chun a shonrú conas atá an indéantacht theicniúil agus an inmharthanacht eacnamaíoch dá dtagraítear i bpointí (a)(i) agus (ii) den mhír sin le léiriú ag fógróirí agus le measúnú ag údaráis inniúla. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 81(2).

*Airteagal 12*

*Agóidí maidir le loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil*

1. I gcás ina mbeidh fógra curtha isteach maidir le loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil i gcomhréir le hAirteagal 5, féadfaidh na húdaráis inniúla cinn scríbe agus na húdaráis inniúla seolta, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 9(1), agóidí réasúnaithe a dhéanamh bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) ní bheadh an loingsiú ná an aisghabháil i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE;

(b) ní dhéanfar an dramhaíl lena mbaineann a chóireáil i gcomhréir le pleananna bainistithe dramhaíola nó pleananna coiscthe dramhaíola arna dtarraingt suas ag na tíortha seolta nó cinn scríbe, faoi seach, de bhun Airteagail 28 agus 29 de Threoir 2008/98/CE;

(c) ní bheadh an loingsiú ná an aisghabháil i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ord poiblí, sábháilteacht phoiblí nó cosaint na sláinte poiblí maidir le gníomhartha arna ndéanamh sa tír ina bhfuil an t-údarás inniúil a ndéanfaidh an agóid;

(d) ní bheadh an loingsiú ná an aisghabháil i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta sa tír seolta maidir le haisghabháil na dramhaíola agus maidir le haisghabháil nó diúscairt dramhaíola iarmharaí arna giniúint trí aisghabháil na dramhaíola lena mbaineann a seoladh, lena n-áirítear i gcás ina mbainfeadh an loingsiú le dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil i saoráid a bhfuil caighdeáin aisghabhála níos ísle aici maidir leis an dramhaíl áirithe ná na caighdeáin aisghabhála sa tír seolta, agus urraim á tabhairt don ghá atá le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, seachas sna cásanna seo a leanas:

(i) gur ann do reachtaíocht chomhfhreagrach de chuid an Aontais, go háirithe maidir le dramhaíl, agus ceanglais atá chomh dian, ar a laghad, leo siúd a leagtar síos sa reachtaíocht sin de chuid an Aontais sin arna dtabhairt isteach sa dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme na reachtaíochta sin de chuid an Aontais;

(ii) go ndéantar an aisghabháil agus aisghabháil nó diúscairt na dramhaíola iarmharaí a ghintear trí aisghabháil na dramhaíola lena mbaineann sa tír cinn scríbe faoi choinníollacha a mheastar a bheith coibhéiseach leo siúd a fhorordaítear i reachtaíocht náisiúnta na tíre seolta;

(iii) nár tugadh fógra faoin reachtaíocht náisiúnta sa tír seolta, seachas an méid a chumhdaítear le pointe (i), i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], i gcás ina gceanglaítear é sin leis an Treoir sin;

---

41 Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta um fhaisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

(e) go bhfuil gá ag an mBallstát le teorainn a chur le loingsithe dramhaíola atá beartaithe haghaidh oibríochtaí aisghabhála seachas i gcás athchúrsála agus ullmhú lena n-athúsáid chun a líonra bainistithe dramhaíola a chosaint, i gcás ina bhfuiltear ag súil, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, go mbeadh sé mar thoradh ar na loingsithe sin dramhaíl intíre arna giniúint a dhiúscairt nó a aisghabháil ar bhealach nach mbeadh comhsheasmhach lena phleananna bainistithe dramhaíola;

(f) nach bhfuil faisnéis ag na húdaráis inniúla lena mbaineann gur ciontaíodh an fógróir nó an coinsíní as loingsiú neamhdhleathach a dhéanamh nó as aon ghníomh neamhdhleathach eile a dhéanamh i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó cosaint shláinte an duine sna 5 bliana roimh thíolacadh an fhógra;

(g) nach bhfuil faisnéis ag na húdaráis inniúla lena mbaineann gur mhainnigh an fógróir nó an tsaoráid arís agus arís eile, sna 5 bliana roimh thíolacadh an fhógra, Airteagail 15 agus 16 a chomhlíonadh i ndáil le loingsithe roimhe sin;

(h) go mbeidh an loingsiú nó an aisghabháil contrártha do na hoibleagáidí a eascraíonn as coinbhinsiúin idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann nó ag an Aontas;

(i) nach bhfuil údar leis an aisghabháil, mar gheall ar chóimheas na dramhaíola is féidir a aisghabháil agus cóimheas na dramhaíola nach féidir a aisghabháil, luach measta na n-ábhar atá le haisghabháil ar deireadh nó costas aisghabhála nó costas diúscartha an chodáin neamh-aisghafa, ag féachaint do cheisteanna eacnamaíocha nó comhshaoil;

(j) go bhfuil an dramhaíl beartaithe lena haisghabháil seachas lena diúscairt;

(k) nach ndéanfar an dramhaíl a aisghabháil i gcomhréir le caighdeáin um chosaint an chomhshaoil atá ceangailteach ó thaobh an dlí i ndáil le oibríochtaí aisghabhála, nó le hoibleagáidí aisghabhála nó athchúrsála atá ceangailteach ó thaobh an dlí arna mbunú i ngníomhartha reachtacha de chuid an Aontais, nó go ndéanfar an dramhaíl a aisghabháil i saoráid a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE ach nach gcuireann i bhfeidhm na teicnící is fearr atá ar fáil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) den Treoir sin.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla idirthurais, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear i mír 1, agóidí réasúnaithe a dhéanamh maidir leis an loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil. Beidh aon agóid den sórt sin bunaithe ar na forais a leagtar amach i mír 1, pointí (c), (f), (g) agus (h), agus ar na forais sin amháin.

3. I gcás ina measfaidh na húdaráis inniúla, laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear i mír 1, gur réitíodh na fadhbanna ónar eascair a n-agóidí, cuirfidh siad an fógróir ar an eolas láithreach maidir leis an méid sin.

4. I gcás nach mbeidh na fadhbanna ónar eascair na hagóidí sin réitithe laistigh den teorainn ama 30 lá dá dtagraítear i mír 1, scoirfidh an fógra maidir leis an loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil de bheith bailí. I gcásanna ina mbeidh sé beartaithe go fóill ag an bhfógróir an loingsiú a dhéanamh, déanfar fógra nua a chur isteach, mura gcomhaontóidh gach údarás inniúil lena mbaineann agus an fógróir a mhalairt.

5. Déanfar agóidí arna n-ardú ag údaráis inniúla ar na forais a leagtar amach i mír 1, pointí (d) agus (e), den Airteagal seo agus na cúiseanna leis na hagóidí sin a chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 73.

6. I gcomhréir le hAirteagal 9(2), cuirfidh na húdaráis inniúla an fógróir ar an eolas faoi na cúiseanna lena n-agóidí maidir le loingsiú.

7. Cuirfidh na Ballstáit seolta an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoin reachtaíocht náisiúnta a bhféadfadh agóidí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le mír 1, pointe (d) a bheith bunaithe orthu, agus luafaidh siad na hoibríochtaí dramhaíola agus aisghabhála chomh maith le hoibríochtaí aisghabhála nó diúscartha na dramhaíola iarmharaí arna giniúint trí aisghabháil na dramhaíola lena mbaineann, sula ndéanfar reachtaíocht náisiúnta den sórt sin a agairt mar fhorais le hagóidí réasúnaithe.

Cuirfidh na Ballstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi chinntí nó faoi reachtaíocht náisiúnta a bhféadfaidh agóidí arna ndéanamh ag údaráis inniúla i gcomhréir le mír 1, pointe (e), a bheith bunaithe orthu agus luafaidh siad cé na hoibríochtaí dramhaíola agus aisghabhála a mbeidh feidhm ag na hagóidí sin ina leith, sula ndéanfar na cinntí sin nó an reachtaíocht náisiúnta sin a agairt mar fhorais le hagóidí réasúnaithe.

*Airteagal 13*

*Fógra ginearálta*

1. Féadfaidh an fógróir fógra ginearálta lena gcumhdaítear roinnt loingsithe éagsúla a chur isteach i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) tá na hairíonna fisiceacha agus ceimiceacha céanna go bunúsach ag an dramhaíl atá sna loingsithe éagsúla, mar a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 5(10);

(b) seoltar an dramhaíl atá sna loingsithe éagsúla chuig an gcoinsíní céanna agus chuig an tsaoráid chéanna;

(c) i gcás inarb ionann na tíortha idirthurais, más ann dóibh, léirítear ródú na loingsithe éagsúla sa doiciméad fógartha nó cuirtear i gceangal leis é agus is ionann an suíomh óna dtosaíonn an loingsiú.

2. Féadfaidh an fógróir ceann amháin nó níos mó de ródúcháin mhalartacha féideartha a léiriú in iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad fógartha. Soláthrófar sa doiciméad gluaiseachta arna chomhlánú i gcomhréir le hAirteagal 16(2) faisnéis maidir leis an ródúchán a shonraítear sa doiciméad fógartha atá le leanúint, agus maidir le haon ródúcháin mhalartacha a bheidh le leanúint i gcás imthosca atá gan choinne agus a shonrófar sa doiciméad fógartha.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a gcomhaontú maidir le húsáid fógra ghinearálta a chur faoi réir faisnéis agus doiciméadacht bhreise a sholáthar ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) go (6).

*Airteagal 14*
*Saoráidí aisghabhála réamhthoilithe*

1. Féadfaidh duine dlítheanach nó duine nádúrtha ar leis saoráid aisghabhála nó atá ag feidhmiú rialú ar an tsaoráid sin iarraidh a chur isteach chun an tsaoráid sin a bheith réamhthoilithe chuig an údarás inniúil lena bhfuil dlínse aige ar an tsaoráid, mar a ainmnítear de bhun Airteagal 75.

Ní bheidh saoráidí nach ndéanann ach oibríocht R13 incháilithe chun iarraidh a chur isteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas san iarraidh dá dtagraítear i mír 1:

(a) ainm, uimhir chlárúcháin agus seoladh na saoráide aisghabhála;

(b) cóipeanna de cheadanna a eisíodh chuig an tsaoráid aisghabhála chun aisghabháil dramhaíola a dhéanamh de bhun Airteagal 23 de Threoir 2008/98/CE, chomh maith leis na caighdeáin agus na deimhnithe lena gcomhlíonann an tsaoráid, i gcás inarb ábhartha;

(c) tuairisc ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun aisghabháil dramhaíola sa tsaoráid aisghabhála a áirithiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, a n-iarrtar an réamhthoiliú ina leith, lena n-áirítear teicneolaíocht atá ceaptha chun fuinneamh a shábháil nó astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le gníomhaíochtaí na saoráide a theorannú;

(d) an R-chód nó na R-chóid dá dtagraítear in Iarscríbhinn II de Threoir 2008/98/CE maidir leis an oibríocht aisghabhála nó na hoibríochtaí aisghabhála a n-iarrtar an réamhthoiliú ina leith;

(e) ainmniú agus comhdhéanamh na dramhaíola, na saintréithe fisiceacha agus an cód sainaitheanta dramhaíola nó na cóid sainaitheanta dramhaíola le haghaidh na ndramhaíolacha a n-iarrtar an réamhthoiliú ina leith, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo nó sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(f) cainníocht iomlán gach cineáil dramhaíola a n-iarrtar an réamhthoiliú ina leith, i gcomparáid leis an toilleadh aisghabhála a gceadaítear don tsaoráid aisghabháil dramhaíola a dhéanamh ina leith de bhun Airteagal 23 de Threoir 2008/98/CE;

(g) cainníocht na dramhaíola iarmharaí arna giniúint trí aisghabháil na dramhaíola i ndáil le cainníocht an ábhair a aisghabhadh, agus an modh aisghabhála nó diúscartha atá beartaithe le haghaidh na dramhaíola iarmharaí;

(h) taifid maidir le gníomhaíochtaí na saoráide atá nasctha le haisghabháil dramhaíola, lena gcumhdaítear, go háirithe, cainníocht agus cineálacha na dramhaíola a cóireáladh sna 3 bliana roimhe sin, i gcás inarb ábhartha;

(i) fianaise nó fianú nár ciontaíodh an duine dlítheanach nó nádúrtha ar leis an tsaoráid nó a fheidhmíonn rialú ar an tsaoráid as loingsiú neamhdhleathach nó aon ghníomh neamhdhleathach eile a dhéanamh i ndáil le bainistiú dramhaíola sna 5 bliana roimh an iarraidh, go háirithe maidir le cosaint an chomhshaoil nó sláinte an duine.

3. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun mír 2 den Airteagal seo a leasú a mhéid a bhaineann le faisnéis atá le háireamh san iarraidh.

4. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 5 go 10 den Airteagal seo maidir le saoráid ar cuireadh iarraidh isteach ina leith a réamhthoiliú i gcomhréir le mír 1.

5. Laistigh de 55 lá tar éis don údarás inniúil iarraidh a fháil arna cur isteach de bhun mhír 1 agus ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh sé an iarraidh a mheasúnú agus déanfaidh sé cinneadh i dtaobh an ndéanfaidh sé an iarraidh a fhormheas.

6. I gcás ina mbeidh gach faisnéis dá dtagraítear i mír 2 soláthraithe ag an duine dlítheanach nó an duine nádúrtha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil an iarraidh a fhormheas agus eiseoidh sé réamhthoiliú maidir leis an tsaoráid lena mbaineann. Féadfar coinníollacha a bheith sa réamhthoiliú a bhaineann le fad an réamhthoilithe, cineálacha agus cainníochtaí na dramhaíola a chumhdaítear leis an réamhthoiliú, an teicneolaíocht a úsáidtear nó coinníollacha eile atá ag teastáil chun a áirithiú go ndéantar an dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

7. De mhaolú ar mhír 6, féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú an iarraidh ar réamhthoiliú a fhormheas mura deimhin leis go n-áiritheofar le heisiúint an réamhthoilithe go ndéanfar an dramhaíl a bhainistiú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE nó, i gcás inarb ábhartha, go gcuirfear na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm i gcomhréir leis na conclúidí arna mbunú faoi Threoir 2010/75/AE.

8. Cuirfear in iúl an cinneadh chun an iarraidh maidir le réamhthoiliú a dhiúltú nó a fhormheas don duine dlítheanach nó don duine nádúrtha a chuir an iarraidh isteach a luaithe a dhéanfaidh an t-údarás inniúil é agus beidh sé réasúnaithe go cuí.

9. Beidh réamhthoiliú ó shaoráid aisghabhála bailí ar feadh 10 mbliana, mura sonraítear a mhalairt sa chinneadh an iarraidh ar réamhthoiliú a fhormheas. Le linn na tréimhse sin, déanfaidh an t-údarás inniúil cigireacht amháin ar a laghad i gcomhréir le hAirteagal 60. Déanfar cigireachtaí breise más gá ar bhonn an chur chuige measúnaithe rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 62.

10. Féadfaidh an t-údarás inniúil réamhthoiliú saoráide aisghabhála a chúlghairm tráth ar bith, má bhíonn faisnéis ar fáil a léiríonn go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le mír 2 bréagach nó nach bhfuil na coinníollacha i mír 6 á gcomhlíonadh a thuilleadh. Beidh cinneadh chun réamhthoiliú a chúlghairm réasúnaithe go cuí agus cuirfear in iúl é don tsaoráid lena mbaineann.

11. Déanfaidh an duine dlítheanach nó an duine nádúrtha dá dtagraítear i mír 1 aon athrú san fhaisnéis arna cur isteach i gcomhréir le mír 2 a chur in iúl don údarás inniúil láithreach. Déanfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann measúnú cuí ar na hathruithe sin agus, más gá, déanfaidh sé an réamhthoiliú a nuashonrú nó a chúlghairm.

12. I gcás fógra ginearálta a chuirtear isteach i gcomhréir le hAirteagal 13 a bhaineann le loingsithe atá ceaptha dul chuig saoráid réamhthoilithe, déanfar an tréimhse bhailíochta maidir leis an toiliú dá dtagraítear in Airteagal 9(4) a fhadú go 3 bliana.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a chinneadh, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, fadú a chur leis an tréimhse bhailíochta ar feadh tréimhse níos giorra ná 3 bliana.

13. Déanfaidh na húdaráis inniúla a d’eisigh réamhthoiliú maidir le saoráid i gcomhréir leis an Airteagal seo, tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a úsáid, an méid seo a leanas a chur in iúl don Choimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, do Rúnaíocht ECFE:

(a) ainm, uimhir chlárúcháin agus seoladh na saoráide aisghabhála;

(b) tuairisc ar an teicneolaíocht a úsáideadh, agus an R-chód nó na R-chóid dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE;

(c) an cód sainaitheanta dramhaíola nó na cóid sainaitheanta dramhaíola le haghaidh na ndramhaíolacha a bhfuil feidhm ag an réamhthoiliú ina leith;

(d) an chainníocht fhoriomlán réamhthoilithe;

(e) tréimhse bhailíochta an réamhthoilithe;

(f) aon athrú sa réamhthoiliú;

(g) aon athrú san fhaisnéis a fógraíodh;

(h) aon chúlghairm maidir leis an réamhthoiliú.

14. De mhaolú ar Airteagail 9, 10 agus 12, beidh an toiliú arna thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 9(1), na coinníollacha arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 10 nó na hagóidí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12 ag gach údarás inniúil lena mbaineann i leith fógra maidir le loingsiú atá beartaithe lena sheoladh chuig saoráid réamhthoilithe faoi réir teorainn ama de 7 lá oibre tar éis an dáta ar cuireadh an fógróir ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 8(12) go raibh an fógra comhlánaithe mar is ceart.

15. Más mian le húdarás inniúil amháin nó níos mó faisnéis bhreise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), (4), (7) nó (9), i ndáil le fógra maidir le loingsithe chuig saoráid réamhthoilithe, déanfar na tréimhsí a luaitear sna míreanna sin, agus in Airteagal 8(3) agus (8), a ghiorrú go:

(a) 5 lá oibre i gcás Airteagal 8(2), (3), (7) agus (8); agus

(b) 3 lá oibre i gcás Airteagal 8(4) agus (9).

16. D'ainneoin mhír 14, féadfaidh údarás inniúil cinn scríbe lena mbaineann a chinneadh go bhfuil tuilleadh ama ag teastáil chun faisnéis nó doiciméadacht bhreise a fháil ón bhfógróir.

I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an t-údarás inniúil sin, laistigh de 7 lá oibre ón dáta tar éis a cuireadh in iúl don fhógróir i gcomhréir le hAirteagal 8(12) go bhfuil an fógra comhlánaithe mar is ceart, an méid sin a chur in iúl don fhógróir agus do na húdaráis inniúla eile lena mbaineann.

Ní bheidh an t-am iomlán atá ag teastáil chun ceann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a dhéanamh níos mó ná 30 lá ón dáta a cuireadh in iúl don fhógróir i gcomhréir le hAirteagal 8(12) go bhfuil an fógra comhlánaithe mar is ceart.

*Airteagal 15*

*Forálacha breise maidir le aisghabháil eatramhach agus diúscairt eatramhach*

1. I gcás ina bhfuil loingsiú beartaithe le haghaidh aisghabháil eatramhach nó diúscairt eatramhach, léireofar freisin sa doiciméad fógartha na saoráidí uile ina bhfuil sé beartaithe aisghabháil eatramhach nó neamheatramhach í nó diúscairt eatramhach nó neamheatramhach a dhéanamh ina dhiaidh sin, sa bhreis ar an aisghabháil eatramhach tosaigh nó an diúscairt eatramhach tosaigh.

2. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla seolta agus na húdaráis inniúla cinn scríbe a dtoiliú do loingsiú dramhaíola atá beartaithe le haghaidh oibríocht aisghabhála eatramhaí nó oibríocht diúscartha eatramhaí ach amháin má mheasann siad go bhfuil na coinníollacha in Airteagal 11 á gcomhlíonadh nó nach bhfuil aon chúis acu le hagóid a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 12, maidir leis an loingsiú nó na loingsithe chuig na saoráidí a dhéanann aon aisghabháil eatramhach nó neamheatramhach nó diúscairt eatramhach nó neamheatramhach ina dhiaidh sin.

3. Laistigh de dhá lá oibre tar éis don tsaoráid ina ndéantar oibríocht aisghabhála eatramhaí nó oibríocht diúscartha eatramhaí an dramhaíl a fháil, soláthróidh an tsaoráid sin deimhniú chuig an bhfógróir agus do na húdaráis inniúla lena mbaineann go bhfuarthas an dramhaíl. Déanfar an deimhniú sin a sholáthar sa doiciméad gluaiseachta nó a chur i gceangal leis.

4. A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i gcrích oibríocht aisghabhála eatramhaí nó oibríocht diúscartha eatramhaí, agus tráth nach déanaí ná 1 bhliain, nó an tréimhse níos giorra dá dtagraítear in Airteagal 9(6), tar éis an dramhaíl a fháil, déanfaidh an tsaoráid a dhéanfaidh an oibríocht sin, faoina freagracht, deimhniú a sholáthar don fhógróir agus do na húdaráis inniúla lena mbaineann gur cuireadh an oibríocht i gcrích. Déanfar an deimhniú sin a sholáthar sa doiciméad gluaiseachta nó a chur i gceangal leis.

5. I gcás ina ndéanfaidh saoráid aisghabhála nó saoráid diúscartha a dhéanann oibríocht aisghabhála eatramhaí nó oibríocht diúscartha eatramhaí an dramhaíl a sholáthar le haghaidh aon oibríocht aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin nó aon oibríocht diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin chuig saoráid atá sa tír cinn scríbe, gheobhaidh an chéad saoráid a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 1 bhliain, nó an tréimhse níos giorra dá dtagraítear in Airteagal 9(6), tar éis an dramhaíl a sheachadadh, deimhniú ón tsaoráid sin gur cuireadh an oibríocht diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí agus an oibríocht diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí i gcrích.

Déanfaidh an tsaoráid a chuirfidh i gcrích oibríocht aisghabhála eatramhaí nó oibríocht diúscartha eatramhaí dá dtagraítear i mír 3 na deimhnithe ábhartha a tharchur go pras chuig an bhfógróir agus chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann, lena sainaithneofar na loingsithe lena mbaineann na deimhnithe.

6. Chun comhsheasmhacht inneachar an deimhnithe sa chéad fhomhír de mhír 5 a áirithiú ar fud an Aontais, déanfaidh an Coimisiún, in am trátha sula nglacfaidh sé an gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 27(5), agus tráth nach déanaí ná … [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomh tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an tAirteagal seo lena mbunófar an fhaisnéis atá le soláthar i ndeimhniú den sórt sin. Déanfar an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80.

7. I gcás ina ndéantar seachadadh dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo chuig saoráid atá suite sa tír seolta tosaigh nó i mBallstát eile agus ina mbaineann sé le loingsithe dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) éileofar fógra nua i gcomhréir leis an Rialachán seo.

8. I gcás ina ndéantar seachadadh dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo chuig saoráid atá lonnaithe i dtríú tír agus ina mbaineann sé le loingsithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3), éileofar fógra nua i gcomhréir leis an Rialachán seo agus beidh feidhm ag na forálacha maidir le húdaráis inniúla lena mbaineann freisin maidir le húdarás inniúil bunaidh na tíre seolta bunaidh.

*Airteagal 16*

*Ceanglais tar éis toiliú maidir le loingsiú dramhaíola a fháil*

1. Tar éis do na húdaráis inniúla lena mbaineann toiliú a thabhairt maidir le loingsiú faoina dtugtar fógra, comhlánóidh gach gnóthas lena mbaineann an doiciméad gluaiseachta, nó, i gcás fógra ginearálta, na doiciméid ghluaiseachta ag na pointí a shonraítear. Áiritheoidh siad go ndéanfar an fhaisnéis sa doiciméad gluaiseachta a chur ar fáil go leictreonach trí chóras dá dtagraítear in Airteagal 27, lena n-áirítear le linn thréimhse an iompair dramhaíola, do na daoine nádúrtha agus dlítheanacha eile a bhfuil baint acu leis an loingsiú, do na húdaráis inniúla lena mbaineann agus do na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí.

2. A luaithe a bheidh toiliú i scríbhinn faighte ag an bhfógróir ó na húdaráis inniúla seolta, cinn scríbe agus idirthurais, nó a luaithe a fhéadfaidh sé glacadh leis gur tugadh toiliú intuigthe i ndáil leis an údarás inniúil idirthurais, soláthróidh an fógróir dáta iarbhír an loingsithe agus comhlánóidh sé an doiciméad gluaiseachta a mhéid is féidir, i gcomhréir leis na treoracha maidir leis na doiciméid fógartha agus ghluaiseachta in Iarscríbhinn IA agus in Iarscríbhinn IB a chomhlánú i gcomhréir le hIarscríbhinn IC, agus cuirfidh sé faoi bhráid na n-údarás inniúil lena mbaineann agus faoi bhráid na daoine nádúrtha agus dlítheanacha eile a bhfuil baint acu leis an loingsiú, dhá lá oibre ar a laghad sula gcuirfear tús leis an loingsiú. Mar sin féin, féadfar faisnéis maidir le cainníocht iarbhír na dramhaíola, an t-iompróir nó na hiompróirí agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir aitheantais an choimeádáin a thíolacadh, ar a dhéanaí, sula gcuirfear tús leis an loingsiú.

3. Áiritheoidh an fógróir, chomh maith leis an doiciméad gluaiseachta a chur ar fáil i gcomhréir le mír 1, go ndéanfar an doiciméad fógartha ina bhfuil na toilithe agus na coinníollacha arna bhforchur ag na húdaráis inniúla lena mbaineann a chur ar fáil go leictreonach, lena n-áirítear le linn an iompair dramhaíola, do na húdaráis inniúla lena mbaineann agus do na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí.

4. I gcás nach féidir na doiciméid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a chur ar fáil ar líne le linn an iompair dramhaíola, áiritheoidh an fógróir agus an t-iompróir nó na hiompróirí go mbeidh na doiciméid ar fáil ar mhodh eile san fheithicil iompair. I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an fógróir go dtíolacfar trí chóras dá dtagraítear in Airteagal 27 aon athrú nó aon bhreisiú a dhéanfar ar na doiciméid le linn an iompair dramhaíola.

5. Déanfaidh an tsaoráid, laistigh de 2 lá oibre tar éis di an dramhaíl a fháil, deimhniú a sholáthar chuig an bhfógróir agus chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann go bhfuarthas an dramhaíl. Déanfar an deimhniú sin a sholáthar sa doiciméad gluaiseachta nó a chur i gceangal leis.

6. Déanfaidh an tsaoráid a chuirfidh i gcrích oibríocht aisghabhála neamheatramhaí nó oibríocht diúscartha neamheatramhaí, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i gcrích na hoibríochta sin, agus tráth nach déanaí ná 1 bhliain, nó an tréimhse is giorra ná sin dá dtagraítear in Airteagal 9(6), tar éis fháil na dramhaíola faoina freagracht, deimhniú a sholáthar gur tugadh an aisghabháil neamheatramhach nó an diúscairt neamheatramhach chun críche.

7. Cuirfear an deimhniú dá dtagraítear i mír 6 faoi bhráid an fhógróra agus na n-údarás inniúil lena mbaineann.

*Airteagal 17*

*Athruithe tar éis toiliú a fháil*

1. Má dhéantar aon athrú bunriachtanach ar shonraithe nó coinníollacha an toilithe, cuirfidh an fógróir na húdaráis inniúla lena mbaineann agus an coinsíní ar an eolas láithreach agus, i gcás inar féidir, sula dtosóidh loingsiú. Measfar gur athruithe bunriachtanacha iad, *inter alia*, athruithe i gcomparáid leo sin a luaitear san fhógra, maidir le cainníocht na dramhaíola, sa ródú, lena n-áirítear bealaí malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann, dáta nó dátaí an loingsithe nó an t-iompróir nó na hiompróirí, nó athruithe ar fhad an loingsithe, i ngeall ar imthosca gan choinne arb ann dóibh tar éis thús an loingsithe, a mbeidh sé mar thoradh orthu go rachaidh loingsiú thar a thréimhse bhailíochta.

2. I gcás athrú bunriachtanach dá dtagraítear i mír 1, cuirfear fógra nua isteach, mura rud é go measann na húdaráis inniúla go léir lena mbaineann nach bhfuil gá le fógra nua agus cuirfidh siad an fógróir ar an eolas faoi sin. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fógróir ar an eolas faoin méid sin a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis a fháil de bhun mhír 1. Ní dhéanfar loingsiú dramhaíola a bhí pleanáilte go dtí go gcuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an fógróir ar an eolas faoi. I gcás ina bhfuil loingsiú tosaithe cheana, áiritheoidh an fógróir go gcuirfear stop leis an gcoinsíneacht a luaithe is indéanta go dtí go gcuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann an fógróir ar an eolas i dtaobh an bhfuil gá le fógra nua.

3. I gcás ina mbeidh údaráis inniúla seachas na húdaráis inniúla lena mbaineann páirteach sna hathruithe bunriachtanacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfear fógra nua isteach.

## Caibidil 2

## Ceanglais ghinearálta faisnéise

*Airteagal 18*

*Ceanglais ghinearálta faisnéise*

1. Loingsithe dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus (5), beidh siad faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar amach i míreanna 2 go 10 den Airteagal seo.

2. Ní fhéadfaidh an duine a shocraíonn loingsiú dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (7)(ii), (iii) agus (iv), loingsiú dá dtagraítear i mír 1 a shocrú ach amháin tar éis cead a bheith faighte ag an duine sin nó tar éis don duine sin a bheith cláraithe i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2008/98/CE.

3. Ní dhéanfaidh an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíl a loingsiú ach amháin chuig saoráid aisghabhála dramhaíola a bhfuil cead nó clárú faighte aici i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2008/98/CE. Cuirfidh an tsaoráid an cead nó cruthúnas ar chlárú faoi bhráid an duine a shocraíonn an loingsiú sula dtarlóidh an loingsiú.

4. Comhlánóidh gach gnóthas a bhfuil baint aige leis an loingsiú an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VII leis an bhfaisnéis ábhartha ag na pointí a luaitear agus áiritheoidh siad go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 27, lena n-áirítear le linn an iompair dramhaíola, do na daoine eile a bhfuil baint acu leis an loingsiú, do na húdaráis inniúla lena mbaineann agus do na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireacht.

I gcás nach é an duine a shocraíonn an loingsiú táirgeoir bunaidh na dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (7)(i), áiritheoidh an duine a shocraíonn an loingsiú go síneoidh táirgeoir bunaidh na dramhaíola nó duine de na daoine a luaitear in Airteagal 3, pointe (7)(ii), (iii) nó (v), i gcás inarb indéanta, an doiciméad in Iarscríbhinn VII freisin.

5. Déanfaidh an duine a shocraíonn an loingsiú an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a chomhlánú leis an bhfaisnéis ábhartha a mhéid is féidir, tráth nach déanaí ná 2 lá oibre sula gcuirfear tús leis an loingsiú. Mar sin féin, féadfar faisnéis maidir le cainníocht iarbhír na dramhaíola, an t-iompróir nó na hiompróirí agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir aitheantais an choimeádáin a chur isteach, ar a dhéanaí, sula gcuirfear tús leis an loingsiú.

6. Mura féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 a chur ar fáil ar líne le linn an iompair dramhaíola, áiritheoidh an duine a shocraíonn an loingsiú agus an t-iompróir nó na hiompróirí go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil ar mhodh eile san fheithicil iompair, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil go leictreonach i gcomhréir le mír 4 agus mír 5. I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an duine a shocraíonn an loingsiú go ndéanfar aon athrú nó aon bhreisiú ar na doiciméid le linn an iompair dramhaíola a thíolacadh trí chóras dá dtagraítear in Airteagal 27.

7. I gcás ina bhfuil loingsiú beartaithe le haghaidh aisghabháil eatramhach, déanfar an tsaoráid ina bhfuil sé beartaithe aisghabháil eatramhach nó neamheatramhach a chur i gcrích díreach tar éis na haisghabhála eatramhaí tosaigh, agus R-chóid na n-oibríochtaí sin, a léiriú freisin i ndoiciméad Iarscríbhinn VII chomh maith leis an aisghabháil eatramhach tosaigh, agus, i gcás inarb indéanta, léireofar na saoráidí ina bhfuil sé beartaithe aisghabháil a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an aisghabháil eatramhach nó neamheatramhach agus R-chóid na n-oibríochtaí aisghabhála gaolmhara sin.

8. Déanfaidh an tsaoráid aisghabhála nó an tsaotharlann, laistigh de dhá lá oibre tar éis an dramhaíl a fháil, deimhniú a sholáthar don duine a shocraíonn an loingsiú go bhfuarthas an dramhaíl tríd an bhfaisnéis ábhartha atá in Iarscríbhinn VII a chomhlánú. I gcás nach bhfuil rochtain ag an tsaoráid aisghabhála nó ag an tsaotharlann ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 27, soláthróidh sí an deimhniú tríd an duine a shocraíonn an loingsiú.

9. Soláthróidh an tsaoráid aisghabhála deimhniú, faoina freagracht féin, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i gcrích na hoibríochta aisghabhála, agus tráth nach déanaí ná 1 bhliain tar éis fháil na dramhaíola, gur cuireadh an aisghabháil i gcrích tríd an bhfaisnéis ábhartha a chuimsítear in Iarscríbhinn VII a líonadh isteach. I gcás nach bhfuil rochtain ag an tsaoráid aisghabhála ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 27, soláthróidh sí an deimhniú tríd an duine a shocraíonn an loingsiú.

10. Beidh gach loingsiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus (5) faoi réir an cheanglais maidir le conradh a thabhairt i gcrích idir an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola agus an coinsíní chun an dramhaíl a aisghabháil. Murab é an coinsíní oibreoir na saoráide, síneoidh oibreoir na saoráide an conradh freisin.

Tabharfar an conradh dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcrích agus beidh éifeacht leis ar a dhéanaí faoin tráth a chomhlánófar doiciméad Iarscríbhinn VII i gcomhréir le mír 5 agus leanfaidh sé d’éifeacht a bheith leis ar feadh thréimhse an loingsithe go dtí go n-eiseofar deimhniú i gcomhréir le mír 9.

Beidh an conradh comhsheasmhach leis an doiciméad nó na doiciméid chomhfhreagracha in Iarscríbhinn VII agus, ar a laghad, beidh faisnéis ann faoin duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola, faoin gcoinsíní agus faoin tsaoráid, faoi chéannacht na ndaoine a dhéanann ionadaíocht ar gach páirtí, an tuairisc ar an dramhaíl, na cóid sainaitheanta dramhaíola, cainníocht na dramhaíola a chumhdaítear leis an gconradh, an oibríocht aisghabhála agus tréimhse bhailíochta an chonartha.

I gcás nach féidir loingsiú dramhaíola ná aisghabháil na dramhaíola sin a chur i gcrích mar a bhí beartaithe nó i gcás ina ndearnadh an loingsiú mar loingsiú neamhdhleathach, áireofar sa chonradh oibleagáid go bhfuil ar an duine a shocraíonn an loingsiú nó, i gcás nach féidir leis an duine sin chur i gcrích an loingsiú dramhaíola ná aisghabháil na dramhaíola sin a áirithiú, ar an gcoinsíní í a ghlacadh ar ais nó a áirithiú go ndéanfar í a aisghabháil ar bhealach malartach, agus, más gá, go stórálfar í idir an dá linn.

11. Soláthróidh an duine a shocraíonn an loingsiú nó an coinsíní cóip den chonradh dá dtagraítear i mír 10 agus cóip d'aon chomhaontú de bhun Airteagal 4(5) do na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí arna iarraidh sin dóibh.

12. An fhaisnéis a éilítear in Iarscríbhinn VII, beidh fáil uirthi chun críoch cigireachta, forfheidhmithe, pleanála agus staidrimh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 27 agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

13. An fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 go 9, caithfear léi mar fhaisnéis rúnda i gcás ina bhfuil gá leis sin de réir reachtaíocht an Aontais nó na reachtaíochta náisiúnta.

14. I gcás ina loingsítear an dramhaíl idir dhá bhunaíocht faoi rialú an eintitis dhlítheanaigh chéanna, féadfar dearbhú arna dhéanamh ag an eintiteas dlítheanach sin a chur in ionad an chonartha dá dtagraítear i mír 10. Cumhdóidh an dearbhú sin *mutatis mutandis* na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 10.

15. Faoin … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 80 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí threoracha a leagan amach maidir le conas doiciméad Iarscríbhinn VII a chomhlánú.

## Caibidil 3

## Dramhaíl a mheascadh, doiciméadacht agus rochtain ar fhaisnéis

*Airteagal 19*

*Toirmeasc ar dhramhaíl a mheascadh i rith an loingsithe*

Ón uair a thosaíonn an loingsiú go dtí go bhfaighfí saoráid aisghabhála nó diúscartha an dramhaíl, ní mheascfar an dramhaíl, mar a shonraítear san fhógra nó dá dtagraítear in Airteagal 18, le dramhaíl eile nó le substaintí nó réada eile.

*Airteagal 20*

*Doiciméid agus faisnéis a choinneáil*

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla, an fógróir, an coinsíní agus an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl gach faisnéis agus doiciméad a chuirtear isteach nó a mhalartaítear i ndáil le loingsithe a dtugtar fógra fúthu a choinneáil san Aontas go ceann 5 bliana ar a laghad ón dáta a soláthraíodh deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 15(4) nó 16(6).

   I gcás fógraí ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 13, beidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear sa chéad fhomhír ón dáta a soláthraíodh an deimhniú deireanach i gcomhréir le hAirteagal 15(4) nó 16(6).

2. Déanfaidh an duine a shocraíonn an loingsiú, an coinsíní agus an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl faisnéis a soláthraíodh de bhun Airteagal 18 a choinneáil san Aontas go ceann 5 bliana ar a laghad ón dáta a soláthraíodh deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 18(9).

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus na doiciméid uile a chuirtear isteach nó a mhalartaítear i ndáil le loingsithe neamhdhleathacha a choinneáil san Aontas ar feadh 5 bliana ar a laghad ón dáta a bheidh glacadh ar ais nó aisghabháil nó diúscairt mhalartach curtha i gcrích.

*Airteagal 21*

*Faisnéis a fhoilsiú faoi loingsithe*

Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis faoi fhógraí maidir le loingsithe agus faoi loingsithe atá faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise dá dtagraítear in Iarscríbhinn XII trína shuíomh gréasáin agus tabharfaidh sé cothrom le dáta é ar bhonn míosúil. Chun na críche sin, bainfidh an Coimisiún na sonraí ábhartha ón lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27.

## Caibidil 4

## Nósanna imeachta agus oibleagáidí maidir le glacadh ar ais

*Airteagal 22*

*Glacadh ar ais nuair nach féidir loingsiú toilithe a chur i gcrích mar a bhí beartaithe*

1. I gcás ina bhfaighidh aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann amach nach féidir loingsiú dramhaíola, nó aisghabháil nó diúscairt dramhaíola, a thoiligh na húdaráis inniúla lena mbaineann, a chur i gcrích mar a bhí beartaithe i gcomhréir le téarmaí na ndoiciméad fógartha agus gluaiseachta nó an chonartha dá dtagraítear in Airteagal 6, agus i gcás nach loingsiú neamhdhleathach é an loingsiú sin, cuirfidh údarás den sórt sin an t-údarás inniúil seolta ar an eolas faoin méid sin láithreach. I gcás ina ndiúltaíonn saoráid aisghabhála nó diúscartha do loingsiú a fuair sí, cuirfidh an tsaoráid an t-údarás inniúil cinn scríbe ar an eolas faoin méid sin láithreach.

2. Áiritheoidh an t-údarás inniúil seolta, ach amháin sna cásanna dá dtagraítear i mír 3, go nglacfaidh an fógróir an dramhaíl atá i gceist ar ais chuig a limistéar dlínse nó chuig áit eile laistigh den tír seolta, nó, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh duine a meastar gurb é an fógróir é amhlaidh i gcomhréir le mír 11 nó 12 é sin, chun socrú a dhéanamh le haghaidh a haisghabhála nó a diúscartha. I gcás inar dodhéanta é sin, comhlíonfaidh an t-údarás inniúil sin féin, nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann, an Airteagail seo.

An glacadh ar ais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tarlóidh sé laistigh de 90 lá, nó laistigh d'aon tréimhse eile a fhéadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a chomhaontú eatarthu féin, i ndiaidh don údarás inniúil seolta tabhairt faoi deara nó i ndiaidh dó a bheith curtha ar an eolas ag na húdaráis inniúla cinn scríbe nó idirthurais nach féidir an loingsiú dramhaíola a bhfuarthas toiliú ina leith, ná a aisghabháil nó diúscairt, a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, agus i ndiaidh dó a bheith curtha ar an eolas faoi na cúiseanna leis sin. D'fhéadfadh comhairle mar sin a bheith ann mar thoradh ar fhaisnéis a chuir údaráis inniúla eile isteach, *inter alia*, chuig na húdaráis cinn scríbe nó idirthurais.

3. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid glacadh ar ais a leagtar amach i mír 2 má tá na húdaráis inniúla seolta, idirthurais agus cinn scríbe lena mbaineann sásta gur féidir leis an bhfógróir an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach sa tír cinn scríbe nó in áit eile, nó, i gcás inarb ábhartha, gur féidir le duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 11 nó 12 déanamh amhlaidh, nó, más dodhéanta é sin, gur féidir leis an údarás inniúil seolta nó duine nádúrtha, nó dlítheanach thar a cheann, é sin a dhéanamh.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid glacadh ar ais a leagtar amach i mír 2 más rud é gur meascadh an dramhaíl arna loingsiú, le linn na hoibríochta ag an tsaoráid lena mbaineann, le dramhaíl eile ar bhealach doleigheasta, sa chaoi go ndearnadh athrú ar a comhdhéanamh nó ar a cineál nó a d'fhág nach féidir an dramhaíl atá i gceist a dheighilt a thuilleadh, sular cuireadh ar a shúile d'údarás inniúil lena mbaineann nárbh féidir an loingsiú faoina dtugtar fógra a chur i gcrích dá dtagraítear i mír 1. Déanfar meascán dramhaíolacha den sórt sin a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo.

4. I gcásanna socruithe malartacha dá dtagraítear i mír 3, áiritheoidh an fógróir, nó, i gcás inarb ábhartha, an duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 11 nó 12, nó, más dodhéanta é sin, an t-údarás inniúil seolta nó an duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann, go ndéanfar an dramhaíl lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59.

5. I gcásanna glacadh ar ais dá dtagraítear i mír 2, cuirfear fógra nua isteach, seachas i gcás ina gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann gur leor iarraidh chuí-réasúnaithe arna déanamh ag an údarás inniúil seolta tosaigh.

I gcás inarb iomchuí, is é an fógróir tosaigh nó, i gcás inarb ábhartha, duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 11 nó 12, nó, más dodhéanta é sin freisin, an t-údarás inniúil seolta tosaigh nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann, a chuirfidh isteach fógra nua.

Ní chuirfidh na húdaráis inniúla in aghaidh ná ní dhéanfaidh siad agóid i gcoinne cur ar ais dramhaíola ó loingsiú nach féidir a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, ná in aghaidh nó i gcoinne na hoibríochta aisghabhála agus diúscartha lena mbaineann.

6. I gcásanna socruithe malartacha lasmuigh den tír cinn scríbe tosaigh dá dtagraítear i mír 3, is é an fógróir tosaigh nó, i gcás inarb ábhartha, duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 11 nó 12, a chuirfidh fógra nua isteach, nó, más dodhéanta é sin, is é an t-údarás inniúil seolta tosaigh nó duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanfaidh é sin thar a cheann.

I gcás ina gcuirfidh an fógróir fógra nua den sórt sin isteach, cuirfear faoi bhráid údarás inniúil na tíre seolta tosaigh é freisin.

7. I gcásanna ina bhfuil socruithe eile ann sa tír cinn scríbe thosaigh dá dtagraítear i mír 3, ní bheidh gá le fógra nua agus is leor iarraidh chuí-réasúnaithe. Déanfar an fógróir tosaigh iarraidh chuí-réasúnaithe den sórt sin, ina lorgófar comhaontú leis an socrú eile, a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil cinn scríbe agus seolta nó, más dodhéanta é sin, cuirfidh an t-údarás inniúil seolta tosaigh faoi bhráid an údaráis inniúil cinn scríbe í.

8. Mura bhfuil aon fhógra nua le cur isteach i gcomhréir le mír 5 nó mír 7, is é an fógróir tosaigh a chomhlánóidh doiciméad gluaiseachta nua i gcomhréir le hAirteagal 15 nó le hAirteagal 16, nó, i gcás inarb ábhartha, is duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 11 nó 12 a chomhlánóidh é nó, más dodhéanta é sin, déanfaidh an t-údarás inniúil seolta tosaigh nó duine nádúrtha nó dlítheanach é a chomhlánú thar a cheann.

I gcás ina gcuirfidh an t-údarás inniúil seolta tosaigh fógra nua isteach i gcomhréir le mír 5 nó 6, ní bheidh gá le ráthaíocht airgeadais nua ná le hárachas coibhéiseach.

9. Beidh deireadh le hoibleagáid an fhógróra nó, i gcár inarb infheidhme, le hoibleagáid na tíre seolta maidir leis an dramhaíl a ghlacadh ar ais nó socrú eile a dhéanamh le haghaidh aisghabhála nó diúscartha a luaithe a eiseoidh an tsaoráid an deimhniú aisghabhála neamheatramhaí nó an deimhniú diúscartha neamheatramhaí dá dtagraítear in Airteagal 16(6), nó, i gcás inarb iomchuí, in Airteagal 15(6). I gcás na haisghabhála eatramhaí nó na diúscartha neamheatramhaí dá dtagraítear in Airteagal 7(6), beidh deireadh le fo-oibleagáid na tíre seolta a luaithe a eiseoidh an tsaoráid an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 15(4).

I gcás ina n-eisíonn saoráid deimhniú aisghabhála nó diúscartha sa chaoi go mbíonn loingsiú neamhdhleathach ann dá dheasca, agus go scaoiltear an ráthaíocht airgeadais mar gheall air sin, beidh feidhm ag Airteagal 25(8) agus Airteagal 26(2).

10. I gcás ina dtagtar ar dhramhaíl ó loingsiú nach féidir a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, nó ina dtagtar ar aisghabháil nó ar dhiúscairt an loingsithe sin laistigh de Bhallstát, is é an t-údarás inniúil a bhfuil dlínse aige ar an limistéar inar thángthas ar an dramhaíl a bheidh freagrach as a áirithiú go ndéanfar socruithe le haghaidh stóráil shábháilte na dramhaíola go dtí go nglacfar ar ais í nó go dtí go ndéanfar í a aisghabháil go neamheatramhach nó a dhiúscairt go neamheatramhach ar bhealach malartach.

11. I gcás nach gcomhlíonann fógróir dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(iv) aon cheann de na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 24, is é táirgeoir bunaidh na dramhaíola, táirgeoir nua na dramhaíola nó an bailitheoir a shonraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), (ii) nó (iii), faoi seach, a rinne an déileálaí nó an bróicéir a údarú chun gníomhú thar a cheann, a meastar gurb é an fógróir é chun críocha na n-oibleagáidí glacadh ar ais sin.

12. I gcás nach gcomhlíonann fógróir a shonraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), (ii) nó (iii), aon cheann de na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 24, measfar gurb é sealbhóir na dramhaíola a shonraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(v), an fógróir chun críche na n-oibleagáidí glacadh ar ais sin.

*Airteagal 23*

*Glacadh ar ais nuair nach féidir loingsiú atá faoi réir ceanglais ghinearálta faisnéise a chur i gcrích mar a bhí beartaithe*

1. I gcás nach féidir loingsiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) nó (5), ná a haisghabháil, a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, i gcomhréir le doiciméad Iarscríbhinn VII nó leis an gconradh dá dtagraítear in Airteagal 18(10), agus i gcás nach loingsiú neamhdhleathach é an loingsiú sin, déanfaidh an duine a shocraigh an loingsiú i gcomhréir le hAirteagal 18 an t-údarás inniúil seolta a chur ar an eolas faoi sin láithreach. Sna cásanna sin, déanfaidh an duine a shocraíonn an loingsiú nó an coinsíní, i gcomhréir le hoibleagáidí an chonartha dá dtagraítear in Airteagal 18(10), an dramhaíl a ghlacadh ar ais go dtí an tír seolta nó áiritheoidh sé go n-aisghabhfar í ar bhealach malartach sa tír cinn scríbe nó in áit eile, agus áiritheoidh sé, más gá, go ndéanfar socruithe chun an dramhaíl a stóráil go sábháilte go dtí go nglacfar ar ais í nó go dtí go ndéanfar í a aisghabháil go neamheatramhach nó a dhiúscairt go neamheatramhach ar bhealach malartach.

Déanfar glacadh ar ais nó aisghabháil na dramhaíola ar bhealach malartach laistigh de 90 lá, nó laistigh d'aon tréimhse eile arna comhaontú idir na húdaráis inniúla lena mbaineann, tar éis an dáta a chuir an duine a shocraíonn an loingsiú an t-údarás inniúil seolta ar an eolas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

2. I gcásanna socruithe malartacha dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh an duine a shocraíonn an loingsiú nó an coinsíní, de réir mar is ábhartha, go ndéanfar an dramhaíl lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus i gcomhréir le hAirteagal 59.

3. I gcásanna socruithe glacadh ar ais nó socruithe malartacha lasmuigh den tír cinn scríbe thosaigh, dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an duine a shocraigh an loingsiú ar dtús an fhaisnéis atá i ndoiciméad Iarscríbhinn VII a chomhlánú agus a thíolacadh, i gcomhréir le hAirteagal 18. I gcás ina bhfuil an loingsiú dramhaíola lena ghlacadh ar ais nó atá beartaithe le haghaidh socruithe malartacha faoi réir Airteagal 4(1), (2) nó (3), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 22.

4. I gcás ina bhfaighidh an t-údarás inniúil seolta amach nach bhfuil loingsiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) nó (5), ná a haisghabháil, curtha i gcrích mar a bhí beartaithe agus nár comhlíonadh na hoibleagáidí maidir leis an dramhaíl a ghlacadh ar ais ná socrú a dhéanamh maidir lena haisghabháil mhalartach i gcomhréir le mír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil seolta na bearta uile is gá chun a áirithiú go nglacfaidh an duine a shocraigh an loingsiú an dramhaíl ar ais nó go socróidh sé go ndéanfar í a aisghabháil ar bhealach malartach agus go n-áiritheofar, más gá, go ndéanfar socruithe chun an dramhaíl a stóráil go sábháilte go dtí go nglacfar ar ais í nó go dtí go ndéanfar í a aisghabháil go neamheatramhach nó go ndéanfar í a dhiúscairt go neamheatramhach ar bhealach malartach. I gcás gur dodhéanta don duine a shocraigh an loingsiú dramhaíola na hoibleagáidí glacadh ar ais a chomhlíonadh, is duine a measfar gurb é an duine é a shocraíonn an loingsiú a dhéanfaidh na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i gcomhréir le mír 5 nó mír 6, i gcás inarb ábhartha.

5. I gcás nach gcomhlíonann an duine a shocraíonn an loingsiú a shonraítear in Airteagal 3, pointe (7)(iv), aon cheann de na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach san Airteagal seo nó in Airteagal 24, measfar gurb é táirgeoir bunaidh na dramhaíola, táirgeoir nua na dramhaíola nó an bailitheoir a shonraítear in Airteagal 3, pointe (7)(i), (ii) nó (iii), faoi seach, a rinne an déileálaí nó an bróicéir a údarú chun gníomhú thar a cheann an duine é a shocraíonn an loingsiú dramhaíola chun críche na n-oibleagáidí glacadh ar ais sin.

6. I gcás nach gcomhlíonann an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola a shonraítear in Airteagal 3, pointe (7)(i), (ii) nó (iii), aon cheann de na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach san Airteagal seo nó in Airteagal 24, measfar gurb é sealbhóir na dramhaíola a shonraítear in Airteagal 3, pointe (7)(v), an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola chun críche na n-oibleagáidí glacadh ar ais sin.

7. I gcás gur dodhéanta don duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola nó do dhuine a mheastar a bheith freagrach i gcomhréir le mír 5 nó 6 na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach i mír 4 a chomhlíonadh, measfar an t-údarás inniúil seolta nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann a bheith freagrach as na hoibleagáidí faoin Airteagal seo.

*Airteagal 24*

*Costais a bhaineann le glacadh ar ais nuair nach féidir loingsiú a chur i gcrích mar a bhí beartaithe*

1. Costais a eascraíonn as glacadh ar ais nó aisghabháil nó diúscairt ar bhealach malartach dramhaíola ó loingsiú nach féidir a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, lena n-áirítear costais a bhaineann le hiompar dramhaíola, aisghabháil nó diúscairt de bhun Airteagal 22(2) nó (3), agus, amhail ón dáta a fhaigheann an t-údarás inniúil seolta amach nach féidir loingsiú dramhaíola ná an aisghabháil ná an diúscairt a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, gearrfar costais stórála de bhun Airteagal 22(10) de réir an oird seo a leanas:

(a) an fógróir tosaigh nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (b);

(b) duine nádúrtha nó dlítheanach a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le hAirteagal 22(11) nó (12), i gcás inarb ábhartha nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (c);

(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile de réir mar is iomchuí; nó más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (d);

(d) an t-údarás inniúil seolta; nó, más dodhéanta é sin freisin i gcomhréir le pointe (e);

(e) faoi mar a chomhaontaítear idir na húdaráis inniúla lena mbaineann.

2. Sula ngearrfar costais ar dhuine eile seachas an fógróir tosaigh, úsáidfear an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach dá dtagraítear in Airteagal 7. Mura bhfuil aon ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach ann nó más mó na costais ná méid chumhdach na ráthaíochta airgeadais nó an árachais choibhéisigh, gearrfar na costais i gcomhréir leis an ord a léirítear i mír 1.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an Airteagal seo maidir le costais a eascraíonn as dramhaíl a ghlacadh ar ais nó a aisghabháil ar bhealach malartach i gcomhréir le hAirteagal 23.

4. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta a bhaineann le dliteanas.

*Airteagal 25*

*Glacadh ar ais i gcás loingsiú neamhdhleathach*

1. I gcás ina dtagann údarás inniúil ar loingsiú a mheasann sé a bheith ina loingsiú neamhdhleathach, cuirfidh sé na húdaráis inniúla eile lena mbaineann ar an eolas láithreach.

2. I gcás inar féidir freagracht as an loingsiú neamhdhleathach a líomhnú ar an bhfógróir, áiritheoidh an t-údarás go ndéanfaidh an duine seo a leanas an dramhaíl a ghlacadh ar ais:

(a) an fógróir nó, i gcás inarb ábhartha, duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 6 nó mír 7, chun socrú a dhéanamh le haghaidh a haisghabhála nó a diúscartha; nó más dodhéanta é sin i gcomhréir le pointe (c) den mhír seo; nó, murar cuireadh fógra isteach, i gcomhréir le pointe (b) den mhír seo;

(b) duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (6), nó, i gcás inarb ábhartha, duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 6 nó mír 7; chun socrú a dhéanamh le haghaidh a haisghabhála nó a diúscartha; nó más dodhéanta é sin i gcomhréir le pointe (c) den mhír seo;

(c) an t-údarás inniúil seolta féin nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann ar ais í, chun socrú a dhéanamh le haghaidh a haisghabhála nó a diúscartha;

3. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid glacadh ar ais a leagtar amach i mír 2 más rud é go n-aontaíonn na daoine seo a leanas le chéile: na húdaráis inniúla seolta, idirthurais agus cinn scríbe lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, an fógróir nó an duine a meastar gurb é an fógróir é, agus go bhfuil siad sásta gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an dramhaíl:

(a) gur féidir leis an bhfógróir nó, i gcás inarb ábhartha, duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 6 nó 7 nó, más dodhéanta é sin, an údarás inniúil seolta féin nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann í a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach sa tír cinn scríbe, idirthurais nó seolta; nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (b);

(b) gur féidir leis an bhfógróir nó, i gcás inarb ábhartha, duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 6 nó 7, nó, más dodhéanta é sin, leis an údarás inniúil seolta féin nó le duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann má chomhaontaíonn na húdaráis inniúla uile lena mbaineann leis sin í a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach i dtír eile.

I gcás onnmhairiú nó allmhairiú, aisghabháil nó diúscairt ar bhealach malartach mar a comhaontaíodh de bhun na chéad fhomhíre, ní dhéanfar é sin ach amháin más dodhéanta an glacadh ar ais i gcomhréir le mír 2.

4. I gcás aisghabháil nó diúscairt ar bhealach malartach dá dtagraítear i mír 3, áiritheoidh an fógróir, nó, i gcás inarb ábhartha, an duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le mír 6 nó 7, nó, más dodhéanta é sin, an t-údarás inniúil seolta nó an duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann, go ndéanfar an dramhaíl lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59.

5. Déanfar an glacadh ar ais, an aisghabháil nó an diúscairt dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 laistigh de 30 lá, nó laistigh d'aon tréimhse eile a fhéadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a chomhaontú eatarthu féin, tar éis an dáta a fhaigheann an t-údarás inniúil seolta amach faoin loingsiú neamhdhleathach nó ón dáta a chuireann na húdaráis inniúla cinn scríbe nó idirthurais é ar an eolas faoin loingsiú neamhdhleathach, agus na cúiseanna leis sin. Féadfar comhairle den sórt sin a bheith ann mar thoradh ar fhaisnéis a chuir údaráis inniúla eile isteach, *inter alia*, chuig na húdaráis cinn scríbe nó idirthurais.

I gcás glacadh ar ais dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (b) agus (c), tíolacfar fógra nua, seachas i gcás ina gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann gur leor iarraidh chuí-réasúnaithe arna déanamh ag an údarás inniúil seolta tosaigh.

Má éilítear fógra nua, is é an duine nó an t-údarás arna chinneadh i gcomhréir le mír 2 a thíolacfaidh é.

Ní chuirfidh na húdaráis inniúla in aghaidh cur ar ais dramhaíl a bhaineann le loingsiú neamhdhleathach ná ní dhéanfaidh siad agóid ina choinne. I gcás aisghabháil nó diúscairt ar bhealach malartach dá dtagraítear i mír 3, a dhéantar lasmuigh den tír inar thángthas ar an loingsiú neamhdhleathach, cuirfidh an duine nó an t-údarás a liostaítear sa mhír sin fógra nua isteach i gcomhréir leis an ordú a léirítear sa mhír sin.

Comhoibreoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann, de réir mar is gá, chun a áirithiú go ndéanfar an dramhaíl a ghlacadh ar ais nó a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach malartach dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3.

6. I gcás nach gcomhlíonann fógróir a shonraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(iv) aon cheann de na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach san Airteagal seo nó in Airteagal 26, is é táirgeoir bunaidh na dramhaíola, táirgeoir nua na dramhaíola nó an bailitheoir dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), (ii) nó (iii), faoi seach, a rinne an déileálaí nó an bróicéir a údarú chun gníomhú thar a cheann, a mheasfar a bheith mar an fógróir chun críocha na n-oibleagáidí glacadh ar ais sin.

7. I gcás nach gcomhlíonann fógróir a shonraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(i), (ii) nó (iii), aon cheann de na hoibleagáidí glacadh ar ais a leagtar amach san Airteagal seo nó in Airteagal 26, measfar gurb é sealbhóir na dramhaíola a shonraítear in Airteagal 3, pointe (6)(a)(v), an fógróir chun críocha na n-oibleagáidí glacadh ar ais sin.

8. I gcás inar féidir freagracht as loingsiú neamhdhleathach a líomhnú ar an gcoinsíní, áiritheoidh an t-údarás inniúil cinn scríbe gurb é nó iad seo a leanas a dhéanfar an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol:

(a) an coinsíní; nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (b);

(b) an t-údarás inniúil féin nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a cheann.

Déanfar an aisghabháil nó an diúscairt dá dtagraítear sa chéad fhomhír laistigh de 30 lá, nó laistigh d'aon tréimhse eile a fhéadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a chomhaontú eatarthu féin, tar éis an dáta a fhaigheann an t-údarás inniúil seolta fáil amach faoin loingsiú neamhdhleathach nó ón dáta a chuireann na húdaráis inniúla cinn scríbe nó idirthurais é ar an eolas faoi faoin loingsiú neamhdhleathach agus na cúiseanna leis sin. Féadfar comhairle den sórt sin a bheith mar thoradh ar fhaisnéis a chuir údaráis inniúla eile, *inter alia*, faoi bhráid na n-údarás inniúil seolta agus idirthurais.

Oibreoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhar le chéile, de réir mar is gá, maidir le haisghabháil nó diúscairt na dramhaíola i gcomhréir leis an mír seo.

9. Más rud é nach n-éileofar aon fhógra nua, déanfaidh an duine atá freagrach as glacadh ar ais, nó, más dodheánta é sin, an t-údarás inniúil seolta tosaigh, doiciméad gluaiseachta nua a chomhlánú i gcomhréir le hAirteagal 15 nó Airteagal 16.

I gcás ina gcuirfidh an t-údarás inniúil seolta tosaigh, a dhéanfaidh an glacadh ar ais i gcomhréir le mír 2, pointe (c), fógra nua isteach, ní bheidh gá le ráthaíocht airgeadais nua ná le hárachas coibhéiseach.

10. I gcásanna nach féidir freagracht as an loingsiú neamhdhleathach a líomhnú ar an bhfógróir nó ar an gcoinsíní, oibreoidh na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhar le chéile lena áirithiú go n-aisghabhfar nó go ndiúscrófar an dramhaíl.

11. I gcás ina n-aimsítear loingsiú neamhdhleathach tar éis chur i gcrích oibríochta aisghabhála eatramhaí nó oibríochta diúscartha eatramhaí dá dtagraítear in Airteagal 7(6), beidh deireadh le oibleagáid na tíre seolta an dramhaíl a ghlacadh ar ais nó socrú a dhéanamh le haghaidh a haisghabhála nó diúscairt ar bhealach malartach nuair a bheidh an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 15(4) eisithe ag an tsaoráid.

I gcás ina n-eisíonn saoráid deimhniú aisghabhála nó diúscartha sa chaoi go mbíonn loingsiú neamhdhleathach ann dá dheasca, agus go scaoiltear an ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach mar gheall air sin, beidh feidhm ag mír 8 den Airteagal seo agus ag Airteagal 26(2).

12. I gcás ina dtagtar ar dhramhaíl ó loingsiú neamhdhleathach laistigh de Bhallstát, a bhaineann le loingsiú neamhdhleathach, is é an t-údarás inniúil a bhfuil dlínse aige ar an limistéar inar thángthas ar an dramhaíl a bheidh freagrach as a áirithiú go ndéanfar socruithe le haghaidh stóráil shábháilte na dramhaíola go dtí go nglacfar ar ais í nó go dtí go ndéanfar í a aisghabháil go neamheatramhach nó a dhiúscairt go neamheatramhach ar bhealach malartach.

13. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 37, 39 agus 40 ná ag aon toirmisc onnmhairiúcháin atá i ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 45(6) i gcásanna ina nglacfar loingsithe neamhdhleathacha ar ais chuig an tír seolta agus más tír í an tír seolta sin atá cumhdaithe ag na toirmisc a leagtar amach sna forálacha sin.

14. Má mheastar gur loingsiú neamhdhleathach é loingsiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) nó (5), beidh feidhm ag an Airteagal seo *mutatis mutandis* maidir leis an duine a shocraíonn an loingsiú agus maidir leis na húdaráis inniúla lena mbaineann.

15. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta maidir le dliteanas.

*Airteagal 26*

*Costais maidir le glacadh ar ais i gcás loingsiú neamhdhleathach*

1. Costais a eascraíonn as glacadh ar ais dramhaíola nó aisghabháil nó diúscairt dramhaíola ar bhealach malartach ó loingsiú neamhdhleathach, lena n-áirítear costais chun dramhaíl a iompar, a aisghabháil nó a dhiúscairt, de bhun Airteagal 25(2) nó (3) agus, ón dáta ar a gcuirfear an t-údarás inniúil seolta ar an eolas gur loingsiú neamhdhleathach atá ann, costais stórála de bhun Airteagal 25(12), gearrfar orthu seo a leanas iad:

   (a) an fógróir nó duine a meastar gurb é an fógróir é, dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (a); nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (c); nó, murar cuireadh fógra isteach, i gcomhréir le pointe (b);

   (b) an duine a meastar gurb é an fógróir é, dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (b), nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile de réir mar is iomchuí; nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (c);

   (c) an t-údarás inniúil seolta.

2. Costais a eascraíonn as aisghabháil nó diúscairt de bhun Airteagal 25(8), lena n-áirítear costais fhéideartha iompair agus stórála de bhun Airteagal 25(12), gearrfar ar an gcoinsíní iad; nó, más dodhéanta é sin, ar an údarás inniúil cinn scríbe.

3. Costais a eascraíonn as aisghabháil nó diúscairt de bhun Airteagal 25(10), lena n-áirítear costais fhéideartha iompair agus stórála de bhun Airteagal 25(12), gearrfar ar orthu seo a leanas iad:

(a) an fógróir nó an duine a meastar gurb é an fógróir é i gcomhréir le hAirteagal 25(2), pointe (b), Airteagal 25(6) nó Airteagal 25(7), nó an coinsíní, nó iad araon, ag brath ar chinneadh na n-údarás inniúil lena mbaineann; nó, más dodhéanta é sin, i gcomhréir le pointe (b);

(b) daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile de réir mar is iomchuí; nó, más dodhéanta é sin freisin, i gcomhréir le pointe (c);

(c) na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe.

4. I gcásanna inar cuireadh fógra isteach agus nach gcomhlíonann an fógróir a fhreagrachtaí maidir leis na costais a mhuirearaítear, úsáidfear an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach dá dtagraítear in Airteagal 7 sula ngearrfar costais i gcomhréir le míreanna 1, 2 nó 3 ar dhuine eile seachas an fógróir nó an coinsíní faoi seach. I gcás inar mó na costais ná méid an chumhdaigh a sholáthraítear leis an ráthaíocht airgeadais nó leis an árachas coibhéiseach, gearrfar na costais i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3.

5. Má mheastar gur loingsiú neamhdhleathach é loingsiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4) nó (5), beidh feidhm ag an Airteagal seo *mutatis mutandis* maidir leis an duine a shocraíonn an loingsiú agus maidir leis na húdaráis inniúla lena mbaineann.

6. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta maidir le dliteanas.

## Caibidil 5

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 27*

*Cur isteach agus malartú leictreonach faisnéise*

1. Cuirfear isteach agus malartófar an fhaisnéis agus na doiciméid seo a leanas trí mhodhanna leictreonacha, trí mhol an lárchórais dá dtagraítear i mír 3 nó trí chórais nó bogearraí idir-inoibritheacha eile atá ar fáil i gcomhréir le mír 4:

   (a) i gcás na dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) agus (3):

      (i) fógra faoi loingsiú de bhun Airteagail 5 agus 13;

      (ii) iarrataí ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht de bhun Airteagail 5 agus 8;

      (iii) faisnéis agus doiciméadacht de bhun Airteagail 5 agus 8;

      (iv) faisnéis agus cinntí de bhun Airteagal 8;

      (v) cinntí maidir le loingsiú faoina dtugtar fógra agus, más infheidhme, aistarraingt toilithe de bhun Airteagal 9;

      (vi) faisnéis agus coinníollacha maidir le loingsiú de bhun Airteagal 10;

      (vii) faisnéis de bhun Airteagal 11;

(viii) faisnéis agus agóidí i gcoinne loingsithe de bhun Airteagal 12;

(ix) faisnéis faoi chinntí chun réamhthoiliú a eisiúint do shaoráidí aisghabhála sonracha de bhun Airteagal 14(8) agus (10);

(x) faisnéis agus cinntí de bhun Airteagal 14(12) agus (15);

(xi) dearbhuithe go bhfuarthas dramhaíl de bhun Airteagail 15 agus 16;

(xii) deimhnithe le haghaidh aisghabhála nó diúscartha de bhun Airteagail 15 agus 16;

(xiii) réamhfhaisnéis maidir le tús loingsithe de bhun Airteagal 16;

(xiv) na doiciméid atá le cur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 16;

(xv) faisnéis de bhun Airteagal 17;

(b) maidir le dramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 4(4), agus (5) faisnéis agus doiciméadacht, dearbhú agus deimhnithe de bhun Airteagal 18;

(c) faisnéis agus doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn agus maidir leis na ceanglais ghinearálta faisnéise de bhun Airteagail 34 agus 35 agus Theidil IV, V agus VI, i gcás inarb infheidhme.

2. Chun liosta na faisnéise agus na doiciméadachta a choinneáil cothrom le dáta, mar a cheanglaítear faoi mhír 1, le haon athruithe ar na córais lena malartú agus lena dtíolacadh trí mheán leictreonach, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun mír 1 a leasú chun an liosta faisnéise agus doiciméadachta a leasú.

3. Oibreoidh an Coimisiún lárchóras a chumasóidh cur isteach agus malartú leictreonach na faisnéise agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 1. Soláthróidh an lárchóras sin mol a úsáidfear le haghaidh mhalartú na faisnéise agus na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 1 i bhfíor-am idir córais nó bogearraí atá ar fáil chun sonraí a idirmhalartú go leictreonach.

Úsáidfear an mol dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin chun faisnéis agus doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a mhalartú i bhfíor-am le haghaidh loingsithe laistigh den Aontas le hidirthuras trí thríú tíortha, onnmhairiú ón Aontas, allmhairiú isteach san Aontas agus idirthuras tríd an Aontas, i gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla, oifigí custam onnmhairiúcháin, imeachta agus iontrála, údaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí agus oibreoirí eacnamaíocha i dtríú tíortha nasc leis an mol sin trí chóras nó bogearraí atá ar fáil, agus sa chás sin beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 4, nó tríd an suíomh gréasáin dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo.

Leis an lárchóras sin déanfar suíomh gréasáin a sholáthar freisin chun an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú agus a phróiseáil le haghaidh loingsithe laistigh den Aontas, le haghaidh loingsithe laistigh den Aontas le hidirthuras trí thríú tíortha, d’onnmhairiú ón Aontas, d’allmhairiú isteach san Aontas agus d’idirthuras tríd an Aontas. Féadfaidh na húdaráis inniúla, na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí agus le hoibreoirí eacnamaíocha sna Ballstáit agus i dtríú tíortha nach n-úsáideann córais ná bogearraí le haghaidh idirmhalartú leictreonach sonraí an suíomh gréasáin sin a úsáid chun an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach agus a mhalartú go díreach trí mheán leictreonach.

Beidh na bogearraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, sa dara fomhír agus sa tríú fomhír idir-inoibritheach leis an lárchóras dá dtagraítear i mír 3, malartóidh siad faisnéis agus doiciméid tríd an lárchóras sin i bhfíor-am agus oibreofar iad i gcomhréir leis na ceanglais agus na rialacha a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun mhír 5.

Éascóidh an lárchóras coinneáil doiciméad i gcomhréir le hAirteagal 20.

Déanfaidh an lárchóras sin foráil freisin maidir lena idir-inoibritheacht leis an timpeallacht um fhaisnéis leictreonach faoi iompar lastais arna bunú faoi Rialachán (AE) 2020/1056.

Laistigh de 4 bliana ó ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5, áiritheoidh an Coimisiún idirnascadh an lárchórais sin le Timpeallacht Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim trí Chóras Malartaithe Deimhnithe Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2399.

4. Féadfaidh na Ballstáit a gcórais nó a mbogearraí féin atá ar fáil a oibriú lena gceadaítear d'údaráis inniúla, d'údaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí agus, i gcás inarb iomchuí, d'oibreoirí eacnamaíocha sna Ballstáit an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú agus a phróiseáil agus an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach agus a mhalartú go leictreonach. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na córais agus na bogearraí sin idir-inoibritheach leis an lárchóras dá dtagraítear i mír 3, go n-oibreofar iad i gcomhréir leis na ceanglais agus na rialacha a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun mhír 5, agus go gceadóidh siad do mhalartú faisnéise agus doiciméad trí mhol an lárchórais i bhfíor-am.

Éascóidh na córais dá dtagraítear sa chéad fhomhír coinneáil doiciméad i gcomhréir le hAirteagal 20.

5. Ar a dhéanaí faoin … [ 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an méid seo a leanas a bhunú:

(a) na ceanglais is gá don idir-inoibritheacht idir an lárchóras dá dtagraítear i mír 3 agus córais nó bogearraí eile dá dtagraítear i mír 4, lena n-áirítear prótacal maidir le malartú sonraí agus samhail sonraí chun sonraí a mhalartú dá dtagraítear in Iarscríbhinní IA, IB agus VII, chomh maith leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 15;

(b) aon cheanglas teicniúil agus eagraíochtúil eile, lena n-áirítear ceanglais maidir le gnéithe slándála, rialachas sonraí agus rúndacht sonraí, a bhfuil gá leo chun an cur isteach agus malartú leictreonach faisnéise agus doiciméad dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme go praiticiúil, agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á chur san áireamh[42].

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 81(2).

---

[42] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

6. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiúlacht an lárchórais gach dhá bhliain. Cuirfear torthaí na n-athbhreithnithe sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit. Déanfar aiseolas ó úsáideoirí, amhail údaráis inniúla agus fógróirí, a chur san áireamh san athbhreithniú.

*Airteagal 28*

*Teanga*

1. Aon fhógra, faisnéis, doiciméadacht nó teachtaireacht eile a chuirtear isteach de bhun fhorálacha an Teidil seo, soláthrófar iad i dteanga atá inghlactha ag na húdaráis inniúla lena mbaineann.

2. Soláthróidh an fógróir agus an coinsíní, nó, i gcás inarb infheidhme, an duine a shocraíonn an loingsiú, aistriúcháin údaraithe ar na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mír 1 do na húdaráis inniúla lena mbaineann i dteanga atá inghlactha acu, i gcás ina n-iarrann siad sin.

3. Faoi … [4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún feidhm a ionchorprú sa lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3), a sholáthraíonn aistriúcháin chúirtéise ar an gcumarsáid dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 29*

*Aicmiú saincheisteanna*

1. Agus cinneadh á dhéanamh acu faoi cé acu an measfar nó nach measfar mír nó substaint arna heascairt as próiseas táirgthe a bheith ina dramhaíl, i gcás nárbh é príomhaidhm an phróisis táirgthe an mhír nó an tsubstaint sin a tháirgeadh, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm Airteagal 5 de Threoir 2008/98/CE.

   Agus cinneadh á dhéanamh acu faoi cé acu an measfar nó nach measfar nach dramhaíl a thuilleadh í dramhaíl a cuireadh faoi oibríocht athchúrsála nó aisghabhála de chineál eile, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm Airteagal 6 de Threoir 2008/98/CE.

   Agus cinneadh á dhéanamh an measfar gur earra úsáidte agus nach dramhaíl atá i réad nó substaint, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar ar a laghad na coinníollacha seo a leanas:

   (a) go bhfuil sé cinnte go ndéanfar an réad nó an tsubstaint a úsáid nó a athúsáid tuilleadh;

   (b) gur féidir leis an réad nó leis an tsubstaint an fheidhm atá beartaithe dó nó di a chomhlíonadh gan réamhphróiseáil shuntasach;

   (c) i gcás inarb ábhartha, go ndéanfar an réad nó an tsubstaint a thástáil chun a fheidhmiúlacht iomlán a áirithiú;

   (d) go bhfuil tuilleadh úsáide dleathach, is é sin le rá go gcomhlíonann an réad nó an tsubstaint na ceanglais táirge, chomhshaoil agus cosanta sláinte uile le haghaidh na húsáide sonraí agus nach mbeidh drochthionchair fhoriomlána ar an gcomhshaol ná ar shláinte an duine mar thoradh air sin;

   (e) go ndéantar an réad nó an tsubstaint a chaomhnú agus a chosaint i gceart in aghaidh damáiste le linn iompair, luchtaithe agus díluchtaithe.

Beidh feidhm ag na forálacha sa tríú fomhír gan dochar d'Airteagal 23(2) ná d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ná d'[43] Airteagal 72(2) agus d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44].

2. Mura féidir leis na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe teacht ar chomhaontú faoin aicmiú a mhéid a bhaineann leis an idirdhealú idir dramhaíl agus neamh-dhramhaíl, agus na forálacha i mír 1, agus aon choinníollacha nó cinntí arna nglacadh ar leibhéal an Aontais nó ag na Ballstáit de bhun Airteagal 5 nó 6 de Threoir 2008/98/CE á gcur san áireamh, caithfear leis an réad nó leis an tsubstaint amhail is dá mba dhramhaíl é nó í chun críche an loingsithe. Beidh sé sin gan dochar do cheart na tíre cinn scríbe déileáil leis an ábhar loingsithe i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, tar éis don ábhar loingsithe a cheann scríbe a bhaint amach agus i gcás ina bhfuil a leithéid de reachtaíocht i gcomhréir le dlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun critéir mhionsonraithe a bhunú maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1, an tríú fomhír, maidir le substaintí nó réada sonracha a bhfuil tábhacht ar leith, i leith na substaintí nó na réad sin, ag baint leis an idirdhealú idir earraí úsáidte agus dramhaíl maidir le honnmhairiú dramhaíola ón Aontas.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 81(2).

---

[43] Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

[44] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1).

4. Mura féidir leis na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe teacht ar chomhaontú faoi aicmiú dramhaíola mar dhramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV, nó mar dhramhaíl nach liostaítear in aon cheann de na hIarscríbhinní sin, beidh loingsiú na dramhaíola sin faoi réir Airteagal 4(2).

5. Mura féidir leis na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe teacht ar chomhaontú faoi cé acu an ndéanfar an oibríocht cóireála dramhaíola a aicmiú mar oibríocht aisghabhála nó mar oibríocht diúscartha, beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le diúscairt.

6. Chun aicmiú comhchuibhithe na dramhaíola arna liostú in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV a éascú san Aontas, tá de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir amhail tairseacha éillithe a bhunú, a bheidh ina mbonn le haicmiú dramhaíola áirithe in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB nó Iarscríbhinn IV.

7. Mura féidir leis na húdaráis inniúla seolta agus cinn scríbe teacht ar chomhaontú faoi cé acu an ndéanfar an oibríocht cóireála dramhaíola a aicmiú mar oibríocht eatramhach nó neamheatramhach, beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le hoibríochtaí eatramhacha.

*Airteagal 30*

*Costais riaracháin*

Féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann nó na húdaráis atá i mbun cigireachtaí costais riaracháin iomchuí chomhréireacha a ghearradh ar an bhfógróir agus, i gcás inarb ábhartha, ar an duine a shocraíonn an loingsiú, chun na nósanna imeachta um maoirseacht agus um fhógra a thabhairt, chomh maith le gnáthchostais le haghaidh anailísí agus cigireachtaí iomchuí, a chur chun feidhme. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a chuirtear i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis na costais sin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

*Airteagal 31*

*Comhaontuithe maidir le réigiún teorann*

1. I gcásanna eisceachtúla, agus i gcás ina bhfuil údar cuí le beart mar sin mar gheall ar chás sonrach geografach nó déimeagrafach, féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích agus mar thoradh ar na comhaontuithe sin, ní bheidh an nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le loingsithe de shruthanna dramhaíola ar leith chomh dian a mhéid a bhaineann le loingsithe trasteorann chuig an tsaoráid chuí is gaire atá suite sa limistéar trasteorann idir an dá Bhallstát lena mbaineann.

2. Féadfar comhaontuithe déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh freisin i gcás ina seoltar dramhaíl ón tír seolta agus i gcás ina gcóireáiltear í sa tír seolta ach go ndéanann sí idirthuras trí Bhallstát eile.

3. Féadfaidh na Ballstáit na comhaontuithe déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích freisin le tíortha ar comhaltaí iad de CSTE (Comhlachas Saorthrádála na hEorpa).

Ceanglófar le comhaontuithe a thabharfar i gcrích de bhun na chéad fhomhíre go mbainisteofar an dramhaíl sa tír CSTE lena mbaineann ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59.

4. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi chomhaontuithe a thabharfar i gcrích faoin Airteagal seo sula dtagann siad i bhfeidhm.

*Airteagal 32*

*Loingsithe idir réigiún forimeallach agus an Ballstát ar cuid de é*

De mhaolú ar Airteagal 9(1) agus (2), maidir le loingsithe idir réigiún forimeallach agus an Ballstát ar cuid de é, lena gceanglaítear idirthuras trí Bhallstát eile, féadfar glacadh leis go dtoilíonn an t-údarás inniúil idirthurais go hintuigthe mura dtaiscfear aon agóid laistigh de 7 lá oibre ón dáta a chuirtear in iúl don fhógróir i gcomhréir le hAirteagal 8(12) gur cuireadh an fógra i gcrích i gceart. Beidh an toiliú intuigthe sin bailí ar feadh na tréimhse céanna a léirítear sa toiliú i scríbhinn arna thabhairt ag an údarás inniúil cinn scríbe i gcomhréir le hAirteagal 9(1).

*Airteagal 33*

*Loingsithe ó Oileáin Fharó go dtí an Danmhairg*

Féadfaidh an Danmhairg cinneadh a ghlacadh cóireáil a chur ar allmhairí dramhaíola ó Oileáin Fharó isteach sa Danmhairg, nach bhfuil idirthuras déanta acu trí aon tír eile, faoi Airteagal 36 den Rialachán seo. Má ghlacann an Danmhairg cinneadh den sórt sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é.

## Caibidil 6
## Loingsithe laistigh den Aontas nuair a bhíonn idirthuras trí thríú tíortha i gceist

*Airteagal 34*

*Loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt*

I gcás ina ndéantar loingsiú laistigh den Aontas agus ina ndéantar idirthuras trí thríú tír amháin nó níos mó, agus ina bhfuil an dramhaíl beartaithe lena diúscairt, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 4 go 17 agus Airteagail 19 go 30, faoi réir na n-oiriúnuithe agus na gceanglas breise seo a leanas:

(a) Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 38(2), pointí (a), (c), (d) agus (g) agus Airteagal 38(3), pointe (a);

(b) i gcás inar Páirtí i gCoinbhinsiún Basel í an tríú tír agus má chinn an tír lena mbaineann gan réamhthoiliú i scríbhinn a éileamh agus má chuir sí na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Basel ar an eolas faoi sin i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Choinbhinsiún sin, beidh 60 lá ag údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas ón dáta a tharchuirfear a admháil go bhfuarthas fógra arna chomhlánú go cuí chun toiliú intuigthe a thabhairt nó chun toiliú i scríbhinn a thabhairt le coinníollacha nó gan choinníollacha; nó

(c) i gcás nach Páirtí i gCoinbhinsiún Basel an tríú tír, fiafróidh an t-údarás inniúil seolta den údarás inniúil idirthurais sa tríú tír sin an mian leis a thoiliú i scríbhinn a sheoladh maidir leis an loingsiú laistigh de thréimhse arna comhaontú idir na húdaráis inniúla.

*Airteagal 35*

*Loingsithe dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil*

1. I gcás ina ndéantar loingsiú laistigh den Aontas agus ina ndéanann sé idirthuras trí thríú tír amháin nó níos mó, ar tíortha iad nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ón gComhairle maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíola atá beartaithe le haghaidh Oibríochtaí Aisghabhála[45] ('Cinneadh ECFE') maidir leo, agus ina bhfuil an dramhaíl beartaithe lena haisghabháil, beidh feidhm ag Airteagal 34.

[45] OECD/LEGAL/0266.

2. I gcás ina ndéantar loingsiú laistigh den Aontas, lena n-áirítear loingsiú idir ceantair sa Bhallstát céanna, agus idirthurais trí thríú tír amháin nó níos mó, ar tíortha iad a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, agus ina bhfuil an dramhaíl beartaithe lena haisghabháil, beidh feidhm ag Airteagail 4 go 30 faoi réir na n-oiriúnuithe agus na gceanglas breise seo a leanas:

(a) Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 51(2), pointí (c) agus (d);

(b) féadfar glacadh leis go bhfuil toiliú intuigthe tugtha ag an údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas mura ndéantar aon agóid, agus ar choinníoll go bhfuil aon choinníollacha a leagtar síos comhlíonta féadfar tús a chur leis an loingsiú 30 lá tar éis an dáta ar cuireadh an fógróir ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 8(12) go bhfuil an fógra curtha i gcrích i gceart, dá dtagraítear in Airteagal 9(1).

# TEIDEAL III
# IOMPAR DRAMHAÍOLA A DHÉANTAR GO hEISIACH LAISTIGH DE BHALLSTÁT

*Airteagal 36*

*Dramhaíl a iompar go heisiach laistigh de Bhallstát*

1. Leagfaidh gach Ballstáit síos córas iomchuí le haghaidh maoirseacht agus rialú ar iompar dramhaíola a dhéantar go heisiach laistigh dá dhlínse náisiúnta. Cuirfear san áireamh leis an gcóras sin an gá le comhleanúnachas le córas an Aontais arna bhunú le Teidil II agus VII.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina gcóras le haghaidh maoirseacht agus rialú ar iompar dramhaíola. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

# TEIDEAL IV
# ONNMHAIRÍ ÓN AONTAS CHUIG TRÍÚ TÍORTHA

## Caibidil 1
## Onnmhairí dramhaíola atá ceaptha lena diúscairt

*Airteagal 37*

*Toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt*

1. Déanfar onnmhairiú dramhaíola ón Aontas atá beartaithe lena diúscairt a thoirmeasc.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le dramhaíl atá beartaithe lena diúscairt a onnmhairiú chuig tíortha CSTE atá ina bPáirtithe freisin i gCoinbhinsiún Basel.

3. De mhaolú ar mhír 2, beidh toirmeasc ar dhramhaíl atá beartaithe lena diúscairt a onnmhairiú chuig tír CSTE atá ina Páirtí i gCoinbhinsiún Basel:

   (a) i gcás ina bhfuil toirmeasc ar allmhairiú dramhaíola den sórt sin sa tír CSTE;

   (b) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(1);

   (c) i gcás ina bhfuil cúis ag an údarás inniúil seolta a chreidiúint nach mbeidh an dramhaíl faoi réir bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol sa tír cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 59.

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le dramhaíl atá faoi réir oibleagáid glacadh ar ais de bhun Airteagal 22 nó 25.

*Airteagal 38*

*Nósanna imeachta maidir le honnmhairiú dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt chuig tíortha CSTE*

1. I gcás ina ndéantar dramhaíl a onnmhairiú ón Aontas chuig tír CSTE atá ina Páirtí i gCoinbhinsiún Basel agus i gcás ina bhfuil an dramhaíl beartaithe lena diúscairt sa tír sin, beidh feidhm ag forálacha Theideal II *mutatis mutandis*, chomh maith leis na hoiriúnuithe agus na forálacha breise a leagtar amach i míreanna 2 agus 3.

2. Beidh feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 27, cuirfidh an fógróir an fógra agus aon fhaisnéis agus doiciméadacht bhreise a iarrtar isteach, agus an tráth céanna, soláthróidh sé an fógra agus an fhaisnéis agus an doiciméadacht bhreise sin tríd an bpost, nó más iomchuí, i bhfacs nó i ríomhphost agus síniú digiteach leo, chuig an údarás inniúil cinn scríbe agus aon údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas, ach amháin má tá na húdaráis sin nasctha leis an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3); i gcás ina n-úsáidtear ríomhphost le síniú digiteach, cuirfear an síniú digiteach in ionad aon stampa nó síniú a cheanglaítear;

(b) soláthróidh an fógróir, i gceangal leis an doiciméad fógartha, fianaise dhoiciméadach go ndearnadh iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 46(3) sa tsaoráid a bhfuil dramhaíl á honnmhairiú chuici, ach amháin má tá feidhm ag an díolúine in Airteagal 46(11);

(c) cuirfidh an t-údarás inniúil seolta agus aon údarás inniúil idirthurais san Aontas an t-údarás inniúil cinn scríbe agus aon údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas ar an eolas faoi aon iarraidh ar fhaisnéis agus doiciméadacht óna thaobh agus faoina gcinneadh agus faoina gcoinníollacha, más ann dóibh, maidir leis an loingsiú dramhaíola beartaithe, tríd an bpost, nó más iomchuí, trí fhacs nó trí ríomhphost le síniú digiteach, mura rud é go bhfuil na húdaráis inniúla sin nasctha leis an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3);

(d) déanfar an fhaisnéis atá le soláthar don údarás inniúil cinn scríbe agus d'aon údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas de bhun Airteagail 7, 8, 16 agus 17 a sholáthar tríd an bpost, nó más iomchuí, trí fhacs nó trí ríomhphost le síniú digiteach, ach amháin má tá na húdaráis sin nasctha leis an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3);

(e) áiritheoidh an fógróir go n-áireofar an fhaisnéis atá le soláthar ag an tsaoráid de bhun Airteagal 15(3) go (5) agus Airteagal 16(5) agus (6) i gcóras dá dtagraítear in Airteagal 27, ach amháin má tá na saoráidí sin nasctha leis an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3);

(f) aon údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas, beidh 60 lá aige ó dháta tharchur a admhála go bhfuair sé an fógra atá comhlánaithe i gceart, chun toiliú intuigthe a sholáthar má tá cinneadh déanta ag an tír lena mbaineann nach n-éileoidh sí réamhthoiliú i scríbhinn agus gur chuir an tír na Páirtithe i gCoinbhinsiún Basel ar an eolas faoin méid sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Choinbhinsiún sin, nó chun toiliú i scríbhinn a thabhairt le coinníollacha nó gan choinníollacha;

(g) an t-údarás inniúil seolta san Aontas, ní dhéanfaidh sé cinneadh toiliú leis an loingsiú dá dtagraítear in Airteagal 9 ach tar éis dó toiliú i scríbhinn a fháil ón údarás inniúil cinn scríbe agus, i gcás inarb iomchuí, toiliú intuigthe nó i scríbhinn ó údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas, agus tráth nach luaithe ná 61 lá tar éis an dáta a dhéanann an t-údarás inniúil idirthurais admháil fála an fhógra atá comhlánaithe i gceart a tharchur, ach amháin má tá toiliú i scríbhinn ag údarás inniúil seolta lasmuigh den Aontas ó na húdaráis inniúla eile lena mbaineann, agus sa chás sin, féadfaidh sé an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a dhéanamh roimh an teorainn ama sin.

3. Beidh feidhm ag na forálacha breise seo a leanas:

(a) soláthróidh aon údarás inniúil idirthurais san Aontas admháil chuig an bhfógróir go bhfuair sé fógra atá comhlánaithe i gceart agus seolfaidh sé cóipeanna chuig na húdaráis inniúla eile lena mbaineann i gcás nach bhfuil aon rochtain acu ar an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 27;

(b) cuirfidh an t-údarás inniúil seolta agus, aon údarás inniúil idirthurais san Aontas oifig custam onnmhairithe agus an oifig custam imeachta ar an eolas faoina gcinntí maidir le toiliú leis an loingsiú;

(c) soláthróidh an t-iompróir cóip den doiciméad gluaiseachta don oifig custam onnmhairithe agus don oifig custam imeachta tríd an bpost nó, más iomchuí, trí fhacs nó i ríomhphost agus síniú digiteach leis, nó, i gcás ina bhfuil rochtain ag an oifig custam onnmhairithe agus an oifig custam imeachta air, tríd an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3);

(d) a luaithe a fhágfaidh an dramhaíl an tAontas, cuirfidh an oifig custam imeachta an t-údarás inniúil seolta san Aontas ar an eolas gur fhág an dramhaíl an tAontas;

(e) i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis faighte ón tsaoráid ag an údarás inniúil seolta san Aontas faoi fháil na dramhaíola 42 lá tar éis don dramhaíl an tAontas a fhágáil, cuirfidh sé an t-údarás inniúil cinn scríbe ar an eolas faoin méid sin gan mhoill trí chóras dá dtagraítear in Airteagal 27 nó i gcomhréir le hAirteagal 72;

(f) beidh na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas sa chonradh dá dtagraítear in Airteagal 6:

(i) i gcás ina n-eisíonn saoráid deimhniú diúscartha mícheart, agus ina scaoiltear an ráthaíocht airgeadais dá dheasca sin, is é an coinsíní a sheasfaidh na costais arna n-eascairt as an dualgas chun an dramhaíl a chur ar ais chuig limistéar dlínse an údaráis inniúil seolta agus as a haisghabháil nó a diúscairt ar bhealach malartach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(ii) laistigh de 3 lá ó fháil na dramhaíola lena diúscairt, seolfaidh an tsaoráid cóipeanna sínithe den doiciméad gluaiseachta comhlánaithe, cé is moite den deimhniú diúscartha dá dtagraítear i bpointe (iii), chuig an bhfógróir agus chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann;

(iii) deimhneoidh an tsaoráid, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i gcrích na diúscartha agus in aon chás, tráth nach déanaí ná 1 bhliain tar éis an dramhaíl faoina cúraim a fháil, gur cuireadh an diúscairt i gcrích agus seolfaidh sí cóipeanna sínithe den doiciméad gluaiseachta ina bhfuil an deimhniú chuig an bhfógróir agus chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann;

(g) laistigh de 3 lá oibre tar éis na cóipeanna dá dtagraítear i bpointí (f)(ii) agus (f)(iii) a fháil, cuirfidh an fógróir an fhaisnéis sna cóipeanna sin ar fáil go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 27.

4. Ní féidir an loingsiú a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá toiliú i scríbhinn faighte ag an bhfógróir ó na húdaráis inniúla seolta, cinn scríbe agus, i gcás inarb infheidhme, idirthurais lasmuigh den Aontas agus comhlíonadh na coinníollacha arna leagan síos sna toillithe sin nó sna hiarscríbhinní a ghabhann leo;

(b) áirithítear go bhfuil an dramhaíl á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59.

5. I gcás ina ndéantar dramhaíl a onnmhairiú, beidh sí beartaithe le haghaidh oibríochtaí diúscartha laistigh de shaoráid atá ag oibriú nó a bhfuil údarú aici oibriú sa tír cinn scríbe, faoin dlí náisiúnta is infheidhme.

6. I gcás ina dtagann oifig custam onnmhairithe nó oifig custam imeachta ar loingsiú neamhdhleathach, cuirfidh sí an t-údarás inniúil sa tír ina bhfuil an oifig custam ar an eolas faoi sin gan mhoill. Déanfaidh an t-údarás inniúil sin an méid seo a leanas:

(a) cuirfidh sé an t-údarás inniúil seolta san Aontas ar an eolas gan mhoill faoin loingsiú neamhdhleathach;

(b) áiritheoidh sé go gcoinneofar an dramhaíl go dtí go ndéanfaidh an t-údarás inniúil seolta a mhalairt de chinneadh agus go dtí go gcuirfidh sé an cinneadh sin in iúl i scríbhinn don údarás inniúil i dtír na hoifige custam ina bhfuil an dramhaíl á coinneáil; agus

(c) cinneadh an údaráis inniúil seolta dá dtagraítear i bpointe (b) a chur in iúl gan mhoill don oifig custam onnmhairiúcháin nó don oifig custam imeachta a d’aimsigh an loingsiú neamhdhleathach.

# Caibidil 2
# Onnmhairí dramhaíola atá ceaptha lena haisghabháil

## Cuid 1
## Onnmhairí dramhaíola guaisí agus dramhaíola áirithe eile chuig tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo

*Airteagal 39*

*Toirmeasc ar onnmhairí dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha áirithe eile*

1. Beidh toirmeasc ar onnmhairí na ndramhaíolacha seo a leanas ón Aontas atá beartaithe lena n-aisghabháil i dtíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo:

(a) dramhaíolacha a liostaítear mar dhramhaíl ghuaiseach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) dramhaíolacha a liostaítear mar dhramhaíl ghuaiseach sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(c) dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus dramhaíolacha a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) dramhaíl phlaisteach a aicmítear faoi iontráil B3011;

(e) dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IIIB agus meascáin de chineálacha dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA atá éillithe le hábhair eile a mhéid a mhéadaíonn na rioscaí a bhaineann leis an dramhaíl go leordhóthanach chun go mbeidh sé iomchuí iad a chur faoi bhráid an nóis imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, agus na hairíonna guaiseacha in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE á gcur san áireamh, nó lena gcuirtear cosc ar aisghabháil na dramhaíolacha ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(f) dramhaíolacha nó meascáin dramhaíolacha ina bhfuil POPanna nó atá éillithe le POPanna i gcainníochtaí a shroicheann nó a sháraíonn teorainn tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021;

(g) dramhaíolacha guaiseacha nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo ná sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(h) meascáin dramhaíolacha guaiseacha agus meascáin dramhaíolacha guaiseacha le dramhaíl neamhghuaiseach nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo ná sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(i) dramhaíolacha ar fhógair an tír cinn scríbe ina leith go bhfuil siad guaiseacha faoi Airteagal 3 de Choinbhinsiún Basel;

(j) dramhaíolacha a bhfuil toirmeasc curtha ar a n-allmhairiú ag an tír cinn scríbe;

(k) dramhaíolacha a bhfuil cúis ag an údarás inniúil seolta a chreidiúint ina leith nach mbainisteofar iad ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, dá dtagraítear in Airteagal 59, sa tír cinn scríbe lena mbaineann;

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le dramhaíl atá faoi réir oibleagáid glacadh ar ais de bhun Airteagal 22 nó 25.

3. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh, ar bhonn fianaise dhoiciméadach arna soláthar ag an bhfógróir, go n-eisiafar dramhaíl ghuaiseach shonrach a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo nó sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE ón toirmeasc ar onnmhairiú dá dtagraítear i mír 1, i gcás nach léiríonn an dramhaíl sin aon cheann de na hairíonna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, agus na critéir agus na scoithluachanna agus teorainneacha tiúchana is infheidhme á gcur san áireamh maidir le haicmiú dramhaíola mar dhramhaíl ghuaiseach mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin. I gcás ina ndearnadh tástáil chun measúnú a dhéanamh ar airí guaiseach dramhaíola agus trí leas a bhaint as tiúchan na substaintí guaiseacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, is ag torthaí na tástála a bheidh tosaíocht.

4. Fiú mura liostaítear dramhaíl mar dhramhaíl ghuaiseach in Iarscríbhinn V ná sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE, nó fiú má liostaítear i gCuid 1, Liosta B d’Iarscríbhinn V í, ní hionann sin agus a rá nach dtréithreofar a leithéid de dhramhaíl mar dhramhaíl ghuaiseach i gcásanna eisceachtúla, agus go mbeidh sí faoi réir an toirmisc ar onnmhairiú dá bhrí sin má léiríonn sí aon cheann de na hairíonna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, agus na critéir agus na scoithluachanna agus teorainneacha tiúchana is infheidhme á gcur san áireamh maidir le haicmiú dramhaíola mar dhramhaíl ghuaiseach de réir mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin. I gcás ina ndearnadh tástáil chun measúnú a dhéanamh ar airí guaiseach dramhaíola agus trí leas a bhaint as tiúchan na substaintí guaiseacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, is ag torthaí na tástála a bheidh tosaíocht.

5. Sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, cuirfidh an t-údarás inniúil lena mbaineann an t-údarás inniúil cinn scríbe atá beartaithe ar an eolas roimh dó cinneadh a dhéanamh maidir le toiliú le loingsithe beartaithe chuig an tír sin. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi chásanna mar sin roimh dheireadh gach bliana féilire. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na Ballstáit uile, chuig Rúnaíocht Choinbhinsiún Basel i gcás ina dtagraíonn an fhaisnéis d'iontráil a liostaítear i gCoinbhinsiún Basel agus chuig Rúnaíocht ECFE i gcás ina dtagraíonn an fhaisnéis d'iontráil a liostaítear i gCinneadh ECFE. Ar bhonn na faisnéise a sholáthrófar, féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt agus tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn V a leasú.

## CUID 2

## ONNMHAIRÍ DRAMHAÍOLA NEAMHGHUAISÍ CHUIG TÍORTHA NACH BHFUIL FEIDHM AG CINNEADH ECFE MAIDIR LEO

*Airteagal 40*

*Toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola neamhghuaisí*

1. Beidh toirmeasc ar onnmhairí na ndramhaíolacha seo a leanas ón Aontas atá beartaithe lena n-aisghabháil i dtíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo:

   (a) dramhaíolacha neamhghuaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IIIB agus meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA;

(b) dramhaíolacha neamhghuaiseach agus meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha a áirítear sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE, i gcás nach liostaítear cheana í in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA ná Iarscríbhinn IIIB;

(c) dramhaíolacha neamhghuaiseacha agus meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha nach n-aicmítear faoi iontráil aonair amháin in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA nó Iarscríbhinn IIIB ná sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(d) dramhaíolacha neamhghuaiseacha a aicmítear faoi iontráil AB130, AC250, AC260 nó AC270.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le honnmhairí dramhaíolacha nó meascáin dramhaíolacha atá beartaithe lena haisghabháil chuig tír atá san áireamh sa liosta tíortha a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 41 i gcás na ndramhaíolacha neamhghuaiseacha agus na meascán de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha a shonraítear sa liosta sin.

Ní fhéadfar an t-onnmhairiú sin a dhéanamh ach amháin ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas faoin dramhaíl:

(a) tá sí beartaithe le haghaidh saoráid atá ceadúnaithe faoi reachtaíocht intíre na tíre lena mbaineann chun tabhairt faoi oibríochtaí aisghabhála don dramhaíl sin;

(b) níl sí beartaithe le haghaidh oibríochtaí eatramhacha, ach amháin más rud é go ndéanfaí gach oibríocht aisghabhála neamheatramhaí nó eatramhaí ina dhiaidh sin sa tír chinn scríbe chéanna nó i dtíortha eile a bhfuil an dramhaíl ghaolmhar san áireamh ina leith sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 41.

3. I gcás onnmhairí a cheadaítear i gcomhréir le mír 2:

(a) maidir le dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel seachas iad siúd a aicmítear faoi iontráil B3011, beidh sí faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18 nó, i gcás ina léiríonn an tír lena mbaineann amhlaidh san iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 42, an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn;

(b) maidir le dramhaíl a aicmítear faoi iontráil B3011, beidh sí faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn;

(c) maidir le dramhaíolacha neamhghuaiseacha agus meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha nach liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, beidh siad faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn.

4. I gcás onnmhairí i gcomhréir le mír 2, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Theideal II.

I gcás ina bhfuil onnmhairí den sórt sin faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18, áiritheoidh an duine a shocraíonn an loingsiú go ndéanfar an fhaisnéis atá le soláthar ag an tsaoráid de bhun Airteagal 18(8) agus (9) a chur isteach trí chóras dá dtagraítear in Airteagal 27, ach amháin má tá an tsaoráid nasctha le córas dá dtagraítear in Airteagal 27.

I gcás ina bhfuil onnmhairiú den sórt sin faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 38 leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(5) agus ag Airteagal 14:

(b) nuair a bheidh baint tíre nó dramhaíolacha áirithe nó meascáin áirithe de dhramhaíolacha den liosta dá dtagraítear in Airteagal 41 tagtha i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás inniúil seolta a thoiliú i scríbhinn a tharraingt siar le haghaidh aon fhógra a bhaineann leis an tír sin nó leis na dramhaíolacha sin nó meascáin de dhramhaíolacha sin.

*Airteagal 41*

*Liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe dramhaíl neamhghuaiseach ón Aontas a onnmhairiú chucu lena haisghabháil*

1. Tá de chumhacht ag an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí liosta tíortha a bhunú nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus a bhfuil sé údaraithe dramhaíolacha neamhghuaiseacha agus meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha ón Aontas a onnmhairiú chucu lena haisghabháil ('liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu'). Áireofar sa liosta sin tíortha a chuir iarraidh isteach de bhun Airteagal 42(1) agus a léirigh go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42(3), ar bhonn measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 43, agus a d'aontaigh Airteagal 42(5) a chomhlíonadh.

2. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa liosta dá dtagraítear i mír 1:

(a) ainm na dtíortha a bhfuil sé údaraithe dramhaíolacha neamhghuaiseacha agus meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha ón Aontas a onnmhairiú chucu lena n-aisghabháil;

(b) dramhaíolacha sonracha neamhghuaiseacha agus na meascáin shonracha de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha a údaraítear lena n-onnmhairiú ón Aontas chuig gach tír dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) faisnéis amhail seoladh idirlín, a chumasóidh rochtain ar liosta saoráidí atá ceadúnaithe faoi reachtaíocht intíre gach tíre dá dtagraítear i bpointe (a) chun aisghabháil na dramhaíola agus na meascán dramhaíolacha dá dtagraítear i bpointe dá dtagraítear i bpointe (b) a dhéanamh;

(d) faisnéis faoin nós imeachta sonrach um rialú, más ann dó, a bhfuil feidhm aige faoi reachtaíocht intíre gach tíre dá dtagraítear i bpointe (a) maidir le hallmhairiú na ndramhaíolacha dá dtagraítear i bpointe (b), lena n-áirítear léiriú ar cé acu an bhfuil allmhairiú na ndramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 38 nó nach bhfuil.

3. Glacfar an liosta dá dtagraítear i mír 1 faoin … [ 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ach amháin i gcás nach gcuireann aon tír iarraidh isteach de bhun Airteagal 42(1) nó i gcás nach gcomhlíonann aon tír na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42(3) amhail an tráth sin.

Faoin … [ 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le gach tír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar dóibh maidir le conas is féidir leo a bheith san áireamh ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu.

Chun a bheith san áireamh ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu arna ghlacadh faoin … [ 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo a n-iarraidh isteach de bhun Airteagal 42(1) faoin … [ 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

4. Déanfaidh an Coimisiún an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus gach 2 bhliain ar a laghad tar éis bhunú an liosta, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tír a chur leis an liosta ar tír í a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42;

(b) tír a bhaint den liosta a scoireann de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 a chomhlíonadh;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn iarraidh arna fáil ón tír lena mbaineann agus, má bhaineann an iarraidh sin le dramhaíolacha nua nó meascáin de dhramhaíolacha nua a chur leis an liosta, ar choinníoll gur léirigh an tír lena mbaineann go gcomhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 i ndáil leis na dramhaíolacha nua nó na meascáin de dhramhaíolacha nua i dtracht;

(d) aon eilimint eile a áireamh ar an liosta nó a bhaint de, atá ábhartha maidir lena áirithiú go bhfuil faisnéis chruinn nuashonraithe ar an liosta.

5. Tar éis dó an fhaisnéis agus an fhianaise dá dtagraítear in Airteagal 42(5) a fháil, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an tír lena mbaineann chun léiriú a fháil go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42(3)fós á gcomhlíonadh aici.

6. I gcás ina dtagann faisnéis chun cinn a léiríonn ar bhealach inchreidte nach bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 á gcomhlíonadh a thuilleadh i gcás tír atá san áireamh cheana ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, iarrfaidh an Coimisiún ar an tír sin a tuairimí faoin bhfaisnéis sin a sholáthar, laistigh de thréimhse 2 mhí ar a mhéad ón iarraidh sin, chomh maith le fianaise thacaíochta ábhartha ina léirítear go bhfuil na ceanglais sin fós á gcomhlíonadh. Féadfar tréimhse bhreise 2 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás ina ndéanann an tír lena mbaineann iarraidh réasúnaithe ar an síneadh sin.

7. I gcás nach soláthraíonn an tír lena mbaineann a tuairimí agus an fhianaise thacaíochta arna hiarraidh laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír 6, nó i gcás nach leordhóthanach an fhianaise arna soláthar chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 fós á gcomhlíonadh, bainfidh an Coimisiún an tír sin den liosta gan moill mhíchuí.

8. Féadfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil tráth ar bith le tír atá san áireamh ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 chun faisnéis a fháil atá ábhartha maidir lena áirithiú go mbeidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 fós á gcomhlíonadh ag an tír sin.

*Airteagal 42*

*Ceanglais maidir le háireamh ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu*

1. Tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus a bhfuil rún acu dramhaíolacha áirithe nó meascáin dramhaíola áirithe dá dtagraítear in Airteagal 40(1) a fháil ón Aontas lena n-aisghabháil, cuirfidh siad iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ina dtabharfaidh siad le fios go bhfuil siad sásta na dramhaíolacha áirithe nó na meascáin dramhaíola áirithe sin a fháil agus a bheith le háireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 41. Soláthrófar an iarraidh sin agus an doiciméadacht uile nó teachtaireachtaí eile lena mbaineann i mBéarla.

2. Cuirfear an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 isteach trí leas a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII agus áireofar san iarraidh an fhaisnéis uile a shonraítear san fhoirm.

3. An tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici, léireoidh sí go bhfuil na bearta uile is gá curtha i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme aici lena áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl lena mbaineann ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59.

Chuige sin, léireoidh an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil straitéis chuimsitheach nó plean cuimsitheach um bainistiú dramhaíola aici a chumhdóidh a críoch iomlán agus a léireoidh go bhfuil sí ábalta agus go bhfuil sí réidh le háirithiú go mbainisteofar dramhaíl ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad san áireamh sa phlean nó straitéis sin:

(i) cainníocht bhliantúil na dramhaíola iomláine a ghintear sa tír, chomh maith le cainníocht bhliantúil na dramhaíola a chumhdaítear le raon feidhme a hiarrata ('dramhaíl lena mbaineann an iarraidh') a ghintear sa tír, agus an chaoi a meastar go dtiocfaidh forbairt ar na cainníochtaí sin sna 10 mbliana amach romhainn;

(ii) meastachán ar an acmhainneacht cóireála atá ann faoi láthair do dhramhaíl i gcoitinne, chomh maith le meastachán ar an acmhainneacht cóireála don dramhaíl a chumhdaítear leis an iarraidh, agus ar an gcaoi a meastar go dtiocfaidh forbairt ar na hacmhainneachtaí sin sna 10 mbliana ina dhiaidh sin;

(iii) an sciar de dhramhaíl intíre a bhailítear go leithleach, chomh maith le haon chuspóir agus beart chun an sciar sin a mhéadú amach anseo;

(iv) léiriú ar an sciar de dhramhaíl intíre atá cumhdaithe san iarraidh a chuirtear i líonadh talún, chomh maith le haon chuspóir agus beart chun an sciar sin a laghdú amach anseo;

(v) léiriú ar an sciar de dhramhaíl intíre lena mbaineann an iarraidh a athchúrsáiltear, chomh maith le haon chuspóir agus beart chun an sciar sin a mhéadú amach anseo;

(vi) faisnéis faoin gcainníocht dramhaíola a chaitear amach mar bhruscar agus faoi na bearta a dhéantar chun bruscar a chosc agus a ghlanadh suas;

(vii) straitéis maidir le conas a áirithiú go mbainisteofar dramhaíl a allmhaireofar isteach ina críoch ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, lena n-áirítear tionchar féideartha an allmhairithe sin ar an gcaoi a mbainisteofar dramhaíl a ghintear ar bhonn intíre;

(viii) faisnéis faoin modheolaíocht a úsáidtear chun na sonraí dá dtagraítear i bpointí (i) go (vi) a ríomh;

(b) go bhfuil creat dlíthiúil um bainistiú dramhaíola i bhfeidhm sa tír, ina n-áireofar na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(i) córas nó córais údarúcháin, cheadúnaithe nó chlárúcháin le haghaidh saoráidí cóireála dramhaíola;

(ii) córas nó córais údarúcháin, cheadúnaithe nó chlárúcháin le haghaidh iompar dramhaíola;

(iii) forálacha atá ceaptha chun a áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl iarmharach, arna giniúint tríd an oibríocht aisghabhála le haghaidh na ndramhaíolacha lena mbaineann an iarraidh, ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59;

(iv) rialuithe leormhaithe ar thruailliú maidir le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola, lena n-áirítear teorainneacha astaíochta chun an t-aer, an ithir agus an t-uisce a chosaint, agus bearta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa arna n-eascairt as na hoibríochtaí sin a laghdú;

(v) forálacha maidir le forfheidhmiú, cigireachtaí agus pionóis atá ceaptha chun a áirithiú go gcuirtear na ceanglais intíre agus idirnáisiúnta maidir le bainistiú agus loingsiú dramhaíola chun feidhme;

(c) gur Páirtí í sna comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, agus go bhfuil na bearta déanta aici a bhfuil gá leo chun a hoibleagáidí faoi na comhaontuithe sin a chur chun feidhme;

(d) go bhfuil straitéis curtha i bhfeidhm aici chun an reachtaíocht intíre maidir le bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola a fhorfheidhmiú, ina gcumhdaítear bearta um rialú agus faireacháin, lena n-áirítear faisnéis faoi líon na gcigireachtaí a rinneadh ar loingsithe dramhaíola agus ar shaoráidí bainistithe dramhaíola, agus faoi na pionóis arna ngearradh i gcásanna inar sáraíodh na rialacha intíre ábhartha.

4. Tráth nach luaithe ná … [60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tíortha nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus a bhfuil sé beartaithe acu dramhaíl phlaisteach dá dtagraítear in Airteagal 39(1)(d) a fháil ón Aontas lena hathchúrsáil, féadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina léireofar go bhfuil siad toilteanach dramhaíl den sórt sin a fháil agus a bheith san áireamh sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 41. Soláthrófar an iarraidh sin agus an doiciméadacht uile nó teachtaireachtaí eile lena mbaineann i mBéarla.

De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3, léireoidh an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici na nithe uile seo a leanas freisin:

(a) go bhfuil córas cuimsitheach bainistithe dramhaíola i bhfeidhm aici a chumhdaíonn a críoch iomlán agus a áirithíonn go héifeachtach bailiú ar leithligh dramhaíola plaistí;

(b) go bhfuil creat dlíthiúil um bainistiú dramhaíola i bhfeidhm aici, ina n-áirítear na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(i) toirmeasc ar dhó oscailte agus ar líonadh talún neamhrialaithe dramhaíola;

(ii) toirmeasc ar dhramhaíl phlaisteach a bhailítear ar leithligh a loscadh agus a chur i líonadh talún;

(iii) forálacha maidir le forfheidhmiú, cigireacht agus pionóis atá ceaptha chun cur chun feidhme phointí (a) agus (b)(i) agus (ii) a áirithiú;

(c) nach mbeidh aon drochthionchar ag allmhairí dramhaíola plaistí ón Aontas ar bhainistiú dramhaíola plaistí a ghintear sa tír.

5. I gcás aon athrú ar an bhfaisnéis arna soláthar don Choimisiún faoi mhír 3, soláthróidh na tíortha atá san áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 41 nuashonrú ar an bhfaisnéis a shonraítear san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, chomh maith le fianaise thacaíochta ábhartha, gan mhoill. Na tíortha atá san áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 41, soláthróidh siad don Choimisiún in aon chás, sa chúigiú bliain tar éis a n-áireamh den chéad uair, nuashonrú ar an bhfaisnéis a shonraítear san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, chomh maith le fianaise thacaíochta ábhartha.

*Airteagal 43*

*Measúnú na hiarrata ar a bheith san áireamh ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu*

1. Déanfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 42, measúnú gan mhoill ar na hiarrataí a chuirtear isteach agus, má tá sé sásta go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin, áireoidh sé an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu. Beidh an measúnú bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise thacaíochta arna soláthar ag an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici, chomh maith le faisnéis ábhartha eile, agus cinnfidh sé sin an gcomhlíonann an tír atá ag déanamh na hiarrata na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42, lena n-áirítear an bhfuil na bearta uile is gá curtha i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme aici chun a áirithiú go ndéanfar na dramhaíolacha agus na meascáin de dhramhaíolacha lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59, agus nach bhfuil aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar bhainistiú dramhaíola intíre sa tír lena mbaineann mar thoradh ar an dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas. Chun an measúnú sin a dhéanamh, úsáidfidh an Coimisiún, mar phointí tagartha, na forálacha ábhartha sa reachtaíocht agus sa treoraíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX.

2. Más rud é, le linn don mheasúnú a bheith á dhéanamh aige, go measann an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ag an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici neamhiomlán nó nach leor í lena léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 á gcomhlíonadh, tabharfaidh sé an fhéidearthacht don tír sin faisnéis bhreise a sholáthar laistigh de thréimhse 3 mhí ar a mhéad. Féadfar tréimhse bhreise 3 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás ina ndéanann an tír lena mbaineann iarraidh réasúnaithe ar an síneadh sin.

3. I gcás nach soláthraíonn an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici an fhaisnéis bhreise laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, nó i gcás ina meastar fós go bhfuil an fhaisnéis bhreise arna soláthar neamhiomlán nó nach leor í lena léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42 á gcomhlíonadh, cuirfidh an Coimisiún an tír a bhfuil an iarraidh á déanamh aici ar an eolas gan moill mhíchuí nach féidir leis an tír sin a bheith san áireamh ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu agus nach bpróiseálfar a hiarraidh a thuilleadh. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún an tír bhfuil an iarraidh á déanamh aici ar an eolas freisin faoi na cúiseanna atá leis an gconclúid sin. Féadfaidh an tír atá ag déanamh na hiarrata iarraidh nua a thíolacadh de bhun Airteagal 42.

4. Déanfaidh an Coimisiún, de bhun Airteagal 42(4), measúnú gan moill mhíchuí ar na hiarrataí a chuirtear isteach agus, má tá sé sásta go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 42(3) agus (4), tugtar de chumhacht dó gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun an tír atá ag déanamh na hiarrata a áireamh ar an liosta tíortha a bhfuil sé údaraithe onnmhairiú chucu. Chun an measúnú sin a dhéanamh, úsáidfidh an Coimisiún, mar phointí tagartha, na forálacha ábhartha sa reachtaíocht agus sa treoraíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX.

## CUID 3

## ONNMHAIRIÚ CHUIG TÍORTHA A BHFUIL FEIDHM AG CINNEADH ECFE MAIDIR LEO

*Airteagal 44*

*Córas ginearálta maidir le honnmhairí dramhaíola*

1. I gcás ina ndéantar dramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 4(2) go (5) a onnmhairiú ón Aontas agus í beartaithe lena haisghabháil i dtíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, le hidirthuras nó gan idirthuras trí thíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Theideal II, agus ag na hoiriúnuithe agus na forálacha breise a liostaítear i míreanna 2, 3, 4 agus 6.

2. Beidh feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas:

   (a) soláthróidh an fógróir, i gceangal leis an doiciméad fógartha, fianaise dhoiciméadach go ndearnadh iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 46(3) sa tsaoráid a bhfuil an dramhaíl á honnmhairiú chuici, ach amháin má tá feidhm ag an díolúine in Airteagal 46(11);

   (b) meascáin de dhramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA atá beartaithe le haghaidh oibríocht eatramhach, beidh siad faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn má tá aon oibríocht aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin nó aon oibríocht diúscartha neamheatramhaí ina dhiaidh sin le bheith ann i dtír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi;

(c) beidh dramhaíl a aicmítear faoi iontráil B3011 faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn;

(d) beidh dramhaíl a liostaítear in Iarscríbhinn IIIB agus loingsithe dramhaíola a bhfuil sé beartaithe trialacha cóireála turgnamhacha a dhéanamh orthu dá dtagraítear in Airteagal 4(5) faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn;

(e) beidh loingsithe dramhaíola a bhfuil sé beartaithe anailís saotharlainne a dhéanamh orthu dá dtagraítear in Airteagal 4(5) faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, mura rud é gur cinneadh cainníocht na dramhaíola sin bunaithe ar an íoschainníocht is gá go réasúnach chun an anailís a dhéanamh go leordhóthanach i ngach cás ar leith, agus nach mó í ná 25 kg, agus sa chás sin beidh feidhm ag ceanglais nós imeachta Airteagal 18;

(f) beidh toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(3);

(g) féadfar an toiliú de réir mar a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 9 a sholáthar i bhfoirm toiliú intuigthe ón údarás inniúil cinn scríbe lasmuigh den Aontas;

(h) déanfaidh an t-údarás inniúil seolta an toiliú maidir le loingsiú dramhaíola áirithe i gcomhréir le hAirteagal 9 a tharraingt siar nuair a tháinig gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 45(6) i bhfeidhm lena dtoirmisctear onnmhairiú dramhaíola den sórt sin chuig an tír lena mbaineann;

(i) soláthróidh an tsaoráid a luaitear in Airteagail 15(3) agus 16(5) an dearbhú faoi seach laistigh de 3 lá oibre ón dramhaíl a fháil.

3. A mhéid a bhaineann le honnmhairí dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(2), beidh feidhm ag na hoiriúnuithe agus na forálacha breise a liostaítear in Airteagal 38(2), pointí (a) go (e), agus Airteagal 38(3), pointí (b) go (g).

4. Maidir le honnmhairí dramhaíola a liostaítear dá dtagraítear in Airteagal 4(4), áiritheoidh an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola go n-áireofar an fhaisnéis atá le soláthar ag an tsaoráid i gcomhréir le hAirteagal 18(8) agus (9) i gcóras dá dtagraítear in Airteagal 27, ach amháin má tá na saoráidí sin nasctha le córas dá dtagraítear in Airteagal 27.

5. Ní féidir loingsiú dramhaíola atá faoi réir réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn a dhéanamh go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil toiliú i scríbhinn faighte ag an bhfógróir ó na húdaráis inniúla seolta, cinn scríbe agus, i gcás inarb iomchuí, idirthurais, nó go bhfuil toiliú intuigthe soláthartha ag na húdaráis inniúla cinn scríbe agus idirthurais lasmuigh den Aontas nó is féidir glacadh leis go bhfuil an toiliú intuigthe sin ann agus go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sna toilithe sin nó sna hiarscríbhinní a ghabhann leo;

(b) go gcomhlíontar Airteagal 38(4), pointe (b).

6. I gcás ina bhfuil onnmhairiú dramhaíola dá dtagraítear i mír 1 de dhramhaíl dá dtagraítear in Airteagal 4(2) ar idirthuras trí thír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, beidh feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) údarás inniúil idirthurais na tíre nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, beidh 60 lá aige ó dháta tharchur a admhála go bhfuair sé an fógra atá comhlánaithe i gceart, chun toiliú intuigthe a sholáthar nó chun toiliú i scríbhinn a thabhairt le coinníollacha nó gan choinníollacha, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an tír lena mbaineann nach n-éileoidh sí réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn agus i gcás inar chuir an tír na Páirtithe i gCoinbhinsiún Basel ar an eolas faoin méid sin i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Choinbhinsiún sin;

(b) an t-údarás inniúil seolta san Aontas, ní dhéanfaidh sé cinneadh toiliú leis an loingsiú dá dtagraítear in Airteagal 9 ach tar éis dó toiliú intuigthe nó i scríbhinn a fháil údarás inniúil idirthurais na tíre nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, agus tráth nach luaithe ná 61 lá tar éis an dáta a sheoltar admháil fála fógra atá comhlánaithe i gceart ag údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas, ach amháin má tá toiliú i scríbhinn na n-údarás inniúil eile lena mbaineann faighte ag an údarás inniúil seolta, agus sa chás sin, féadfaidh sé an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a dhéanamh roimh an teorainn ama sin.

7. I gcás ina ndéanfar dramhaíl a onnmhairiú, beidh sí beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála laistigh de shaoráid atá ag oibriú, nó a bhfuil údarú aici oibriú, faoin dlí náisiúnta is infheidhme sa tír cinn scríbe.

8. Beidh feidhm ag Airteagal 38(6).

*Airteagal 45*

*Faireachán ar an nós imeachta onnmhairithe agus coimirce*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar onnmhairí dramhaíola ón Aontas chuig tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, d'fhonn a áirithiú nach ndéanfaidh an t-onnmhairiú sin damáiste suntasach don chomhshaol ná do shláinte an duine sa tír chinn scríbe nó nach ndéanfar dramhaíl a allmhairítear ón Aontas a loingsiú ar aghaidh chuig tríú tíortha. Mar chuid dá fhaireachán, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarrataí ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil faisnéis agus sonraí ábhartha ag gabháil leo a léiríonn nach gcomhlíonann bainistiú dramhaíola arna honnmhairiú ón Aontas na ceanglais maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59 i dtríú tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi, nó go bhfuil onnmhairiú den sórt sin ina chúis le héifeachtaí díobhálacha suntasacha ar bhainistiú dramhaíola a ghintear sa tír sin.

2. Sna cásanna seo a leanas:

   (a) nach bhfuil dóthain fianaise ar fáil lena léirítear go bhfuil sé ar chumas tíre a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi dramhaíl áirithe a aisghabháil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59, lena n-áirítear mar gheall ar onnmhairiú dramhaíola den sórt sin ón Aontas chuig an tír lena mbaineann, nó

   (b) ina bhfuil fianaise ann nach gcomhlíonann an tír lena mbaineann ceanglais Airteagal 59 maidir leis an dramhaíl sin, nó

(c) ina bhfuil fianaise ann go bhfuil éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar bhainistiú dramhaíola a ghintear sa tír sin mar gheall ar onnmhairiú dramhaíola ón Aontas,

iarrfaidh an Coimisiún ar údaráis inniúla na tíre lena mbaineann faisnéis a sholáthar, laistigh de 60 lá, maidir leis na coinníollacha faoina n-aisghabhtar an dramhaíl atá i gceist, an éifeacht a bheidh ag onnmhairiú na dramhaíola ón Aontas ar bhainistiú na dramhaíola a ghintear sa tír sin agus cumas na tíre lena mbaineann an dramhaíl sin a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an teorainn ama sin má dhéanann an tír lena mbaineann iarraidh réasúnaithe air sin.

3. Is é is aidhm don iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a fhíorú go bhfuil an méid seo a leanas déanta sa tír lena mbaineann:

(a) go bhfuil creat dlíthiúil leormhaith curtha i bhfeidhm agus á chur chun feidhme le haghaidh onnmhairiú agus bhainistiú na dramhaíola lena mbaineann, dramhaíl a allmhairítear agus dramhaíl a ghintear sa tír araon, ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, chomh maith le bearta leormhaithe lena áirithiú go mbainisteofar an dramhaíl iarmharach arna giniúint trí aisghabháil na dramhaíola lena mbaineann ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(b) go bhfuil tuairisciú ar leithligh curtha i bhfeidhm maidir le cainníocht na dramhaíola a ghintear sa tír lena mbaineann agus maidir le cainníocht na dramhaíola a allmhairítear isteach sa tír sin;

(c) go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ina críoch chun bainistiú na dramhaíola lena mbaineann a dhéanamh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus an méid dramhaíola atá á hallmhairiú isteach ina críoch á chur san áireamh aici;

(d) go bhfuil straitéis leordhóthanach curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta chun a áirithiú nach mbeidh aon éifeacht shuntasach dhíobhálach ag allmhairiú na dramhaíola lena mbaineann ar bhailiú agus ar bhainistiú na dramhaíola a ghintear ar bhonn intíre;

(e) go bhfuil bearta forfheidhmithe leormhaithe curtha i bhfeidhm agus chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar an dramhaíl lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus chun aghaidh a thabhairt ar loingsithe neamhdhleathacha a d'fhéadfadh a bheith ann nó cóireáil a dhéanamh ar dhramhaíl den sórt sin;

(f) i gcás dramhaíl phlaisteach a onnmhairiú, go bhfuil ceanglais á gcur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl phlaisteach a athchúrsáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus go ndéanfar dramhaíl iarmharach a ghintear tríd an bpróiseas athchúrsála a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, lena n-áirítear trí thoirmeasc a chur ar dhramhaíl den sórt sin a dhó nó a dhumpáil. Ina theannta sin, beidh sé d'aidhm ag an iarraidh a fhíorú go gcuirfear bearta chun feidhme chun allmhairiú dramhaíola plaistí ón Aontas a sheachaint, rud a bhainfeadh an bonn de bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar dhramhaíl phlaisteach a ghintear ar bhonn intíre agus freisin go ndearnadh bearta chun loingsiú dramhaíola plaistí allmhairithe chuig tíortha eile a chosc. Soláthrófar faisnéis freisin lena léireofar go ndéantar forfheidhmiú agus cigireachtaí sonracha ar loingsithe dramhaíola plaistí agus ar shaoráidí a bhainistíonn dramhaíl den sórt sin go tráthrialta chun na ceanglais sin a chur chun feidhme agus chun truailliú san aer, san ithir, san uisce nó sa mhuirthimpeallacht a bhaineann le míbhainistiú dramhaíola plaistí a mhaolú.

4. Ar mhaithe leis an bhfíorú dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, rachaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha.

5. Déanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú sonrach maidir le honnmhairiú dramhaíola plaistí chuig tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo. Déanfaidh an Coimisiún faoin … [ceithre mhí is fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] measúnú i dtaobh an gcomhlíonann tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo agus a allmhairíonn méideanna suntasacha dramhaíola plaistí ón Aontas an tAirteagal seo.

6. I gcás, de bhreis ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 2, nach soláthraíonn an tír lena mbaineann fianaise leordhóthanach dá dtagraítear i mír 3 go bhfuil an dramhaíl lena mbaineann á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59, nó nach bhfuil aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar bhainistiú dramhaíola a ghintear sa tír sin mar thoradh ar an dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thoirmeasc a chur ar onnmhairiú na dramhaíola lena mbaineann chuig an tír sin.

   Ní bhainfidh an Coimisiún toirmeasc ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach aige go ndéanfar an dramhaíl lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus nach bhfuil aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar bhainistiú dramhaíola a ghintear sa tír sin mar thoradh ar an dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas.

## Caibidil 3

## Oibleagáidí breise

*Airteagal 46*

*Oibleagáidí ar onnmhaireoirí*

1. Ní dhéanfaidh an fógróir ná an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíl a onnmhairiú ón Aontas ach amháin má tá sé in ann a léiriú maidir leis na saoráidí atá chun an dramhaíl sin a fháil sa tír cinn scríbe, go ndéanfaidh siad an dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59.

2. Ní dhéanfaidh an fógróir ná an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíl a onnmhairiú chuig saoráid nach gcomhlíonann na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X.

3. Chun an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, áiritheoidh an fógróir nó an duine a shocraíonn an loingsiú a bhfuil sé beartaithe aige dramhaíl a onnmhairiú ón Aontas, go ndearnadh iniúchadh ar na saoráidí a bhainisteoidh an dramhaíl sa tír cinn scríbe.

   Is tríú páirtí a bheidh neamhspleách ar an bhfógróir nó ar an duine a shocraíonn an loingsiú agus ón tsaoráid a ndéantar iniúchadh uirthi a dhéanfaidh an t-iniúchadh sin agus a mbeidh na cáilíochtaí iomchuí acu i réimsí na n-iniúchtaí agus na cóireála dramhaíola.

Agus iniúchadh á choimisiúnú aige, fíoróidh an fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú go gcomhlíonann an tríú páirtí na ceanglais a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn X agus go bhfuil sé údaraithe nó creidiúnaithe ag comhlacht oifigiúil náisiúnta chun iniúchtaí a dhéanamh mar a shainmhínítear san Airteagal seo.

4. Áireofar san iniúchadh dá dtagraítear i mír 3 seiceálacha fisiciúla agus seiceálacha doiciméadacha araon agus fíorófar leis go gcomhlíonann an tsaoráid lena mbaineann na critéir a leagtar síos i gCuid B d' Iarscríbhinn X.

5. Áiritheoidh fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú a bhfuil sé beartaithe aige dramhaíl a onnmhairiú, sula n-onnmhairítear dramhaíl, go ndearnadh iniúchadh dá dtagraítear i mír 3 ar an tsaoráid a dhéanfaidh bainistiú ar an dramhaíl sa tír cinn scríbe tráth nach faide ná dhá bhliain roimh onnmhairiú na dramhaíola chuig an tsaoráid lena mbaineann agus gur léiríodh leis an inniúchadh gur chomhlíon an tsaoráid na critéir i gCuid B d'Iarscríbhinn X.

D'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh, déanfaidh an fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú:

(a) iniúchadh a choimisiúnú i gcomhréir leis an Airteagal seo;

(b) an tuarascáil a fháil ar iniúchadh arna choimisiúnú i gcomhréir leis an Airteagal seo ag fógróir nó duine eile a shocraíonn an loingsiú, a cuireadh ar fáil i gcomhréir le mír 6, tar éis a fhíorú go ndearnadh an t-iniúchadh i gcomhréir le mír 3 agus le mír 4 agus tar éis a léiriú go gcomhlíonann an tsaoráid na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X; nó

(c) an tuarascáil a fháil ar iniúchadh arna choimisiúnú ag an tsaoráid féin i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar tuarascáil í ar tugadh fógra ina leith don chlár dá dtagraítear i mír 8 i gcomhréir le mír 7, an dara fomhír, tar éis a fhíorú go ndearnadh an t-iniúchadh i gcomhréir le mír 3 agus le mír 4 agus tar éis a léiriú go gcomhlíonann an tsaoráid na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X.

Déanfaidh an fógróir nó an duine a shocraíonn an loingsiú freisin iniúchadh *ad hoc* a choimisiúnú gan mhoill i gcás ina bhfaigheann sé faisnéis iontaofa go bhfuil saoráid ann nach bhfuil na critéir a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn X á gcomhlíonadh aici a thuilleadh. I gcás ina léiríonn an t-iniúchadh *ad hoc* nach gcomhlíonann saoráid na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X a thuilleadh, cuirfidh an fógróir nó an duine a shocraíonn an loingsiú stop láithreach le honnmhairiú na dramhaíola chuig an tsaoráid sin agus cuirfidh sé na húdaráis inniúla seolta lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin.

6. Fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú a choimisiúnaigh iniúchadh le haghaidh saoráid ar leith i gcomhréir le mír 3, áiritheoidh sé go gcuirfear an t-iniúchadh sin ar fáil d' fhógróirí nó do dhaoine eile a shocraíonn loingsithe a bhfuil sé beartaithe acu dramhaíl a onnmhairiú chuig an tsaoráid atá i gceist, faoi choinníollacha cothroma tráchtála.

7. Fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi iniúchtaí arna gcoimisiúnú acu i gcomhréir le míreanna 3 agus 5, agus a léirigh go gcomhlíonann saoráid na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarraidh:

(a) ainm agus sonraí teagmhála na saoráide a bhí faoi réir an iniúchta;

(b) ainm agus sonraí teagmhála an fhógróra nó an duine a shocraíonn an loingsiú agus a choimisiúnaigh an t-iniúchadh;

(c) ainm agus sonraí teagmhála an tríú páirtí a rinne an t-iniúchadh;

(d) dáta an iniúchta;

(e) na cineálacha dramhaíola, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, IIIA, IIIB nó IV nó sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE;

(f) na hoibríochtaí aisghabhála (R-chóid), dá dtagraítear in Iarscríbhinn II de Threoir 2008/98/CE.

Féadfaidh fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le hiniúchadh arna choimisiúnú ag an tsaoráid iniúchta féin, ar choinníoll go bhfuil sé fíoraithe ag an bhfógróir nó ag an duine a shocraíonn an loingsiú go ndearnadh an t-iniúchadh i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 agus gur léirigh sé go gcomhlíonann an tsaoráid na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X. Beidh faisnéis i bhfógra den sórt sin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (a) agus (c) go (f).

8. Déanfaidh an Coimisiún clár a bhunú agus a choimeád cothrom le dáta leis an bhfaisnéis a fhaightear i gcomhréir le mír 7. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sa chlár ar fáil go poiblí.

9. I gcás ina n-iarrann údarás inniúil nó údarás a bhfuil baint aige le cigireachtaí é, soláthróidh fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú fianaise dhoiciméadach go ndearnadh iniúchtaí dá dtagraítear i mír 3 sna saoráidí uile a ndéanann siad an dramhaíl i dtrácht a onnmhairiú chucu. Soláthrófar an fhianaise dhoiciméadach sin i dteanga a nglacfaidh na húdaráis lena mbaineann léi.

10. Fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú a bhfuil dramhaíl á honnmhairiú lasmuigh den Aontas acu, cuirfidh sé faisnéis ar fáil go poiblí ar bhonn bliantúil trí mhodhanna leictreonacha maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí faoin Airteagal seo.

11. I gcás ina n-aithnítear le comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus tríú tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi go ndéanfaidh na saoráidí sa tríú tír sin dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, dá dtagraítear in Airteagal 59 agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X, díolmhófar fógróirí nó daoine a shocraíonn loingsithe a bhfuil sé beartaithe acu dramhaíl a onnmhairiú chuig an tríú tír sin ón oibleagáid a leagtar síos i míreanna 3 go 7 agus 9.

Fógróir nó duine a shocraíonn an loingsiú a bhfuil dramhaíl á honnmhairiú aige ón Aontas chuig saoráid i dtríú tír a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas leis, déanfaidh sé iniúchadh *ad hoc* gan mhoill i gcás ina bhfaigheann sé faisnéis iontaofa go bhfuil saoráid ann nach bhfuil na critéir a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn X á gcomhlíonadh aici a thuilleadh. Sa chás sin, tabharfaidh an fógróir nó na duine a shocraíonn an loingsiú fógra do na húdaráis inniúla seolta faoin bhfianaise iontaofa sin agus faoi na pleananna atá aige iniúchadh *ad hoc* a dhéanamh.

I gcás ina léiríonn iniúchadh *ad hoc* nach gcomhlíonann saoráid na critéir a leagtar síos i gCuid B d'Iarscríbhinn X a thuilleadh, cuirfidh an fógróir nó an duine a shocraíonn an loingsiú stop láithreach le honnmhairiú na dramhaíola chuig an tsaoráid sin agus cuirfidh sé na húdaráis inniúla seolta lena mbaineann ar an eolas.

12. Cuirfidh an Coimisiún na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear i mír 11 ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin.

13. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

*Airteagal 47*

*Oibleagáidí ar Bhallstáit onnmhairiúcháin*

1. I gcás onnmhairiú ón Aontas, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú nach n-onnmhaireoidh daoine dlítheanacha agus nádúrtha faoina ndlínse náisiúnta dramhaíl i gcásanna nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 39 go 46 don onnmhairiú sin nó i gcás nach mbainisteofar dramhaíl onnmhairithe ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59.

2. I gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa ag Ballstáit a thugann le fios nach bhfuil a n-oibleagáidí faoi Airteagal 46 á gcomhlíonadh ag daoine nádúrtha ná dlítheanacha a bhfuil dramhaíl á honnmhairiú acu ón Aontas, déanfaidh siad na fíoruithe is gá.

# Caibidil 4

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 48*

*Onnmhairiú chuig an Antartach*

Beidh toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola ón Aontas chuig an Antartach.

*Airteagal 49*

*Onnmhairiú chuig tíortha nó críocha thar lear*

1. Beidh toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola ón Aontas chuig tír nó críoch thar lear, ar dramhaíl í atá beartaithe lena diúscairt sa tír sin.

2. A mhéid a bhaineann le honnmhairiú dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil i dtíortha nó críocha thar lear, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 39.

3. A mhéid a bhaineann le honnmhairiú dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil i dtíortha nó críocha thar lear nach gcumhdaítear leis an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 39, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Theideal II.

# TEIDEAL V
# ALLMHAIRÍ ISTEACH SAN AONTAS Ó THRÍÚ TÍORTHA

## Caibidil 1
## Allmhairí dramhaíola atá ceaptha lena ndiúscairt

*Airteagal 50*

*Toirmeasc ar allmhairí dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt*

1. Beidh toirmeasc ar allmhairiú isteach san Aontas dramhaíl atá beartaithe lena diúscairt seachas allmhairí a thagann ó na háiteanna seo a leanas:

(a) tíortha atá ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel;

(b) tíortha lenar thug an tAontas, nó an tAontas agus a Bhallstáit comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a luíonn le reachtaíocht an Aontais agus i gcomhréir le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Basel i gcrích;

(c) tíortha eile lenar thug Ballstáit aonair comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha i gcomhréir le mír 2 i gcrích; nó

(d) limistéir eile i gcás nach féidir comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha de bhun phointe (b) nó (c) a thabhairt i gcrích, ar fhorais eisceachtúla le linn cásanna géarchéime, síochánaíochta, nó oibríochtaí síochánaíochta, nó cogaidh, nó i gcás nár ainmníodh údarás inniúil sa tír seolta nó nach bhfuil an t-údarás inniúil in ann gníomhú.

2. I gcásanna eisceachtúla, is féidir leis na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích maidir le diúscairt dramhaíola sonraí sna Ballstáit sin, i gcás nach mbainisteofar an dramhaíl sin ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol sa tír seolta.

Leis na comhaontuithe agus na socruithe sin, déanfar an méid seo a leanas:

(a) a bheith ag luí le dlí an Aontais agus i gcomhréir le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Basel;

(b) a ráthú go ndéanfar na hoibríochtaí diúscartha i saoráid údaraithe agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59(1) den Rialachán seo, in Airteagal 13 de Threoir 2008/98/CE agus i dlí eile de chuid an Aontais maidir le dramhaíl, go háirithe dlí an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, Cuid 1;

(c) a ráthú go dtáirgtear an dramhaíl sa tír seolta agus go ndéanfar a diúscairt sa Bhallstát a thug an comhaontú nó an socrú i gcrích agus sa Bhallstát sin amháin; agus

(d) fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith sula dtabharfar i gcrích iad nó, i gcásanna éigeandála, suas le 1 mhí ar a mhéad tar éis iad a thabhairt i gcrích.

3. Bunófar comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) ar na ceanglais nós imeachta d'Airteagal 51.

4. Ceanglófar ar na tíortha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c) iarraidh chuí-réasúnaithe roimh ré a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe ar an mbonn nach bhfuil an acmhainn theicniúil agus na saoráidí is gá acu ná nach féidir leo iad a fháil go réasúnta chun an dramhaíl a dhiúscairt ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59.

*Airteagal 51*

*Ceanglais nós imeachta maidir le hallmhairí dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt nó le linn géarchéimeanna, nó le linn oibríochtaí síochánaíochta nó oibríochtaí coimeádta síochána*

1. I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena diúscairt a allmhairiú isteach san Aontas ó thíortha atá ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel, nó i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 50(1), pointe (d), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Theideal II, chomh maith leis na hoiriúnuithe agus na forálacha breise a leagtar amach i míreanna 2 agus 3.

2. Beidh feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) fógróir nach bhfuil bunaithe laistigh den Aontas agus nach bhfuil rochtain aige ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 27, féadfaidh sé an fógra agus aon fhaisnéis agus doiciméadacht bhreise a iarradh a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil lena mbaineann tríd an bpost, nó más iomchuí, trí fhacs nó ríomhphost le síniú digiteach; i gcás ríomhphoist le síniú digiteach, cuirfear an síniú digiteach in ionad aon stampa nó síniú a cheanglaítear;

(b) áiritheoidh an fógróir, nó i gcás nach bhfuil an fógróir bunaithe laistigh den Aontas agus nach bhfuil rochtain aige ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 27, an t-údarás inniúil cinn scríbe san Aontas, go n-áireofar sa chóras sin gach faisnéis ábhartha, ar a laghad an doiciméad fógartha lena n-áirítear aon iarscríbhinní, an doiciméad gluaiseachta lena n-áirítear aon iarscríbhinní, na toilithe i scríbhinn, faisnéis faoi thoilithe intuigthe agus na coinníollacha;

(c) cuirfidh an t-údarás inniúil cinn scríbe agus aon údarás inniúil idirthurais san Aontas an t-údarás inniúil seolta agus aon údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas ar an eolas faoi aon iarraidh ar fhaisnéis agus doiciméadacht óna dtaobh siúd agus faoina gcinneadh maidir leis an loingsiú atá beartaithe, tríd an bpost, nó más iomchuí trí fhacs nó i ríomhphost agus síniú digiteach léi, ach amháin má tá rochtain ag na húdaráis inniúla sna tíortha lena mbaineann ar an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3);

(d) déanfar an fhaisnéis atá le soláthar don údarás inniúil seolta agus d'aon údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas de bhun Airteagail 7, 8, 16 agus 17 a sholáthar tríd an bpost, nó más iomchuí, trí fhacs nó trí ríomhphost le síniú digiteach, ach amháin má tá na húdaráis sin nasctha le córas dá dtagraítear in Airteagal 27;

(e) údarás inniúil idirthurais lasmuigh den Aontas, beidh 60 lá aige ó dháta tharchur a admhála go bhfuair sé fógra atá comhlánaithe i gceart, chun toiliú intuigthe a sholáthar nó chun toiliú i scríbhinn a thabhairt le coinníollacha nó gan choinníollacha, má tá cinneadh déanta ag an tír lena mbaineann nach n-éileoidh sí réamhthoiliú i scríbhinn agus gur chuir an tír na Páirtithe i gCoinbhinsiún Basel ar an eolas faoin méid sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Choinbhinsiún sin;

(f) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 50(1), pointe (d), a bhaineann le cásanna géarchéime, síochánaíochta nó oibríochtaí síochánaíochta nó cogaidh, ní éileofar toiliú na n-údarás inniúil seolta.

3. Beidh feidhm ag na forálacha breise seo a leanas:

(a) féadfaidh an t-údarás inniúil cinn scríbe, más gá, ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach, nó ráthaíocht airgeadais bhreise nó árachas coibhéiseach a éileamh, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid cumhdaigh aon ráthaíochta airgeadais nó aon árachais choibhéisigh arna bunú ag an bhfógróir;

(b) cuirfidh údarás inniúil idirthurais san Aontas admháil ar fáil don fhógróir go bhfuarthas fógra atá comhlánaithe i gceart, maille le cóipeanna do na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcás nach bhfuil rochtain acu ar chóras dá dtagraítear in Airteagal 27;

(c) áiritheoidh an t-údarás inniúil cinn scríbe agus aon údarás inniúil idirthurais san Aontas go gcuirfear an oifig custam iontrála ar an eolas faoina gcinntí chun toiliú leis an loingsiú;

(d) déanfaidh an t-iompróir cóip den doiciméad gluaiseachta a sheachadadh chuig an oifig custam iontrála tríd an bpost, nó más iomchuí trí fhacs nó i ríomhphost agus síniú digiteach leis nó, i gcás ina bhfuil rochtain ag an oifig custam iontrála air, tríd an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3); agus

(e) a luaithe a scaoiltear an dramhaíl le haghaidh nós imeachta custam ag na húdaráis custam iontrála, cuirfidh an oifig custam iontrála an t-údarás inniúil cinn scríbe agus aon údarás inniúil idirthurais san Aontas ar an eolas gur tháinig an dramhaíl isteach san Aontas.

4. Ní féidir an loingsiú a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go bhfuil toiliú i scríbhinn faighte ag an bhfógróir ó na húdaráis inniúla seolta, cinn scríbe agus, i gcás inarb iomchuí, idirthurais, agus comhlíonadh na coinníollacha arna leagan síos sna toilithe sin nó sna hiarscríbhinní a ghabhann leo;

(b) gur tugadh conradh i gcrích idir an fógróir agus an coinsíní dá dtagraítear in Airteagal 6 agus go bhfuil éifeacht leis an gconradh sin;

(c) gur bunaíodh ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach dá dtagraítear in Airteagal 7 agus go bhfuil éifeacht léi nó leis; agus

(d) go n-áirithítear bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol dá dtagraítear in Airteagal 59.

5. I gcás ina dtagann oifig custam iontrála ar loingsiú neamhdhleathach, cuirfidh sí an t-údarás inniúil sa tír ina bhfuil an oifig custam sin ar an eolas gan mhoill. Déanfaidh an t-údarás inniúil sin an méid seo a leanas:

(a) an t-údarás inniúil cinn scríbe san Aontas a chur ar an eolas gan mhoill faoin loingsiú neamhdhleathach, agus ina dhiaidh sin an t-údarás inniúil sin an t-údarás inniúil seolta lasmuigh den Aontas a chur ar an eolas faoi;

(b) a áirithiú sé go gcoinneofar an dramhaíl go dtí go ndéanfaidh an t-údarás inniúil seolta lasmuigh den Aontas a mhalairt de chinneadh agus go dtí go gcuirfidh sé an cinneadh sin in iúl i scríbhinn don údarás inniúil i dtír na hoifige custam ina bhfuil an dramhaíl á coinneáil; agus

(c) cinneadh an údaráis inniúil seolta dá dtagraítear in (b) a chur in iúl gan mhoill don oifig custam iontrála a d'aimsigh an loingsiú neamhdhleathach.

6. I gcás ina ndéanann na fórsaí armtha nó na heagraíochtaí fóirithinte, nó duine nádúrtha nó dlítheanach thar a gceann, dramhaíl a allmhairiú, arna giniúint ag fórsaí armtha nó eagraíochtaí fóirithinte le linn cásanna géarchéime, nó le linn oibríochtaí déanta síochána nó síochánaíochta, a, cuirfidh na heintitis sin aon údarás inniúil idirthurais agus an t-údarás inniúil cinn scríbe san Aontas ar an eolas, nó i gcásanna práinneacha nach eol an tsaoráid diúscartha nó aisghabhála tráth an loingsithe, cuirfidh siad an t-údarás inniúil atá freagrach as limistéar an chéad áit cinn scríbe ar an eolas roimh ré maidir leis an lastas agus a cheann scríbe.

Beidh an fhaisnéis a chuirfear ar fáil de bhun na chéad fhomhíre ag gabháil leis an lastas, mura gcuirtear ar fáil í trí chóras i gcomhréir le hAirteagal 27.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina sonrófar an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le mír 6, an chéad fhomhír, agus an t-uainiú gaolmhar.

Beidh an fhaisnéis sin leordhóthanach chun a chur ar a gcumas do na húdaráis cigireachtaí a dhéanamh, agus sonraí a thabhairt maidir leis na daoine a bhfuil baint acu leis na loingsithe, dáta an loingsithe, cainníocht na dramhaíola, sainaithint na dramhaíola, ainmniú agus comhdhéanamh na dramhaíola, an tsaoráid aisghabhála nó diúscartha, an cód le haghaidh na hoibríochta aisghabhála nó diúscartha agus na tíortha lena mbaineann.

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 81(2).

# Caibidil 2
# Allmhairí dramhaíola atá ceaptha lena n-aisghabháil

*Airteagal 52*

*Toirmeasc ar allmhairí dramhaíola atá beartaithe lena haisghabháil*

1. Beidh toirmeasc ar dhramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil a allmhairiú isteach san Aontas, seachas allmhairí a thagann ó na háiteanna seo a leanas:

(a) tíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo;

(b) tíortha eile atá ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel;

(c) tíortha lenar thug an tAontas, nó an tAontas agus a Bhallstáit comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a luíonn le dlí an Aontais agus i gcomhréir le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún Basel i gcrích;

(d) tíortha eile lenar thug Ballstáit aonair comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha i gcomhréir le mír 2 i gcrích; nó

(e) limistéir eile i gcás nach féidir comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha de bhun phointe (c) nó (d) a thabhairt i gcrích, ar fhorais eisceachtúla le linn cásanna géarchéime, síochánaíochta nó oibríochtaí síochánaíochta, nó cogaidh, nó i gcás nár ainmníodh údarás inniúil sa tír seolta nó nach bhfuil an t-údarás inniúil in ann gníomhú.

2. I gcásanna eisceachtúla, is féidir le Ballstáit aonair comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích maidir le haisghabháil dramhaíola sonraí sna Ballstáit sin, i gcás nach mbainisteofar an dramhaíl sin ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, sa tír seolta.

Beidh feidhm ag Airteagal 50(2), an dara fomhír sna cásanna sin.

3. Maidir le comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha ar tugadh fúthu i gcomhréir le mír 1, pointí (c) agus (d), bunófar iad ar na ceanglais nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 51 a mhéid is ábhartha sin.

*Airteagal 53*

*Ceanglais nós imeachta maidir le hallmhairí ó thír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir léi nó ó limistéir eile le linn géarchéimeanna, nó le linn oibríochtaí síochánaíochta nó oibríochtaí coimeádta síochána*

1. I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil a allmhairiú isteach san Aontas ó thíortha agus trí thíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, nó i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 52(1), pointe (e), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Theideal II, maille leis na hoiriúnuithe agus na forálacha breise a leagtar amach i míreanna 2 agus 3.

2. Beidh feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) féadfar an toiliú de réir mar a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 9 a sholáthar i bhfoirm toiliú intuigthe ón údarás inniúil seolta lasmuigh den Aontas;

(b) beidh loingsithe dramhaíola a bhfuil sé beartaithe trialacha cóireála turgnamhacha a dhéanamh orthu dá dtagraítear in Airteagal 4(5) faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn;

(c) beidh loingsithe dramhaíola a bhfuil sé beartaithe anailís saotharlainne a dhéanamh orthu dá dtagraítear in Airteagal 4(5) faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, mura rud é gur cinneadh cainníocht na dramhaíola sin bunaithe ar na híoschainníochtaí is gá go réasúnach chun an anailís a dhéanamh go leordhóthanach i ngach cás ar leith, agus nach mó í ná 25 kg, agus sa chás sin beidh feidhm ag ceanglais nós imeachta Airteagal 18;

(d) beidh feidhm ag na forálacha in Airteagal 51(2), pointí (a) go (e);

(e) soláthróidh an tsaoráid a luaitear in Airteagail 15(3) agus 16(5) an dearbhú faoi seach laistigh de 3 lá oibre ón dramhaíl a fháil.

3. Beidh feidhm freisin ag Airteagal 51(3).

4. Ní féidir an loingsiú a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go bhfuil toiliú i scríbhinn faighte ag an bhfógróir ó na húdaráis inniúla seolta, cinn scríbe agus, i gcás inarb iomchuí, idirthurais, nó tá toiliú intuigthe soláthartha ag na húdaráis inniúla seolta lasmuigh den Aontas nó is féidir glacadh leis go bhfuil an toiliú intuigthe sin ann, agus comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sna cinntí ar leith;

(b) gur gcomhlíonadh na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 51(4), pointí (b), (c) agus (d);

5. Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 51(5) agus (6).

*Airteagal 54*

*Ceanglais nós imeachta i gcás allmhairí ó thír nó trí thír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith*

I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil a allmhairiú isteach san Aontas ó thír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith nó trí thír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith, ar tír í freisin atá ina Páirtí i gCoinbhinsiún Basel, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 51.

# Caibidil 3

# Oibleagáidí breise

*Airteagal 55*

*Oibleagáidí údarás inniúil cinn scríbe san Aontas*

1. I gcás allmhairí isteach san Aontas, ceanglóidh an t-údarás inniúil cinn scríbe san Aontas na bearta is gá agus déanfaidh sé na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar aon dramhaíl a loingsítear chuig a limistéar dlínse a bhainistiú gan sláinte an duine a chur i mbaol agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 59 den Rialachán seo, agus i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2008/98/CE agus le dlí eile an Aontais maidir le dramhaíl, go háirithe reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX, Cuid 1, le linn thréimhse an loingsithe, lena n-áirítear aisghabháil nó diúscairt sa tír cinn scríbe.

2. Cuirfidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 toirmeasc freisin ar allmhairí dramhaíola ó thríú tíortha i gcás ina bhfuil cúis aige lena chreidiúint nach mbainisteofar an dramhaíl i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1.

## Caibidil 4

## Allmhairí ó thíortha nó críocha thar lear

*Airteagal 56*

*Allmhairí ó thíortha nó críocha thar lear*

1. I gcás ina ndéantar dramhaíl a allmhairiú isteach san Aontas ó thíortha nó críocha thar lear, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Teideal II.

2. Féadfaidh tír nó críoch thar lear agus an Ballstát lena bhfuil sé nasctha nósanna imeachta náisiúnta an Bhallstáit sin a chur i bhfeidhm i leith loingsithe ó thír nó críoch thar lear chuig an mBallstát sin sa chás nach bhfuil aon tír eile i gceist sa loingsiú mar thír idirthurais. I gcás ina gcuireann Ballstát nósanna imeachta náisiúnta i bhfeidhm maidir le loingsithe den sórt sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi.

# TEIDEAL VI
# IDIRTHURAS TRÍD AN AONTAS Ó THRÍÚ TÍORTHA AGUS CHUIG TRÍÚ TÍORTHA

*Airteagal 57*

*Idirthuras tríd an Aontas maidir le dramhaíl atá beartaithe lena diúscairt*

I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena diúscairt a loingsiú trí na Ballstáit ó thríú tíortha agus chuig tríú tíortha, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 51, lena ngabhann na hoiriúnuithe agus na forálacha breise seo a leanas:

(a) déanfaidh an chéad údarás inniúil idirthurais agus an t-údarás inniúil deireanach idirthurais san Aontas, i gcás inarb iomchuí, an oifig custam iontrála agus an oifig custam imeachta a chur ar an eolas faoina gcinntí faoi seach chun toiliú leis an loingsiú nó, má thug siad toiliú intuigthe, maidir leis an admháil i gcomhréir le hAirteagal 51(3), pointe (b);

(b) déanfaidh an oifig custam imeachta, a luaithe a fhágann an dramhaíl an tAontas, an t-údarás inniúil/na húdaráis inniúla idirthurais san Aontais a chur ar an eolas gur fhág an dramhaíl an tAontas;

(c) féadfaidh údarás inniúil idirthurais san Aontas, más gá, ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach, nó ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach sa bhreis a cheangal, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid cumhdaigh aon ráthaíochta airgeadais nó árachais choibhéisigh a dhéanann an fógróir a bhunú.

*Airteagal 58*

*Idirthuras tríd an Aontas maidir le dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil*

1. I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil a loingsiú trí na Ballstáit ó thír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith agus chuig an tír sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 57.

2. I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil a loingsiú trí na Ballstáit ó thír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith nó chuig an tír sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 53, lena ngabhann na hoiriúnuithe agus na forálacha breise seo a leanas:

(a) déanfaidh an chéad údarás inniúil idirthurais agus an t-údarás inniúil deireanach idirthurais san Aontas, i gcás inarb iomchuí, an oifig custam iontrála agus an oifig custam imeachta a chur ar an eolas faoina gcinntí faoi seach chun toiliú leis an loingsiú nó, má thug siad toiliú intuigthe, maidir leis an admháil i gcomhréir le hAirteagal 51(3), pointe (b);

(b) déanfaidh an oifig custam imeachta, a luaithe a fhágann an dramhaíl an tAontas, na húdaráis inniúla idirthurais san Aontas a chur ar an eolas gur fhág an dramhaíl an tAontas;

(c) féadfaidh údarás inniúil idirthurais san Aontas, más gá, ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach, nó ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach sa bhreis a cheangal, tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid cumhdaigh aon ráthaíochta airgeadais nó árachais choibhéisigh a dhéanann an fógróir a bhunú.

3. I gcás ina ndéantar dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil a loingsiú trí na Ballstáit ó thír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith chuig tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith nó a mhalairt, beidh feidhm ag mír 1 maidir leis an tír nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith agus beidh feidhm ag mír 2 maidir leis an tír a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith.

# TEIDEAL VII
# BAINISTIÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ ATÁ NEAMHDHÍOBHÁLACH DON CHOMHSHAOL

## Caibidil 1
## Bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

*Airteagal 59*

*Bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol*

1. Maidir leis an táirgeoir dramhaíola, an fógróir, an duine a shocraíonn an loingsiú agus aon ghnóthas eile atá bainteach le loingsiú dramhaíola nó lena haisghabháil nó lena diúscairt, déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go ndéantar an dramhaíl a bhainistiú gan sláinte an duine a chur i mbaol agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar feadh thréimhse an loingsithe agus le linn aisghabháil agus dhiúscairt na dramhaíola.

2. Chun dramhaíl a onnmhairiú, measfar an dramhaíl a bheith á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a mhéid a bhaineann le haisghabháil nó diúscairt, más féidir a léiriú go ndéanfar an dramhaíl, chomh maith le haon dramhaíl iarmharach a ghintear trí aisghabháil nó trí dhiúscairt, a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte an duine, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a mheastar a bheith coibhéiseach leis na ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil faoi reachtaíocht an Aontais. Agus measúnú á dhéanamh ar an gcoibhéiseacht sin, ní bheidh gá leis na ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán, ach déanfar a léiriú go n-áiritheoidh na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm sa tír cinn scríbe leibhéal comhchosúil cosanta maidir le sláinte an duine agus an comhshaol leis na ceanglais a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais. Chun an measúnú coibhéise a dhéanamh, úsáidfear forálacha ábhartha reachtaíocht an Aontais agus an treoir idirnáisiúnta dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX mar phointí tagartha.

# Caibidil 2

# Forfheidhmiú

## Roinn 1

## Cigireachtaí ag na Ballstáit agus pionóis

*Airteagal 60*

*Cigireachtaí*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, go ndéanfar cigireachtaí ar bhunaíochtaí, gnóthais, bróicéirí agus déileálaithe i gcomhréir le hAirteagal 34 de Threoir 2008/98/CE, agus cigireachtaí ar loingsithe dramhaíola agus ar an aisghabháil nó an diúscairt lena mbaineann, a chur i gcrích.

2. Déanfar cigireachtaí ar loingsithe ag ceann amháin de na pointí seo a leanas ar a laghad:

   (a) ag an bpointe tionscnaimh, a dhéanfar leis an táirgeoir dramhaíola, leis an mbailitheoir, le sealbhóir na dramhaíola, leis an bhfógróir nó leis an duine a shocraíonn an loingsiú;

   (b) ag an bpointe cinn scríbe, lena n-áirítear aisghabháil eatramhach agus neamheatramhach nó diúscairt eatramhach agus neamheatramhach, a dhéantar leis an gcoinsíní nó leis an tsaoráid;

   (c) ag teorainneacha an Aontais;

   (d) le linn an loingsithe laistigh den Aontas.

*Airteagal 61*

*Doiciméadacht agus fianaise*

1. Áireofar leis na cigireachtaí ar loingsithe ar a laghad fíorú doiciméad, céannacht na ngníomhaithe a bhaineann leis na loingsithe sin a dheimhniú agus, i gcás inarb iomchuí, seiceáil fhisiceach ar an dramhaíl.

2. Chun a fhionnadh nach dramhaíl atá i substaint nó i réad atá á iompar de bhóthar, d'iarnród, d'aer, d'fharraige nó d'uiscebhealach intíre, féadfaidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí a iarraidh ar an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach a bhfuil seilbh aige ar an tsubstaint nó an réad lena mbaineann, nó a shocraíonn an tsubstaint nó an réad sin a iompar, fianaise dhoiciméadach a chur isteach:

   (a) faoi thionscnamh agus faoi cheann scríbe na substainte nó an réada lena mbaineann; agus

   (b) nach dramhaíl í, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, fianaise ar fheidhmiúlacht.

   Chun críche na chéad fomhíre, fionnfar freisin cosaint na substainte nó an réada lena mbaineann in aghaidh damáiste le linn iompair, luchtaithe agus díluchtaithe, amhail pacáistiú leormhaith agus cruachadh iomchuí.

   Chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl, chun críche cigireachta, beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 29(1), an tríú fomhír, chomh maith le haon chritéir a bhunaítear de bhun Airteagal 29(3), i gcás inarb infheidhme.

Beidh an mhír seo gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 23(2) agus Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2012/19/AE do chur i bhfeidhm Airteagal 72(2) agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542.

3. Féadfaidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí teacht ar an tátal gur dramhaíl atá sa tsubstaint nó sa réad lena mbaineann sna cásanna seo a leanas:

(a) nach ndearnadh an fhianaise dá dtagraítear i mír 2 nó an fhianaise a theastaíonn faoi reachtaíocht eile an Aontais chun a fhionnadh nach dramhaíl atá i substaint nó i réad, a chur isteach laistigh den tréimhse atá sonraithe acu; nó

(b) ina measann siad nach leor an fhianaise agus an fhaisnéis atá ar fáil dóibh chun teacht ar thátal, nó ina measann siad nach leor an chosaint a thugtar in aghaidh damáiste dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír.

I gcás ina dtagann na húdaráis ar an tátal gur dramhaíl atá i substaint nó i réad i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, measfar go mbeidh iompar na substainte nó an réada lena mbaineann nó an loingsiú dramhaíola lena mbaineann ina loingsiú neamhdhleathach. Dá réir sin, déileálfar leis i gcomhréir le hAirteagail 25 agus 26 agus déanfaidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí, údarás inniúil na tíre ina ndearnadh an chigireacht a chur ar an eolas, gan mhoill, dá réir sin.

4. Chun a fhionnadh an gcomhlíonann loingsiú dramhaíola an Rialachán seo, féadfaidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí a cheangal ar an bhfógróir, ar an duine a shocraíonn an loingsiú, ar shealbhóir na dramhaíola, ar an iompróir, ar an gcoinsíní agus ar an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl fianaise dhoiciméadach ábhartha a chur faoina mbráid laistigh de thréimhse a shonraíonn siad, agus féadfaidh siad an dramhaíl atá i loingsiú a choinneáil agus, nuair is gá, na modhanna iompair ina bhfuil an dramhaíl, chomh maith le hiompar na dramhaíola a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear an doiciméadacht sin ar fáil.

5. Chun a fhonnadh an bhfuil loingsiú dramhaíola atá faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar amach in Airteagal 18 beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála atá i gcomhréir le hAirteagal 59, féadfaidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí a chur de cheangal ar an duine a shocraíonn an loingsiú agus ar an gcoinsíní fianaise ábhartha dhoiciméadach a chur isteach, ar faisnéis í a sholáthraíonn an tsaoráid aisghabhála eatramhaí agus an tsaoráid aisghabhála neamheatramhaí agus, más gá, atá formheasta ag an údarás inniúil cinn scríbe. I gcásanna onnmhairithe ón Aontas, ceanglóidh na húdaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí fianaise dhoiciméadach ar an iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 46.

6. I gcás nár cuireadh an fhianaise dá dtagraítear i mír 4 nó i mír 5 faoi bhráid na n-údarás a bhfuil baint acu le cigireachtaí laistigh den tréimhse a shonraíonn siad, nó ina measann siad nach leor an fhianaise agus an fhaisnéis atá ar fáil dóibh chun teacht ar thátal, measfar an loingsiú lena mbaineann a bheith ina loingsiú neamhdhleathach agus déileálfar leis i gcomhréir le hAirteagail 25 agus 26. Déanfaidh na húdaráis a bhfuil baint acu leis na cigireachtaí údarás inniúil na tíre ina ndearnadh an chigireacht a chur ar an eolas, gan mhoill, dá réir sin.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tábla comhghaoil idir cóid na hainmníochta comhcheangailte, dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 agus na hiontrálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IIIA, Iarscríbhinn IIIB, Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a ghlacadh. Coinneoidh an Coimisiún na gníomhartha sin cothrom le dáta, chun athruithe ar an ainmníocht sin agus ar na hiontrálacha a liostaítear sna hIarscríbhinní sin a léiriú, agus chun aon chód nua a bhaineann le dramhaíl sa Chóras Ainmníochta Comhchuibhithe a áireamh a d'fhéadfadh an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 81(2). Fanfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1245[46] ón gCoimisiún i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún an cumhachtú dá dtagraítear san Airteagal atá ann cheana a fheidhmiú.

*Airteagal 62*

*Pleananna cigireachta*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i ndáil lena gcríoch gheografach iomlán, go ndéanfar plean amháin nó níos mó ná sin a bhunú, bíodh sé ina phlean leithleach nó mar chuid atá sainithe go soiléir de phleananna eile, chun cigireachtaí a dhéanamh de bhun Airteagal 60(1) ('plean cigireachta').

[46] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1245 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena leagtar amach réamh-thábla comhghaoil idir cóid na hAinmníochta Comhcheangailte dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle agus iontrálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinní III, IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 204, 29.7.2016, lch. 11).

Beidh pleananna cigireachta bunaithe ar mheasúnú riosca lena gcumhdófar sruthanna sonracha dramhaíola agus foinsí loingsithe neamhdhleathacha, torthaí na gcigireachtaí a rinneadh roimhe sin agus breithniú á dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar shonraí faisnéisbhunaithe amhail sonraí maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag póilíní agus ag údaráis custam agus anailísí ar ghníomhaíochtaí coiriúla chomh maith le faisnéis iontaofa ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha maidir le loingsithe neamhdhleathacha a d'fhéadfadh a bheith ann, faisnéis ábhartha a bhaineann le bainistiú dramhaíola atá á loingsiú agus faisnéis lena léirítear go bhfuil cosúlachtaí idir loingsiú agus loingsithe a sainaithníodh roimhe sin mar loingsithe neamhdhleathacha. Sa mheasúnú riosca sin cuirfear i gcuntas go háirithe an gá atá le fíoruithe a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann daoine nádúrtha agus dlítheanacha a onnmhairíonn dramhaíl ón Aontas na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 46. Beidh sé d'aidhm ag an measúnú riosca sin, *inter alia*, íoslíon agus minicíocht na gcigireachtaí atá riachtanach a shainaithint, lena n-áirítear seiceálacha fisiceacha ar bhunaíochtaí, gnóthais, bróicéirí, déileálaithe agus loingsithe dramhaíola nó ar an aisghabháil nó diúscairt ghaolmhar.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad san áireamh sna pleananna cigireachta:

(a) cuspóirí agus tosaíochtaí na gcigireachtaí, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a sainaithníodh na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin;

(b) an limistéar geografach a chumhdaítear leis an bplean cigireachta;

(c) faisnéis faoi chigireachtaí atá beartaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi íoslíon na gcigireachtaí agus na seiceálacha fisiceacha atá le déanamh i ngach bliain féilire ar bhunaíochtaí, gnóthais, bróicéirí, déileálaithe agus loingsithe dramhaíola nó ar an aisghabháil nó diúscairt ghaolmhar, a shainaithnítear i gcomhréir leis an measúnú riosca dá dtagraítear i mír 1;

(d) na tascanna a shanntar do gach údarás a bhfuil baint aige le cigireachtaí;

(e) socruithe don chomhar idir údaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí;

(f) faisnéis faoi oiliúint na gcigirí maidir le hábhair a bhaineann le cigireachtaí; agus

(g) faisnéis faoi na hacmhainní daonna, na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní eile chun an plean cigireachta a chur chun feidhme.

3. Déanfar athbhreithniú ar phlean cigireachta ar a laghad gach 3 bliana agus i gcás inarb iomchuí, tabharfar cothrom le dáta é. Déanfar meastóireacht san athbhreithniú sin ar a mhéid a cuireadh cuspóirí agus eilimintí eile an phlean cigireachta sin chun feidhme.

4. Gan dochar do na ceanglais rúndachta is infheidhme, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na pleananna cigireachta dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon athbhreithniú substaintiúil a dhéanfar orthu gach 3 bliana, agus den chéad uair 1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

5. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna cigireachta ar thug na Ballstáit fógra ina leith a athbhreithniú i gcomhréir le mír 4 agus, más iomchuí, tuarascálacha a tharraingt suas, a bheidh bunaithe ar an athbhreithniú ar na pleananna sin, maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo. Féadfar a áireamh sna tuarascálacha sin, *inter alia*, moltaí maidir le tosaíochtaí cigireachtaí agus maidir le comhar agus comhordú forfheidhmiúcháin idir na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu le cigireachtaí. Féadfar na tuarascálacha sin a thíolacadh freisin, i gcás inarb iomchuí, i gcruinnithe an ghrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola arna bhunú faoi Airteagal 66, agus cuirfear ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle iad.

*Airteagal 63*

*Pionóis*

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na pionóis sin i bhfeidhm. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aird chuí leis na pionóis a bhunófar de bhun an Airteagail seo ar an nithe seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(a) cineál, tromchúis agus méid an tsáraithe;

(b) i gcás inarb iomchuí, cineál intinniúil nó faillíoch an tsáraithe;

(c) acmhainneacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach;

(d) na sochair eacnamaíocha a bhaineann an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá freagrach as an sárú, a mhéid is féidir iad a chinneadh;

(e) an damáiste don chomhshaol arb é an sárú is chúis leis;

(f) aon ghníomh arna dhéanamh ag an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá freagrach chun an damáiste a dhéantar a mhaolú nó a leigheas;

(g) cineál athdhéanta nó aonair an tsáraithe;

(h) aon toisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme i leith chúinsí an cháis.

3. Beidh sé de chumas ar na Ballstáit na pionóis seo a leanas, ar a laghad, a fhorchur i gcás sáruithe ar an Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha:

(a) fíneálacha;

(b) an t-údarú chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú agus loingsiú dramhaíola a chúlghairm nó a chur ar fionraí ar feadh tréimhse atá teoranta ó thaobh ama de a mhéid a thagann na gníomhaíochtaí sin faoi raon feidhme an Rialacháin seo;

(c) eisiamh atá teoranta ó thaobh ama de ó nósanna imeachta soláthair phoiblí.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi na rialacha agus na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon leasú ina dhiaidh a dhéanfaidh difear dóibh.

## ROINN 2

## COMHAR FORFHEIDHMIÚCHÁIN

*Airteagal 64*

*Comhar forfheidhmiúcháin ar an leibhéal náisiúnta*

Déanfaidh na Ballstáit, a mhéid a bhaineann le gach údarás ábhartha a bhfuil baint acu le forfheidhmiú an Rialacháin seo, sásraí éifeachtacha a choinneáil ar bun nó a bhunú ina gcríoch, lena n-áirítear údaráis inniúla agus údaráis a bhfuil baint acu le cigireachtaí, chun a chur ar a gcumas dóibh comhoibriú i gcomhar le chéile agus comhordú a dhéanamh ar bhonn intíre a mhéid a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola, lena n-áirítear chun na pleananna cigireachta a bhunú agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 65*

*Comhar forfheidhmiúcháin idir na Ballstáit*

1. Comhoibreoidh na Ballstáit, ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach, i gcomhar le chéile chun éascú a dhéanamh ar loingsithe neamhdhleathacha a chosc agus a bhrath. Malartóidh siad faisnéis ábhartha a bhaineann leis an gcosc agus leis an mbrath sin, lena n-áirítear faoi loingsithe dramhaíola, sruthanna dramhaíola, oibreoirí agus saoráidí, agus roinnfidh siad taithí agus eolas faoi bhearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an measúnú riosca a dhéantar de bhun Airteagal 62(1), laistigh de struchtúir bhunaithe, go háirithe, tríd an ngrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola arna bhunú faoi Airteagal 66.

2. Sainaithneoidh na Ballstáit an t-údarás nó na húdaráis agus comhaltaí a mbuanfhoirne atá freagrach as an gcomhar dá dtagraítear i mír 1 agus sainaithneoidh siad freisin údarás nó údaráis agus comhaltaí freagracha a mbuanfhoirne mar na pointí fócasacha le haghaidh na seiceálacha fisiceacha dá dtagraítear in Airteagal 61(1). Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a sheoladh chuig an gCoimisiún a thiomsóidh an fhaisnéis sin agus chuirfidh ar fáil í do na húdaráis shainaitheanta agus do chomhaltaí a mbuanfhoirne.

3. Arna iarraidh sin d'údarás i mBallstát eile, féadfaidh údarás Ballstáit gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a ghlacadh i gcoinne daoine atá sa Bhallstát sin a bhfuil amhras ann fúthu go bhfuil siad ag gabháil do loingsiú neamhdhleathach dramhaíola.

*Airteagal 66*

*An grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola*

1. Bunófar grúpa forfheidhmiúcháin chun comhar agus comhordú idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú chun loingsithe dramhaíola neamhdhleathacha a chosc agus a bhrath ('an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola').

2. Beidh suas le triúr ionadaithe in aghaidh an Bhallstáit sa ghrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola, a roghnaítear ón mbuanfhoireann ainmnithe atá freagrach as an gcomhar dá dtagraítear in Airteagal 65(2) nó ó bhuanfhoireann údarás ábhartha eile a bhfuil baint acu le forfheidhmiú an Rialacháin seo, atá le hainmniú ag na Ballstáit, a chuirfidh an Coimisiún ar an eolas. Beidh ionadaí nó ionadaithe ón gCoimisiún agus ionadaí ó Bhallstát a bheidh tofa ag an ngrúpa ina gcomhchathaoirligh air.

3. Beidh an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola ina fhóram chun faisnéis a chomhroinnt atá ábhartha i gcás loingsithe neamhdhleathacha a chosc agus a bhrath, lena n-áirítear faisnéis agus eolas faoi threochtaí ginearálta a bhaineann le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola, measúnuithe rioscabhunaithe arna ndéanamh ag údaráis na mBallstát, agus taithí agus eolas ar bhearta forfheidhmiúcháin, chomh maith le tuairimí maidir le dea-chleachtais a mhalartú agus chun comhar agus comhordú a éascú idir na húdaráis ábhartha. Féadfaidh an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola scrúdú a dhéanamh ar aon cheist theicniúil a bhaineann le forfheidhmiú an Rialacháin seo a ardóidh na cathaoirligh, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin do chomhaltaí an ghrúpa nó an choiste dá dtagraítear in Airteagal 81.

4. Tiocfaidh an grúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola le chéile go rialta, uair sa bhliain ar a laghad. I dteannta na gcomhaltaí dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh na cathaoirligh cuireadh chuig na cruinnithe nó chuig codanna de na cruinnithe a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, d'ionadaithe institiúidí, comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí, líonraí nó do gheallsealbhóirí ábhartha eile.

5. Cuirfidh an Coimisiún na tuairimí a léirítear sa ghrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola in iúl don choiste dá dtagraítear in Airteagal 81.

## ROINN 3

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA NDÉANAMH AG AN GCOIMISIÚN

*Airteagal 67*

*Forálacha ginearálta*

1. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 515/97, feidhmeoidh an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar dó le hAirteagail 67 go 71 chun tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na mBallstát agus iad a chomhlánú agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo ar fud an Aontais.

2. Féadfaidh an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar dó leis an Rialachán seo a fheidhmiú maidir le loingsithe dramhaíola a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2(1), ar de chineál casta iad agus a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha a bheith acu ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol agus i gcás ina bhfuil gné thrasteorann ag an imscrúdú is gá a bhaineann le dhá thír ar a laghad. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí a thionscnamh de réir na gcumhachtaí sin ar a thionscnamh féin, arna iarraidh sin d' údaráis Ballstáit amháin nó níos mó ná sin, nó ar ghearán a fháil má tá amhras leordhóthanach ann gur loingsiú neamhdhleathach é iompar na substainte nó an réada lena mbaineann nó loingsiú na dramhaíola lena mbaineann. Féadfaidh an Coimisiún gearáin den sórt sin a chur ar aghaidh freisin chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann.

Má chinneann an Coimisiún gan gníomhú, tabharfaidh sé freagra ar údarás na mBallstát nó ar na daoine a sheol an gearán laistigh de thréimhse réasúnach ama, agus luafaidh sé na cúiseanna atá lena chreidiúint nach bhfuil dóthain amhrais ann, mura bhfuil cúiseanna leasa phoiblí i gceist, amhail rúndacht imeachtaí riaracháin nó coiriúla a chosaint, gan é sin a dhéanamh.

Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh freisin do na Ballstáit dlúthchomhar rialta a eagrú idir a n-údaráis inniúla de bhun Airteagal 71.

3. Agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, cuirfidh an Coimisiún i gcuntas cigireachtaí, ionchúiseamh, imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin atá ar siúl nó atá déanta cheana féin ag údaráis Ballstáit i leith na loingsithe céanna de bhun an Rialacháin seo agus áiritheoidh sé nach gcuirfear isteach ar na himeachtaí sin. Agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, cuirfidh an Coimisiún i gcuntas aon iarraidh ar chur siar ó údarás Ballstáit trína bhuanfhoireann atá freagrach as an gcomhar nó trí na pointí fócasacha dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

4. Tar éis don Choimisiún a chuid gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche, déanfaidh sé tuarascáil a tharraingt suas. Más é tátal an Choimisiúin é gur loingsiú neamhdhleathach é iompar na substainte nó an réada lena mbaineann nó an loingsiú dramhaíola lena mbaineann, cuirfidh sé údaráis inniúla na tíre nó na dtíortha lena mbaineann ar an eolas dá réir sin agus molfaidh sé go ndéileálfar leis an loingsiú dramhaíola sin i gcomhréir le hAirteagail 25 agus 26. Féadfaidh an Coimisiún beart leantach sonrach a mholadh d’údaráis inniúla na mBallstát, agus, i gcás inar gá institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais lena mbaineann a chur ar an eolas.

5. Beidh tuarascálacha arna dtarraingt suas ar bhonn mhír 4, in éineacht leis an bhfianaise ar fad a thacaíonn leo agus atá i gceangal leo, ina bhfianaise inghlactha:

(a) in imeachtaí breithiúnacha de chineál neamhchoiriúil os comhair cúirteanna náisiúnta agus in imeachtaí riaracháin sna Ballstáit;

(b) in imeachtaí coiriúla sa Bhallstát ina bhfuil gá lena n-úsáid ar an mbealach céanna agus faoi na coinníollacha céanna leis na tuarascálacha riaracháin arna dtarraingt suas ag na húdaráis riaracháin náisiúnta agus beidh siad faoi réir na rialacha meastóireachta céanna leis na rialacha sin is infheidhme i leith tuarascálacha riaracháin arna dtarraingt suas ag údaráis riaracháin náisiúnta agus beidh an luach céanna fianaise acu agus atá ag na tuarascálacha sin;

(c) in imeachtaí breithiúnacha os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chumhacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná do na cúirteanna náisiúnta ná do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh gan bhac ar luach fianaiseach na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 4.

*Airteagal 68*

*Cigireachtaí arna ndéanamh ag an Coimisiún*

1. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 67, cigireachtaí a dhéanamh ar loingsithe de bhun Airteagal 60(1) agus (2) den Rialachán seo.

2. Ní dhéanfaidh an Coimisiún cigireacht ach amháin i gcás ina bhfuil dóthain amhrais ann i dtaobh loingsiú neamhdhleathach dramhaíola.

3. Ullmhóidh agus déanfaidh an Coimisiún cigireachtaí i ndlúthchomhar le húdaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann. Áireofar ar an gcomhar sin an malartú faisnéise agus an malartú tuairimí maidir le pleanáil na gcigireachtaí agus na bearta a dhéanfar. Cuirfidh an Coimisiún i gcuntas aon chigireachtaí, ionchúiseamh leanúnach, imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin arna ndéanamh ag údaráis riaracháin nó bhreithiúnacha Ballstáit.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra 15 lá roimh ré faoi aidhm, cuspóir agus bunús dlí cigireachtaí don bhuanfhoireann atá freagrach as comhar nó na pointí fócasacha dá dtagraítear in Airteagal 65(2) sa Bhallstát lena mbaineann ar ina chríoch a dhéanfar an chigireacht, chun go mbeidh na húdaráis ábhartha sin ábalta an cúnamh is gá a sholáthar. Chuige sin, tabharfar deis d'oifigigh údarás ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann a bheith rannpháirteach sna cigireachtaí. I gcásanna práinneacha, mura féidir an fógra 15 lá a urramú, tabharfaidh an Coimisiún fógra a luaithe agus a bheidh sé indéanta.

Ina theannta sin, arna iarraidh sin do na húdaráis ábhartha na mBallstáit lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla an Bhallstáit sin na cigireachtaí go comhpháirteach.

4. Déanfaidh an fhoireann agus na daoine tionlacain eile atá údaraithe ag an gCoimisiún chun cigireacht a dhéanamh a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a sholáthar ina sonraítear ábhar agus cuspóir na cigireachta.

5. Tabharfar de chumhacht d'fhoireann an Choimisiúin a sheolfaidh an chigireacht an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain a bheith acu ar aon áitreabh, talamh agus modh iompair an fhógróra, an duine a shocraíonn an loingsiú, tháirgeoir na dramhaíola, shealbhóir na dramhaíola, an iomprópra, an choinsíní nó na saoráide a fhaigheann an dramhaíl;

(b) scrúdú a dhéanamh ar aon doiciméad ábhartha a bhaineann le hábhar agus cuspóir na gcigireachtaí, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, agus cóipeanna nó sleachta as na doiciméid sin a dhéanamh nó a fháil in aon fhoirm;

(c) a iarraidh ar an bhfógróir, an duine a shocraíonn an loingsiú, táirgeoir na dramhaíola, sealbhóir na dramhaíola, an t-iompróir, an coinsíní nó an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl mínithe a thabhairt maidir le fíorais nó doiciméid a bhaineann le hábhar agus cuspóir na gcigireachtaí agus na freagraí a thaifeadadh;

(d) ráitis ón bhfógróir, ón duine a shocraíonn an loingsiú, ó tháirgeoir na dramhaíola, ó shealbhóir na dramhaíola, ón iompróir, ón gcoinsíní nó ón tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl a bhaineann le hábhar agus cuspóir na gcigireachtaí a ghlacadh agus a thaifeadadh;

(e) an dramhaíl a sheiceáil go fisiceach agus samplaí den dramhaíl a thógáil le haghaidh tástálacha saotharlainne, i gcás inarb iomchuí.

6. Maidir leis an bhfógróir, an duine a shocraíonn an loingsiú, táirgeoir na dramhaíola, sealbhóir na dramhaíola, iompróir na dramhaíola, an coinsíní agus an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl, oibreoidh siad i gcomhar leis an gCoimisiún le linn a chigireachtaí.

7. Déanfaidh údaráis na mBallstát a bhfuil baint acu le cigireachtaí ar na loingsithe dramhaíola ar ina gcríoch a dhéanfaidh an Coimisiún an chigireacht, arna iarraidh sin don Choimisiún, an cúnamh is gá a thabhairt d'fhoireann an Choimisiúin.

8. Tá sé de cheangal ar an bhfógróir, ar an duine a shocraíonn an loingsiú, ar tháirgeoir na dramhaíola, ar shealbhóir na dramhaíola, ar iompróir na dramhaíola, ar an gcoinsíní agus ar an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl iad féin a chur faoi bhráid chigireachtaí an Choimisiúin.

9. I gcás ina bhfionnann an Coimisiún go bhfuil an fógróir, an duine a shocraíonn an loingsiú, táirgeoir na dramhaíola, sealbhóir na dramhaíola, iompróir na dramhaíola, an coinsíní nó an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl ag cur i gcoinne cigireachta, tabharfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann, an cúnamh is gá don Choimisiún, lena n-iarrfar i gcás inarb iomchuí, cúnamh ó na húdaráis forfheidhmiúcháin, chun go gcuirfear ar a chumas don Choimisiún a chigireacht a dhéanamh. Má bhíonn gá le húdarú ó údarás breithiúnach de réir an dlí náisiúnta chun an cúnamh sin a fháil, déanfar iarratas ar an údarú sin.

### *Airteagal 69*
### *Iarrataí ar fhaisnéis*

1. Féadfaidh an Coimisiún agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thoilíonn go gcuirfí agallamh air chun gach faisnéis is gá a bhaineann leis na loingsithe dramhaíola ábhartha a bhailiú.

2. I gcás ina ndéantar an t-agallamh sin in áitreabh de chuid bunaíochta, gnóthais, bróicéara nó déileálaí, cuirfidh an Coimisiún an bhuanfhoireann atá freagrach as comhar nó na pointí fócasacha dá dtagraítear in Airteagal 65(2) ar an eolas sa Bhallstát lena mbaineann ar ina chríoch a dhéantar an t-agallamh. Má dhéanann údarás an Bhallstáit sin cúnamh a iarraidh, féadfaidh oifigigh an Bhallstáit cúnamh a thabhairt d'fhoireann an Choimisiúin chun an t-agallamh a dhéanamh.

Cuirfear an cuireadh chun agallaimh chuig an duine i dtrácht agus beidh fógra 10 lá oibre ar a laghad ag gabháil leis. Féadfar an tréimhse fógra sin a ghiorrú le toiliú sainráite an duine lena mbaineann nó ar fhorais phráinne chuí-réasúnaithe a bhaineann leis an gcigireacht.

Sa chás deiridh ní bheidh an tréimhse fógra níos giorra ná 24 uair an chloig. Áireofar ar an gcuireadh liosta de chearta an duine lena mbaineann, go háirithe an ceart cúnamh a fháil ó dhuine a roghnóidh sé nó sí.

3. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as bunaíocht nó gnóthas, nó ar aon bhróicéir nó déileálaí, an fhaisnéis uile is gá a bhaineann leis na loingsithe dramhaíola ábhartha a sholáthar. Luafaidh an Coimisiún bunús dlí agus cuspóir na hiarrata, sonróidh sé an fhaisnéis atá ag teastáil agus socróidh sé an teorainn ama ar laistigh de atá an fhaisnéis le soláthar.

4. Cuirfidh an Coimisiún an iarraidh ar fáil gan mhoill d'údaráis ábhartha an Bhallstáit a bhfuil suíomh na bunaíochta, an ghnóthais, an bhróicéara nó an déileálaí suite ina chríoch agus d'údaráis an Bhallstáit a ndéantar difear dá chríoch.

5. I gcás nach soláthraíonn an bhunaíocht, gnóthas, bróicéir nó déileálaí an fhaisnéis a iarradh, nó i gcás ina gcinneann an Coimisiún nach leor an fhaisnéis a fuair sé chun teacht ar thátal, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an dara habairt d'Airteagal 61(6).

*Airteagal 70*

*Ráthaíochtaí nós imeachta*

1. Déanfaidh an Coimisiún cigireachtaí agus iarrfaidh sé faisnéis i gcomhréir le ráthaíochtaí nós imeachta an fhógróra, an duine a shocraíonn an loingsiú, tháirgeoir na dramhaíola, shealbhóir na dramhaíola, iompróir na dramhaíola, an choinsíní nó na saoráide a fhaigheann an dramhaíl a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Beidh an méid seo a leanas ag an bhfógróir, ag an duine a shocraíonn an loingsiú dramhaíola, ag táirgeoir na dramhaíola, ag sealbhóir na dramhaíola, ag iompróir na dramhaíola, ag an gcoinsíní nó ag an tsaoráid a fhaigheann an dramhaíl:

(a) an ceart gan ráitis fhéin-ionchoiritheacha a dhéanamh;

(b) an ceart chun cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin;

(c) an ceart chun aon cheann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht a úsáid;

(d) an ceart barúil a thabhairt ar fhíorais a bhaineann leo, a luaithe a bheidh an chigireacht críochnaithe agus sula nglacfar tuarascáil de bhun Airteagal 67(4). Beidh achoimre ar na fíorais a bhaineann leis an duine i dtrácht san áireamh sa chuireadh chun barúlacha a thabhairt agus léireofar inti teorainn ama leormhaith chun barúlacha a thíolacadh. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo i gcás inar gá chun rúndacht na cigireachta nó aon imscrúdaithe riaracháin nó choiriúil atá ar siúl nó a bheidh ar siúl ag údarás náisiúnta amach anseo a chaomhnú, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an cuireadh chun barúlacha a thabhairt a chur siar;

(e) an ceart chun cóip de thaifead an agallaimh a fháil agus é a fhormheas nó barúlacha a chur leis;

(f) i gcás moltaí breithiúnacha a bheith déanta ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 67(4), agus gan dochar do chearta rúndachta sceithirí agus brathadóirí, agus i gcomhréir leis na rialacha rúndachta agus cosanta sonraí is infheidhme, féadfaidh an duine i dtrácht a iarraidh ar an gCoimisiún an tuarascáil arna tarraingt suas faoi Airteagal 67(4) a sholáthar a mhéid a bhaineann sí leis an duine sin. Ní thabharfaidh an Coimisiún rochtain ach amháin le toiliú sainráite fhaighteoirí uile na tuarascála.

Lorgóidh an Coimisiún fianaise ar son agus i gcoinne an fhógróra, an duine a shocraíonn an loingsiú, tháirgeoir na dramhaíola, shealbhóir na dramhaíola, iompróir na dramhaíola, an choinsíní nó na saoráide a fhaigheann an dramhaíl, agus déanfaidh sé cigireachtaí agus iarrfaidh sé faisnéis go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus i gcomhréir le prionsabal thoimhde na neamhchiontachta.

3. Áiritheoidh an Coimisiún rúndacht na gcigireachtaí, an agallaimh agus na hiarrata a dhéanfar de bhun na roinne seo. Beidh an fhaisnéis a tharchuirtear nó a fhaightear le linn na gcigireachtaí, an agallaimh agus na n-iarrataí de bhun na roinne seo faoi réir rialacha cosanta sonraí.

*Airteagal 71*

*Cúnamh frithpháirteach*

Chun críocha an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus gan dochar d'Airteagail 64 agus 65 den Rialachán seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialachán (CE) Uimh. 515/97, cé is moite d'Airteagal 2a, Airteagail 18a go 18e, Teidil IV go VII, agus an Iarscríbhinn, i leith an chomhair atá idir údaráis ábhartha na mBallstát agus an Coimisiún a chuireann na forálacha atá sa roinn seo chun feidhme.

# TEIDEAL VIII
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 72*

*Formáid na cumarsáide*

I gcás nach bhfuil feidhm ag na forálacha in Airteagal 27 nó i gcás nach bhfuil gníomhaithe atá lasmuigh den Aontas nasctha leis an lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 27(3), féadfaidh na gníomhaithe ábhartha faisnéis agus doiciméid dá dtagraítear sa Rialachán seo a chur isteach agus a mhalartú tríd an bpost, trí fhacs, trí ríomhphost le síniú digiteach, trí ríomhphost gan síniú digiteach agus tríd an bpost ina dhiaidh sin nó, i gcás ina ndéantar comhaontú idir na gníomhaithe lena mbaineann, trí ríomhphost gan síniú digiteach. I gcás ríomhphost le síniú digiteach, cuirfear an síniú digiteach in ionad aon stampa nó síniú a cheanglaítear.

*Airteagal 73*

*Tuairisciú*

1. Roimh dheireadh gach bliana féilire, déanfaidh gach Ballstát cóip den tuarascáil a tharraing sé suas agus a chuir sé faoi bhráid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin sin don bhliain féilire roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Choinbhinsiún Basel.

2. Roimh dheireadh gach bliana féilire, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil don bhliain féilire roimhe sin a tharraingt suas freisin, ar tuarascáil í a bheidh bunaithe ar an gceistneoir tuairiscithe breise atá in Iarscríbhinn XI, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin í. Laistigh de mhí ón tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, déanfaidh na Ballstáit freisin an chuid sin den tuarascáil a bhaineann le hAirteagail 25, 60(1) agus 63(1), lena n-áirítear Tábla 7 d'Iarscríbhinn XI, a chur ar fáil go poiblí, go leictreonach ar an idirlíon, i gcomhar le haon mhíniúchán a mheasann na Ballstáit a bheith iomchuí, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na hipearnaisc ghaolmhara. Tiomsóidh an Coimisiún liosta hipearnaisc na mBallstát agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí é ar a shuíomh gréasáin.

3. Déanfar na tuarascálacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit, i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, a chur faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach.

4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí a thuairiscítear i gcomhréir leis an Airteagal seo agus foilseoidh sé tuarascáil ina mbeidh torthaí a athbhreithnithe.

Ina theannta sin, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh sa tuarascáil sin ar na gnéithe seo a leanas:

(a) treochtaí i loingsithe neamhdhleathacha agus dea-chleachtais chun dul i ngleic leis na loingsithe sin, agus moltaí arna ndéanamh ag an ngrúpa forfheidhmiúcháin um loingsiú dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 66 á gcur i gcuntas;

(b) éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn a leagtar síos i gCaibidil 1 de Theideal II, agus go háirithe na hamlínte gaolmhara, *inter alia*, trí anailís a dhéanamh ar ghnéithe amhail líon na n-agóidí agus na dtoilithe, agus an t-am idir fógra a thíolacadh agus cinneadh a dhéanamh ina leith, bunaithe ar shonraí a stóráiltear sa chóras dá dtagraítear in Airteagal 27;

(c) rannchuidiú an Rialacháin seo le haeráidneodracht, geilleagar ciorclach agus truailliú nialasach a bhaint amach, agus na tuarascálacha agus na sonraí arna bhfoilsiú ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais á gcur i gcuntas.

Tacóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil leis an gCoimisiún agus é i mbun faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, i gcás inarb iomchuí, trí thuarascálacha a tharraingt suas ina gcuirtear anailís ar fáil faoi loingsithe sruthanna sonracha dramhaíola, agus faoi na tionchair chomhshaoil a ghabhann leo.

Déanfar an tuarascáil a luaitear sa chéad fhomhír a tharraingt suas den chéad uair faoin … [ dáta dheireadh an chúigiú bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

5. Tar éis an … [60 mí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina ndéanfar measúnú i dtaobh ar áirithíodh le cur chun feidhme na bhforálacha atá in Airteagail 39 go 46 bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar dhramhaíl phlaisteach, san Aontas agus i dtíortha araon inar onnmhairíodh dramhaíl den sórt sin ón Aontas, agus nár tharla aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha maidir le cóireáil dramhaíola tí i dtíortha allmhairiúcháin. Cuirfear san áireamh inti faisnéis agus gnéithe arna soláthar ag na Ballstáit a bhfuil baint acu le dramhaíl phlaisteach a onnmhairiú, ag údaráis inniúla na dtíortha allmhairithe, agus ag oibreoirí eacnamaíocha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh maith.

Soláthrófar faisnéis sa tuarascáil freisin maidir leis an bhforbairt ar acmhainneacht na n-oibreoirí dramhaíola san Aontas dramhaíl phlaisteach a ghintear sna Ballstáit agus a allmhairítear isteach san Aontas a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin i dtaobh ar rannchuidigh na forálacha maidir le loingsithe dramhaíola idir na Ballstáit le feabhas a chur ar bhainistiú na dramhaíola plaistí, go háirithe ag féachaint ar aicmiú na dramhaíola plaistí faoi iontráil AE3011.

Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí, chun an Rialachán seo a leasú, lena bhféadfaí coinníollacha níos déine a áireamh maidir le dramhaíl phlaisteach a onnmhairiú chuig tríú tíortha, lena n-áirítear toirmisc ar onnmhairiú.

*Airteagal 74*

*Comhar idirnáisiúnta*

Comhoibreoidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí agus inar gá i gcuibhreann leis an gCoimisiún, le Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Basel agus le heagraíochtaí idirstáit, *inter alia*, trí fhaisnéis a mhalartú nó a roinnt, teicneolaíocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn agus cóid iomchuí dea-chleachtais a fhorbairt.

*Airteagal 75*

*Údaráis inniúla a ainmniú*

Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as an Rialachán seo a chur chun feidhme. Ní ainmneoidh gach Ballstát ach údarás inniúil idirthurais aonair amháin.

*Airteagal 76*

*Comhfhreagraithe a ainmniú*

Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún araon aon chomhfhreagraí amháin nó níos mó ná sin a ainmniú a bheidh freagrach as daoine nó gnóthais a dhéanann fiosruithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur ar an eolas nó comhairle a chur orthu. Déanfaidh comhfhreagraí an Choimisiúin aon cheist a chuirtear air a bhaineann leis na Ballstáit a chur ar aghaidh chuig comhfhreagraithe na mBallstát, agus vice versa.

*Airteagal 77*

*Oifigí custam iontrála agus oifigí custam imeachta a ainmniú*

Féadfaidh na Ballstáit oifigí custam iontrála sonracha agus oifigí custam imeachta sonracha a ainmniú le haghaidh loingsithe dramhaíola ag teacht isteach san Aontas agus ag imeacht uaidh. I gcás ina gcinneann Ballstát oifigí custam den sórt sin a ainmniú, ní úsáidfear aon phointí trasnaithe teorann eile laistigh den Bhallstát sin chun críoch loingsithe ag teacht isteach san Aontas nó ag imeacht uaidh.

*Airteagal 78*

*Fógra agus faisnéis maidir le hainmniúcháin*

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le hainmniúcháin i dtaobh na nithe seo a leanas:

   (a) údaráis inniúla, de bhun Airteagal 75;

   (b) comhfhreagraithe, de bhun Airteagal 76;

   (c) i gcás inarb ábhartha, oifigí custam iontrála agus oifigí custam imeachta, de bhun Airteagal 77.

2. I ndáil leis na hainmniúcháin dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Choimisiún:

(a) ainmneacha;

(b) seoltaí poist;

(c) seoltaí ríomhphoist;

(d) uimhreacha teileafóin;

(e) na teangacha a nglacann na húdaráis inniúla leo.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún láithreach bonn maidir le haon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, chomh maith le haon athrú ar an bhfaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach.

5. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liostaí de na húdaráis inniúla ainmnithe, na comhfhreagraithe ainmnithe agus, i gcás inarb ábhartha, na hoifigí custam iontrála agus na hoifigí custam imeachta ainmnithe, agus tabharfaidh sé na liostaí sin cothrom le dáta de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 79*

*Leasú ar Iarscríbhinní I go X agus XII*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinní IA, IB, IC, II, III, IIIA, IIIB, IV, V, VI agus VII a leasú chun na hathruithe a chomhaontaítear faoi Choinbhinsiún Basel agus faoi Chinneadh ECFE a chur i gcuntas.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn IC a leasú chun í a oiriúnú do chur chun feidhme Airteagal 27, tar éis … [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn IIIA a leasú, chun, tar éis do Bhallstát iarraidh a thíolacadh nó ar a thionscnamh féin, meascáin de dhá chineál dramhaíola nó níos mó ná sin a liostaítear in Iarscríbhinn III a áireamh san Iarscríbhinn sin, ar choinníoll nach ndéanfaidh comhdhéanamh na meascán de dhramhaíolacha sin dochar dá n-aisghabháil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus, i gcás ina léirítear go ndéanfar an meascán de dhramhaíolacha atá i gceist a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol laistigh den Aontas agus a fhoráil nach mbeidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó ná sin de na hiontrálacha in Iarscríbhinn IIIA ach amháin i gcás loingsithe idir na Ballstáit a léirítear ina leith go meastar nach ndéanfar an meascán de dhramhaíolacha atá i gceist a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i dtíortha a bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ina leith.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn IIIB a leasú, chun, tar éis do Bhallstát iarraidh a thíolacadh nó ar a thionscnamh féin, dramhaíolacha neamhghuaiseacha nach liostaítear in Iarscríbhinn III, in Iarscríbhinn IV ná in Iarscríbhinn V a áireamh san Iarscríbhinn sin, i gcás ina léirítear go ndéanfar an dramhaíl atá i gceist a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol laistigh den Aontas.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn VIII a leasú a mhéid a bhaineann le foirm agus ábhar na faisnéise dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, bunaithe ar thaithí a fuarthas le linn chur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun nuashonrú a dhéanamh ar an bhfoirm agus ar an bhfaisnéis san Iarscríbhinn sin maidir le reachtaíocht an Aontais agus treoir idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar bhonn forbairtí sna fóraim ábhartha idirnáisiúnta nó ar leibhéal an Aontais agus chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur i gcuntas.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn IX a leasú, chun na liostaí de reachtaíocht an Aontais agus de threoir idirnáisiúnta a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar bhonn forbairtí ar leibhéal an Aontais nó sna fóraim ábhartha idirnáisiúnta.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn X a leasú a mhéid a bhaineann leis na critéir atá san Iarscríbhinn sin, bunaithe ar an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun an fhaisnéis atá san Iarscríbhinn sin maidir le reachtaíocht an Aontais agus treoir idirnáisiúnta a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn forbairtí sna fóraim ábhartha idirnáisiúnta nó ar leibhéal an Aontais maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur i gcuntas.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 80 chun Iarscríbhinn XII a leasú a mhéid a bhaineann leis na critéir atá san Iarscríbhinn sin, bunaithe ar thaithí a fuarthas le linn chur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 80*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 14(3), 15(6), 18(15), 27(2), 29(6), 39(5), 41(1), 43(4), 45(6), agus airteagal 79 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 14(3), 15(6), 18(15), 27(2), 29(6), 39(5), 41(1), 43(4), 45(6), agus airteagal 79 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 14(3), 15(6), 18(15), 27(2), 29(6), 39(5), 41(1), 43(4), 45(6), nó airteagal 79 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 81*

*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an coiste a bunaíodh le hAirteagal 39 de Threoir 2008/98/CE cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 82*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Chun críocha Airteagal 6(2)(a), Airteagal 7(2)(d) agus Airteagail 13, 15 agus 16,’;

(2) in Airteagal 6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) nach ndéantar iad a athchúrsáil ach amháin i saoráidí athchúrsála long a áirítear sa Liosta Eorpach agus, i gcás longa a meastar gur dramhaíl ghuaiseach iad, atá lonnaithe i limistéar atá faoi dhlínse náisiúnta Ballstáit agus a onnmhairítear ón Aontas, ag na saoráidí sin amháin a áirítear ar an Liosta Eorpach atá lonnaithe i dtíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel.’.

*Airteagal 83*

*Leasú ar Rialachán (AE) 2020/1056*

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/1056 mar a leanas:'

(1) in Airteagal 2(1)(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

'(iv) Airteagal 9(2), Airteagal 16(1) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[+*]; ní dochar an Rialachán seo do rialuithe a dhéanann oifigí custam dá bhforáiltear i bhforálacha ábhartha de ghníomhartha dlí an Aontais.

---

[*] Rialachán (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le loingsiú dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L, …, ELI: … .).';

(2) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, glacfaidh údaráis inniúla faisnéis rialála, lena n-áirítear faisnéis bhreise, de bhun Rialachán (AE)2024/…[++] amhail ón … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin].';

---

[+] IO: Cuirtear isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 84/23 2021/0367(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 84/23 (2021/0367(COD)).

(3) in Airteagal 5, scriostar mír 2;

(4) in Airteagal 7, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. De mhaolú ar mhír 3, déanfar eilimintí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann le ceanglais faisnéise a leagtar amach sna forálacha dá dtagraítear i bpointe (iv) d'Airteagal 2(1)(a) a ghlacadh tráth nach déanaí ná an dáta dá dtagraítear in Airteagal 27(5) de Rialachán (AE) 2024/…+.';

(5) in Airteagal 8, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. De mhaolú ar mhír 3, déanfar eilimintí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann go sonrach le rochtain agus próiseáil faisnéise rialála ag na húdaráis i ndáil le ceanglais a leagtar amach sna forálacha dá dtagraítear i bpointe (iv) d'Airteagal 2(1)(a), lena n-áirítear an chumarsáid leis na hoibreoirí eacnamaíocha i ndáil leis an bhfaisnéis sin, a ghlacadh tráth nach déanaí ná an dáta dá dtagraítear in Airteagal 27(5) de Rialachán (AE) 2024/…+.';

(6) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. De mhaolú ar mhír 2, déanfar eilimintí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann go sonrach le próiseáil faisnéise rialála i ndáil le ceanglais a leagtar amach sna forálacha dá dtagraítear i bpointe (iv) d'Airteagal 2(1)(a) a ghlacadh tráth nach déanaí ná an dáta dá dtagraítear in Airteagal 27(5) de Rialachán (AE) 2024/…+.'.

---

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 84/23 (2021/0367(COD)).

*Airteagal 84*

*Athbhreithniú*

Faoin 31 Nollaig 2035, agus na tuarascálacha arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 73, agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 62(5), *inter alia*, á gcur i gcuntas aige, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar thorthaí an athbhreithnithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh togra reachtach ag gabháil léi, má mheasann an Coimisiún gurb iomchuí sin.

Déanfaidh an Coimisiún, le linn a athbhreithnithe agus mar chuid dá thuarascáil, measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn a leagtar síos i gCaibidil 1 de Theideal II, agus go háirithe na hamlínte gaolmhara in Airteagail 8, 14, 15 agus 16, *inter alia*, trí anailís a dhéanamh ar ghnéithe amhail líon na n-agóidí agus na dtoilithe, agus an t-am idir fógra a thíolacadh agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Féadfaidh an Coimisiún sonraí atá stóráilte sna córais dá dtagraítear in Airteagal 27 a úsáid chun na críche sin;

(b) má sholáthraítear trédhearcacht leormhaith trí shonraí maidir le loingsithe dramhaíola a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 21, go háirithe trí anailís a dhéanamh i dtaobh má mheas agus cén fáth ar mheas na húdaráis inniúla nó na daoine a shocraíonn na loingsithe ainmneacha na saoráidí ag an gceann scríbe a bheith rúnda i ngeall ar reachtaíocht an Aontais agus ar an reachtaíocht náisiúnta;

(c) má rannchuidigh an Rialachán seo go leordhóthanach leis an aeráidneodracht, leis an ngeilleagar ciorclach agus le truailliú nialasach a bhaint amach, agus na tuarascálacha agus na sonraí arna bhfoilsiú ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais á gcur i gcuntas.

Déanfaidh an Coimisiún, le linn a athbhreithnithe agus mar chuid dá thuarascáil, measúnú ina theannta sin i dtaobh ar urramaíodh prionsabal an chomhionannais i ndlí an Aontais, déanfaidh sé meastóireacht sa chomhthéacs sin ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar iomaíochas aon Bhallstáit, agus déanfaidh sé bearta ceartaitheacha i gcás ina meastar gur gá sin.

*Airteagal 85*

*Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha*

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 le héifeacht ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Mar sin féin, leanfaidh forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 d'fheidhm a bheith acu go dtí an … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] cé is moite den mhéid seo a leanas:

   (a) Airteagal 30 a scoirfidh d'fheidhm a bheith aige ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (b) Airteagal 37 a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige go dtí an … [36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (c) Airteagal 51 a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige go dtí an 31 Nollaig … [bliain féilire 15 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 d’fheidhm a bheith aige freisin i leith loingsithe ar cuireadh fógra isteach ina dtaobh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin agus ar thug an t-údarás inniúil cinn scríbe admháil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin roimh an … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. I gcás na loingsithe dramhaíola sin, ní bheidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo ina leith.

4. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007[47] le héifeacht ón … [36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

5. Déanfar aisghabháil nó diúscairt dramhaíola i loingsiú a bhfuil a dtoiliú tugtha ag na húdaráis inniúla lena mbaineann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 a thabhairt i gcrích tráth nach déanaí ná bliain amháin ón … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

6. Déanfar loingsiú dramhaíola a bhfuil a dtoiliú tugtha ag na húdaráis inniúla lena mbaineann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 a thabhairt i gcrích tráth nach déanaí ná 3 bliana ón … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

7. Scoirfidh réamhthoiliú saoráide i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 de bheith bailí tráth nach déanaí ná 5 bliana ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

---

[47] Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2007 maidir le dramhaíl áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola a rialú ina leith (IO L 316, 4.12.2007, lch. 6).

8. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe (CE) Uimh. 1013/2006 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII.

*Airteagal 86*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Mar sin féin, i ndáil leis na forálacha seo a leanas, beidh feidhm ag na dátaí cur i bhfeidhm seo a leanas:

   (a) beidh feidhm ag Airteagal 83, pointí 5 agus 6, ón 20 Lúnasa 2020;

   (b) Airteagail 2(2) pointe (i), Airteagail 7(10), 11(5), 14(3), 15(6), 18(15), 27(2) and (5), 29(3) agus (6), Airteagal 31, 41 go 43, Airteagal 45, 51(7), 61(7), Airteagal 66, Airteagail 79 go 82 agus Airteagal 83, pointí 1 go 3, ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

   (c) Airteagal 39 pointe (1)(d) ón … [30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

(d) Airteagal 38(2) pointe (b), Airteagal 40, Airteagal 44(2) pointe (a), agus Airteagail 46 agus 47 ón … [36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], cé is moite d'Airteagal 40 (3)(b) a mbeidh feidhm aige ón … [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

(e) Airteagal 73 ón 1 Eanáir … [an bhliain féilire tar éis na bliana a shonraítear in Airteagal 85(2)(c)].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN IA

## Doiciméad fógartha le haghaidh gluaiseachtaí trasteorann/loingsithe dramhaíola

1. Onnmhaireoir - fógróir Cláruimhir:
Ainm:
Seoladh:

Teagmhálaí:
Fón: Facs:
Ríomhphost:

2. Allmhaireoir - coinsíní Cláruimhir:
Ainm:
Seoladh:

Teagmhálaí:
Fón: Facs:
Ríomhphost:

3. Uimh. an Fhógra:
Fógra maidir le
A.(i) Loingsiú aonair: ☐
(ii) Loingsithe iomadúla: ☐
B.(i) Diúscairt (1): ☐
(ii) Aisghabháil: ☐
C. Saoráid aisghabhála réamhthoilithe (2);(3) Is ea ☐ Ní hea ☐

4. An líon iomlán loingsithe atá beartaithe:

5. An chainníocht iomlán atá beartaithe (4):
Tonaí (Mg):
$m^3$:

6. An tréimhse atá beartaithe le haghaidh loingsiú/loingsithe (4):
An chéad imeacht: An t-imeacht deireanach:

7. Cineál/cineálacha pacáistíochta (5):
Ceanglais láimhseála speisialta (6): Tá: ☐ Níl: ☐

8. Cláruimhir an iompróra/na n-iompróirí beartaithe:
Ainm(7):
Seoladh:

Teagmhálaí:
Fón: Facs:
Ríomhphost:
Modh iompair (5):

9. Táirgeoir/táirgeoirí - gineadóir/gineadóirí dramhaíola (1);(7);(8)
Ainm: Cláruimhir:
Seoladh:

Teagmhálaí:
Fón: Facs:
Ríomhphost:
Láthair agus próiseas giniúna (6)

10. Saoráid diúscartha (2): ☐ nó saoráid aisghabhála (2): ☐
Cláruimhir:
Ainm:
Seoladh:

Teagmhálaí:
Fón: Facs:
Ríomhphost:
Láthair iarbhír na diúscartha/na haisghabhála:

11. Oibríocht/oibríochtaí aisghabhála / diúscartha (2)
D-chód / R-chód (5):
Teicneolaíocht a chuirtear i bhfeidhm (6):

An chúis atá leis an onnmhairiú (1);(6):

12. Ainmniú agus comhdhéanamh na dramhaíola (6):

13. Saintréithe fisiceacha (5):

14. Sainaithint dramhaíola (comhlánaigh na cóid ábhartha)
(i) Iarscríbhinn VIII Basel (nó IX más infheidhme):
(ii) Cód ECFE (más éagsúil le (i)):
(iii) Liosta de dhramhaíolacha an Aontais Eorpaigh:
(iv) Cód náisiúnta sa tír is onnmhaireoir:
(v) Cód náisiúnta sa tír is allmhaireoir:
(vi) Eile (sonraigh):
(vii) Y-chód:
(viii) H-chód (5):
(ix) Aicme NA (5):
(x) Uimhir NA:
(xi) Ainm iompair NA:
(xii) Cód/cóid custam (CC):

15. (a) Tíortha/stáit lena mbaineann, (b) códuimhir na n-údarás inniúil i gcás inarb infheidhme, (c) pointí sonracha imeachta nó iontrála (pointe trasnaithe teorann nó calafort)

| Stát an onnmhairithe - seolta | Stát/stáit idirthurais (iontráil agus imeacht) | | | | Stát cinn scríbe an allmhairithe |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | | | | | |
| (b) | | | | | |
| (c) | | | | | |

16. Oifigí custam iontrála agus/nó imeachta agus/nó onnmhairithe: (An tAontas Eorpach): Iontráil: Imeacht: Onnmhairiú:

17. Dearbhú an onnmhaireora - an fhógróra / an ghineadóra - an Táirgeora (1):
Deimhním go bhfuil an fhaisnéis iomlán agus ceart a mhéid is eol dom. Deimhním freisin go ndearnadh oibleagáidí conarthacha i scríbhinn atá infhorfheidhmithe le dlí agus go bhfuil nó go mbeidh aon árachas nó ráthaíocht airgeadais eile is infheidhme i bhfeidhm lena gcumhdaítear an ghluaiseacht trasteorann.

Ainm fhógróir - an onnmhaireora: Dáta: Síniú:

Ainm tháirgeoir - an ghineadóra: Dáta: Síniú:

18. An líon iarscríbhinní atá i gceangal

LENA ÚSÁID AG ÚDARÁIS INNIÚLA

<table>
<tr><td>19. Admháil ó údarás inniúil ábhartha<br>na dtíortha is allmhaireoirí - cinn scríbe/ idirthurais (1) / is onnmhaireoirí - seolta (9):</td><td>20. Toiliú i scríbhinn (1);(8) leis an ngluaiseacht arna sholáthar ag údarás inniúil na (tíre):</td></tr>
<tr><td>Tír:<br>Fógra arna fháil an:<br>Admháil arna seoladh an:<br>Ainm an údaráis inniúil:<br>Stampa agus/nó síniú:</td><td>Toiliú arna thabhairt an:<br>Toiliú bailí ón: go dtí an:<br>Coinníollacha sonracha: Níl: ☐ Más amhlaidh, féach bloc 21 (6): ☐<br>Ainm an údaráis inniúil:<br>Stampa agus/nó síniú:</td></tr>
<tr><td colspan="2">21. Coinníollacha sonracha maidir le toiliú leis an doiciméad gluaiseachta nó cúiseanna atá leis an agóid</td></tr>
<tr><td colspan="2"></td></tr>
</table>

(1) De réir mar a cheanglaítear le Coinbhinsiún Basel
(2) I gcás oibríocht R12/R13 nó D13-D15, cuir i gceangal freisin faisnéis chomhfhreagrach maidir le haon oibríocht R12/R13 nó D13-D15 ina dhiaidh sin agus maidir le saoráid nó saoráidí R1-R11 nó D1-D12 ina dhiaidh sin nuair is gá.
(3) Le comhlánú i gcás gluaiseachtaí laistigh de limistéar OECD má bhíonn feidhm ag B(ii) agus sa chás sin amháin.
(4) Cuir liosta mionsonraithe i gceangal más loingsithe iomadúla atá i gceist
(5) Féach an liosta giorrúchán agus cód ar an gcéad leathanach eile
(6) Cuir sonraí i gceangal más gá
(7) Cuir liosta i gceangal má bhíonn breis agus ceann amháin i gceist
(8) Má cheanglaítear sin leis an reachtaíocht náisiúnta
(9) Más infheidhme faoi Chinneadh ECFE

Liosta giorrúchán agus cód a úsáidtear sa doiciméad fógartha

| | |
|---|---|
| OIBRÍOCHTAÍ DIÚSCARTHA (bloc 11) | |
| D1 | Cur i dtalamh nó ar thalamh, (e.g. líonadh talún, etc.) |
| D2 | Cóireáil talún, (e.g. bith-dhíghrádú ábhar aischurtha leachta nó sloda in ithreacha, etc.) |
| D3 | Instealladh domhain, (e.g. ábhair aischurtha ar féidir caidéalú a dhéanamh orthu a instealladh isteach i dtoibreacha, i gcruinneacháin salainn nó i stórais a bhíonn ann go nádúrtha, etc.) |
| D4 | Locadh dromchla, (e.g. ábhair aischurtha leachta nó sloda a chur i gclaiseanna, i linnte nó i murlaigh, etc.) |
| D5 | Líonadh talún a ndearnadh innealtóireacht speisialta air, (e.g. cur isteach i gcealla scoite líneáilte atá caidhpeáilte agus scoite amach ó chéile agus ón gcomhshaol, etc.) |
| D6 | Scaoileadh amach i ndobharlach seachas farraigí/aigéin |
| D7 | Scaoileadh amach i bhfarraigí/aigéin lena n-áirítear ionsá ar ghrinneall na farraige |
| D8 | Cóireáil bhitheolaíoch nach sonraítear in aon áit eile sa liosta seo as a dtagann comhdhúile nó meascáin chríochnaitheacha a aischuirtear trí bhíthin aon cheann de na córais sa liosta seo |
| D9 | Cóireáil fhisiciceimiceach nach sonraítear in aon áit eile sa liosta seo as a dtagann comhdhúile nó meascáin chríochnaitheacha a aischuirtear trí bhíthin aon cheann de na córais sa liosta seo (e.g., galú, triomú, cailcíniú, etc.) |
| D10 | Loscadh ar tír |
| D11 | Loscadh ar muir |
| D12 | Stóráil bhuan, (e.g., coimeádáin a shuí i mianach, etc.) |
| D13 | Cumasc nó meascadh sula gcuirtear an t-ábhar faoi aon cheann de na hoibríochtaí sa liosta seo |
| D14 | Athphacáistiú sula gcuirtear an t-ábhar faoi aon cheann de na hoibríochtaí sa liosta seo |
| D15 | Stóráil ar feitheamh aon cheann de na hoibríochtaí atá uimhrithe sa liosta seo |

| OIBRÍOCHTAÍ AISGHABHÁLA (bloc 11) | |
|---|---|
| R1 | Úsáid mar bhreosla (seachas i loscadh díreach) nó mar mhodh eile chun fuinneamh a ghiniúint (Basel/ECFE) – Úsáid go príomha mar bhreosla nó mar mhodh eile chun fuinneamh a ghiniúint (AE) |
| R2 | Athshlánú/athghiniúint tuaslagóra |
| R3 | Athchúrsáil/athshlánú substaintí orgánacha nach n-úsáidtear mar thuaslagóirí |
| R4 | Athchúrsáil/athshlánú miotal agus cumasc miotail |
| R5 | Athchúrsáil/athshlánú ábhar orgánach eile |
| R6 | Athghiniúint aigéad nó bunanna |
| R7 | Aisghabháil comhpháirteanna a úsáidtear chun truailliú a laghdú |
| R8 | Aisghabháil comhpháirteanna ó chatalaígh |
| R9 | Athscagadh ola úsáidte nó athúsáidí eile ola a úsáideadh roimhe sin |
| R10 | Cóireáil talún a bhfuil tairbhe don talmhaíocht nó feabhas éiceolaíochta mar thoradh uirthi |
| R11 | Úsáidí ábhar iarmharach a fhaightear ó aon cheann de na hoibríochtaí darb uimhir R1-R10 |
| R12 | Dramhaíolacha a mhalartú lena gcur faoi aon cheann de na hoibríochtaí darb uimhir R1-R11 |
| R13 | Carnadh ábhair atá beartaithe d’aon oibríocht sa liosta seo |

CINEÁLACHA PACÁISTÍOCHTA (bloc 7)

1. Druma
2. Bairille adhmaid
3. Canna breosla
4. Bosca
5. Mála
6. Pacáistíocht ilchodach
7. Gabhdán brú
8. Bulc
9. Burla
10. Eile (sonraigh)

MODH IOMPAIR (bloc 8)

R = Bóthar

T = Traein/Iarnród

S = Farraige

A = Aer

W = Uiscebhealaí Intíre

SAINTRÉITHE FISICEACHA (bloc 13)

1. Púdrach/púdar
2. Soladach
3. Slaodach/taos
4. Slodach
5. Leachtach
6. Gásach
7. Eile (sonraigh)

H-CHÓD AGUS AICME NA (bloc 14)

| Aicme NA | H-Chód | Saintréithe |
|---|---|---|
| 1 | H1 | Pléascach |
| 3 | H3 | Leachtanna inadhainte |
| 4.1 | H4.1 | Solaid inadhainte |
| 4.2 | H4.2 | Substaintí so-adhainte nó dramhaíolacha so-adhainte |
| 4.3 | H4.3 | Substaintí nó dramhaíolacha as a n-astaítear gáis inadhainte ar a dteacht i dteagmháil le huisce |
| 5.1 | H5.1 | Ocsaídiú |
| 5.2 | H5.2 | Sárocsaídí orgánacha |
| 6.1 | H6.1 | Nimhiúil (géar) |
| 6.2 | H6.2 | Substaintí ionfhabhtaíocha |
| 8 | H8 | Creimnigh |
| 9 | H10 | Gáis thocsaineacha á saoradh ar a dteacht i dteagmháil le haer nó le huisce |
| 9 | H11 | Tocsaineach (moillithe nó ainsealach) |
| 9 | H12 | Éiceatocsaineach |
| 9 | H13 | Is féidir, tar éis an ábhar a dhiúscairt, go dtiocfaidh ábhar eile as, ar aon slí, e.g. láisteáit, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe a liostaítear thuas |

Is féidir tuilleadh faisnéise, go háirithe maidir le sainaithint dramhaíola (bloc 14), i.e. faoi chóid in Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, cóid ECFE agus Y-chóid, a fháil i Lámhleabhar Treorach/Teagaisc atá ar fáil ó ECFE agus ó Rúnaíocht Choinbhinsiún Basel

# IARSCRÍBHINN IB

<table>
<tr><td colspan="4">Doiciméad gluaiseachta le haghaidh gluaiseachtaí trasteorann/loingsithe dramhaíola</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">1. Comhfhreagrach d'Uimh. an Fhógra:</td><td>2. Sraithuimhir/an líon iomlán loingsithe:</td><td>/</td></tr>
<tr><td>2a. Uimhir aitheantais an choimeádáin, más infheidhme</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">3. Onnmhaireoir - fógróir Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br><br>Teagmhálaí:<br>Fón: Facs:<br>Ríomhphost:</td><td colspan="2">4. Allmhaireoir - coinsíní Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br><br>Teagmhálaí:<br>Fón: Facs:<br>Ríomhphost:</td></tr>
<tr><td>5. Cainníocht iarbhír:</td><td>Tonaí (Mg): m³:</td><td colspan="2">6 Dáta iarbhír an loingsithe:</td></tr>
<tr><td colspan="4">7. Pacáistíocht Cineál/cineálacha (1): An líon pacáistí:<br>Ceanglais láimhseála speisialta: (2) Tá: ☐ Níl: ☐</td></tr>
<tr><td colspan="4">8.(a) An chéad iompróir (3):<br>Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Fón:<br>Ríomhphost:<br><br>8.(b) An dara hiompróir:<br>Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Fón:<br>Ríomhphost:<br><br>8.(c) An t-iompróir deiridh:<br>Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Fón:<br>Ríomhphost:<br>Níos mó ná trí iompróir (2) ☐<br><br>- - - - - - - Le comhlánú ag ionadaí an iompróra - - - - - - -<br><br>Modh iompair (1): Dáta an aistrithe: Síniú: (8.(a))<br>Modh iompair (1): Dáta an aistrithe: Síniú: (8.(b))<br>Modh iompair (1): Dáta an aistrithe: Síniú: (8.(c))</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="3">9. Táirgeoir/táirgeoirí – gineadóir/gineadóirí dramhaíola (4);(5);(6):<br>Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br>Teagmhálaí:<br>Fón: Facs:<br>Ríomhphost:<br>Láthair an ghiniúna (2):</td><td colspan="2">12. Ainmniú agus comhdhéanamh na dramhaíola (2):</td></tr>
<tr><td colspan="2">13. Saintréithe fisiceacha (1):</td></tr>
<tr><td colspan="2">14. Sainaithint dramhaíola (comhlánaigh na cóid ábhartha)<br>(i) Iarscríbhinn VIII Basel (nó IX más infheidhme):</td></tr>
<tr><td colspan="2">10. Saoráid diúscartha ☐ nó saoráid aisghabhála ☐<br>Cláruimhir:<br>Ainm:<br>Seoladh:<br><br>Teagmhálaí:<br>Fón: Facs:<br>Ríomhphost:<br>Láthair iarbhír na diúscartha/na haisghabhála (2)</td><td colspan="2" rowspan="3">(ii) Cód ECFE (más éagsúil le (i)):<br>(iii) Liosta de dhramhaíolacha an Aontais Eorpaigh:<br>(iv) Cód náisiúnta sa tír is onnmhaireoir:<br>(v) Cód náisiúnta sa tír is allmhaireoir:<br>(vi) Eile (sonraigh):<br>(vii) Y-chód:<br>(viii) H-chód (1):<br>(ix) Aicme NA (1):<br>(x) Uimhir NA:<br>(xi) Ainm iompair NA:<br>(xii) Cód/cóid custam (CC):</td></tr>
<tr><td colspan="2">11. Oibríocht/oibríochtaí diúscartha/aisghabhála</td></tr>
<tr><td colspan="2">D-chód /<br>R-chód (1):</td></tr>
<tr><td colspan="4">15. Dearbhú an onnmhaireora - an fhógróra / an ghineadóra - an táirgeora (4):<br>Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuas iomlán agus ceart a mhéid is eol dom. Deimhním freisin go ndearnadh oibleagáidí conarthacha i scríbhinn atá infhorfheidhmithe le dlí, go bhfuil aon árachas nó aon ráthaíocht airgeadais eile is infheidhme i bhfeidhm lena gcumhdaítear an ghluaiseacht trasteorann agus go bhfuarthas gach toiliú is gá ó údaráis inniúla na dtíortha lena mbaineann.<br>Ainm: Dáta: Síniú:</td></tr>
<tr><td colspan="4">16. Lena úsáid ag aon duine a bhfuil baint aige leis an ngluaiseacht trasteorann i gcás ina gceanglaítear faisnéis bhreise</td></tr>
<tr><td colspan="4">17. Loingsiú a fhaigheann an t-allmhaireoir – coinsíní (mura saoráid atá i gceist):<br>Ainm: Dáta: Síniú:</td></tr>
<tr><td colspan="4">LE COMHLÁNÚ AG AN tSAORÁID DIÚSCARTHA / AISGHABHÁLA</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| 18. Loingsiú atá faighte ag an tsaoráid diúscartha ☐ nó ag an tsaoráid aisghabhála ☐<br>Dáta fála: Glacadh léi: ☐ Diúltaíodh di*: ☐<br>An chainníocht a fuarthas: Tonaí (Mg): $m^3$: *déan teagmháil láithreach leis na húdaráis inniúla<br>An neasdáta diúscartha/aisghabhála:<br><br>An oibríocht diúscartha/aisghabhála (1):<br>Dáta:<br>Ainm:<br>Síniú: | 19. Deimhním go ndearnadh diúscairt/aisghabháil na dramhaíola thuasluaite a thabhairt i gcrích.<br>An chainníocht a ullmhaítear lena hathúsáid nó lena hathchúrsáil:<br>An chainníocht a aisghabhtar ar mhodh eile:<br><br>An chainníocht a dhiúscraítear:<br><br>Dáta:<br>Ainm:<br>Síniú agus stampa: |

(1) Féach an liosta giorrúchán agus cód ar an gcéad leathanach eile
(2) Cuir sonraí i gceangal más gá
(3) Cuir faisnéis i gceangal de réir mar a cheanglaítear i mbloic 8 (a,b,c), má tá níos mó ná 3 iompróir
(4) De réir mar a cheanglaítear le Coinbhinsiún Basel
(5) Cuir liosta i gceangal má bhíonn breis agus ceann amháin i gceist
(6) Má cheanglaítear sin leis an reachtaíocht náisiúnta

<table>
<tr><td colspan="4">LENA ÚSÁID AG OIFIGÍ CUSTAM (má cheanglaítear amhlaidh leis an reachtaíocht náisiúnta)</td></tr>
<tr><td colspan="2">20. TÍR IS ONNMHAIREOIR - TÍR SEOLTA NÓ OIFIG CUSTAM IMEACHTA<br>An dramhaíl a dtugtar tuairisc uirthi sa doiciméad gluaiseachta seo, d’imigh sí as an<br>tír an:<br>Síniú:<br>Stampa:</td><td colspan="2">21. TÍR IS ALLMHAIREOIR - CEANN SCRÍBE NÓ OIFIG CUSTAM IONTRÁLA<br>An dramhaíl a dtugtar tuairisc uirthi sa doiciméad gluaiseachta seo, tháinig sí isteach sa<br>tír an:<br>Síniú:<br>Stampa:</td></tr>
<tr><td colspan="4">22. STAMPAÍ OIFIGÍ CUSTAM NA dTÍORTHA IDIRTHURAIS</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm na tíre:</td><td colspan="2">Ainm na tíre:</td></tr>
<tr><td>Iontráil:</td><td>Imeacht:</td><td>Iontráil:</td><td>Imeacht:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm na tíre:</td><td colspan="2">Ainm na tíre:</td></tr>
<tr><td>Iontráil:</td><td>Imeacht:</td><td>Iontráil:</td><td>Imeacht:</td></tr>
</table>

Liosta giorrúchán agus cód a úsáidtear sa doiciméad gluaiseachta

| OIBRÍOCHTAÍ DIÚSCARTHA (bloc 11) | | OIBRÍOCHTAÍ AISGHABHÁLA (bloc 11) | |
|---|---|---|---|
| D1 | Cur i dtalamh nó ar thalamh (e.g. líonadh talún, etc.) | R1 | Úsáid mar bhreosla (seachas i loscadh díreach) nó mar mhodh eile chun fuinneamh a ghiniúint (Basel/ECFE) – Úsáid go príomha mar bhreosla nó mar mhodh eile chun fuinneamh a ghiniúint (AE) |
| D2 | Cóireáil talún (e.g. bith-dhíghrádú ábhar aischurtha leachta nó sloda in ithreacha, etc.) | R2 | Athshlánú/athghiniúint tuaslagóra |
| D3 | Instealladh domhain, (e.g. ábhair aischurtha ar féidir caidéalú a dhéanamh orthu a instealladh isteach i dtoibreacha, i gcruinneacháin salainn nó i stórais a bhíonn ann go nádúrtha, etc.) | R3 | Athchúrsáil/athshlánú substaintí orgánacha nach n-úsáidtear mar thuaslagóirí |
| D4 | Locadh dromchla (e.g. ábhair aischurtha leachta nó sloda a chur i gclaiseanna, i linnte nó i murlaigh, etc.) | R4 | Athchúrsáil/athshlánú miotal agus cumasc miotail |
| D5 | Líonadh talún a ndearnadh innealtóireacht speisialta air (e.g. cur isteach i gcealla scoite líneáilte atá caidhpeáilte agus scoite amach ó chéile agus ón gcomhshaol, etc.) | R5 | Athchúrsáil/athshlánú ábhar orgánach eile |
| D6 | Scaoileadh amach i ndobharlach seachas farraigí/aigéin | R6 | Athghiniúint aigéad nó bunanna |
| D7 | Scaoileadh amach i bhfarraigí/aigéin lena n-áirítear ionsá ar ghrinneall na farraige | R7 | Aisghabháil comhpháirteanna a úsáidtear chun truailliú a laghdú |
| D8 | Cóireáil bhitheolaíoch nach sonraítear in aon áit eile sa liosta seo, cóireáil as a dtagann comhdhúile nó meascáin chríochnaitheacha a dhiúscraítear trí bhíthin aon cheann de na córais sa liosta seo | R8 | Aisghabháil comhpháirteanna ó chatalaígh |
| D9 | Cóireáil fhisiceimiceach nach sonraítear in aon áit eile sa liosta seo, cóireáil as a dtagann comhdhúile nó meascáin chríochnaitheacha a dhiúscraítear trí bhíthin aon cheann de na córais sa liosta seo (e.g. galú, triomú, cailcíniú) | R9 | Athscagadh ola úsáidte nó athúsáidí eile ola a úsáideadh roimhe sin |
| D10 | Loscadh ar tír | R10 | Cóireáil talún a bhfuil tairbhe don talmhaíocht nó feabhas éiceolaíochta mar thoradh uirthi |
| D11 | Loscadh ar muir | R11 | Úsáidí ábhar iarmharach a fhaightear ó aon cheann de na hoibríochtaí darb uimhir R1-R10 |
| D12 | Stóráil bhuan, (e.g. coimeádáin a shuí i mianach, etc.) | R12 | Dramhaíolacha a mhalartú lena gcur faoi aon cheann de na hoibríochtaí darb uimhir R1-R11 |
| D13 | Cumasc nó meascadh sula gcuirtear an t-ábhar faoi aon cheann de na hoibríochtaí sa liosta seo | R13 | Carnadh ábhair atá beartaithe d’aon oibríocht sa liosta seo |
| D14 | Athphacáistiú sula gcuirtear an t-ábhar faoi aon cheann de na hoibríochtaí sa liosta seo | | |
| D15 | Stóráil ar feitheamh aon cheann de na hoibríochtaí sa liosta seo | | |

CINEÁLACHA PACÁISTÍOCHTA (bloc 7)

| | |
|---|---|
| 1. | Druma |
| 2. | Bairille adhmaid |
| 3. | Canna breosla |
| 4. | Bosca |
| 5. | Mála |
| 6. | Pacáistíocht ilchodach |
| 7. | Gabhdán brú |
| 8. | Bulc |
| 9. | Burla |
| 10. | Eile (sonraigh) |

MODH IOMPAIR (bloc 8)

| | |
|---|---|
| R = Bóthar | T = Traein/Iarnród |
| S = Farraige | A = Aer |
| W = Uiscebhealaí Intíre | |

SAINTRÉITHE FISICEACHA (bloc 13)

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Púdrach/púdar | |
| 2. | Soladach | 5. Leachtach |
| 3. | Slaodach/taos | 6. Gásach |
| 4. | Slodach | 7. Eile (sonraigh) |

H-CHÓD AGUS AICME NA (bloc 14)

| Aicme NA | | Saintréithe H-chóid |
|---|---|---|
| 1 | H1 | Pléascach |
| 3 | H3 | Leachtanna inadhainte |
| 4.1 | H4.1 | Solaid inadhainte |
| 4.2 | H4.2 | Substaintí so-adhainte nó dramhaíolacha so-adhainte |
| 4.3 | H4.3 | Substaintí nó dramhaíl as a n-astaítear gáis inadhainte ar a dteacht i dteagmháil le huisce |
| 5.1 | H5.1 | Ocsaídiú |
| 5.2 | H5.2 | Sárocsaídí orgánacha |
| 6.1 | H6.1 | Nimhiúil (géar) |
| 6.2 | H6.2 | Substaintí ionfhabhtaíocha |
| 8 | H8 | Creimnigh |
| 9 | H10 | Gáis thocsaineacha á saoradh ar a dteacht i dteagmháil le haer nó le huisce |
| 9 | H11 | Tocsaineach (moillithe nó ainsealach) |
| 9 | H12 | Éiceatocsaineach |
| 9 | H13 | Is féidir, tar éis an ábhar a dhiúscairt, go dtiocfaidh ábhar eile as, ar aon slí, e.g. láisteáit, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe a liostaítear thuas |

Is féidir tuilleadh faisnéise, go háirithe maidir le sainaithint dramhaíola (bloc 14), i.e. faoi chóid in Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Choinbhinsiún Basel, cóid ECFE agus Y-chóid, a fháil i Lámhleabhar Treorach/Teagaisc atá ar fáil ó ECFE agus ó Rúnaíocht Choinbhinsiún Basel.

# IARSCRÍBHINN IC

TREORACHA SONRACHA CHUN NA DOICIMÉID FÓGARTHA
AGUS GHLUAISEACHTA A CHOMHLÁNÚ

Ón … [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní mór doiciméid agus faisnéis a chur isteach trí mheán leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 27, mar a cheanglaítear sna forálacha ábhartha atá sa Rialachán seo.

I gcás loingsithe a bhaineann le tríú tíortha (de réir Theidil IV, V agus VI), ar féidir doiciméid pháipéir a úsáid ina leith, beidh nósanna imeachta páipéarbhunaithe fós bailí a mhéid nach féidir rochtain a fháil ar na córais dá dtagraítear in Airteagal 27.

Is féidir féachaint ar Iarscríbhinn IC a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 chun treoir ghinearálta a fháil maidir leis na doiciméid fógartha agus ghluaiseachta a chomhlánú, go háirithe agus doiciméid á gcomhlánú i bhformáid pháipéir i gcás inarb ábhartha fós.

## IARSCRÍBHINN II

FAISNÉIS AGUS DOICIMÉADACHT A BHAINEANN LEIS AN bhFÓGRA

Cuid 1: Faisnéis atá le soláthar nuair a chuirtear an doiciméad fógartha isteach:

1. Sraithuimhir nó aitheantóir inghlactha eile den doiciméad fógartha agus an líon iomlán loingsithe atá beartaithe.

   I gcás ina bhfuair an fógróir toiliú nó toilithe roimhe seo maidir le loingsiú na gcineálacha céanna dramhaíola chuig an tsaoráid chéanna, féadfar tagairt a dhéanamh don tsraithuimhir nó d'aitheantóir inghlactha eile de dhoiciméad fógartha na loingsithe sin ar tugadh toiliú ina leith roimhe sin.

   Chun Airteagal 9(3) a chur i bhfeidhm, i gcás ina bhfuil toiliú nó toilithe faighte cheana ag an bhfógróir maidir le loingsiú na gcineálacha céanna dramhaíola ón suíomh céanna sa tír seolta chuig an gcoinsíní céanna agus chuig an tsaoráid chéanna agus trína bhfuil na tíortha idirthurais, más ann dóibh, mar an gcéanna, léireoidh an fógróir sraithuimhir nó aitheantóir inghlactha eile an doiciméid fógartha maidir leis na loingsithe sin ar tugadh toiliú ina leith roimhe sin. Ina theannta sin, léireofar san fhógra athruithe ar mhionsonraí fógra nua i gcomparáid leis an loingsiú sin ar tugadh toiliú ina leith roimhe sin.

2. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, uimhir chláraithe an fhógróra agus an duine teagmhála.

3. Murab é an fógróir an táirgeoir dramhaíola bunaidh nó táirgeoir nó bailitheoir na dramhaíola nua: Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus duine teagmhála tháirgeoir bunaidh na dramhaíola (táirgeoirí) nó tháirgeoir na dramhaíola (táirgeoirí) nó na mbailitheoirí nó na sealbhóirí dramhaíola nua.

4. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus duine teagmhála an déileálaí (déileálaithe) nó an bhróicéara (bróicéirí), i gcás inar údaraigh an fógróir é i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (6).

5. Seoladh an tsuímh óna dtosaíonn an loingsiú, ainm an duine atá freagrach as an suíomh sin agus, murab ionann é agus na daoine dá dtagraítear i bpointí 2 go 4, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus duine teagmhála an duine atá freagrach as an suíomh sin.

6. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, uimhir chlárúcháin, duine teagmhála, teicneolaíocht a úsáidtear agus stádas féideartha na saoráide aisghabhála nó diúscartha mar a tugadh toiliú ina leith roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 14.

   Má tá an dramhaíl beartaithe le haghaidh oibríocht eatramhach aisghabhála nó diúscartha, sonrófar faisnéis chomhfhreagrach maidir leis na saoráidí uile i gcás ina bhfuil oibríochtaí aisghabhála eatramhaí agus neamheatramhaí nó oibríochtaí diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin beartaithe.

   Soláthrófar fianaise ar chead na saoráide i gcomhréir le Caibidil IV de Threoir 2008/98/CE, nó má liostaítear an tsaoráid aisghabhála nó diúscartha in Iarscríbhinn I, Catagóir 5, a ghabhann le Treoir 2010/75/AE, ar fianaise í (e.g. dearbhú lena ndeimhnítear gur ann di) ar chead bailí a eisítear i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 den Treoir sin.

7. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, uimhir chlárúcháin agus teagmhálaí an choinsíní.

8. Ainm an iompróra atá beartaithe (iompróirí) agus/nó ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, uimhir chlárúcháin agus duine teagmhála a ghníomhaire (gníomhairí).

9. An tír seolta agus an t-údarás inniúil ábhartha.

10. Na tíortha idirthurais agus na húdaráis inniúla ábhartha.

11. An tír cinn scríbe agus an t-údarás inniúil ábhartha.

12. Fógra aonair nó fógra ginearálta. Más fógra ginearálta atá ann, an tréimhse bhailíochta a iarrtar.

13. An dáta/na dátaí atá beartaithe chun tús a chur leis an loingsiú/na loingsithe.

14. An modh iompair atá beartaithe.

15. An ródú atá beartaithe agus an bealach atá beartaithe i gcás inar féidir lena n-áirítear roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

16. Fianaise ar chlárú an iompróra/na n-iompróirí maidir le hiompar dramhaíola (e.g. dearbhú lena ndeimhnítear gur ann dó).

17. Ainmniúchán na dramhaíola ar an liosta iomchuí, an fhoinse/na foinsí, tuairisc, comhdhéanamh agus aon saintréithe guaiseacha. I gcás dramhaíl ó fhoinsí éagsúla, fardal mionsonraithe maidir leis an dramhaíl freisin.

18. Na huaschainníochtaí agus na híoschainníochtaí measta.

19. An cineál pacáistíochta atá beartaithe.

20. Sonraí na hoibríochta/ na n-oibríochtaí aisghabhála nó diúscartha dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE.

21. Más dramhaíl atá beartaithe lena haisghabháil atá i gceist:

(a) an modh diúscartha atá beartaithe le haghaidh an chodáin neamh-in-aisghabhála tar éis aisghabhála;

(b) cainníocht an ábhair aisghafa i ndáil le dramhaíl neamh-in-aisghabhála;

(c) luach measta an ábhair aisghafa;

(d) costas na haisghabhála agus costas diúscartha an chodáin neamh-in-aisghabhála.

22. Má tá an dramhaíl beartaithe lena diúscairt, fianaise lena léirítear go bhfuil na coinníollacha in Airteagal 11(1)(a) á gcomhlíonadh.

23. Cóip den chonradh agus dearbhú lena ndeimhnítear gur ann dó idir an fógróir, an coinsíní agus oibreoir na saoráide ina ndéantar an dramhaíl a aisghabháil nó a dhiúscairt, a tugadh i gcrích agus atá éifeachtach tráth an fhógra, mar a cheanglaítear in Airteagal 5(7) agus in Airteagal 6.

24. Cóip den chonradh agus dearbhú lena ndeimhnítear gur ann dó idir táirgeoir na dramhaíola, an táirgeoir dramhaíola nua nó an bailitheoir nua agus an bróicéir nó an déileálaí, i gcás ina ngníomhaíonn an bróicéir nó an déileálaí mar fhógróir.

25. Fianaise ar ráthaíocht airgeadais nó ar árachas coibhéiseach (nó dearbhú lena ndeimhnítear gur ann dó má cheadaíonn an t-údarás inniúil amhlaidh) atá bunaithe agus éifeachtach tráth an fhógra nó, má cheadaíonn an t-údarás inniúil a fhormheasann an ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach amhlaidh, ar a dhéanaí tráth a gcomhlánófar an doiciméad gluaiseachta de bhun Airteagal 16(2), mar a cheanglaítear in Airteagal 5(8) agus in Airteagal 7.

26. Deimhniú ón bhfógróir nár ciontaíodh an fógróir as loingsiú neamhdhleathach nó aon ghníomh neamhdhleathach eile a dhéanamh i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó chosaint shláinte an duine, agus nár mhainnigh sé arís agus arís eile Airteagail 15 ná 16 a chomhlíonadh i dtaca le loingsithe roimhe seo, sna 5 bliana roimh thíolacadh an fhógra.

27. Deimhniú ón bhfógróir go bhfuil an fhaisnéis iomlán agus ceart chomh fada agus is eol dó nó di.

Cuid 2: Faisnéis atá le soláthar sa doiciméad gluaiseachta nó atá le cur i gceangal leis:

An fhaisnéis uile a liostaítear i gCuid 1, a nuashonraítear i gcomhréir leis na pointí a leagtar amach thíos, agus an fhaisnéis bhreise eile a shonraítear a sholáthar:

1. Sraithuimhir agus an líon iomlán loingsithe.

2. An dáta a cuireadh tús leis an loingsiú.

3. An modh iompair.

4. Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, uimhir facs agus seoladh ríomhphoist an iompróra (iompróirí).

5. An ródú agus bealach i gcás inar féidir, lena n-áirítear roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann, mar a léirítear sa doiciméad fógartha, i gcás imthosca gan choinne.

6. Cainníochtaí.

7. An cineál pacáistíochta.

8. Uimhir aitheantais an choimeádáin, más infheidhme

9. Aon réamhchúraimí speisialta atá le déanamh ag an iompróir/na hiompróirí.

10. Dearbhú arna shíniú ag an bhfógróir go bhfuarthas gach toiliú is gá ó údaráis inniúla na dtíortha lena mbaineann.

11. Sínithe iomchuí le haghaidh gach aistrithe coimeádta.

Cuid 3: Faisnéis agus doiciméadacht bhreise a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a iarraidh:

1. Cineál agus fad tréimhse an údaraithe a oibríonn an tsaoráid aisghabhála nó diúscartha.

2. Cóip den chead a eisíodh i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 de Threoir 2010/75/AE.

3. Faisnéis a bhaineann leis na bearta atá le déanamh chun sábháilteacht an iompair a áirithiú.

4. An t-achar nó na hachair iompair idir an suíomh ina dtosaíonn an loingsiú agus an tsaoráid, lena n-áirítear bealaí malartacha.

5. I gcás iompar idirmhódúil, an áit/na háiteanna ina ndéanfar an t-aistriú.

6. Faisnéis faoi chostais iompair dramhaíola idir an fógróir agus an tsaoráid.

7. Cóip de chlárú an iompróra/na n-iompróirí maidir le hiompar dramhaíola.

8. Anailís cheimiceach ar chomhdhéanamh na dramhaíola.

9. Tuairisc ar phróiseas táirgthe na dramhaíola.

10. Tuairisc ar phróiseas cóireála na saoráide, a fhaigheann an dramhaíl.

11. An ráthaíocht airgeadais nó an t-árachas coibhéiseach nó cóip de nó fianaise air.

12. Faisnéis a bhaineann le ríomh na ráthaíochta airgeadais nó an árachais choibhéisigh mar a cheanglaítear in Airteagal 5(8) agus in Airteagal 7.

13. Cóip nó fianaise den pholasaí árachais in aghaidh dliteanais i gcás damáiste do thríú páirtithe.

14. Doiciméadacht lena ndeimhnítear nár ciontaíodh an fógróir as loingsiú neamhdhleathach nó as aon ghníomh neamhdhleathach eile a dhéanamh i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó cosaint shláinte an duine, agus nár mhainnigh sé arís agus arís eile Airteagail 15 ná 16 a chomhlíonadh i dtaca le loingsithe roimhe seo, sna 5 bliana roimh thíolacadh an fhógra.

15. Aon fhaisnéis eile, atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an bhfógra i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN III

LIOSTA DE DHRAMHAÍOLACHA ATÁ FAOI RÉIR
NA gCEANGLAS GINEARÁLTA FAISNÉISE A LEAGTAR SÍOS IN AIRTEAGAL 18
(DRAMHAÍL ATÁ AR AN LIOSTA GLAS) DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(4)(a)

Gan beann ar cé acu a áirítear dramhaíolacha ar an liosta seo nó nach n-áirítear, d'fhéadfadh sé nach mbeidís faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18 má tá siad éillithe ag ábhair eile sa mhéid seo a leanas

(a) go méadaíonn sé na rioscaí a bhaineann leis na dramhaíolacha go leordhóthanach chun go mbeidís iomchuí lena gcur faoi bhráid an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, agus an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE chomh maith leis na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin á gcur i gcuntas nó

(b) go gcuirtear cosc ar na dramhaíolacha a aisghabháil ar bhealach atá neamhdhíobhálacha don chomhshaol.

Cuid I:

Dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel[1].

Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) Aon tagairt do liosta A in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, tuigfear í mar thagairt d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

1 Liostaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel in Iarscríbhinn V, Cuid 1, Liosta B a ghabhann leis an Rialachán seo.

(b) In iontráil Basel B1020, áirítear leis an téarma 'foirm bhulc-chríochnaithe' na foirmeacha neamhspréite miotalacha uile[2] den dramh-mhiotail a liostaítear inti;

(c) Is mar seo a leanas a bheidh iontráil Basel B1030: 'Iarmhair ina bhfuil miotail theasfhulangacha';

(d) Níl feidhm ag an gcuid d'iontráil Basel B1100 ina dtagraítear do 'Slaigeanna ó phróiseáil copair' etc. agus tá feidhm ag iontráil (ECFE) GB040 i gCuid II ina hionad sin;

(e) Níl feidhm ag iontráil Basel B1110 agus tá feidhm ag iontrálacha (ECFE) GC010 agus GC020 i gCuid II ina hionad sin.

(f) Níl feidhm ag iontráil Basel B2050 agus tá feidhm ag iontráil (ECFE) GG040 i gCuid II ina hionad sin.

---

[2] Ní áirítear le 'neamhspréite' aon dramhaíl i bhfoirm púdair, sloda, deannaigh nó ítimí soladacha ina bhfuil leachtanna guaiseacha dramhaíola.

(g) Maidir le dramhaíl a loingsítear laistigh den Aontas, níl feidhm ag iontráil Basel B3011 agus tá feidhm ag an iontráil seo a leanas ina hionad sin:

EU3011[3] Dramhaíl phlaisteach (tugtar ar aire an iontráil ghaolmhar AC300 i gCuid II d'Iarscríbhinn IV, agus an iontráil ghaolmhar EU48 i gCuid I d'Iarscríbhinn IV):

Dramhaíl phlaisteach a liostaítear thíos, ar choinníoll go bhfuil sí beagnach saor ó éilliú agus ó chineálacha eile dramhaíolacha[4] agus go bhfuil sí beartaithe lena hathchúrsáil:

– Dramhaíl phlaisteach atá beagnach comhdhéanta go heisiach[5] de polaiméir neamh-halaiginithe amháin, lena n-áirítear na polaiméirí seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

  – Poileitiléin (PE)

  – Polapróipiléin (PP)

  – Polaistiréin (PS)

  – Stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle (ABS)

---

3 Chun críche an Rialacháin seo, tuigfear leis an téarma 'beagnach saor ó éilliú agus ó chineálacha eile dramhaíola' agus, i gcás inarb ábhartha, leis an téarma 'beagnach comhdhéanta go heisiach de' go gciallaítear nach rachaidh cion an éillithe, cineálacha eile dramhaíolacha nó polaiméirí neamh-halaiginithe, roisíní leasaithe nó táirgí comhdhlúthúcháin, nó polaiméirí fluairínithe, seachas an pholaiméir neamh-halaiginithe, roisín leasaithe nó táirge comhdhlúthúcháin, nó polaiméir fluairínithe amháin a chomhdhéanann formhór na dramhaíola plaistí thar uasmhéid iomlán 6 % de mheáchan na coinsíneachta i gcoinsíneacht de dhramhaíl phlaisteach nó i meascáin de dhramhaíl phlaisteach, a aicmítear faoi iontráil EU3011.

4 Maidir le bheith 'beagnach saor ó éilliú agus ó chineálacha eile dramhaíolacha', d'fhéadfadh sonraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bheith ina bpointí tagartha.

5 I ndáil le 'beagnach go heisiach', d'fhéadfadh sonraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bheith ina bpointí tagartha.

– Teireataláit phoileitléine (TPE)

– Polacarbónáití (PC)

– Poiléitir

– Dramhaíl phlaisteach atá beagnach comhdhéanta go heisiach[6] de roisín leasaithe nó táirge comhdhlúthúcháin amháin, lena n-áirítear na roisíní seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

– Roisíní úiré-formaildéid

– Roisíní feanól-formaildéid

– Roisíní formaildéid mealaimín

– Roisíní eapocsacha

– Roisíní ailcíde

– Dramhaíl atá beagnach comhdhéanta go heisiach[6] de cheann amháin de na polaiméirí fluairínithe seo a leanas[7]:

– Sárfhluaireitiléin/próipiléin (FEP)

[6] I ndáil le 'beagnach go heisiach', d'fhéadfadh sonraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bheith ina bpointí tagartha.
[7] Eisítear dramhaíl iarthomhaltais.

– Alcáin shárfhluaracsacha:

– Teitreafluaireitiléin/éitear vinile shárfhluairailcile (PFA)

– Teitreafluaireitiléin/éitear vinile shárfhluaraimeitil (MFA)

– Polaiviniolfluairíd (PVF)

– Polaivinilídéinefluairíd (PVDF)

– Polaiteitreafluaireitiléin (PTFE)

– Clóiríd pholaivinile (PVC).

Cuid II:

Dramhaíolacha ina bhfuil miotal a eascraíonn as leá, bruithniú agus mínghlanadh miotal

| | | |
|---|---|---|
| GB040 | 7112<br>262030<br>262091 | Slaigeanna ó phróiseáil miotal lómhar agus copair chun iad a mhínghlanadh tuilleadh |

Dramhaíolacha eile ina bhfuil miotail

| | | |
|---|---|---|
| GC010 | | Cóimeálacha leictreacha nach bhfuil iontu ach miotail nó cóimhiotail |
| GC020 | | Fuíoll leictreonach (e.g. cláir ciorcad priontáilte, comhpháirteanna leictreonacha, sreang, etc.) agus comhpháirteanna leictreonacha athshlánaithe atá oiriúnach d'aisghabháil táirmhiotail agus miotail lómhair |
| GC030 | ex 890800 | Soithí agus déanmhais shnámhacha eile atá le briseadh, óna bhfolmhaítear i gceart aon lastas agus ábhair eile a eascraíonn as oibriú an tsoithigh a d'fhéadfaí a aicmiú mar shubstaint nó dramhaíl chontúirteach[8] |
| GC050 | | Catalaígh Leachtscoilte Chatalaíoch (FCC) Spíonta (e.g.: ocsaíd alúmanaim, seoilítí) |

[8] Tuigtear ón téarma 'óna bhfolmhaítear i gceart' go gcomhlíontar go hiomlán rialacha agus treoracha idirnáisiúnta maidir le hathchúrsáil long.

Dramhaíl ghloine i bhfoirm neamhspréite

| | | |
|---|---|---|
| GE020 | ex 7001<br>ex 701939 | Dramhaíl Snáithín Gloine |

Dramhaíolacha ceirmeacha i bhfoirm neamhspréite

| | | |
|---|---|---|
| GF010 | | Dramhaíolacha ceirmeacha a bácáladh tar éis a múnlaithe, lena n-áirítear soithí ceirmeacha (sula n-úsáidtear iad agus/nó ina dhiaidh sin) |

Dramhaíolacha eile a bhfuil comhábhair neamhorgánacha iontu go príomha, a bhféadfadh miotail agus ábhair orgánacha a bheith iontu

| | | |
|---|---|---|
| GG030 | ex 2621 | Bunluaith agus tapa slaige ó ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe |
| GG040 | ex 2621 | Luaith mhionaithe ó ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe |

Dramhaíolacha a eascraíonn as oibríochtaí súdaireachta agus mangaireachta seithí agus as úsáid leathair

| | | |
|---|---|---|
| GN010 | ex 050200 | Dramhaíl guairí agus fionnaidh muc, borraí nó torc nó dramhaíl fionnaidh broc agus fionnaidh eile a úsáidtear chun scuaba a dhéanamh |
| GN020 | ex 050300 | Dramhaíl róin, bíodh sí i bhfoirm sraitheanna nó ná bíodh, le hábhar tacaíochta nó dá uireasa |
| GN030 | ex 050590 | Dramhaíl craicne agus codanna eile d'éin, agus a gcleití nó a gclúmh orthu, dramhaíl cleití agus codanna de chleití (bídís bearrtha nó ná bíodh) agus dramhaíl chlúimh, gan aon obair bhreise a bheith déanta orthu seachas glanadh, dífhabhtú nó cóiriú lena gcaomhnú |

## IARSCRÍBHINN IIIA

MEASCÁIN DRAMHAÍOLACHA A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN III
AR CHOINNÍOLL NACH nDÉANFAIDH COMHDHÉANAMH NA MEASCÁN SIN
DOCHAR DÁ mBAINISTIÚ ATÁ NEAMHDHÍOBHÁLACH DON CHOMHSHAOL
DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(4)(b)

1. Gan beann ar cé acu a áirítear meascáin dramhaíolacha leis an liosta sin nó nach n-áirítear, d'fhéadfadh sé nach mbeidís faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18 má éillítear chomh mór sin le hábhair eile iad go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist:

   (a) go méadaítear na rioscaí a bhaineann leis na dramhaíolacha go leordhóthanach chun go mbeidís iomchuí lena gcur faoi bhráid an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, agus an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE chomh maith leis na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin á gcur i gcuntas; nó

   (b) go gcuirtear cosc ar aisghabháil na ndramhaíolacha ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

2. Áirítear na meascáin dramhaíolacha seo a leanas leis an Iarscríbhinn seo:

   (a) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontrálacha Basel B1010 agus B1050;

   (b) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontrálacha Basel B1010 agus B1070;

   (c) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontrálacha Basel B3040 agus B3080;

(d) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil (ECFE) GB040 agus faoi iontráil Basel B1100 a theorannaítear do spealtar since crua, cineálacha draiseanna ina bhfuil sinc, bearrthaí alúmanaim (nó bearrthaí) seachas slaig shalainn agus dramhaíolacha de líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, de thionscnamh bruithnithe copair;

(e) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil (ECFE) GB040, faoi iontráil Basel B1070 agus faoi iontráil Basel B1100 a theorannaítear do dhramhaíolacha de líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, de thionscnamh bruithnithe copair.

3. Áirítear leis an Iarscríbhinn seo na meascáin dramhaíolacha seo a leanas a aicmítear faoi fhleasca nó fo-fhleasca ar leithligh d'iontráil aonair amháin:

(a) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B1010;

(b) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B2010;

(c) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B2030;

(d) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B3020 a theorannaítear do pháipéar nó cairtchlár neamhthuartha, do pháipéar nó cairtchlár rocach, do pháipéar nó cairtchlár eile, atá déanta as laíon ceimiceach tuartha go príomha, nach bhfuil daite sa mhais, nó do pháipéar nó cairtchlár atá déanta as laíon meicniúil go príomha (mar shampla, nuachtáin, irisí agus ábhar eile clóite den chineál sin);

(e) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B3030;

(f) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B3040;

(g) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil Basel B3050.

4. I gcás loingsithe atá beartaithe lena n-athchúrsáil laistigh den Aontas, áirítear san Iarscríbhinn seo na meascáin dramhaíolacha seo a leanas[1] a aicmítear faoi fhleasca nó fo-fhleasca ar leithligh d'iontráil aonair amháin:

(a) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil EU3011 agus a liostaítear faoin bhfleasc lena dtagraítear do pholaiméirí neamh-halaiginithe;

(b) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil EU3011 agus a liostaítear faoin bhfleasc lena dtagraítear do roisíní leasaithe nó táirgí comhdhlúthúcháin;

(c) meascáin dramhaíolacha a aicmítear faoi iontráil EU3011 agus a liostaítear faoi 'alcáin shárfhluaracsacha'.

---

[1] Chun críche an Rialacháin seo, tuigfear leis an téarma 'beagnach saor ó éilliú agus ó chineálacha eile dramhaíola' agus, i gcás inarb ábhartha, leis an téarma 'beagnach comhdhéanta go heisiach de' go gciallaítear nach rachaidh cion an éillithe, cineálacha eile dramhaíolacha nó polaiméirí neamh-halaiginithe, roisíní leasaithe nó táirgí comhdhlúthúcháin, nó polaiméirí fluairínithe, seachas an pholaiméir neamh-halaiginithe, roisín leasaithe nó táirge comhdhlúthúcháin, nó polaiméir fluairínithe amháin a chomhdhéanann formhór na dramhaíola plaistí thar uasmhéid iomlán 6 % de mheáchan na coinsíneachta i gcoinsíneacht de mheascáin de dhramhaíl phlaisteach, a shonraítear i bpointe 4 d'Iarscríbhinn IIIA.

# IARSCRÍBHINN IIIB

DRAMHAÍL BHREISE ATÁ AR AN LIOSTA GLAS
DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(4)(a)

1. Gan beann ar cé acu a áirítear dramhaíolacha leis an liosta sin nó nach n-áirítear, d'fhéadfadh sé nach mbeidís faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise a leagtar síos in Airteagal 18 má éillítear chomh mór sin le hábhair eile iad go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist:

   (a) go méadaítear na rioscaí a bhaineann leis na dramhaíolacha go leordhóthanach chun go mbeidís iomchuí lena gcur faoi bhráid an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, agus an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE chomh maith leis na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin á gcur i gcuntas; nó

   (b) go gcuirtear cosc ar aisghabháil na ndramhaíolacha ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

2. Áirítear na dramhaíolacha seo a leanas leis an Iarscríbhinn seo:

   BEU04 Pacáistíocht ilchodach atá comhdhéanta de pháipéar den chuid is mó agus roinnt plaistigh, ach nach bhfuil iarmhair inti agus nach gcumhdaítear le hiontráil Basel B3020

   BEU05 Dramhaíl ghlan in-bhithdhíghrádaithe ón talmhaíocht, an ghairneoireacht, an fhoraoiseacht, gairdíní, páirceanna agus reiligí

3. Tá na loingsithe dramhaíola a liostaítear san Iarscríbhinn seo gan dochar d'fhorálacha Rialachán (AE) 2016/2031.

# IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA DRAMHAÍOLACHA ATÁ FAOI RÉIR AN NÓS IMEACHTA UM RÉAMHFHÓGRA AGUS RÉAMHTHOILIÚ I SCRÍBHINN (DRAMHAÍL ATÁ AR AN LIOSTA 'ÓMRA')[1] DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(2)(a)

Cuid I

Dramhaíolacha a liostaítear in Iarscríbhinní II agus VIII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel[2].

Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) Aon tagairt do liosta B in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, tuigfear í mar thagairt d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

(b) In iontráil Basel A1010, is tagairt é an téarma 'seachas na dramhaíolacha a liostaítear go sonrach ar Liosta B (Iarscríbhinn IX)' d'iontráil Basel B1020 agus don nóta maidir le B1020 in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, Cuid I(b).

(c) Níl feidhm ag iontrálacha Basel A1180 ná A2060 agus tá feidhm ag iontrálacha ECFE GC010, GC020 agus GG040 in Iarscríbhinn III, Cuid II ina n-ionad sin nuair is iomchuí.

(d) Áirítear le hiontráil Basel A4050 líneálacha pota spíonta ó bhruithniú alúmanaim toisc go bhfuil ciainídí neamhorgánacha Y33 iontu. Má scriosadh na ciainídí, sanntar líneálacha pota spíonta do Chuid II, iontráil AB120, toisc go bhfuil comhdhúile neamhorgánacha fluairín seachas fluairíd chailciam, a bhaineann le hiontráil Y32, iontu.

---

1 Tagann an liosta seo ó Chinneadh ECFE, Foscríbhinn 4.

2 Liostaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel sa Rialachán seo in Iarscríbhinn V, Cuid 1, Liosta A. Liostaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Basel in Iarscríbhinn V, Cuid 2, Liosta A.

(e) Níl feidhm ag iontráil Basel A3210 agus tá feidhm ag iontráil AC300 i gCuid II ina hionad sin.

(f) Maidir le dramhaíl a loingsítear laistigh den Aontas, níl feidhm ag iontráil Basel Y48 agus tá feidhm ag an iontráil seo a leanas ina hionad sin:

EU48 Dramhaíl phlaisteach nach gcumhdaítear le hiontráil AC300 i gCuid II ná le hiontráil EU3011 i gCuid I d'Iarscríbhinn III, mar aon le meascáin de dhramhaíl phlaisteach nach gcumhdaítear le pointe 4 d'Iarscríbhinn IIIA.

Cuid II:

Dramhaíolacha ina bhfuil miotal

| | | |
|---|---|---|
| AA010 | 261900 | Dras, scamhacháin agus dramhaíolacha eile ó mhonarú iarainn agus cruach[3] |
| AA060 | 262050 | Luaith agus iarmhair vanaidiam[3] |
| AA190 | 810420<br>ex 810430 | Dramhaíl agus fuíoll maignéisiam atá inadhainte, pireafórach nó a astaíonn gáis inadhainte i gcainníochtaí contúirteacha nuair a thagann sé i dteagmháil le huisce |

Dramhaíolacha ina bhfuil comhábhair neamhorgánacha go príomha, a bhféadfadh miotail agus ábhair orgánacha a bheith iontu

| | | |
|---|---|---|
| AB030 | | Dramhaíolacha ó chórais nach bhfuil bunaithe ar chiainíd agus a eascraíonn as cóireáil dromchla miotal |
| AB070 | | Gainimh a úsáidtear in oibríochtaí teilgcheárta |
| AB120 | ex 281290<br>ex 3824 | Comhdhúile neamhorgánacha hailíde, nach sonraítear ná nach n-áirítear aon áit eile |
| AB130 | | Grean pléasctha úsáidte |
| AB150 | ex 382490 | Suilfít chailciam agus sulfáit chailciam gan mhínghlanadh ó sciúradh dé-ocsaíde sulfair (FGD) |

[3] Áirítear leis an liostú seo dramhaíolacha i bhfoirm luatha, iarmhair, slaige, drais, bearrtha, scamhacháin, deannaigh, púdair, sloda agus stoilp, ach amháin má liostaítear ábhar go sainráite áit éigin eile.

Dramhaíolacha ina bhfuil comhábhair orgánacha go príomha, a bhféadfadh miotail agus ábhair neamhorgánacha a bheith iontu

| | | |
|---|---|---|
| AC060 | ex 381900 | Sreabháin hiodrálacha |
| AC070 | ex 381900 | Sreabháin coscán |
| AC080 | ex 382000 | Sreabháin frithreo |
| AC150 | | Clórafluaracarbóin |
| AC160 | | Halóin |
| AC170 | ex 440310 | Dramhaíolacha coirc agus adhmaid chóireáilte |
| AC250 | | Gníomhaithe dromchlacha (dromchlaghníomhaithe) |
| AC260 | ex 3101 | Aoileach leachtach muc; faecas |
| AC270 | | Sloda séarachais |
| AC300 | | Dramhaíl phlaisteach, lena n-áirítear meascáin de dhramhaíolacha den sórt sin, ina bhfuil comhábhair a liostaítear in Iarscríbhinn I nó atá éillithe leis na comhábhair sin, a mhéid sin agus go bhfuil ceann de na saintréithe a liostaítear Iarscríbhinn III aici (tugtar ar aire an iontráil ábhartha EU3011 i gCuid I d'Iarscríbhinn III agus an iontráil ábhartha EU48 i gCuid I) |

Dramhaíolacha a bhféadfadh comhábhair orgánacha nó neamhorgánacha a bheith iontu

| | | |
|---|---|---|
| AD090 | ex 382490 | Dramhaíolacha ó tháirgeadh, foirmliú agus úsáid ceimiceán agus ábhar athghrafach agus fótagrafach nach sonraítear ná nach n-áirítear aon áit eile |
| AD100 | | Dramhaíolacha ó chórais nach bhfuil bunaithe ar chiainíd agus a eascraíonn as cóireáil dromchla plaisteach |
| AD120 | ex 391400<br>ex 3915 | Roisíní ianmhalartaithe |
| AD150 | | Ábhar orgánach nádúrtha a úsáidtear mar mheán scagtha (amhail bithscagairí) |

Dramhaíolacha ina bhfuil comhábhair neamhorgánacha go príomha, a bhféadfadh miotail agus ábhair orgánacha a bheith iontu

| | | |
|---|---|---|
| RB020 | ex 6815 | Snáithíní ceirmeacha lena mbaineann saintréithe fisiciceimiceacha atá comhchosúil le saintréithe aispeiste |

# IARSCRÍBHINN V

LIOSTA DRAMHAÍOLA CHUN CRÍCHE AIRTEAGAL 39

Nótaí réamhráiteacha

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo gan dochar do Threoir 2008/98/CE.

2. Tá dhá chuid san Iarscríbhinn seo. Tagraítear le hAirteagal 39 don liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE freisin. Chun críocha an Rialacháin seo agus chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcumhdaítear dramhaíl shonrach leis an toirmeasc onnmhairiúcháin in Airteagal 39 den Rialachán seo, níl feidhm ag an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE ach amháin nuair nach bhfuil feidhm ag Liosta A de Chuid 1 den Iarscríbhinn seo. Mura liostaítear dramhaíl i Liosta A de Chuid 1 den Iarscríbhinn seo, agus mura liostaítear mar dhramhaíl ghuaiseach í sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE, is ansin amháin a chaithfear a sheiceáil an liostaítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo í.

3. Dramhaíolacha a liostaítear i Liosta B de Chuid 1, nó a áirítear leis an dramhaíl neamhghuaiseach a liostaítear sa liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE (i.e. dramhaíolacha nach marcáiltear le réiltín), cumhdaítear leis an toirmeasc onnmhairiúcháin iad má éillítear chomh mór sin le hábhair eile iad go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist:

   (a) go méadaítear na rioscaí a bhaineann leis na dramhaíolacha go leordhóthanach chun go mbeadh sí iomchuí lena cur faoi bhráid an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn, agus an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE chomh maith leis na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin á gcur i gcuntas; nó

(b) go gcuirtear cosc ar aisghabháil na dramhaíola ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Cuid 1[1]

Liosta A (Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel)

A1 Miotal agus dramhaíolacha ina bhfuil miotal

A1010 Dramhaíolacha miotail agus dramhaíl ina bhfuil cóimhiotail d'aon cheann díobh seo a leanas:

– Antamón

– Arsanaic

– Beirilliam

– Caidmiam

– Luaidhe

– Mearcair

– Seiléiniam

– Teallúiriam

– Tailliam

seachas dramhaíolacha den sórt sin a liostaítear go sonrach ar liosta B.

---

1 Tagairtí i Liostaí A agus B a ghabhann le hIarscríbhinní I, III agus IV, tagraítear leo d'Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Basel.

A1020 Dramhaíl ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas ina gcomhábhair nó ina n-éilleáin, seachas dramhaíl mhiotail i bhfoirm ollmhór:

– Antamón; comhdhúile antamóin

– Beirilliam; comhdhúile beirilliam

– Caidmiam; comhdhúile caidmiam

– Luaidhe; comhdhúile luaidhe

– Seiléiniam; comhdhúile seiléiniam

– Teallúiriam; comhdhúile teallúiriam

A1030 Dramhaíolacha ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas ina gcomhábhair nó ina n-éilleáin:

– Arsanaic; comhdhúile arsanaice

– Mearcair; comhdhúile mearcair

– Tailliam; comhdhúile tailliam

A1040 Dramhaíolacha ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas ina gcomhábhair:

– Carbóinilí miotail

– Comhdhúile cróimiam heicsifhiúsaigh

A1050 Slodaí galbhánacha

A1060 Licéir dhramhaíola ó mhiotail a phicilt

A1070 Iarmhair láiste ó phróiseáil since, deannach agus slodaí amhail searóisít, haemaitít, etc.

A1080 Iarmhair since dramhaíola nach n-áirítear le liosta B, ina bhfuil luaidhe agus caidmiam ar leor an tiúchan atá iontu chun saintréithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a thaispeáint

A1090 Luaith ó shreang inslithe chopair a loscadh

A1100 Deannach agus iarmhair ó chórais glantacháin gáis le haghaidh bruithneoirí copair

A1110 Tuaslagáin leictrealaíocha spíonta ó oibríochtaí leictreascagtha agus leictreaghnóthaithe copair

A1120 Slodaí dramhaíola, seachas láib anóideach, ó chórais íonúcháin leictrilítí in oibríochtaí leictreascagtha agus leictreaghnóthaithe copair

A1130 Tuaslagáin eitseála spíonta ina bhfuil copar tuaslagtha

A1140 Catalaígh clóiríde copraí agus ciainíde copair dramhaíola

| 3. | I gceangal leis an iarratas seo, soláthair tuairisc mhionsonraithe ar an gcreat dlíthiúil intíre um bainistiú dramhaíola atá i bhfeidhm, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas ar a laghad:<br>(a) córas nó córais údarúcháin, cheadúnaithe nó chlárúcháin le haghaidh saoráidí cóireála dramhaíola;<br>(b) córas nó córais údarúcháin, cheadúnaithe nó chlárúcháin le haghaidh iompar dramhaíola;<br>(c) forálacha atá ceaptha chun a áirithiú go ndéanfar an dramhaíl iarmharach arna giniúint tríd an oibríocht aisghabhála le haghaidh na dramhaíola nó na ndramhaíolacha lena mbaineann a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;<br>(d) rialuithe ar thruailliú a bhaineann le hoibríochtaí cóireála dramhaíola, lena n-áirítear go háirithe teorainneacha astaíochta chun an t-aer, an ithir agus an t-uisce a chosaint, agus bearta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa arna n-astú as na hoibríochtaí sin a laghdú;<br>(e) forálacha maidir le forfheidhmiú, cigireachtaí agus pionóis atá ceaptha chun a áirithiú go gcuirfear na ceanglais intíre agus idirnáisiúnta maidir le bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola chun feidhme. |
| 4. | I gceangal leis an iarratas seo, soláthair tuairisc ar aon reachtaíocht bhainteach eile maidir le cosaint an chomhshaoil agus shláinte an duine, a bhfuil feidhm aici maidir le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola. |
| 5. | I gceangal leis an iarratas seo, soláthair tuairisc ar an reachtaíocht intíre maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú na dramhaíola lena mbaineann an t-iarratas, agus go háirithe maidir le haon nós imeachta sonrach um rialú a bhaineann le hallmhairiú nó onnmhairiú den sórt sin, amhail réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn mar a thagraítear dó in Airteagal 6 de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt. |
| 6. | Soláthair liosta saoráidí atá údaraithe faoi reachtaíocht intíre na tíre chun an dramhaíl lena mbaineann an t-iarratas a aisghabháil (lena n-áirítear ar a laghad ainm agus seoladh na saoráidí sin, a n-uimhir cheada, na cineálacha dramhaíolacha neamhghuaiseacha nó na meascáin de dhramhaíolacha neamhghuaiseach a bhfuil údarú acu í a aisghabháil agus a n-acmhainneacht cóireála údaraithe). Más féidir, ba cheart é sin a sholáthar trí nasc suímh gréasáin lena bhféadfar rochtain a fháil go poiblí agus go leictreonach ar fhaisnéis maidir leis na saoráidí lena mbaineann (e.g. nasc suímh gréasáin an údaráis inniúil). |

7. Soláthair faisnéis faoi stádas na tíre maidir lena stádas daingnithe leis na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha | Daingnithe: tá ☐ níl ☐<br>In éagmais daingnithe:<br>Sínithe: tá ☐ níl ☐ |
| Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair | Daingnithe: tá ☐ níl ☐<br>In éagmais daingnithe:<br>Sínithe: tá ☐ níl ☐ |
| Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| Comhaontú Pháras | Daingnithe: tá ☐ níl ☐<br>In éagmais daingnithe:<br>Sínithe: tá ☐ níl ☐ |
| Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal, 1957 (Uimh. 105) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir leis na Cineálacha is Measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |
| An Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach, 1930 (Uimh. 29) | Daingnithe: tá ☐ níl ☐ |

| | |
|---|---|
| 8. | I gceangal leis an iarratas seo, soláthair tuairisc ar an gcaoi a gcomhlíonann an tír a hoibleagáidí faoi na comhaontuithe iltaobhacha a liostaítear i bpointe 7, go háirithe maidir leis na hoibleagáidí ábhartha um thuairisciú a bhaineann leo. |
| 9. | I gceangal leis an iarratas seo, soláthair tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear san áireamh sa chóras le haghaidh bhainistiú na dramhaíola lena mbaineann an iarratas, an creat um bainistiú dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, treoirlínte teicniúla agus treoraíocht eile maidir le bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, arna nglacadh faoi Choinbhinsiún Basel. |
| 10. | I gceangal leis an iarratas seo, soláthair tuairisc mhionsonraithe ar straitéis na tíre le haghaidh fhorfheidhmiú na reachtaíochta intíre maidir le bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola, lena gcumhdaítear go háirithe bearta um rialú agus faireachán, lena n-áirítear faisnéis faoi líon na gcigireachtaí a dhéantar ar loingsithe dramhaíola agus ar shaoráidí bainistithe dramhaíola agus faoi na pionóis a ghearrtar i gcásanna ina sáraítear na rialacha ábhartha intíre. |

## IARSCRÍBHINN IX

POINTÍ TAGARTHA MAIDIR LEIS AN MEASÚNÚ ARNA DHÉANAMH AG AN gCOIMISIÚN DE BHUN AIRTEAGAL 43(1)

Cuid 1

Reachtaíocht an Aontais atá ceaptha chun bainistiú dramhaíola neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú

1. Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (an Treoir Réime Dramhaíola).

2. Sa bhreis ar an Treoir Réime Dramhaíola, tá na píosaí reachtaíochta seo a leanas de chuid an Aontais, lena leagtar amach ceanglais maidir le hoibríochtaí cóireála dramhaíola, ábhartha chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú:

   (a) Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl[1],

   (b) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha.

3. Tá na píosaí reachtaíochta seo a leanas de chuid an Aontais, ina leagtar amach ceanglais maidir le sruthanna sonracha dramhaíola, ábhartha freisin chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú:

   (a) Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl ó phacáistiú;

[1] Ábhartha maidir le cóireáil dramhaíola iarmharaí a ghintear le linn oibríocht aisghabhála.

(b) Treoir 96/59/CE ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 1996 maidir le diúscairt défheinilí polaclóirínithe agus tríſheinilí polaclóirínithe;

(c) Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite;

(d) Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE;

(e) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL);

(f) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha.

Cuid 2

Treoraíocht idirnáisiúnta maidir le bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

1. Treoirlínte agus treoirdhoiciméid arna nglacadh faoi Choinbhinsiún Basel:

(a) Treoirlínte teicniúla maidir le dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile a dhiúscairt atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i líonadh talún a ndearnadh innealtóireacht speisialta air (D5)[2]

[2] Arna nglacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí an Mheithimh 2022.

(b) Treoirlínte teicniúla maidir le dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile a loscadh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, mar a chumhdaítear le hoibríochtaí diúscartha D10 agus R1[3]

(c) Treoirlínte teicniúla um athchúrsáil/athshlánú miotal agus cumasc miotail atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (R4)[4]

(d) Treoirlínte teicniúla maidir le dramhaíolacha bithleighis agus cúraim sláinte a bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (Y1; Y3)[5]

(e) Treoirlínte teicniúla maidir le ceallraí luaidhe aigéadacha dramhaíola a bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol[6]

(f) Treoirlínte teicniúla ginearálta maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta de thruailleáin orgánacha mharthanacha, nó ina bhfuil na truailleáin sin nó atá éillithe leo[7]

---

3 Arna nglacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí an Mheithimh 2022

4 Arna nglacadh ag an seachtú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí Dheireadh Fómhair 2004.

5 Arna nglacadh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Nollag 2002.

6 Arna nglacadh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Nollag 2002.

7 Arna nglacadh ag an 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2023.

(g) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta d'eatán-1,1,1-tríchlóra-2,2-bis (4-clóraifeinil) (DDT), ina bhfuil eatán-1,1,1-tríchlóra-2,2-bis (4-clóraifeinil) (DDT) nó atá éillithe le heatán-1,1,1-tríchlóra-2,2-bis (4-clóraifeinil) (DDT)[8]

(h) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíl atá comhdhéanta de heicseabrómaiciogladóideacán (HBCD)[9], nó a bhfuil heicseabrómaiciogladóideacán inti nó atá éillithe leis

(i) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta d'aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), a shalainn agus fluairíd sulfóinile sárfhluarochtáin (PFOSF), d'aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus comhdhúile a bhaineann le PFOA, agus d'aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), a shalainn agus comhdhúile a bhaineann le PFHxS, nó ar dhramhaíolacha ina bhfuil na nithe sin nó atá éillithe leo[10]

(j) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíl atá comhdhéanta de pheinteaclóraifeanól agus a shalainn agus a eistir (PCP), nó a bhfuil siad sin inti nó atá éillithe leo[11]

---

8 Arna nglacadh ag an ochtú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Nollag 2006.

9 Arna nglacadh ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2015.

10 Arna nglacadh ag an 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2023.

11 Arna nglacadh ag an 13ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2017.

(k) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta de na lotnaidicídí aildrin, alfa-heicseaclóraicioglaioglaiheacsán, béite-heicseaclóraicioglaioglaiheacsán, clórdán, clóirdeacón, déchófól, dé-eildrin, eindrin, heipteaclór, heicseaclóraibeinséin, heicseaclórabútaidéin, liondán, miréis, peinteaclóraibeinséin, peinteaclóraifeanól agus a shalainn, aigéad sulfónach sárfhluarochtáin, a shalainn agus fluairíd sulfóinile sárfhluarochtáin, ionsulfán teicniúil agus na hisiméirí a bhaineann leis, nó tocsaiféin, nó de heicseaclóraibeinséin mar cheimiceán tionsclaíoch (lotnaidicídí POP), nó ar dhramhaíolacha ina bhfuil na nithe sin nó atá éillithe leo[12]

(l) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta de dhéfheinilí polaclóirínithe, trífheinilí polaclóirínithe, naftailéiní polaclóirínithe nó défheinilí polabróimínithe, lena n-áirítear heicseabrómeitiléin (PCBanna, PCTanna, PCNanna nó PBBanna, lena n-áirítear HBB), nó ar dhramhaíolacha ina bhfuil na nithe sin nó atá éillithe leo[13]

(m) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta d’éitear heicseabrómaidhéfheinile agus éitear heipteabrómaidhéfheinile, nó éitear teitreabrómaidhéfheinile agus éitear peinteabrómaidhéfheinile nó éitear deacabrómaidhéfheinile (POP-BDEnna), nó ar dhramhaíolacha a bhfuil siad sin iontu nó atá éillithe leo[14]

---

12 Arna nglacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí an Mheithimh 2022.

13 Arna ghlacadh ag an 13ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2017.

14 Arna nglacadh ag an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2019.

(n) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha ina bhfuil débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe, débheinseafúráin pholaclóirínithe, heicseaclóraibeinséin, défheinilí polaclóirínithe, peinteaclóraibeinséin, naftailéiní polaclóirínithe nó heicseaclórabútaidhé-éine, nó ar dhramhaíolacha atá éillithe leo[15]

(o) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta de heicseaclórabútaidéin, nó a bhfuil heicseaclórabútaidéin iontu nó atá éillithe léi[16]

(p) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta de phairifíní clóirínithe gearrshlabhracha, nó a bhfuil siad sin iontu nó atá éillithe leo[17]

(q) Treoirlínte teicniúla maidir le dramhaíolacha plaisteacha a bhainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol[18]

(r) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar aerbhoinn chaite agus dramhaíola[19]

---

15 Arna nglacadh ag an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a Diúscairt, mí na Bealtaine 2019.

16 Arna nglacadh ag an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a Diúscairt, mí na Bealtaine 2019.

17 Arna nglacadh ag an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2019.

18 Arna nglacadh ag an 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2023.

19 Arna nglacadh ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí Dheireadh Fómhair 2011.

(s) Treoirlínte teicniúla maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha atá comhdhéanta de mhearcair nó de chomhdhúile mearcair, nó ar dhramhaíolacha ina bhfuil na nithe sin nó atá éillithe leo[20]

(t) Treoirlínte teicniúla maidir le dramhaíolacha guaiseacha in áitheanna stroighne a chomhphróiseáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol[21]

(u) Treoirdhoiciméad maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar threalamh ríomhaireachta atá úsáidte nó a bhfuil a ré caite[22]

(v) Treoirdhoiciméad maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar fhóin phóca atá úsáidte nó a bhfuil a ré caite[23]

(w) Creat maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar dhramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíolacha eile[24]

---

[20] Arna nglacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí an Mheithimh 2022.

[21] Arna nglacadh ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí Dheireadh Fómhair 2011.

[22] Arna ghlacadh ag an 13ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí na Bealtaine 2017.

[23] Arna ghlacadh ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí Dheireadh Fómhair 2011.

[24] Arna ghlacadh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, mí Dheireadh Fómhair 2013.

(x) Lámhleabhair phraiticiúla chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn[25]

2. Treoirlínte arna nglacadh ag ECFE:

(a) Treoraíocht theicniúil maidir le bainistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh ar shruthanna sonracha dramhaíola: Ríomhairí pearsanta úsáidte agus dramhaíola[26]

---

[25] Arna nglacadh ag an 13ú cruinniú agus an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a Diúscairt, mí na Bealtaine 2017 agus mí na Bealtaine 2019.

[26] Arna nglacadh ag Coiste um Beartas Comhshaoil ECFE i mí Feabhra 2003 (doiciméad ENV/EPOC/WGWPR(2001)3/FINAL).

# IARSCRÍBHINN X

CEANGLAIS LE hAGHAIDH INIÚCHÓIRÍ AGUS CRITÉIR
LE hAGHAIDH SAORÁIDÍ A FHAIGHEANN DRAMHAÍL A ONNMHAIRÍTEAR
ÓN AONTAS DE BHUN AIRTEAGAL 46

Cuid A

Ceanglais mhionsonraithe le haghaidh tríú páirtithe a dhéanann iniúchtaí

1. Measfar tríú páirtí a dhéanann iniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 46 a bheith neamhspleách ar an bhfógróir nó ar an duine a shocraíonn an loingsiú agus ar an tsaoráid a ndéantar iniúchadh uirthi má dhéantar an méid seo a leanas a dhoiciméadú:

(a) nach cuid de na heintitis sin é ná nach bhfuil sé faoina smacht acu;

(b) go bhfuil nósanna imeachta bunaithe agus á n-oibriú aige lena ráthaítear a neamhchlaontacht, lena n-áirítear:

(i) measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena neamhchlaontacht ar bhonn leanúnach;

(ii) rioscaí neamhchlaontachta a eascraíonn as brú airgeadais, brú tráchtála agus cineálacha eile brú a shainaithint, a dhíothú agus a mhaolú;

(iii) measúnú a dhéanamh ar an riosca neamhchlaontachta atá ann dó mar thoradh ar chaidrimh a phearsanra;

(c) go ndéantar é a struchtúrú agus a bhainistiú ar bhealach lena n-áirithítear a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht, lena n-áirítear:

(i) gur féidir é a shainaithint go soiléir laistigh den eintiteas dlíthiúil, má dhéanann an t-eintiteas dlíthiúil gníomhaíochtaí nach mbaineann le cigireachtaí freisin;

(ii) go bhfuil rialacha tuairiscithe aige maidir leis an ngníomhaíocht iniúchóireachta a dhéantar;

(iii) go bhfuil freagrachtaí atá inaitheanta go soiléir ar a phearsanra maidir le hiniúchtaí a dhéanamh.

2. Measfar go bhfuil na cáilíochtaí iomchuí i réimse na n-iniúchtaí agus na cóireála dramhaíola ag tríú páirtí a dhéanann iniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 46 má tá líon leordhóthanach pearsanra cháilithe aige, go díreach nó trí fhochonraitheoireacht, a gcuirtear oiliúint air go rialta agus má tá taithí ghairmiúil dhoiciméadaithe sna réimsí seo a leanas ag a phearsanra atá bainteach le hiniúchtaí den sórt sin a dhéanamh:

(a) iniúchtaí a dhéanamh ar shaoráidí cóireála dramhaíola;

(b) oibríochtaí cóireála dramhaíola;

(c) córais bainistíochta comhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta ceirde.

3. Chun a léiriú go bhfuil na critéir dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcomhlíonadh, d’fhéadfadh tríú páirtí a dhéanann iniúchtaí tagairt dá dheimhniú le caighdeáin de chuid an Aontais nó le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta agus atá ábhartha maidir le hiniúchtaí a dhéanamh mar a shainmhínítear in Airteagal 46, amhail caighdeán ISO 19011:2018 nó caighdeán ISO/IEC 17020:2012.

Cuid B

Critéir atá ceaptha chun a léiriú go bhfuil dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas Eorpach á bainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

1. Fíorófar leis an iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 46(3) go gcomhlíonann an tsaoráid a bhainistíonn an dramhaíl sa tír cinn scríbe na coinníollacha seo a leanas ina hoibríochtaí iarbhír:

(a) tá údarú aici óna húdaráis inniúla chun an dramhaíl sin a allmhairiú agus a chóireáil (fianaise le soláthar go háirithe trí chur ar fáil na gceadanna agus na gceadúnas comhfhreagrach) agus tá a gníomhaíochtaí á ndéanamh aici i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha intíre is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;

(b) deartar, tógtar agus oibrítear an tsaoráid ar bhealach sábháilte atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus go sonrach, tá na próisis, an teicneolaíocht iomchuí bainistithe dramhaíola, an t-eagrúchán agus an bonneagar riachtanach i bhfeidhm aici chun an dramhaíl atá i gceist a chóireáil, chomh maith le hárachais a chumhdóidh rioscaí agus dliteanais fhéideartha. Chuige sin, ar a laghad, ní mór faisnéis faoi mhodhanna cóireála dramhaíola a sheiceáil, lena n-áirítear an chaoi a gcóireáiltear dramhaíl iarmharach, go háirithe trí inrianaitheacht iartheachtach;

(c) bunaíonn agus oibríonn an tsaoráid córais, nósanna imeachta agus teicnící um bainistiú agus faireachán, a bhfuil sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a chosc, a mhaolú, a íoslaghdú agus, a mhéid is féidir, a dhíothú:

(i) rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe lena mbaineann agus don daonra atá i gcomharsanacht na saoráide, agus

(ii) éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol mar gheall ar a gníomhaíochtaí (go háirithe trí bhearta leormhaithe a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar thruailliú na hithreach, an uisce agus an aeir, agus ar núiseanna eile (boladh, torann));

(d) áirithíonn sí inrianaitheacht na dramhaíola go léir a fhaightear agus a chóireáiltear ag an tsaoráid, lena n-áirítear a áirithiú go ndéantar doiciméadú ar an dramhaíl iarmharach ar fad a ghintear óna gníomhaíochtaí agus nach n-aistreofar í ach chuig saoráidí bainistithe dramhaíola a údaraítear chun dramhaíl iarmharach den sórt sin a chóireáil. Chuige sin, seiceálfar, ar a laghad, faisnéis faoin méid seo a leanas:

– an chainníocht dramhaíola atá an tsaoráid i dteideal a chóireáil de réir a ceada/ceadúnas,

– an chainníocht dramhaíola a fhaigheann agus a aisghabhann an tsaoráid gach bliain,

– an chainníocht dramhaíola iarmharaí a ghintear óna gníomhaíochtaí, chomh maith le fianaise go ndéantar an dramhaíl iarmharach sin a chóireáil i saoráid cóireála dramhaíola údaraithe, lena n-áirítear i gcás onnmhairiú;

(e) tá bearta déanta aici atá ceaptha chun fuinneamh a shábháil agus chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann lena gníomhaíochtaí a shrianadh;

(f) bunaíonn sí taifid dá gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola agus dá hallmhairiú agus onnmhairiú dramhaíola le 5 bliana anuas agus tá ar a cumas na taifid sin a sholáthar; má tá saoráid á hoibriú le níos lú ná 5 bliana anuas, bunaíonn sé taifid maidir lena ghníomhaíochtaí um bainistiú dramhaíola agus loingsiú dramhaíola le linn dó a bheith á oibriú, agus tá ar a chumas na taifid sin a sholáthar;

(g) níor ciontaíodh í as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú dramhaíola ná le bainistiú dramhaíola a dhéanamh le 5 bliana anuas;

(h) tá bealaí tuairiscithe inmheánaigh agus nósanna imeachta um thuairisciú inmheánach agus obair leantach bunaithe aici, a chuireann ar chumas oibrithe na saoráide faisnéis a thuairisciú faoi sháruithe ar rialacha a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol má cheanglaítear sin le reachtaíocht na tíre cinn scríbe.

2. Agus comhlíontacht saoráide á fíorú aige os coinne na gcritéar thuas, cuirfidh an tríú páirtí neamhspleách atá ag déanamh an iniúchta an méid seo a leanas san áireamh go háirithe, mar phointe tagartha agus i gcás inarb ábhartha:

(a) ceanglais shonracha maidir le cóireáil dramhaíola áirithe, lena n-áirítear dá dtagraítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IX, agus maidir le ríomh na cainníochta dramhaíola arna cóireáil, ar ceanglais iad atá sainordaitheach faoi reachtaíocht an Aontais;

(b) na conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil, arna nglacadh le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe faoi chóras Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha[1].

3. Ina theannta sin, cuirfear na treoirlínte dá dtagraítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn IX san áireamh mar phointí tagartha.

---

1 IO L 334, 17.12.2010, lch. 17.

**IARSCRÍBHINN XI**

CEISTNEOIR BREISE MAIDIR LE hOIBLEAGÁID TUAIRISCITHE NA mBALLSTÁT DE BHUN AIRTEAGAL 73(2)

| | |
|---|---|
| Cainníochtaí dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) a loingsítear ó Bhallstáit agus isteach i mBallstáit nach gcumhdaítear leis an tuarascáil i gcomhréir le hAirteagal 73(1) | Faisnéis maidir le cainníochtaí dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) a loingsítear ó Bhallstáit, lena n-áirítear onnmhairí, agus cainníochtaí dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) a loingsítear isteach i mBallstáit, lena n-áirítear allmhairí nach bhfuil le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 73(1)<br><br>Ar loingsíodh dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) ón mBallstát, lena n-áirítear onnmhairí, nach bhfuil le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 73(1)?<br>Loingsíodh Níor loingsíodh<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má loingsíodh, comhlánaigh Tábla 1.<br><br>Ar loingsíodh dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) isteach sa Bhallstát, lena n-áirítear allmhairí, nach bhfuil le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 73(1)?<br>Loingsíodh Níor loingsíodh<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má loingsíodh, comhlánaigh Tábla 2. |
| Airteagal 11(1) | Faisnéis faoi thoilithe arna dtabhairt d'fhógra maidir le loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt, i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha in Airteagal 111)<br><br>Ar cuireadh an fhoráil sin i bhfeidhm? Cuireadh Níor cuireadh<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má cuireadh, comhlánaigh Tábla 3<br><br>Barúlacha breise:<br>----------------------------------------------------------------------------------------------------<br>----------------------------------------------------------------------------------------------------<br>----------------------------------------------------------------------------------------------------<br>----------------------------------------------------------------------------------------------------<br>-------------------------------------------------------------------------------- |

| | |
|---|---|
| Airteagal 12(1)(d) | Faisnéis faoi agóidí i gcoinne loingsithe aisghabhála atá beartaithe ar an mbonn nach bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagal 12(1)(d)<br>Ar cuireadh an fhoráil sin i bhfeidhm? Cuireadh Níor cuireadh<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má cuireadh, comhlánaigh Tábla 4. |
| Airteagal 12(1)(e) | Faisnéis faoi agóidí i gcoinne loingsithe aisghabhála atá beartaithe ar an mbonn nach bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagal 12(1)(e)<br>Ar cuireadh an fhoráil sin i bhfeidhm? Cuireadh Níor cuireadh<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má cuireadh, comhlánaigh Tábla 5 |
| Airteagal 14 | Faisnéis faoi chainníochtaí dramhaíolacha arna loingsiú isteach sa Bhallstát, lena n-áirítear allmhairí, chuig saoráidí aisghabhála réamhthoilithe<br>Ar loingsíodh dramhaíolacha isteach sa Bhallstát, lena n-áirítear allmhairí, chuig saoráidí aisghabhála réamhthoilithe? Loingsíodh Níor loingsíodh<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má loingsíodh, comhlánaigh Tábla 6. |
| Airteagal 36 | Faisnéis faoi chóras na mBallstát maidir le maoirsiú agus rialú iompair dramhaíola laistigh dá gcríoch<br>An bhfuil córas ann maidir le maoirsiú agus rialú iompair dramhaíola laistigh den chríoch náisiúnta? Tá Níl<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Más ann do chóras den sórt sin, an gcuireann tú an córas dá bhforáiltear i dTeidil II agus VII den Rialachán i bhfeidhm? Cuireann Ní chuireann<br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br>Má chuireann tú córas i bhfeidhm atá difriúil leis an gcóras dá bhforáiltear i dTeidil II agus VII den Rialachán, soláthair sonraí faoin gcóras a chuirtear i bhfeidhm:<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------ |

<table>
<tr><td>Airteagal 25 agus 63(1)</td><td>Faisnéis faoi chásanna de loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a cuireadh i gcrích sa bhliain tuairiscithe:<br><br>An raibh aon chás ann? Bhí Ní raibh<br><br>(cuir tic isteach√ de réir mar is iomchuí) ☐ ☐<br><br>Má bhí, comhlánaigh Tábla 7<br><br>Soláthair faisnéis faoin gcaoi a ndéantar loingsithe neamhdhleathacha a chosc, a bhrath agus a phionósú faoin reachtaíocht náisiúnta.<br><br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------</td></tr>
<tr><td>Airteagal 60(1)</td><td>Faisnéis achomair ar thoradh na gcigireachtaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 60, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br><br>– líon na gcigireachtaí, lena n-áirítear seiceálacha fisiceacha, ar bhunaíochtaí, gnóthais, bróicéirí agus déileálaithe, a bhaineann le loingsithe dramhaíola<br><br>– líon na gcigireachtaí ar loingsithe dramhaíola, lena n-áirítear seiceálacha fisiceacha:<br><br>– líon na n-iniúchtaí ar iniúchtaí ar loingsithe dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4(4):<br><br>– líon na neamhdhleathachtaí a mheastar a bhaineann le bunaíochtaí, gnóthais, bróicéirí agus déileálaithe, ar neamhdhleathachtaí iad a bhaineann le loingsithe dramhaíola:<br><br>– líon na loingsithe a mheastar a bheith neamhdhleathach agus a bhfuarthas amach fúthu le linn na gcigireachtaí:<br><br>Barúlacha breise:<br><br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------------------------------<br>------------------------------------------------------------------------</td></tr>
</table>

Nóta maidir le comhlánú na dTáblaí:

Is iad na D-chóid agus na R-chóid na cóid dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE.

Is iad na cóid sainaitheanta dramhaíola na cóid sin dá dtagraítear in Iarscríbhinní III, IIIA, IIIB agus IV, agus ar an liosta dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE.

Tábla 1

Cainníochtaí dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) arna loingsiú ó Bhallstáit, lena n-áirítear onnmhairí, nach bhfuil le tuairisciú de bhun Airteagal 73(1), in 20XX

| Sainaithint dramhaíola | | Cainníochtaí arna loingsiú ó Bhallstát, lena n-áirítear onnmhairí (tonaí (Mg)) | Tír/tíortha idirthurais[(2)] | Tír cinn scríbe[(2)] | Oibríocht diúscartha D-chód | Oibríocht aisghabhála R-chód |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cód ECFE nó iontráil EU48[(1)] | Liosta dramhaíolacha an Aontais Eorpaigh cód/cóid | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

(1) Más infheidhme.
(2) Úsáid cóid ISO dhá dhigit.

Barúlacha:

Tábla 2

Cainníochtaí dramhaíolacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) nó (3) arna loingsiú isteach i mBallstáit, lena n-áirítear allmhairí, nach bhfuil le tuairisciú de bhun Airteagal 73(1), in 20XX

| Sainaithint dramhaíola | | Cainníochtaí arna loingsiú isteach i mBallstát, lena n-áirítear allmhairí (tonaí (Mg)) | Tír/tíortha idirthurais[(2)] | Tír seolta[(2)] | Oibríocht diúscartha D-chód | Oibríocht aisghabhála R-chód |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cód ECFE nó iontráil EU48[(1)] | Liosta dramhaíolacha an Aontais Eorpaigh cód/cóid | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

(1) Más infheidhme.
(2) Úsáid cóid ISO dhá dhigit.

Barúlacha:

Tábla 3

Faisnéis faoi thoilithe arna dtabhairt d'fhógra maidir le loingsiú dramhaíola atá beartaithe lena diúscairt,
i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha in Airteagal 11(1)

| Sainaithint dramhaíola (cód nó cóid) | Cainníocht (tonaí (Mg)) | Tír seolta/ Tír cinn scríbe | Oibríocht Diúscartha D-chód | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

Tábla 4

Faisnéis faoi agóidí i gcoinne loingsithe aisghabhála atá beartaithe ar an mbonn nach bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagal 12(1)(d)

| Sainaithint dramhaíola (cód nó cóid) | Cainníocht (tonaí (Mg)) | Tír cinn scríbe | Cúiseanna leis an agóid, lena n-áirítear reachtaíocht náisiúnta ábhartha | | | | Saoráid aisghabhála | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | Ainm | Oibríocht aisghabhála R chód |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |

Tábla 5

Faisnéis faoi agóidí i gcoinne loingsithe aisghabhála atá beartaithe ar an mbonn nach bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagal 12(1)(e)

| Sainaithint dramhaíola (cód/cóid) | Cainníocht (tonaí (Mg)) | Tír seolta | Cúiseanna leis an agóid | Saoráid aisghabhála | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ainm | Oibríocht aisghabhála R chód |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Tábla 6

Cainníochtaí dramhaíolacha arna loingsiú isteach i mBallstáit, lena n-áirítear allmhairí, chuig saoráidí réamhthoilithe (Airteagal 14)

| Sainaithint dramhaíola (cód nó cóid) | Cainníocht (tonaí (Mg)) | Tír seolta/ | Oibríocht aisghabhála R chód | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

Tábla 7

Faisnéis faoi chásanna de loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a cuireadh i gcrích sa bhliain tuairiscithe (Airteagail 25 agus Airteagal 63(1)

| Tír cinn scríbe/ Tír seolta | Sainaithint dramhaíola (cód/cóid) | Cainníocht (tonaí (Mg)) | Sainaithint na cúise atá leis an neamhdhleathacht (tagairt fhéideartha d'Airteagail arna sárú) | Freagrach as an neamhdhleathacht (cuir tic √ isteach de réir mar is iomchuí) | | | Bearta a rinneadh lena n-áirítear aon phionós a gearradh nó aon bheart glacadh ar ais a rinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Fógróir nó an duine a shocraíonn an loingsiú | Coinsíní | Eile | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

## IARSCRÍBHINN XII

Tábla 1: Faisnéis faoi loingsithe dramhaíola faoi réir Airteagal 4(1), (2) nó (3)

| Uimhir fógra | Toiliú/ nó Agóid[(1)] nó Toiliú tarraingthe siar | Sainaithint dramhaíola | | Cainníochtaí a chumhdaítear leis an toiliú[(3)] (tonaí (Mg)) | Cainníochtaí a loingsíodh[(4)] (tonaí (Mg)) | Tír seolta[(5)] | Tír cinn scríbe[(5)] | Ainm na saoráide cóireála ag an gceann scríbe[(6)] | Oibríocht diúscartha nó aisghabhála[(7)] de réir mar is ábhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Cód Basel nó ECFE nó iontráil EU48[(2)] | Liosta dramhaíolacha an Aontais Eorpaigh cód/cóid | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

(1) I gcás agóide, fágtar na colúin faoin gcainníocht bán.

(2) Más infheidhme.

(3) Léirítear an chainníocht i mbloc 5 den doiciméad in Iarscríbhinn IA.

(4) Baineadh na sonraí sa cholún seo as an lárchóras a luaitear in Airteagal 27 agus níor bhailíochtaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann iad. Is léiriú iad ar an staid mar atá ar dháta an eastósctha agus tabharfar cothrom le dáta iad ar bhonn míosúil. Féadfaidh nach mbeidh siad ina léiriú ar an gcainníocht nuashonraithe deiridh an lá a fhéachfar ar an bhforléargas reatha.

(5) Úsáid cóid ISO dhá dhigit.

(6) Foilseofar ainm na saoráide, mura rud é go measann ceann de na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu leis an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn go bhfuil an t-ainm sin faoi rún agus, dá bhrí sin, nach nochtfar é, i gcomhréir le dlíthe an Aontais Eorpaigh nó leis na dlíthe náisiúnta. Cuirfidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis sin ar fáil sna córais dá dtagraítear in Airteagal 27.

(7) Lena n-áirítear a R-chód nó D-chód dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE.

Tábla 2: Faisnéis maidir le loingsithe dramhaíola faoi réir Airteagal 4(4) nó (5)

| Sainaithint dramhaíola | | Cainníochtaí arna loingsiú[(2)(3)] (tonaí (Mg)) | Tír seolta[(4)] | Tír cinn scríbe[(4)] | Ainm na saoráide ag an gceann scríbe[(5)] | Oibríocht aisghabhála[(6)], de réir mar is ábhartha | Dáta sínithe an doiciméid in Iarscríbhinn VII ag an duine a shocraíonn an loingsiú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cód Basel nó ECFE nó iontráil EU3011[(1)] | Liosta dramhaíolacha an Aontais Eorpaigh cód/cóid | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

(1) Más infheidhme.
(2) An chainníocht a fuair an tsaoráid de réir bhloc 14 den doiciméad in Iarscríbhinn VII.
(3) Baineadh na sonraí sa cholún seo as an lárchóras a luaitear in Airteagal 27 agus níor bhailíochtaigh na húdaráis inniúla lena mbaineann iad.
(4) Úsáid cóid ISO dhá dhigit.
(5) Foilseofar ainm na saoráide, mura rud é go measann an duine a shocraíonn an loingsiú nó an tsaoráid lena mbaineann go bhfuil an t-ainm sin faoi rún agus, dá bhrí sin, nach nochtfar é, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh nó leis an reachtaíocht náisiúnta. Cuirfidh an duine a shocraíonn an loingsiú an fhaisnéis sin ar fáil sna córais dá dtagraítear in Airteagal 27.
(6) Lena n-áirítear a R-chód dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE.

## IARSCRÍBHINN XIII

Tábla comhghaoil

| Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1(1) | Airteagal 1 |
| Airteagal 1(2) go (5) | Airteagal 2 |
| Airteagal 2, pointí (1), (2), (4), (6), (7a), (9), (10), (12) agus (13) | Airteagal 3, an dara fomhír |
| Airteagal 2, pointe (3) | Airteagal 3, pointe (1) |
| Airteagal 2, pointe (5) | Airteagal 3, pointe (2) |
| Airteagal 2, pointe (7) | Airteagal 3, pointe (3) |
| Airteagal 2, pointe (8) | Airteagal 3, pointe (4) |
| Airteagal 2, pointe (14) | Airteagal 3, pointe (5) |
| Airteagal 2, pointe (15) | Airteagal 3, pointe (6) |
| – | Airteagal 3, pointe (7) |
| Airteagal 2(11) | Airteagal 3, pointe (8) |
| Airteagal 2, pointe (16) | Airteagal 3, pointe (9)(b) |
| Airteagal 2, pointe (17) | Airteagal 35(1) |
| Airteagal 2, pointe (18) | Airteagal 3, pointe (9) |
| Airteagal 2, pointe (19) | Airteagal 3, pointe (10) |
| Airteagal 2, pointe (20) | Airteagal 3, pointe (11) |
| Airteagal 2, pointe (21) | Airteagal 3, pointe (12) |
| Airteagal 2, pointe (22) | Airteagal 3, pointe (13) |
| Airteagal 2, pointe (23) | Airteagal 3, pointe (14) |
| Airteagal 2, pointe (24) | Airteagal 3, pointe (15) |
| Airteagal 2, pointe (25) | Airteagal 3, pointe (16) |
| Airteagal 2, pointe (26) | Airteagal 3, pointe (17) |

| Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 2, pointe (27) | Airteagal 3, pointe (18) |
| Airteagal 2, pointe (28) | Airteagal 3, pointe (19) |
| Airteagal 2, pointe (29) | Airteagal 3, pointe (20) |
| Airteagal 2, pointe (30) | Airteagal 3, pointe (21) |
| Airteagal 2, pointe (31) | Airteagal 3, pointe (22) |
| Airteagal 2, pointe (32) | Airteagal 3, pointe (23) |
| Airteagal 2, pointe (33) | Airteagal 3, pointe (24) |
| Airteagal 2, pointe (34) | Airteagal 3, pointe (25) |
| Airteagal 2, pointe (35) | Airteagal 3, pointe (26) |
| Airteagal 2, pointe (35a) | Airteagal 3, pointe (27) |
| – | Airteagal 3, pointí (28), (29) agus (30) |
| Airteagal 3 | Airteagal 4 |
| Airteagal 4 | Airteagal 5 |
| Airteagal 5 | Airteagal 6 |
| Airteagal 6 | Airteagal 7 |
| Airteagal 7(1) agus 7(2), an dara fomhír agus an tríú fomhír | – |
| Airteagal 7(2), an chéad fhomhír, agus (4), agus Airteagal 8 | Airteagal 8 |
| Airteagal 7(3) agus 9 | Airteagal 9 |
| Airteagal 10 | Airteagal 10 |
| Airteagal 11 | Airteagal 11 |
| Airteagal 12 | Airteagal 12 |
| Airteagal 13 | Airteagal 13 |
| Airteagal 14 | Airteagal 14 |
| Airteagal 15 | Airteagal 15 |

| Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 16 | Airteagal 16 |
| Airteagal 17 | Airteagal 17 |
| Airteagal 18 | Airteagal 18 |
| Airteagal 19 | Airteagal 19 |
| Airteagal 20 | Airteagal 20 |
| Airteagal 21 | Airteagal 21 |
| Airteagal 22 | Airteagal 22 |
| – | Airteagal 23 |
| Airteagal 23 | Airteagal 24 |
| Airteagal 24 | Airteagal 25 |
| Airteagal 25 | Airteagal 26 |
| Airteagal 26 | Airteagal 27 |
| Airteagal 27 | Airteagal 28 |
| Airteagal 28 | Airteagal 29 |
| Airteagal 29 | Airteagal 30 |
| Airteagal 30 | Airteagal 31 |
| – | Airteagal 32 |
| – | Airteagal 33 |
| Airteagal 31 | Airteagal 34 |
| Airteagal 32 | Airteagal 35 |
| Airteagal 33 | Airteagal 36 |
| Airteagal 34 | Airteagal 37 |
| Airteagal 35 | Airteagal 38 |
| Airteagal 36 | Airteagal 39 |
| Airteagal 37 | Airteagail 40-43 |

| Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 38 | Airteagal 44 |
| – | Airteagal 45 |
| – | Airteagal 46 |
| – | Airteagal 47 |
| Airteagal 39 | Airteagal 48 |
| Airteagal 40 | Airteagal 49 |
| Airteagal 41 | Airteagal 50 |
| Airteagal 42 | Airteagal 51 |
| Airteagal 43 | Airteagal 52 |
| Airteagal 44 | Airteagal 53 |
| Airteagal 45 | Airteagal 54 |
| Airteagal 46 | Airteagal 56 |
| Airteagal 47 | Airteagal 57 |
| Airteagal 48 | Airteagal 58 |
| Airteagal 49(1) agus (2) | Airteagal 59 |
| Airteagal 49(3) | Airteagal 55 |
| Airteagal 50(1) | Airteagal 63 |
| Airteagal 50(2) agus (3) | Airteagal 60 |
| Airteagal 50(2a) | Airteagal 59 |
| Airteagal 50(4) go (4e) | Airteagal 58 |
| – | Airteagal 64 |
| Airteagal 50(5) go (7) | Airteagal 65 |
| – | Airteagal 66 |
| – | Airteagal 67 |

| Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| – | Airteagal 68 |
| – | Airteagal 69 |
| – | Airteagal 70 |
| – | Airteagal 71 |
| – | Airteagal 72 |
| Airteagal 51 | Airteagal 73(1) go (4), an chéad fhomhír agus an ceathrú fomhír |
| – | Airteagal 73(4), an dara fomhír agus an tríú fomhír, agus (5) |
| Airteagal 52 | Airteagal 74 |
| Airteagal 53 | Airteagal 75 |
| Airteagal 54 | Airteagal 76 |
| Airteagal 55 | Airteagal 77 |
| Airteagal 56 | Airteagal 78 |
| Airteagal 57 | – |
| Airteagal 58 | Airteagal 79 |
| Airteagal 58a | Airteagal 80 |
| Airteagal 59a | Airteagal 81 |
| – | Airteagal 82 |
| – | Airteagal 83 |
| Airteagal 60 | Airteagal 84 |
| Airteagail 61 agus 62 | Airteagal 85 |
| Airteagal 63 | – |
| Airteagal 64 | Airteagal 86 |
| Iarscríbhinn IA, IB agus IC | Iarscríbhinn IA, IB agus IC |

| Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn IIIA | Iarscríbhinn IIIA |
| Iarscríbhinn IIIB | Iarscríbhinn IIIB |
| Iarscríbhinn IV | Iarscríbhinn IV |
| Iarscríbhinn IVA | – |
| Iarscríbhinn V | Iarscríbhinn V |
| Iarscríbhinn VI | Iarscríbhinn VI |
| Iarscríbhinn VII | Iarscríbhinn VII |
| – | Iarscríbhinn VIII |
| – | Iarscríbhinn IX, Cuid 1 |
| Iarscríbhinn VIII | Iarscríbhinn IX, Cuid 2 |
| – | Iarscríbhinn X |
| Iarscríbhinn IX | Iarscríbhinn XI |
| – | Iarscríbhinn XII |
| – | Iarscríbhinn XIII |